



Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011


Éabhlóidiú an GNBS

Aibreán 2009 – Meitheamh 2012



Éabhlóidiú an GNBS

Aibreán 2009 – Meitheamh 2012





Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní National Asset Management Agency

29 Meitheamh 2012

An tUas. Michael Noonan T.D.

Aire Airgeadais

Tithe an Rialtais

Sráid Mhuirfean Uachtarach

Baile Átha Cliath 2.

A Aire, a chara,

Tá sé d'onóir againn Tuarascáil agus Cuntais na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 a chur faoi do bhráid.

Is sinne, le meas,

Frank Daly
Cathaoirleach

Brendan McDonagh
Príomhfheidhmeannach

Príomhchuspóirí leagtha amach ag an mBord

- 1.** I rith saolré réamh-mheasta, deich mbliana an GNBS, na Bannaí Sinsearacha eisithe mar chomaoín d'iasachtaí, ar a laghad, a fhuascailt le cois aisghabháil na nglanchostas iasachta agus an chaiteachais chaipitil oibre agus forbartha réamhíochta le féichiúnaithe (tá sé seo i gcomhréir le hAlt 10 (2) den Acht).

- 2.** Comhsheasmhach leis an gcéad chuspóir, idirbhearta a chruthú a mbeidh sé mar aidhm leo cur le hathnuachan na gníomhaíochta inbhuanaithe sa mhargadh réadmhaoine in Éirinn.

- 3.** A cuspóir tráchtála (amhail ag 1 thuas) a chomhlíonadh sa tréimhse ama is giorra agus is féidir, le haird á thabhairt ar choinníollacha margaidh agus ar optamú luacha réadaithe a cuid sócmhainní. Tiomantais uile na todhchaí dá cuid a chomhlíonadh as a cuid acmhainní féin.

- 4.** Comhsheasmhach leis an gcéad chuspóir, cur le forbairt shóisialta agus gheilleagrach an Stáit¹.

- 5.** Dianbhainistíocht a dhéanamh ar shócmhainní agus infheistiú iontu chun optamú a dhéanamh ar a gcumas táirgthe ioncaim agus a luach diúscartha.

¹ Alt 2 (b) (viii) den Acht fán GNBS.

Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

CLÁR ÁBHAIR

Comhaltaí Boird	4
Ráiteas an Chathaoirligh	6
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	9
Croineolaíocht an GNBS	12
Dul Chun Cinn in 2011	14
Creat Dlíthiúil	15
ATHBHREITHNIÚ GNÓ	
Sócmhainní Íasachta Gnóthaithe	17
Punann Réadmhaoine ag Daingniú Íasachtaí an GNBS	20
Rannpháirtíocht Féichiúnaithe	23
Ranníocaíocht Eacnamaíoch agus Sóisialta an GNBS	31
ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS	35
Struchtúr Eagraíochtúil an GNBS	45
Soláthraithe Seirbhíse an GNBS	47
RIALACHAS	
Bord agus Coistí an Bhoird	49
Tuarascálacha ó Chathaoirligh Choistí an GNBS	50
Nochtadh agus Freagracht	57
Bainistíocht Riosca	59
RÁITIS COMHDHLÚITE AIRGEADAIS	61

Comhaltaí Boird



An tUas. Frank Daly

Cathaoirleach (ceaptha 22 Nollaig 2009 le haghaidh téarma 5 bliana)

■ Cathaoirleach ar Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann

Ceapadh Frank Daly ina Stiúrthóir um Leas an Phobail ar Bhanc Angla-Éireannach i mí na Nollag 2008. D'éirigh sé as an bpost seo ar an 22 Nollaig 2009 tráth ar cheap an tAire Airgeadais mar Chathaoirleach ar an GNBS é.

D'imigh an tUas. Daly ar scor óna phost mar Chathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim i Márta 2008, tar éis dó feidhmiú mar Chathaoirleach ó 2002 agus mar Choimisinéir ó 1996. Thosaigh sé ag obair do na Coimisinéirí Ioncaim i 1963.

I Márta 2008, ceapadh an tUas. Daly mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún Cánachais, a cuireadh ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr agus ar éifeachtúlacht chóras cánachais na hÉireann; d'eisigh an Coimisiún a Thuarascáil i Meán Fómhair 2009.



An tUas. John C. Corrigan

Comhalta boird (de bhrí oifige)

■ Comhalta an Choiste Bainistíochta Riosca

Ceapadh John Corrigan ina Phríomhfheidhmeannach ar Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) i mí na Nollag 2009. Glacadh leis mar bhall de chuid GBCN in 1991, go gairid i ndiaidh tráth a bhunaithe agus bhí sé freagrach ar dtús as an gcomhchuid intíre d'Fhiachas Náisiúnta na hÉireann a bhainistiú. In 2001, bhí an tUas. Corrigan páirteach i mbunú Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CCNP) agus é ina Stiúrthóir Infheistíochta an Chiste go dtí gur ceapadh ina Phríomhfheidhmeannach é ar GBCN.

Sular thosaigh sé ag obair le GBCN, bhí an tUas. Corrigan ina Phríomhoifigeach Infheistíochta de chuid Bainisteoirí Infheistíochta AIB, le seal caite aige roimhe sin ag obair sa Roinn Airgeadais.



Eilish Finan Uasal

Comhalta boird (ceaptha 22 Nollaig 2009 le haghaidh téarma 4 bliana)

■ Cathaoirleach an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin

■ Comhalta an Choiste Iniúcháireachta

■ Comhalta de chuid Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann

Is Stiúrthóir agus Sainchomhairleoir Neamhspleách í Eilish Finan agus tá spéis ar leith aici sna hearnálacha seirbhísí airgeadais agus réadmhaoine. Níos luaithe ina saoil oibre, d'oibrigh Eilish Finan Uasal mar chuntasóir cairte le KPMG. Bhí sí ina Príomhoifigeach Airgeadais agus Stiúrthóir Infheistíochtaí AIG, ag díriú go speisialta ar bhainistíocht infheistíochta, bainistíocht cistí, seirbhísí iontaobhais agus coinneála, infheistíocht réadmhaoine agus bainistíocht sócmhainní. Is Comhalta de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn í Eilish Finan Uasal agus í ina comhalta Boird de chuid Chumann Rialachais Chorporáidigh na hÉireann.



An tUas. Brendan McDonagh

Príomhfheidhmeannach agus Comhalta boird (de bhrí oifige)

■ Comhalta an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin

■ Comhalta an Choiste Bainistíochta Riosca

■ Comhalta an Choiste Creidmheasa

■ Comhalta an Choiste Chomhairligh Phleanála

Cheap an tAire Airgeadais Brendan McDonagh ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an GNBS i mí na Nollag 2009. Roimhe sin, bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais, Teicneolaíochta agus Riosca leis an GBCN ó 2002 go dtí 2009 agus é i seilbh poist mar Rialtóir Airgeadais an GBCN ó 1998 go 2002.

Tháinig an tUas. McDonagh chun oibre leis an GBCN i 1994 ón BSL, an fiontas cumhachta is mó in Éirinn, áit inar oibrigh sé ar roinnt réimsí lena n-airítear cuntasáíocht, iniúchadh inmheánach agus cisteán.



An tUas. Brian McEnery

Comhalta boird (ceaptha 22 Nollaig 2009 le haghaidh téarma 4 bliana)

- Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta
- Comhalta an Choiste Creidmheasa
- Comhalta de chuid Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann

Is saineolaí é Brian McEnery i réimse na tarrthála corparáidí agus na dócmhainneachta agus is comhpháirtí é i ngnólacht ceannródaíoch cuntasóirí agus comhairleoirí, ag cleachtadh i Luimneach agus i mBaile Átha Cliath. Is Comhalta é de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (ACCA) agus comhalta comhairle an ACCA. In 2010 bhí sé ina Uachtarán ar ACCA Ireland. Tá sé ina stiúrthóir ar an gCoiste Comhairleach Comhlachtaí Cuntasaíochta (CCAB) agus tá sé ina chomhalta dá choiste dócmhainneachta in Éirinn.



An tUas. John Mulcahy

Ceannaire um Bainistíocht Sócmhainní, GNBS.

(ceaptha chuig an mBord ar 7 Márta 2012 le haghaidh téarma 5 bliana)

- Comhalta an Choiste Creidmheasa
- Comhalta an Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta an Choiste Chomhairligh Phleanála

Is suirbhéir cairte é John Mulcahy agus breis is 40 bliain caite aige ag obair i ngnéithe uile an tionscail réadmhaoine, le deireanas is ar infheistíocht réadmhaoine agus bainistíocht sócmhainní a bhí sé ag díriú.



An Dr. Steven A. Seelig

Comhalta boird (ceaptha 26 Bealtaine 2010 le haghaidh téarma 3 bliana)

- Cathaoirleach an Choiste Bainistíochta Riosca
- Comhalta an Choiste Iniúcháireachta

Tá an Dr. Steven A. Seelig ina Phríomhaí agus POF de chuid Financial Stability Associates, gnólacht comhairliúcháin ag díriú ar speictream na gceisteanna cobhsaíochta airgeadais. Sular bhunaigh sé an chuideachta Financial Stability Associates, bhí an Dr. Seelig ina Chomhairleoir i Roinn Margaí Airgeadaíochta agus Caipitil an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) áit inar bhain príomhfhreagracht dá chuid le hathstruchtúrú na hearnála airgeadais agus gníomhaíochtaí réitigh na roinne. Chaith an Dr. Seelig formhór a shaoil ghairme ag obair sa Chorparáid Árachais Chónaidhme Taisce (FDIC), le réimse leathan post ina sheilbh aige, lena n-áirítear Príomhoifigeach Airgeadais agus Stiúrthóir an Leachtaithe Rannóige. Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Dr. Seelig mar Eacnamaí i mBanc Cúlchiste Feidearálach Nua-Eabhrac agus mar Ollamh Comhlach le hEacnamaíocht in Ollscoil Fordham.



An tUas. Willie Soffe

Comhalta boird (ceaptha 22 Nollaig 2009 le haghaidh téarma 4 bliana)

- Cathaoirleach an Choiste Creidmheasa
- Cathaoirleach an Choiste Chomhairligh Phleanála
- Comhalta an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin
- Comhalta de chuid Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann

Tá breis agus 45 bliain caite ag Willie Soffe ag obair sa Rialtas Áitiúil i gceantar Bhaile Átha Cliath, agus le linn an ama sin tá tréimhsí caite aige mar Bhainisteoir Cúnta na Cathrach, Bardas Bhaile Átha Cliath (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar is fearr aithne anois air) agus mar Bhainisteoir Contae, Comhairle Contae Fhine Gall.

Ón uair a d'imigh an tUas. Soffe ar scor in 2004, tá roinnt tionscadal seirbhíse poiblí glactha de láimh aige lena n-áirítear Cathaoirleach ar Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, comhalta den Choimisiún Cánachais agus comhalta den Ghrúpa Stiúrtha um Athbhreithniú ar Scéimeanna Ceantar-bhunaithe um Athnuachan Dreasaíochta Cánach.

Ráiteas an Chathaoirligh

RÉAMHRÁ

Tá an GNBS ar an bhfód trí bliana anois agus go dtí seo tá an-obair déanta againn chun an eagraíocht nua seo a chruthú ón mbun aníos agus punann mhór iasachtaí a fháil. Céim dhúshlánach agus chorrathach go maith a bhí inti agus níl aon dabht orm nach amhlaidh a bheidh sa chéad chéim eile freisin. Is éard atá le cur i gcrích sa chéad chéim eile, céim a ndíreofar aird ar bhainistíocht sócmhainní inti, an toradh is fearr agus is féidir a fháil don cháiníochóir ó na hiasachtaí agus ó na bunsócmhainní réadmhaoinne atá á ráthú. I rith na céime seo ní mór dúinn a bheith nuálach, dinimiciúil agus freagairt d'éileamh margaidh agus do dheiseanna a bhíonn ar fáil. Leagamar béim ar ár n-aidhm sa chomhthéacs seo nuair a d'fhógraíomar le déanaí go bhfuil sé beartaithe againn suas le €2 bhilliún a infheistiú i maoiniú forbartha in Éirinn as seo go dtí 2016. De bhreis sin, d'fhógraíomar go raibh sé beartaithe againn €2 bhilliún a sholáthar i maoiniú díoltóra d'fhonn cabhrú le hús idirnáisiúnta agus intíre infheisteora inár bpunann a fhuascailt agus d'fhonn tacú le haisghabháil mhargadh réadmhaoinne tráchtála na hÉireann. Chomh maith leis sin, bhunaíomar tionscnamh nua sa mhargadh réadmhaoinne cónaithe agus tá tuilleadh nuálaíochtaí táirgí beartaithe againn i rith 2012.

Tagraíonn an Príomhfheidhmeannach, ina Ráiteas, don dul chun cinn suntasach atá déanta ag an GNBS go dtí seo, idir breis is 11,000 iasacht aonair a luacháil agus a fháil, iasachtaí a bhfuil aghaidhluach €74 billiún luaite leo, beagnach 800 plean gnó féichiúnaithe a mheas agus cinntí a dhéanamh atá mar bhonn le maoiniú de bhreis is €1 bhilliún a sholáthar i gcaipiteal oibre agus forbartha go dtí seo. Ar aon dul leis na forbairtí seo, tá infreastruchtúr sofaisticiúil agus láidir eagraíochtúil forbartha againn mar aon le foireann gairmithe tiomanta réadmhaoinne, airgeadais, baincfeireachta agus dlí ceaptha againn d'fhonn cur ar ár gcumas déileáil leis an dúshlán a bheidh le sárú againn. Is fianaise shoiléir é athstruchtúrú na Gníomhaireachta le blianta beaga anuas, i ndiaidh athbhreithniú a rinneadh ag deireadh 2011, ar aclaíocht agus sofheargthacht eagraíochtúil an GNBS, ach níos tábhachtaí ná sin, cuireann sé ar ár gcumas an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as na deiseanna a thiocthaí chun cinn i rith na céime bainistíochta sócmhainní.

RANNÍOCAÍOCHT GHEILLEAGRACH, INFHEISTÍOCHT AGUS POIST

Is é ár sainordú reachtach an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as na sócmhainní bainc atá againn. Go bunúsach, ciallaíonn sé seo nach mór dúinn an toradh airgeadais is fearr agus is féidir a bhaint amach – ach b'fhéidir nach leor é seo mar mhíniú go háirithe i gcomhthéacs dhearcadh an cháiníochóra. Tá sé i gceist againn freisin, cur ar bhealach dáiríre le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht in Éirinn – go deimhin tá fianaise againn cheana féin go bhfuil a leithéid ag tarlú agus gan ach dhá bhliain caite againn i mbun oibre.

Níor chóir beag is fiú a dhéanamh d'aidhm an GNBS €2 bhilliún a infheistiú i dtionscadail tráchtála agus chónaithe in Éirinn – tá léargas le fáil i dtaighde atá déanta ag an Rialtas agus ag dreamanna eile go bhféadfadh an infheistíocht seo a bheith mar bhonn le tacú le 25,000 post tógála, idir phoist dhíreacha agus indíreacha, mar aon le 10,000 post breise 'spreagtha' eile sa gheilleagar trí chéile. Cruthófar na poist seo sa bhreis ar an líon suntasach post, sa bhreis ar 10,000 post, a bhfuilimid ag tacú leo faoi láthair i ngnóthaí beaga trádála atá nasctha lenár n-iasachtaí. Tá na gnóthaí seo spreagtha ar fud an gheilleagair agus tá ról tábhachtach acu i ndáil le gníomhaíocht infheistíochta agus gheilleagrach ina ngeilleagair áitiúla féin agus chomh maith leis sin tacaíonn siad le breis fostaíochta a chruthú in earnálacha gnó eile. Leagann an GNBS an-bhéim ar chaomhnú na bpost seo – go deimhin, má éiríonn linn tuilleadh post a chruthú amach anseo freisin, is amhlaidh is fearr.

Ina theannta sin, is eol don GNBS gur dócha go mbeidh ganntanas soláthair i bpríomhchodanna den gheilleagar sa mheántréimhse mura ndéantar an phleanáil agus an infheistíocht chuí anois. Tá de dhualgas ar Rannóg Bainistíochta Sócmhainní nuachruthaithe na Gníomhaireachta aird a tharraingt ar thionscadail nua nuair is gá, agus, áit ar cuí, oibriú i gcomhar le féichiúnaithe, glacadóirí agus comhpháirtithe fiontair d'fhonn tacú lena leithéid sin de thionscadail. Is féidir linn, mar shampla, ról lárnach a bheith againn i ndéileáil le ganntanais phoitéinsíúla i bpríomh-mhargadh oifige Bhaile Átha Cliath, áit ar dócha nach mbeidh sé indéanta an t-éileamh a bheidh ar spásanna oifige nua-aimseartha níos mó a shásamh bunaithe ar ár soláthar reatha – beidh tionchar díreach ag cumas na hÉireann freagairt don éileamh sa réimse seo ar shreabhadh Infheistíocht Dhíreach Eachtrach, rud atá fíorthábhachtach i gcomhthéacs forbairt fhadtréimhseach, inbhuanaithe ár ngeilleagar. Chuige sin, ní mór dlús a chur faoin bpleanáil láithreach baill.

Le cinneadh á dhéanamh faoi na tionscadail ba chóir tacú leo, leagann an GNBS an-bhéim ar an mbeidh an toradh ar an infheistíocht níos mó ná an toradh a bheadh le fáil ón suíomh a dhíol mar atá i láthair na huaire. Beimid ciallmhar, áfach, inár gcuid infheistíochta – tuigimid nach bhfuil fiúntas dá laghad ag baint le tionscadail nach mbeidh éileamh orthu amach anseo a fhorbairt.

Chomh maith leis sin, tá comhpháirtíocht straitéiseach idir an GNBS agus an Eanáil Stáit ag gach leibhéal, comhpháirtíocht atá mar bhonn le tograí suntasacha forbartha a bheith á bhforbairt i gcomhthéacs tithíocht shóisialta agus soláthar seirbhísí cúraim sláinte. Tá os cionn 3,100 réadmhaoin chónaithe aitheanta againn, mar shampla, mar réadmhaoin atá feiliúnach agus a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do thithíocht shóisialta. Go dtí seo, tá measúnú déanta ar bhreis is 2,000 de na haonaid agus is eol dúinn éileamh a bheith ar breis is 1,000 teach agus árasán. Tá tús curtha leis an bpróiseas a bhaineann

leis na hionaid seo a chur ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta. Tá obair shuntasach i gceist leis seo a dhéanamh agus i measc na ndreamanna a bheidh páirteach san obair seo tá an GNBS, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Ghníomhaireacht Tithíochta, Údaráis Áitiúla, comhlachtaí tithíochta faofa, úinéirí réadmhaoine, institiúidí airgeadais, glacadóirí agus páirtithe cuí eile.

Is chun leasa do chách coinníollacha normálta a bheith luaite le margaí réadmhaoine tráchtála agus cónaithe na hÉireann. Tuigimid go rímhaith an fhreagracht atá orainn ina leith sin agus táimid chun tréanarracht a dhéanamh tacú, ar bhealach chomh dearfach agus is féidir linn, le gníomhaíocht thrasghníomhaíochta níos inbhuanaithe. Léargas ciallmhar iad na tionscnaimh thuasluaite, agus an infheistíocht €4 bhilliún atá soláthartha againn in infheistíocht caipitil agus maoiniú díoltóra, ar an obair mhór atá ar bun againn.

CUNTAS A CHOINNEÁIL AR ÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ

Ós rud é gurb í seo dara Tuarascáil Bhliantúil an GNBS, tá tréanarracht déanta againn breis eolais faoinár n-oibríochtaí a chur san áireamh. Léargas go bhfuil, mar a dúirt an tAire Airgeadais le déanaí, “an Ghníomhaireacht faoi réir ardleibhéal cuntasachta poiblí i gcomparáid le comhlachtaí tráchtála leathstáit eile” é an nochtadh suntasach airgeadais atá á bhainistiú ag an GNBS thar ceann cháiníocóirí na hÉireann. Le cois na bhforálacha cuntasachta poiblí atá luaite san Acht fán GNBS, tá gach uile ghné d'oibríochtaí na Gníomhaireachta faoi réir iniúchta leanúnaigh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá rochtain ag foireann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar gach idirbheart, cáipéis agus duine a bhaineann leis an GNBS. Is maith ann a leithéid de chur chuige; is cuid lárnach é de dhearbhu a thabhairt do cháiníocóirí na hÉireann go bhfuil a cuid oibre á cur i gcrích mar ba chóir ag an GNBS.

Le cois iniúchadh foirmiúil seo an Oireachtais, fáiltíim roimh an spéis leanúnach atá á léiriú ag an bpobal agus ag na meáin sna hoibríochtaí agus sna torthaí atá á mbaint amach ag an GNBS. Is mar seo ba chóir don scéal a bheith agus chuige sin, tá iarracht mhór déanta againn le bliain anuas rannpháirtíocht fhoirmiúil le hionadaithe poiblí, leis na meáin agus le grúpaí ionadaíocha a spreagadh. Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, thug muid, an méid eolais agus is féidir a thabhairt gan muinín a shárú i ndáil le cásanna aonair féichiúnaithe agus eolas tráchtála margadh íogair a bhfuil cosc sainráite leis i gcomhthéacs an Achta fán GNBS. Bhainfeadh sárú ar bith ar an muinín seo an bonn de thoilteanas tríú páirtithe oibriú linn, mar aon le ceannaitheoirí féideartha sócmhainní atá á rialú againn a chur ó dhóras, agus fóirsteanacht díolacháin an GNBS a laghdú mar aon le fáiltais réadaithe ó na díolacháin seo a laghdú. Chiallódh a leithéid, i margadh réadmhaoine soghluaiste agus domhandaithe, go mbeadh cáiníocóirí na hÉireann faoi mhíbhuntáiste suntasach iomaíochta.

PLEAN STRAITÉISEACH

Sa ráithe dheireanach de 2011 agus sa chéad ráithe de 2012, thug an Bord faoi athbhreithniú fairsing ar an straitéis a bhí sonraithe aige ina Phlean Gnó in Iúil 2010. Bhain fiorthábhacht leis an athbhreithniú sin ó tharla é a bheith riachtanach impleacht an laghdaithe leanúnaigh ar phraghsanna réadmhaoine na hÉireann ó Iúil 2010 a chur san áireamh i straitéis agus i bpleanáil an GNBS. Chomh maith leis sin, bhí sé riachtanach impleacht an dearcaidh athbhreithnithe ar gheilleagar na hÉireann ó glacadh le Plean Gnó 2010 a chur san áireamh freisin. Níl aon impleacht ag ár n-athbhreithniú ar an gcéad mhór-aisíocaíocht féich a bhí luaite i bPlean Iúil 2010 – fiach €7.5 billiún an GNBS le haisíoc roimh dheireadh 2013, sprioc a bhfuil glactha ag an Triúracht léi – agus táim dóchasach go n-éireoidh linn an sprioc sin a chomhlíonadh. Go deimhin, tá €3.25 billiún aisíochta againn cheana féin.

Bhí an comhthéacs inar glacadh le Plean Gnó Iúil 2010 réasúnta fabhrach i gcomhthéacs forbairtí geilleagracha a tharla in Éirinn agus in áiteanna eile ó shin. Ní rabhtas ag súil ag an am go mbeadh dualgas ar an tír seo a bheith páirteach i gclár na Triúrachta (rud a tharla i Samhain 2010). I gcomhthéacs earnáil bhaincéireachta na hÉireann, bhí an chuma ar an scéal go raibh bail níos fearr ar cláir chomhardaithe agus ar leachtacht na mórthanc ná mar a bhí. Bhí an GBCN fós i mbun iasachtaíochta ar an margadh féich flaithiúnais agus bhíothas ag súil le fás réasúnta láidir sa mheántréimhse. Sa tréimhse 18 mí i ndiaidh fhoilsiú an Phlean Gnó chuaigh earnáil bhaincéireachta na hÉireann agus an geilleagar go ginearálta chun donais. Bhí tionchar aige seo ar mhargaí réadmhaoine tráchtála agus cónaithe na hÉireann, margaí a bhfuil laghduithe suntasacha le tabhairt faoi deara iontu le dhá bhliain anuas – ainneoin comharthaí trialacha ach dóchais a bheith ann go bhféadfadh cobhsaíocht a bheith le tabhairt faoi deara.

Ina athbhreithniú straitéiseach, dhírigh an Bord ar na straitéisí a bhí riachtanach chun na spriocanna dúshlánacha aisíocaíochta féich don tréimhse i ndiaidh 2012 a chomhlíonadh. Is féidir na straitéisí seo a rangú in dhá chatagóir mar seo a leanas:

1. I gcomhthéacs gníomhaíocht margaidh, díreoidh an GNBS ar ghníomhaíocht a chothú sna margaí tráchtála agus cónaithe. San áireamh sa gníomhaíocht seo tá clár céimnithe agus ordúil de dhiúscairtí sócmhainní agus iasachtaí, agus straitéisí sonracha diúscairthe do phunann na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus punanna eile nach iad. Beidh tionscnaimh dála maoiniú a sholáthar do dhíoltóirí tráchtála, tionscnamh na híocaíochta iarchurtha do réadmhaoín chónaithe, Ciste Infheisteoir Cáilitheach (QIF) amháin, ar a laghad, a bhunú faoi dheireadh 2012 agus comaoin thacaíochta do REIT in Éirinn san áireamh.

2. Cuirfidh an GNBS lena gníomhaíocht bainistíochta sócmhainní agus é mar aidhm aici sócmhainní a aithint agus a fhorbairt le féichiúnaithe, glacadóirí agus comhpháirtithe fiontair agus é mar aidhm sreabhadh airgid a chruthú agus luach a chur leis, agus dá réir sin, sreabhadh airgid a fheabhsú i ndiaidh 2013.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar an dá straitéis cheana féin.

CONCLÚID

Tá léargas le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar bhliain amháin as dhá bhliain go leith oibre atá déanta ag an GNBS ar mhaithe lena cuspóirí a chomhlíonadh.

Bunaithe ar an obair sin, níl aon amhras orm ach go n-éireoidh linn ár gcuspóirí fadtréimhseacha agus meántréimhseacha a chomhlíonadh.

Is mian liom a dhearbhu freisin go bhfuil tuiscint rímhaith agam féin agus ag mo chomhghleacaithe ar an impleacht ghinearálta a d'fhéadfadh a bheith ag ár ngníomhaíochtaí agus an obair is féidir linn a dhéanamh chun spriocanna beartais phoiblí a chomhlíonadh, fás geilleagrach agus fostaíochta san áireamh, agus gur ábhar spreagtha a leithéid sin dúinn.

Tá teachtaireacht amháin, áfach, is mian liom a chur in iúl go soiléir sa Tuarascáil seo – is é sin gurb é aidhm gach duine a bhfuil baint aige/aici leis an GNBS an toradh is fearr agus is féidir a bhaint amach don cháiníocóir. Tá an cuspóir seo mar bhonn le gach cinneadh a dhéanaimid. Tuigim go mb'fhéidir nach mbeidh gach duine ag aontú leis na cinntí ar fad a dhéanaimid nó b'fhéidir nach é an léamh ceart a dhéanfar ar na cinntí a dhéanaimid. Tá sé seo intuigthe go maith – ach ní mór béim a leagan ar an bpointe – gurb é is aidhm le gach cinneadh a dhéanaimid cabhrú leis an gcáiníocóir seachas duine ar bith eile.

Is mian liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe Boird agus le baill sheachtracha an Choiste as a gcuid tacaíochta agus as an obair gan staonadh a dhéanann siad thar ceann na Gníomhaireachta. Dála gach eagraíocht, ní chuirfí rud ar bith i gcrích gan díograis, scileanna agus tiomantas na foirne. Táim féin, agus mo chomhghleacaithe Boird, ar aon intinn faoin mbuntáiste a bhaineann le Príomhfheidhmeannach agus le foireann a bhfuil na tréithe sin go smior iontu a bheith ag an GNBS. Déanann siad a seacht ndícheall lena chinntiú, ní hamháin go bhfuil an sainordú reachtach á chomhlíonadh ag an GNBS, ach déanann siad an-obair ar mhaithe lena chinntiú go dtiocfaidh geilleagar na hÉireann chuige féin arís sna blianta beaga amach romhainn.



Frank Daly
Cathaoirleach

29 Meitheamh 2012

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Rinne an GNBS an-dul chun cinn in 2011. D'éirigh linn críoch a chur le próiseas éadála iasachtaí ó na hinstitiúidí rannpháirteacha, rud a chiallaigh go raibh ár bpunann iasachtaí cothrom le €74 billiún agus go raibh an chomhaoin iomlán a íocadh le haghaidh na n-iasachtaí faighte cothrom le €31.8. Leithdháileadh an €74 billiún i measc an 772 nasc féichiúnaí agus, astu seo, tá baint dhíreach againn gach lá le 189 de na féichiúnaithe is mó, iad siúd a bhfuil fiach sa bhreis ar €75m acu. Go carnach, tá an comhiomlán féich cothrom le €61 billiún; agus tá an fiach iarmharach €13 billiún i seilbh beagnach 600 féichiúnaí a bhfuil baint acu go laethúil leis na hinstitiúidí rannpháirteacha, a fheidhmíonn mar ghníomhairí thar ceann an GNBS.

I rith 2011, rinneadh measúnú ar bhreis is 500 plean gnó féichiúnaí agus, tráth scríofa na tuarascála seo, tá measúnú déanta ar bheagnach gach ceann den 800 plean gnó a bhfuil nasc féichiúnaí luaite leo. Tá léargas le fáil ar thorthaí na dian-rannpháirtíochta sin le féichiúnaithe in insreafaí airgid an GNBS. Ina measc seo tá fáiltais na ndíúscairtí sócmhainní agus ús agus ioncam eile a úsáideann féichiúnaithe chun a bhféichiúnas a laghdú. Idir tráth a bunaithe agus deireadh Bhealtaine 2012, d'fhaomhamar díolachán sócmhainní luach €9.2 billiún, lena n-áirítear díolachán €5.6 billiún i rith 2011. Bhí an díolachán a bhí curtha i gcrích, ag deireadh Bhealtaine 2012, cothrom le €5 billiún. Chiallaigh díúscairtí sócmhainní agus cur chuige dian i ndáil lena chinntiú go bhfuarthas an t-ioncam cíosa iomlán, go raibh iarmhéideanna airgid ar fiú €3.8 billiún iad againn ag deireadh 2011, i ndiaidh fáiltas airgid €5.1 billiún a ghiniúint ó fhéichiúnaithe i rith 2011. Bhí na fáiltas airgid, ó thráth bunaithe na gníomhaireachta anonn, cothrom le breis is €8 mbilliún faoi dheireadh Mheithimh 2012.

Chuir na hinsreafaí airgid seo ar ár gcumas tús a chur le próiseas fuascailte ár bhféich shinsearaigh agus, faoi dheireadh 2011, bhí €1.25 billiún fuascailte againn i Nótaí Sinsearach an GNBS le cois €299m a aisíoc in iasachtaí ón Aire. Chuir ár seasamh láidir airgid ar ár gcumas €2 billiún eile dár Nótaí Sinsearach a fhuascailt i Meitheamh 2012, rud a chiallaigh go raibh an méid iomlán fuascailte go dtí seo cothrom le €3.25 billiún, agus tá gach cuma ar an scéal go n-éireoidh linn ár sprioc tosaigh a chomhlíonadh, is é sin €7.5 billiún a fhuascailt i Nótaí Sinsearach faoi dheireadh 2013, i bhfianaise cuma mhaith a bheith ar ár n-iarmhéideanna airgid.

Tugadh roinnt táscairí tábhachtacha eile ar dhul chun cinn faoi deara freisin. Tá an creat cinnteoireachta creidmheasa ag feidhmiú go hiomlán agus go héifeachtach anois: ó thráth bunaithe na Gníomhaireachta go dtí deireadh Bhealtaine 2012, tá breis is 11,000 cinneadh creidmheasa déanta agus cúis áthais dom a thuairisciú go bhfuil an meán-aga slánúcháin do chinntí creidmheasa laghdaithe go 5.2 lá. I measc na gcinntí creidmheasa a rinneadh tá réamhíocaíochtaí creidmheasa sa bhreis ar €1.3 billiún faofa ar mhaithe le luach na sócmhainní atá ag ráthú ár n-iasachtaí a fheabhsú.

TORTHAÍ NA BLIANA 2011

Cúis áthais dom a chur in iúl, do bhliain airgeadais 2011, brabús oibriúcháin agus brabús iarchánach a bheith á thuairisciú ag an GNBS. Rinneamar brabús oibriúcháin, roimh mhuirir bhearnaithe, de €1.28 billiún don bhliain agus ba é toradh iomlán na bliana glanbhrabús iarchánach €247m i ndiaidh muirear bearnaithe €1.27 billiún a chur san áireamh.

Tá an soláthar carnach bearnaithe le haghaidh 2010 agus 2011 cothrom le €2.75 billiún, coibhéiseach le ráta cumhdaigh 9.6%. I gcás bhliain airgeadais 2011, thugamar faoi athbhreithniú uileghabhálach agus dian ar na sreafaí airgid réamh-mheasta ag eascairt ó iasachtaí i seilbh féichiúnaithe arna bhainistiú ag an GNBS agus rinne comhairleoirí seachtracha dian-iniúchadh ar na torthaí. I gcás na bhféichiúnaithe sin a bhfuil a gcuid iasachtaí á mbainistiú ag na hinstitiúidí rannpháirteacha, rinneamar measúnú comhchoiteann ar chaillteanas, measúnú a thug léargas ar an bhfianaise bearnaithe a d'eascair ó na sreafaí suntasacha airgid. San áireamh sa chleachtadh ar shreabhadh airgid bhí sreafaí airgid oibriúcháin a d'eascair ón gcomhthaobhacht bhunaidh (ó chíosóireachtaí agus foinsí eile). Bunaithe ar an obair mhionsonraithe seo, táim muiníneach go mbeimid in ann déileáil leis an mbearnú seo gan mórán stró. Tá sé seo fíor go háirithe i gcomhthéacs an cur chuige coimeádach a ghlacamar i ndáil le haitheantas ioncaim: chinn an Bord nár cheart sreafaí airgid féichiúnaí a bhfuil glanbharrachas neamhréadaithe lascanaithe €1.82 billiún luaite leo a aithint sa ráiteas ioncaim.

PUNANN RÉADMHAOINE

Tá tuiscint i bhfad níos fearr againn anois ar an bpunann réadmhaoine atá mar urrús lenár n-iasachtaí. As an bpunann iomlán iasachtaí de €74 billiún, bhíomar faoi Ordú ón Aire €44 billiún a fháil i bhfoirm bulc-aistrithe sa ráithe dheireanach de 2010 agus, tráth an aistrithe, is beag eolas a bhí againn maidir leis an gcomhthaobhacht bhunaidh ó na hinstitiúidí rannpháirteacha. Anois agus an dícheall cuí curtha i gcrích, is fearr atáimid in ann measúnú a dhéanamh ar chaighdeán na punainne réadmhaoine bunaidh. Tríd is tríd, réadmhaoin chomhlánaithe atá i 71% den phunann – oifigí, spásanna miondíola, cónaithe, tionsclaíochta, óstáin agus mar sin de. Talamh neamhfhorbartha atá in 20% agus is ionann 9% agus forbairtí nach bhfuil baileach críochnaithe go fóill. Bunaithe ar dhlínse, tá 54% den réadmhaoin lonnaithe in Éirinn agus 34% sa Bhreatain agus tá an chuid eile lonnaithe i dTuaisceart Éireann (4%), san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe.

I gcomhthéacs réadmhaoin na hÉireann, tá breis is 90% lonnaithe in nó cóngarach do chontaetha a bhfuil ionaid mhóra uirbeacha daonra iontu (Baile Átha Cliath agus contaetha an chreasa ghaolmhair comaitéara mar aon le Corcaí, Luimneach agus Gaillimh) agus tá na hionchais fhadtréimhseacha d'fhormhór na réadmhaoin seo dearfach, go háirithe má chomhlíontar an dearcadh meántréimhseach le haghaidh gheilleagar na hÉireann na hionchais reatha maidir le rátaí fáis sa raon idir 2.5% go 3%. Tá ganntanas spásanna móra oifige le tabhairt faoi deara i mBaile Átha Cliath anois, mar shampla, spásanna atá feiliúnach d'ilnáisiúntaigh atá ag bunú nó ag cur lena n-oibríochtaí in Éirinn agus táimid i dteagmháil go rialta leis an IDA d'fhonn a chinntiú gur féidir linn a leithéid sin de riachtanais a thuar agus a chomhlíonadh.

Táimid ag súil le laghdú ar na srianta atá ar infhaighteacht creidmheasa faoi láthair sna blianta amach romhainn ach, fad is atá na srianta seo ann, táimid ullamh agus tá sé beartaithe againn airgeadas díoltóra a úsáid chun idirbhearta réadmhaoin tráchtála a ghiniúint. Is é an meastachán is fearr is féidir linn a dhéanamh faoi láthair go bhféadfadh beagnach €2 billiún i réamhíocaíochtaí airgeadais díoltóra a bheith i gceist. Pointe tábhachtach faoi airgeadais díoltóra is ea go gcabhródh sé le próifíl riosca creidmheasa na punainne iasachtaí a laghdú: tá féichiúnaithe le hacmhainní aisiocaíochta níos fearr ag teacht in ionad riosca creidmheasa ar chaighdeán níos ísle. Cuireadh críoch leis an gcéad idirbheart airgeadais díoltóra – a úsáideadh chun Uimh. 1 Plás Warrington i mBaile Átha Cliath a cheannach – le déanaí agus i láthair na huairé tá roinnt idirbheart á meas.

Chomh maith leis sin, de réir a chéile, tá níos mó airde á díriú againn ar chaipiteal idirnáisiúnta infheisteora a mhealladh trí fheithiclí luacha airgid dála QIF a chruthú. Tá bunú QIF á urrú ag an GNBS ach beidh sé ag feidhmiú neamhspleách ar an GNBS agus beidh a Bhord féin aige – is é an cuspóir atá ann gur feithicil cháin-thrédhearcach d'infheisteoirí a bheidh ann le rochtain ar chaipiteal a chuirfidh ar a chumas tairiscint a dhéanamh, agus sócmhainní réadmhaoin Éireannacha sa mhargadh a cheannach. Teastóidh a infreastruchtúr féin ó QIF mar aon le tairiscint do sholáthar seirbhísí bainistíochta infheistíochta agus tá seirbhísí riaracháin feighlithe/maoinithe á luacháil faoi láthair agus táthar ag súil le cinneadh críochnaitheach gan mhoill. Tá QIF faoi réir faomhadh rialála a fháil. Má fhaightear an faomhadh seo, tá sé beartaithe fochiste QIF amháin, ar a laghad, a bhunú roimh dheireadh na bliana.

Bainfidh tábhacht le comhpháirtíochtaí Comhfhiontair (JV) i dtéarmaí roghanna bainistíochta sócmhainní sna blianta amach romhainn. Soláthróidh comhpháirtithe JV caipiteal agus saineolas tógála. De bhrí gur dócha nach mbeidh ardáin tógála réadmhaoin ag soláthraithe caipiteal idirnáisiúnta in Éirinn agus de bhrí go bhfuil laghdú tagtha

ar oibríochtaí go leor gnólachtaí tógála in Éirinn, ní bheidh ach scóip áirithe ann i gcomhthéacs caipiteal agus saineolas tógála a fháil in aonán amháin. Tá acmhainní go leor ag an earnáil tógála, áfach, atá dífhostaithe nó fofhostaithe agus beidh dualgas orainn a chinntiú go mbeidh ar ár gcumas comhpháirtithe JV a aimsiú a mbeidh ar a gcumas na hacmhainní éagsúla atá ar fáil a chomhordú agus a bhainistiú ar an mbealach is fearr agus is féidir.

Maidir leis an margadh cónaithe, tá cuma níos dearfaí ar chúrsaí anois ná mar a bhí bliain ó shin. Tá drogall orm a rá go bhfuil an taoide ag casadh chomh fada is a bhaineann le praghsanna cónaithe ach ar a laghad tá comharthaí áirithe ann go bhféadfadh na praghsanna i margadh Bhaile Átha Cliath a bheith ag cobhsú. Is léir dúinn, bunaithe ar an líon fiosrúchán a chuirtear faoinár mbráid, go bhfuil éileamh folaithe ar cheannach réadmhaoin, tithe leathscoite do cheannaitheoirí céaduaire go háirithe, ach, go hintuigthe, tá drogall ar cheannaitheoirí tithe a cheannach go dtí go bhfuil siad cinnte go bhfuil an margadh tite ar fad nó i ngar do bheith. Is ann dár dTionscnamh Íocaíochta Iarchurtha 80/20, a seoladh i mí na Bealtaine 2012 agus atá á reáchtáil ar bhonn píolótach faoi láthair, le déileáil leis na hábhair imní seo. I dtréimhse níos lú ná dhá bhliain, tá díolachán de bheagnach €9 milliún curtha i gcrích agus measaim gur tuar dóchais é sin agus cúrsaí mar atá i láthair na huairé.

Fuarthas léargas i nDaonáireamh 2011 go raibh daonra na hÉireann níos airde – beagnach leathmhilliún – ná mar a raibh súil leis. Tá comharthaí ann freisin go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an gcéatadán teaghlach a bhfuil áiteanna cónaithe ar cíos acu agus tá gach seans ann go gceannóidh na daoine seo réadmhaoin nuair atá siad sásta go bhfuil cobhsaíocht le sonrú sna praghsanna. Ó tharla go meastar an ráta folúntais le haghaidh tithe i mBaile Átha Cliath a bheith laghdaithe go dtí faoi bhun 5% agus ó tharla an ráta tithe atá tógtha le blianta beaga anuas a bheith íseal (cuireadh bailchríoch ar níos lú ná 10,000 réadmhaoin in 2011, tithe tuaithe aonuaire a bhformhór), ceann de thiomhdí bunaidh ár bpleanáil straitéiseach is ea go mbeidh brú ar chineálacha áirithe stoc tithíochta i mBaile Átha Cliath sa dara leath den deich mbliana amach romhainn, go háirithe tithe móra teaghlaigh i gceantair a bhfuil infreastruchtúr maith iontu (go háirithe uisce, draenáil, scoileanna agus naisc iompair). Tá sé mar aidhm againn ganntanais soláthair in earnálacha nó ceantair áirithe amach anseo a thuar agus ár maoiniú a úsáid dá réir sin.

FOIREANN

Bunaithe ar mo thaithí féin mar Phríomhfheidhmeannach, ceann de na príomhdhúshláin a bhain leis an GNBS a bhunú ba ea a chinntiú go raibh an saineolas cuí againn chun an tasc a bhí romhainn, bunaithe de réir an reachtais, a chomhlíonadh. Tá an fhoireann riachtanach ar fad nach mór earcaithe ag an GNBS anois – os cionn 200 ball foirne – a bhfuil na scileanna agus an saineolas cuí acu i réimsí dála réadmhaoine, baincéireacht, airgeadas, dlí agus disciplíní cuí, foireann a chuirfidh ar ár gcumas ár bhfeidhmeanna reachtacha a chur i gcrích thar ceann an cháinócóra. Tá roinnt plé déanta ag an bpobal faoi thuarastal fhoireann an GNBS agus an GBCN go ginearálta. Ba mhaith liom cúpla rud a rá maidir leis sin. Is conarthaí sainchuspóra atá ag foireann an GNBS; ní post don saol atá acu. Meastar, ar a mhéad, go mbeidh post acu ar feadh tréimhse níos lú ná deich mbliana. Ciallaíonn scileanna agus saineolas na ndaoine seo go bhfuil roghanna éagsúla gairme acu. Mura féidir leis an GNBS iarracht a dhéanamh luach saothair a thairiscint atá ar comhchéim leis an luach saothair a bheadh á fháil ag baill foirne in ionaid oibre eile, ní bheidh siad toilteanach a bheith ag obair dúinn agus, dá réir sin, ní bheidh ar ár gcumas an phunann a bhainistiú agus i ndeireadh na dála ní bheidh ar ár gcumas an toradh is fearr agus is féidir a chinntiú don cháinócóir. Sa chomhthéacs seo, is ciallmhar go mbeadh an GNBS, i gcomhthéacs a nochtadh €32 billiún d'iasachtaí réadmhaoine, ag déanamh iarrachta gan na baill foirne is oilte chun an punann a bhainistiú a chur as an áireamh. Ní mór go mbeadh an saineolas ag an GNBS le déileáil le ceann de na dúshláin is mó a bhí le sárú ag an tír seo riamh.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach, le mo chomhghleacaithe Boird, le baill na gCoistí agus le foireann an GNBS agus an GBCN as an obair den scoth atá déanta acu in 2011. Chuir an iarracht agus tiomantas seo ar chumas an GNBS dul chun cinn suntasach a dhéanamh in achar gearr agus táimid ag súil le cur ar bhealach éifeachtach agus nuálach leis an aisghabháil náisiúnta. Braitheann an rath a bheidh ar ár gcuid oibre go fadtréimhseach ar fheidhmiú gheilleagar na hÉireann, de bhrí go gciallaíonn geilleagar intíre fuinniúil éileamh méadaithe ar na sócmhainní réadmhaoine atá mar urrús ar ár n-iasachtaí. Más féidir linn gníomhaíochtaí a ghiniúint sa mhargadh réadmhaoine agus sa gheilleagar trí chéile, déanfaimid amhlaidh. Is fánach an bóthar nach mbíonn casadh nó cor éigin ann ach tá sé beartaithe againn leanúint ar aghaidh agus ár gcroídhícheall a dhéanamh an tasc atá romhainn a dhéanamh le fuinneamh, tiomantas agus díograis.



Brendan McDonagh
Príomhfheidhmeannach
29 Meitheamh 2012

Croineolaíocht an GNBS:

Aibreán 2009 – Meitheamh 2012

Aib 2009	Sa Bhuiséad Forlíontach ar 7 Aibreán, fógraíonn an tAire Airgeadais cinneadh Rialtais bearta a thabhairt isteach le déileáil le ceist an chaighdeáin sócmhainní i gcóras baincéireachta na hÉireann, lena n-áirítear bunú Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ar bhonn reachtúil faoi choimirce an GBCN. Is é an tAire a leagann príomhchuspóir an GNBS i leith 'uasmhéadú, de réir a chéile, a dhéanamh ar ioncam agus luach caipitil na sócmhainní atá faoina cúram'.
Bealtaine 2009	Cheap an tUas. Brendan McDonagh Stiúrthóir Bainistíochta Eatramhach an GNBS ar 5 Bealtaine.
Iúil 2009	Foilsítear dréacht leagan na reachtaíochta molta don GNBS ar 30 Iúil.
MeánF. 2009	Foilsítear an Bille fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 agus cuirtear i láthair an Oireachtais é ar 16 Meán Fómhair.
D.Fómh. 2009	Foilsítear Dréacht-Phlean Gnó an GNBS. Cuirtear an Dara Céim den Bhille fán GNBS 2009 i gcrích i nDáil Éireann. Fógraíonn Eurostat a réamhchinneadh gur cheart oibríochtaí an GNBS a thaifeadh lasmuigh den earnáil rialtais ghinearálta i gcuntais náisiúnta na hÉireann.
Samh 2009	Síníonn an tUachtarán an Bille fán GNBS 2009 chun dlí.
Noll 2009	Bunaítear an GNBS go foirmiúil an 21 Nollaig 2009. Fógraíonn an tAire Airgeadais comhdhéanamh Bhord an GNBS agus ceapann sé an tUas. Frank Daly mar Chathaoirleach agus an tUas. Brendan McDonagh mar POF.
Ean 2010	Bunaítear ceithre choiste den Bhord (Iniúchadh, Creidmheas, Airgeadas agus Feidhmiúchán agus Bainistíocht Riosca) le cois dhá choiste comhairleach (Tuaisceart Éireann agus Pleanáil).
Feabh 2010	Faigheann scéim an GNBS faomhadh foirmiúil ó Choimisiún an AE ag deireadh Feabhra.
Már 2010	Na chéad aistrithe iasachta ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha (Planna) ag deireadh Mhárta. Déanann an tAire Airgeadais réamhócaíocht iasachta um Alt 46 de chuid €299m leis an GNBS.
Bealtaine 2010	Aistriú iasachtaí Thráinse 1 (luach ainmniúil €15.3 billiún) tugtha chun críche. Tugann an tAire Airgeadais Treoir um Alt 14 maidir le fiach rialtas-ráthaithe á eisiúint ag an GNBS.
Iúil 2010	Foilsíonn an GNBS a Plean Gnó agus a Ráiteas Bliantúil don bhliain 2010. Sroicheann líon foirne an GNBS 54.
Lún 2010	Aistriú iasachtaí Thráinse 2 (luach ainmniúil €11.9 billiún) tugtha chun críche. Tugann Coimisiún an AE faomhadh foirmiúil d'aistriú an chéad tráinse iasachtaí.
MeánF. 2010	Bunaíonn an GNBS Clár Eorapháipéir Thráchtála ar fiú €2.5 billiún é. Sroicheann faomhadh díolacháin sócmhainní carntha €1 bhilliún.
D.Fómh. 2010	Aisíoctar iasacht €250m leis an Aire Airgeadais. Eisíonn an tAire Airgeadais Treoir um Alt 14 don GNBS chun dlús a chur faoi ghnóthú na n-iasachtaí fanta ó na hinsititiúidí rannpháirteacha. Foilsíonn an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil Speisialta faoi Ghnóthú Sócmhainní Bainc an GNBS.
Samh 2010	Foilsíonn an GNBS a Ráiteas Airgeadais 2011.

Noll 2010	Bulc-aistriú iasachtaí a bhfuil luach ainmniúil €44 billiún luaite leo tugtha chun críche. Gnóthú iomlán go dtí seo cothrom le €71.2 billiún. Sroicheann díolachán sócmhainní tugtha chun críche i rith na bliana €400m. Sroicheann líon foirne an GNBS 104.
Feabh 2011	Aisíoctar iasacht €49m leis an Aire Airgeadais.
Már 2011	€250m de Bhannaí Sinsearacha fuascailte. Sroicheann faomhadh díolacháin sócmhainní carntha €2.5 billiún. Iasachtaí breise ag iomlánú €1.1 billiún gnóthaithe.
Aib 2011	Fógraíonn an GNBS go bhfuil sí i mbun iniúchta ar bhealaí chun airgeadas a sholáthar do réadmhaoín tráchtála agus chónaitheach mar chuid de na bearta chun tacú le téarnamh an mhargaidh.
Bealtaine 2011	€500m de Bhannaí Sinsearacha fuascailte. Eisíonn an tAire Airgeadais Treoir um Alt 14 ag leasú téarmaí agus coinníollacha na Nótaí Sinsearacha eisithe ag an GNBS.
Iúil 2011	Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil 2010. Sroicheann líon foirne an GNBS 145.
Lún 2011	Liosta réadmhaoine forfheidhmithe foilsithe don chéad uair.
MeánF. 2011	€500m de Bhannaí Sinsearacha fuascailte, ag tabhairt líon iomlán na haisíocaíochta fiachais go €1.55 billiún.
D.Fómh. 2011	Gnóthuithe iasachta tugtha chun críche le tráinse deiridh de €1.7 billiún, ag tabhairt luach iomlán na n-iasachtaí gnóthaithe go €74 billiún.
Noll 2011	Sroicheann faomhadh díolacháin sócmhainní carntha €7 mbilliún. Sroicheann comhlánú díolacháin sócmhainní carntha €4 bhilliún. Sroicheann líon foirne an GNBS 202. Foilsíonn an Bord athbhreithniú ar an ngníomhaireacht curtha i gcrích ag iar-Phríomhfheidhmeannach Grúpa de chuid HSBC Holdings Cpt., an tUas. Michael Goeghegan.
Ean 2012	Foilsíonn an GNBS a Ráiteas Bliantúil 2012.
Feabh 2012	Fógraíonn an GNBS atheagrú feidhmeanna agus roinnt ceapachán feidhmeannach sinsearaí.
Már 2012	Dhá Threoir um Alt 14 eisithe ag an Aire Airgeadais ar an GNBS: 1. (1) Treoir tugtha don GNBS chun glacadh le gach beart réasúnta chun feidhmiú Ghrúpa Comhairleach an GNBS a éascú. 2. (2) Treoir tugtha don GNBS éascú a dhéanamh ar mhaoiniú gearrthéarmach IBRC chuig suim €3.06 billiún.
Meith 2012	€2 billiún do Bhannaí Sinsireacha GNBS fuscailte.

Dul Chun Cinn in 2011

Airgeadas

- Chríochnaigh an GNBS an bhliain 2011 le hiarmhéideanna airgid agus sócmhainní leachtacha de chuid €3.8 billiún tar éis €1.3 billiún d'fhiach a aisíoc i rith na bliana. Faoi dheireadh Mheithimh 2012, bhí €3.55 billiún d'fhiach aisíoctha ag an GNBS (**Tábla 1** thíos):

TÁBLA 1: Sceideal an fhéich aisíoctha ag an GNBS

	Méid aisíoctha €m	Dáta aisíoctha/ fuascailte
Iasacht aisíoctha leis an Aire Airgeadais	250	Deireadh Fómhair 2010
Iasacht aisíoctha leis an Aire Airgeadais	49	Feabhra 2011
Bannaí Sinsearacha fuascailte	250	Márta 2011
Bannaí Sinsearacha fuascailte	500	Bealtaine 2011
Bannaí Sinsearacha fuascailte	500	Meán Fómhair 2011
Bannaí Sinsearacha fuascailte	2,000	Meitheamh 2012
IOMLÁN	3,549	

- Tá an GNBS ar tí go fóill €7.5 billiún dá Bannaí Sinsearacha a aisíoc faoi dheireadh na bliana 2013.
- Rinne an GNBS brabús oibriúcháin, roimh mhuirir bhearnaithe, de €1.28 billiún don bhliain go dtí 31 Nollaig 2011. B'ionann an toradh foriomlán agus glanbhrabús i ndiaidh cánach de chuid €247m tar éis foráil le haghaidh muirir bhearnaithe de €1.27 billiún. Tá an fhoráil bhearnaithe carntha do 2010 agus 2011 cothrom le €2.75 billiún.
- Ó thráth a bunaithe go deireadh 2011, bhí fáлтаis airgid ar luach €6.1 billiún ginte ag an GNBS ó fhéichiúnaithe agus a cuireadh i dtreo aisíocaíocht úis agus iasachta. Bhí fáлтаis airgid méadaithe go €7.8 billiún faoi dheireadh Mheithimh 2012.

Gnóthú Iasachta

- I ndiaidh €71.2 billiún d'iasachtaí a fháil in 2010, chuir an GNBS críoch lena gnóthú iasachtaí trí €2.8 billiún eile a fháil i Márta agus i nDeireadh Fómhair 2011. Thug sé seo an gnóthú iomlán go €74 billiún. Bhí an chomaoín a íodadh leis na cúig institiúidí rannpháirteacha cothrom le €31.8 billiún.

Díolachán Sócmhainní

- Ó thráth a bunaithe go deireadh Bhealtaine 2012, bhí díolachán sócmhainní ar luach €9.2 billiún faofa ag an GNBS, lena n-áirítear díolachán de chuid €5.6 billiún i rith 2011.
- B'ionann díolachán sócmhainní, ag deireadh Bhealtaine 2012, agus €5 billiún.

Réamhíocaíochtaí creidmheasa

- Ó thráth a bunaithe go deireadh Bhealtaine 2012, bhí réamhíocaíochtaí creidmheasa de chuid os cionn €1.3 billiún faofa. Bhí €843m den tsuim seo tarraingthe anuas.

- As an €1.3 billiún faofa, bhain €586m le caiteachas ar shócmhainní bunaithe in Éirinn.

Cinntí creidmheasa déanta

- Ó thráth a bunaithe go deireadh Bhealtaine 2012, ar an iomlán bhí 10,996 cinneadh creidmheasa déanta: faomhadh 90% de thograí creidmheasa agus diúltáodh 10%.
- The average turnaround time for credit decisions in 2011 was 6.1 days.

Pleananna gnó na bhféichiúnaithe

- Rinneadh measúnú ar 595 plean gnó féichiúnaithe i rith 2011. Faoi dheireadh Bhealtaine 2012, bhí measúnú curtha i gcrích ar 789 plean; figiúr arb ionann é agus nach mór líon iomlán na bpleananna a raibh athbhreithniú le déanamh orthu.

Forfheidhmiú

- Amhail ag deireadh Bhealtaine 2012, bhí 235 ceapachán dócmhainneachta (i ndáil le 181 ceangal féichiúnaithe) déanta.

Breis slándála

- Faoi dheireadh Bhealtaine 2012, bhí os cionn €500m daingnithe ag an GNBS i bhfoirm slándála neamhgheallta óna féichiúnaithe, tar éis muirir a bhronnadh ar shócmhainní ar luach comhiomlán €354m agus tar éis aistrithe sócmhainní a aisiompú de chuid €160m.

Eastáit neamhchríochnaithe

- Tá an GNBS faoi neamhchosaint 29 (12%) den 243 eastát atá rangaithe ag údaráis áitiúla mar na cinn is mó deacrachta ó thaobh sábháilteachta poiblí (Eastáit Chatagóir 4) agus rinneadh iarracht an costas a bhaineann le hobair feabhais phráinneach a mhaoiniú, trína féichiúnaithe agus glacadóirí (luach measta €3m).

Tithíocht Shóisialta

- I mí na Nollag 2011, d'aithin an GNBS os cionn 2,000 réadmhaoin atá ar fáil le haghaidh tithíochta sóisialta; aithníodh 1,139 breise i mí na Mheithimh 2012. Is iad na húdaráis áitiúla ábhartha a chinnfidh anois cibé an bhfuil an réadmhaoin aitheanta oiriúnach dá gcuspóirí agus, áit ar cuí, éascóidh an GNBS teagmháil agus idirbheartaíocht idir an féichiúnaí/glacadóir dá cuid agus an t-údarás ábhartha.

Foireann

- Faoi dheireadh na bliana 2011, bhí 202 comhalta foirne a bhfuil sainscileanna agus taithí acu ar chúrsaí réadmhaoine, baincéireachta, airgeadais, dlí agus disciplíní gaolmhara earcaithe ag an GNBS. Bhí méadú tagtha ar an bhfigiúr seo go 214 faoi dheireadh Bhealtaine 2012.

Fostaíocht

- Trí fhorbairt a dhéanamh ar airgead nua agus ar forchostais, tacaíonn an GNBS go díreach le 10,000 post atá scaipthe ar fud raon earnálacha agus ionad gnó. Gan tacaíocht an GNBS, ní bheadh an fhostaíocht seo, a bhaineann impleacht níos leithne dá cuid le fostaíocht bhreise neamhdhíreach agus meallta suntasach, cánachas méadaithe agus caiteachas leasa shóisialaigh laghdaithe, indéanta.

Creat Dlíthiúil

Tá an GNBS bunaithe mar chomhlacht reachtúil corpraithe agus is ón Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 ("an tAcht") a eascraíonn a cuid cumhachtaí agus feidhmeanna. I measc phríomhchuspóirí an Achta tá déileáil leis an mbagairt dháiríre atá i ndán don gheilleagar agus do chobhsaíocht shistéamach na n-institiúidí creidmheasa sa Stát go ginearálta trí fhoráil a dhéanamh do bhunú an GNBS.

Faoi Alt 10 den Acht, i measc cuspóirí GNBS tá rannchuidiú le cuspóirí an Achta a bhaint amach trí mheán:

- sócmhainní bainc a ghnóthú ó institiúidí rannpháirteacha (Planna);
- déileáil go gasta leis na sócmhainní gnóthaithe; agus
- cosaint agus feabhsú ar luach na sócmhainní gnóthaithe aici chun leasa an Stáit.

Lena leithéid a dhéanamh, éilítear uirthi, a oiread agus atá indéanta, an fáltas airgeadais is fearr agus is féidir a bhaint amach don Stát le haird ar an gcostas don Státchiste i ndáil le sócmhainní bainc a ghnóthú agus déileáil leo, costas caipitil agus aon chostais eile, agus aon fhachtóir eile a measann an GNBS a bheith ábhartha maidir lena cuspóirí a bhaint amach.

Liostaíonn Alt 11 an Achta a cuid feidhmeanna lena n-áirítear iad seo a leanas:

- sócmhainní bainc incháilithe a ghnóthú ó Planna;
- sócmhainní a choinneáil, a bhainistiú agus a réadú,
- feidhmeanna eile a chur i gcrích, a bhaineann le bainistíocht nó réadú na sócmhainní gnóthaithe, de réir mar a threoraíonn an tAire agus
- gach céim atá riachtanach nó caoithiúil a ghlacadh de láimh chun luach na sócmhainní gnóthaithe a chosaint, a fheabhsú nó a réadú lena n-áirítear diúscairt iasachtaí ar an bpraghas is fearr agus is féidir, punainn iasachtaí ar urrúsú nó a athmhaoiniú agus coinneáil, réadú agus diúscairt slándála.

Sonraítear in Alt 12 den Acht na cumhachtaí atá tugtha don GNBS d'fhonn cur ar a cumas a cuspóirí agus a feidhmeanna a chur i gcrích.

Féadfaidh an tAire treoirilínte agus treoracha scríofa, atá ceangailteach, a eisiúint don GNBS. Ní mór gach treoirilíne agus treoir a fhoilsiú a luaithe agus atá praiticiúil tar éis eisithe. Go dtí deireadh Bhealtaine 2012, tá cúig threoir eisithe ag an Aire don GNBS faoi Alt 14 den Acht (foilsithe ar www.nama.ie).

Tá an chéad mheasúnú ar dhul chun cinn an GNBS i ndáil lena cuspóirí foriomlána a bhaint amach le cur i gcrích ag an Aire agus ar bhonn ar leith ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste² a luaithe agus is féidir tar éis 31 Nollaig 2012, i gcomhréir le hait 226 agus 227 den Acht. Féadfaidh an tAire tuarascálacha ar dhul chun cinn a iarraidh am ar bith roimh nó i ndiaidh an mheasúnaithe sin.

STRUCHTÚR AN GNBS

I gcinneadh a eisíodh i mí Iúil 2009, rialaigh Eurostat (Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh) go n-áireofaí aonáin

shainchuspóireacha (SPVanna) a raibh a bhformhór faoi úinéireacht chuideachtaí príobháideacha lasmuigh den earnáil rialtais dá mba rud é gur chomhlíon siad roinnt coinníollacha. I measc na gcoinníollacha sonraíodh go raibh tréimhse shealadach luaite leis na SPVanna agus gur bunaíodh iad chun críche déileáil leis an ngéarchéim airgeadais amháin. D'fhonn a chinntiú nach gcaithfí le fiach eisithe ag an GNBS chun sócmhainní bainc a cheannach mar chuid d'Fhiach Ginearálta an Rialtais, bhunaigh an GNBS roinnt SPVanna, arbh é **Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teo.**, an Phríomhaonán Sainchuspóireach.

Tá na SPVanna agus a n-idirghaolmhaireachtaí leagtha amach sa taobhphainéal agus iad léirithe i Nóta 1 leis na Ráitis Airgeadais.

TAOBHPHAINÉAL STRUCHTÚR CHUIDEACHTAÍ AN GNBS

An Gníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teo.

Is í seo an chuideachta sealbhaíochta infheistíochta don Phríomh-SPV agus bunaíodh í chun éascú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na n-infheisteoirí príobháideacha. Tá 51% de na scaireanna sa Gníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teo., an chuideachta sealbhaíochta infheistíochta, faoi úinéireacht chothrom trí chuideachta phríobháideach (lontaobhaithe um Scéim Sochar Foirne Irish Life³, New Ireland Assurance Co. plc. agus Percy Nominees Ltd., ainmní Bainisteoirí Infheistíochta AIB) agus is faoi úinéireacht an GNBS atá an 49% eile. Faoi chomhaontú na ngeallsealbhoirí idir an GNBS agus na hinfeisteoirí príobháideacha, tá urbhag ag GNBS ar chinntí a dhéanann an chuideachta.

Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teo. (Príomh-SPV)

Is é seo an t-aonán a eisiúint fiach sinsearach agus fo-ordaithe do na hinstitiúidí rannpháirteacha (Planna) mar mhalairt ar iasachtaí gnóthaithe.

Tá ceithre fhochuideachta ag an bPríomh-SPV:

Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teo.

Gníomhaíonn sí seo mar an chuideachta sealbhaíochta le haghaidh trí fhochuideachta eile.

Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teo.

Tá an t-aonán seo freagrach as gnóthú, coinneáil agus bainistíocht sócmhainní bainc ó Planna. Íoctar aon bhrabús a thuilleann sé leis an bPríomh-SPV.

Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teo.

Gnóthaíonn an t-aonán seo maoin ó Bhainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teo. nuair a chuirtear gníomh forfheidhmithe i gcoinne féichiúnaithe i gcrích.

Seirbhísí Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teo.

Is aonán neamhthrádála é seo atá neamhghníomhach faoi láthair.

² Go dtí seo, tá dhá thuarascáil speisialta curtha i gcrích ag an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste i ndáil le NAMA, an chéad cheann i mí Deireadh Fómhair 2010 agus an dara ceann i mí na Bealtaine 2012

³ Scaireanna aistrithe ó Irish Life Assurance plc. i mí an Mheithimh 2012.

ATHBHREITHNIÚ GNÓ

Gnóthú iasachta de chuid
€74 billiún comhlíonta in 2011.

€5.6 billiún i ndíolacháin
sócmhainní faofa i rith na bliana.

€5.1 billiún in airgead tirim faighte ó
fhéichiúnaithe in 2011.

Sócmhainní Iasachta Gnóthaithe

Bunaíodh an GNBS i mí na Nollag 2009 tar éis achtú an Achta fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 i mí na Samhna na bliana sin. D'ainmnigh an tAire Airgeadais cúig institiúid (agus a bhfochuideachtaí) mar institiúidí rannpháirteacha i mí Feabhra 2010: Banc-Aontas Éireann, Banc na hÉireann, Banc Angla-Éireannach, Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann agus Cumann Foirgníochta EBS⁴.

GNÓTHÚ IASACHTA

Rinneadh na chéad aistrithe iasachta déanach i mí an Mhárta 2010. Déanann **Tábla 2** anseo thíos achoimriú ar mhórchéimeanna an phróisis ghnóthaithe iasachta:

TÁBLA 2: Céimeanna an ghnóthaithe iasachta

	€bn	Dáta an aistrithe
Tráinse 1	15.3	Márta – Bealtaine 2010
Tráinse 2	11.9	Meitheamh – Lúnasa 2010
Bulc-aistriú*	44.0	Deireadh Fómhair – Nollaig 2010
Aistrithe in 2011	2.8	Márta agus Deireadh Fómhair 2011
IOMLÁN	74.0	

*Ar iarratas an Aire Airgeadais, luathaíodh aistriú an tríú tráinse iasachtaí agus na cinn ina dhiaidh sin mar chuid de bhulc-aistriú sa ráithe dheireanach de 2010.

Fuarthas 96% den phunann (€71.2 billiún) taobh istigh de thréimhse naoi mí idir Márta agus Nollaig 2010.

Tharla an t-aistriú in dhá chuid i rith 2011: aistriú €1.1 billiún i mí an Mhárta (iasachtaí a mheas AIB a bheith cáilithe sa chuid dheireanach de 2010) agus aistriú €1.7 billiún i mí Dheireadh Fómhair. Tar éis bhreithiúnais na Cúirte Uachtaraí i gcás **Dellway**, chuir an GNBS próiseas comhairliúcháin i bhfeidhm i Meitheamh 2011 le féichiúnaithe nach raibh a n-iasachtaí faighte faoin am sin go fóill. Tugadh cuireadh d'féichiúnaithe uirill scríofa a sheoladh chuig an GNBS maidir le héadail fhéideartha a n-iasachtaí agus éifeacht dhíobhálach ar bith a bhféadfadh a leithéid d'éadail a imirt ar a leas go háirithe. Tugadh deis d'féichiúnaithe chomh maith uirill a dhéanamh maidir le cáilitheacht na n-iasachtaí, trí thagairt do na critéir cháilitheachta atá leagtha amach san Acht agus sna Rialacháin.

4 Aistríodh gnó Chumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann go Banc Angla-Éireannach ar 1 Iúil 2011 agus tá an t-aonán cónasctha ag trádáil anois mar an Chorporáid Éireannach um Réiteach Banc Teo. (IBRC). Ghnóthaigh Banc-Aontas Éireann cpt. Cumann Foirgníochta EBS ar 1 Iúil 2011 agus tá sé ag feidhmiú mar fhochuideachta de chuid AIB anois.

Tar éis d'athbhreithniú a bheith déanta ar aighneachtaí a fuarthas ó fhéichiúnaithe, bhain Bord an GNBS úsáid as a rogha féin faoi Alt 84 den Acht iasachtaí a fháil ar luach iomlán €1.7 billiún agus críochnaíodh an t-aistriú seo i mí Dheireadh Fómhair 2011. Maidir le €400m eile, bhain an Bord úsáid as an rogha atá acu gan na hiasachtaí a bhí i gceist a ghnóthú. Measadh iasachtaí ar luach iomlán €260m a bheith neamhcháilithe tar éis athbhreithniú ar eolas breise a fuarthas in uirill na bhféichiúnaithe.

GNÓTHUITHE DE RÉIR INSTITIÚIDE

Déanann **Tábla 3** anseo thíos achoimriú ar na haistrithe de réir institiúide:

TÁBLA 3: Gnóthuithe iasachta de réir institiúide (€ billiún)

	AIB	ANGLA	BOI	EBS	INBS	IOMLÁN
Iarmhéideanna iasachta aistrithe	20.4	34.1	9.9	0.9	8.7	74.0
Comaoin íoctha	9.0	13.4	5.6	0.4	3.4	31.8
Lascaine	56%	61%	43%	57%	61%	57%

Tugann **Tábla 4** thíos miondealú ar cheangail féichiúnaithe⁵ de réir mhéid an fhéich ainmniúil atá faighte ag an GNBS (tá cuid mhaith de na féichiúnaithe i bhfiacha le hinstiúidí airgeadais nach mbaineann leis an GNBS chomh maith).

TÁBLA 4: Dáileadh ceangal féichiúnaí an GNBS de réir mhéid an fhéich ainmniúil

Fiach Ainmniúil	Líon na gceangal féichiúnaí	Meánfhíach ainmniúil in aghaidh an cheangail €m	Fiach ainmniúil iomlán sa chatagóir seo €m
Os cionn €2,000m	3	2,758	8,275
Idir €1,000m agus €2,000m	9	1,549	13,945
Idir €500m agus €999.9m	17	674	11,454
Idir €250m agus €499.9m	34	347	11,796
Idir €100m agus €249.9m	82	152	12,496
Idir €50m agus €99.9m	99	68	6,752
Idir €20m agus €49.9m	226	32	7,180
Níos lú ná €20m	302	7	2,117
IOMLÁN	772	96	74,015

5 Mar cheangail féichiúnaithe d'fhéadfadh go mbeadh féichiúnaí amháin nó roinnt féichiúnaithe atá nasctha go dlúth a ghlacann an GNBS gur fearr a mbainisteofaí a bhfiach comhiomlán mar cheangal comhtháite amháin seachas é a bhainistiú trí mheán aonán féichiúnaí ar leith.

Is ionann an 189 ceangal féichiúnaí is mó agus €61 billiún den pharfhiach; tá na féichiúnaithe seo i dteagmháil go díreach leis an GNBS. Déanann na hinstiúidí rannpháirteacha faoi mhaoirseacht an GNBS teagmháil leis an 583 ceangal féichiúnaí; is ionann na ceangail seo agus €13 billiún den pharfhiach.

LASCAINÍ

Bíonn na lascainí a dhéantar ar iarmhéideanna iasachtaí ainmniúla chun praghas éadála a dhíorthú cinnte den chuid is mó ag luach margaidh reatha na réadmhaoine atá mar urrús na n-iasachtaí, agus ar bhonn níos lú, trí lascainí breise a chuimsíonn tionchar na gceisteanna a aithnítear i rith athbhreithniú dlíthiúil. Déanann **Tábla 5** anseo thíos achoimriú ar na sonraí comhiomlána le haghaidh iasachtaí gnóthaithe.

TÁBLA 5: Sonraí Comhiomlána um Luacháil Iasachta

	€bn
A. Iarmhéideanna iasachta comhiomlána	74.2
B. Luach margaidh reatha na réadmhaoine ag daingniú na hiasachtaí (CMVP)	32.4
C. Luach eacnamaíoch fadtéarmach na réadmhaoine (ag ionchorprú ardú 8.3%)	35.1
D. Luach margaidh reatha na n-iasachtaí	26.2
E. Luach eacnamaíoch fadtéarmach na n-iasachtaí (LEVL – praghas gnóthaithe)	31.8
F. Ardú iasachta (E lúide D)	5.6
G. Lascaine (A lúide E)	42.4
H. Lascaine chéatadáin (G/A)	57%
I. I. CMVP/LEVL (B/E)	102%

Caitheann an Coimisiún leis an difríocht idir luach margaidh reatha na n-iasachtaí (mír D thuas) agus an luach fadtéarmach eacnamaíoch atá orthu (mír E) mar eilimint Cúnamh Stáit de chuid scéim an GNBS: bhí luach €5.6 billiún ar an ardú seo.

CÚNAMH STÁIT

Cuireann dlí an AE cosc ar sholáthar cúnamh stáit ar bith a bhféadfadh sé a bheith mar thoradh air go gcaithfí go fabhrach le haonáin áirithe agus go ndéanfaí saobhadh ar iomaíocht ar fud an Aontais dá bharr. I measc eisceachtaí an toirmisc, tá cúnamh a cheaptar chun suaitheadh mór i ngeilleagar Ballstáit a leigheas; ach ní mór do chúnamh ar bith a bhreithnítear faoin eisceacht seo a bheith ceadaithe roimh ré ar dtús ag an gCoimisiún Eorpach.

D'eisigh an Coimisiún treoir i mí Feabhra 2009 faoi dhearadh agus cur i bhfeidhm scéimeanna faoiseamh sócmhainní agus tar éis do phróiseas cuimsitheach plé agus measúnachta a bheith déanta i rith 2009 agus sa chuid luath de 2010, thug siad cead foirmiúil do scéim an GNBS i mí Feabhra 2010. Tamall gearr ina dhiaidh sin, d'fhoilsigh an tAire Airgeadais rialacháin leasaithe luachála a thug éifeacht don mhodheolaíocht luachála a bhí ceadaithe ag an gCoimisiún agus fuair an GNBS an chéad tráinse iasachtaí i Márta 2010.

Rinne an Coimisiún iniúchadh chomh maith ar na luachálacha iasachtaí ar bhonn tráinse i ndiaidh tráinse i rith 2010 agus dheimhnigh siad a bhfaomhadh do Thráinse 1 den aistriú iasachtaí i Lúnasa 2010 agus aistriú Thráinse 2 i Samhain 2010. Rinneadh an t-iniúchadh seo d'fhonn a chinntiú go gcloíonn na luachálacha leis an modheolaíocht a bhí ceadaithe ag an gCoimisiún i mí Feabhra 2010. Agus dícheall cuí críochnaithe maidir leis na tráinsí go léir, táthar ag súil leis go mbeidh iniúchadh an Choimisiúin ar na tráinsí atá fágtha críochnaithe i rith an dara cuid de 2012.

LUACHÁIL NA SÓCMHAINNÍ IASACHTA GNÓTHAITHE

Fuarthas sócmhainní bainc (iasachtaí agus idirbhearta díorthacha) ar luach éadála a bhí cinnte i gcomhréir le Cuid 5 den Acht fán GNBS agus na rialacháin luachála a bhí déanta ag an Aire agus a bhí foilsithe ar 5 Márta 2010 (cóip ar fáil ar www.nama.ie). Is é an dáta luachála tagartha le haghaidh luacháil na sócmhainní réadmhaoine go léir ná 30 Samhain 2009.

Is ionann luach éadála gach iasachta agus an luach fadtéarmach eacnamaíoch dá cuid. Cuirtear fachtóirí éagsúla san áireamh i ríomh luach fadtéarmach eacnamaíoch na n-iasachtaí, lena n-áirítear luach margaidh reatha an urrúis (réadmhaoin de ghnáth, ach bíonn sócmhainní eile amhail scaireanna i gceist chomh maith), luach fadtéarmach eacnamaíoch na réadmhaoine agus luach margaidh na hiasachta. Maidir le sócmhainn réadmhaoine, cuireann na Rialacháin Luachála (IR Uimh. 88 de 2010) ceangal ar an GNBS fachtóir coigeartaithe ardaithe a chur i bhfeidhm idir 0% agus 25% ar a luach margaidh reatha, ar mhaithe lena luach fadtéarmach eacnamaíoch a léiriú. Ba é an fachtóir meánach meáite ardaithe a cuireadh i bhfeidhm ar shócmhainní réadmhaoine ná 8.3%.

LUACHÁIL RÉADMHAOINE

Rinneadh luacháil aonair ar iasachtaí faighte. Príomheilimint de luacháil gach iasachta **ná luach margaidh reatha (CMV)** na réadmhaoine nó urrús comhthaobhach eile a úsáidtear chun an iasacht a bhaint amach. Maidir le gach réadmhaoin, bhí luacháil a bhí déanta ar dtús ag luachálaí gairmiúil a bhí coimisiúnaithe ag an PI curtha ar aghaidh ag an GNBS go dtí a painéal luachála réadmhaoine féin. Murar aontaigh an painéal de chuid an GNBS leis an luacháil, cuireadh ar aghaidh í go dtí luachálaí neamhspleách réadmhaoine le haghaidh breithniú agus ghlac an GNBS leis an luacháil réadmhaoine tríú páirtí seo.

I rith an phróisis luachála, chuir na Planna 10,635 luacháil réadmhaoine faoi bhráid agus rinne painéal an GNBS athbhreithniú orthu: ghlac an GNBS le 88% díobh agus seoladh 12% acu ar aghaidh chun an dara tuairim a fháil. Bhí sé mar thoradh air seo go ndearnadh laghdú €2.24 billiún ar luach margaidh na réadmhaoine a bhí mar urrús iasachtaí faighte agus laghdú comhfhreagrach ar an bpraghas éadála a íocadh le Planna. B'ionann na táillí íoctha le gnólachtaí ar phainéal luachála réadmhaoine an GNBS agus €12.6m go dtí deireadh Mhárta 2012.

DÍCHEALL CUÍ DLITHIÚIL

Bhí luacháil na n-iasachtaí a bhí faighte ó Planna bunaithe ar phróiseas cuimsitheach díchill chuí a bhí curtha i gcrích ag an GNBS ar an urrús a bhí á choinneáil le haghaidh na n-iasachtaí agus na sócmhainní atá mar urrús lena n-aghaidh. Rinne painéal seachtrach dlíthiúil an GNBS athbhreithniú ar thuarascálacha díchill chuí dhlíthiúil curtha faoi bhráid ag Planna, d'fhoill aird a dhíriú ar cheisteanna ar bith a d'fhéadfadh deacrachtaí dlíthiúla a chruthú don GNBS i mbainistiú na n-iasachtaí nó i ndul i mbun gníomhartha forfheidhmiúcháin ina leith. Mar thoradh ar an athbhreithniú seo, tarraingíodh ceisteanna anuas faoi in-fhorfheidhmitheacht urrúis i gcásanna áirithe agus ba ghá lascaí cuí dlíthiúla a chur i bhfeidhm mar thoradh air seo. Ar mhaithe leo seo a chur san áireamh chomh maith le hoibleagáidí airgeadais a aithníodh i rith chúrsa an athbhreithnithe dhlíthiúil, rinneadh coigeartú íslithe comhbhailithe €477m ar luach éadála na n-iasachtaí. Is é an luach ar na táillí atá íoctha ar obair díchill chuí dhlíthiúil agus €14.7m go dtí deireadh Mhárta 2012.

LUACHÁIL IASACHTA

Tar éis do na próisis réadmhaoine agus díchill chuí dhlíthiúil a bheith críochnaithe, rinne ceann amháin den cúig ghnólacht luachála iasachtaí atá fostaithe ag an GNBS luacháil ceann ar cheann ar na hiasachtaí. Rinne KPMG iniúchóireacht neamhspleách ar an bpróiseas luachála iasachtaí, dream a fheidhmigh mar Chomhordaitheoir Iniúchóireachta agus a sholáthair deimhniú do Choimisiún an AE go raibh na luachálacha i gcomhréir leis an modheolaíocht atá ceadaithe ag an gCoimisiún. Is €48.1m an luach comhbhuailithe ar na táillí a íocadh le gnólachtaí luachála iasachtaí agus leis an gComhordaitheoir Iniúchóireachta go dtí deireadh Mhárta 2012.

Thabhaigh an GNBS costais iomlána um dhícheall cuí de chuid €74m, as sin aisghabhadh €64m ó institiúidí rannpháirteacha trí mheán laghdaithe sna luachanna gnóthaithe iasachtaí.

Punann Réadmhaoine ag Daingniú Íasachtaí an GNBS

BRISEADH SÍOS GEOGRAFACHN

I dtéarmaí láthair gheografach, seo a leanas briseadh síos na réadmhaoine ag daingniú íasachtaí gnóthaithe:

TÁBLA 6: Dlíne na réadmhaoine ag daingniú íasachtaí gnóthaithe


Dlíne	Luach margaidh na réadmhaoine* €bn	%
Éire	17.5	54
An Bhreatain	10.9	34
Tuaisceart Éireann	1.3	4
Eile	2.7	8
IOMLÁN	32.4	100

*Dáta tagartha le haghaidh luachála réadmhaoine – 30 Samhain 2009

ÉIRE

Tá 54% den réadmhaoín ag daingniú íasachtaí an GNBS lonnaithe in Éirinn. Soláthraíonn **FIGIÚR A** anseo thíos briseadh síos de réir mór-réigiúin:


FIGIÚR A: Briseadh síos réigiúnach na réadmhaoine Éireannaigh



Bhí luach i ngiorracht do €11 billiún agus €2 bhilliún faoi seach luaite le réadmhaoín lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh.

Léiríonn **FIGIÚR B** thíos miondealú breise de réir contae ar réadmhaoín atá lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh. Léiríonn sé go bhfuil líon mór réadmhaoine sna contaetha atá in aice le Baile Átha Cliath.

FIGIÚR B: Réadmhaoín in Éirinn lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh (€m)*




*Luachanna amhail ag Samhain 2009

PUNANN RÉADMHAOINE BUNAITHE I DTUAISCEART ÉIREANN

Soláthraíonn **Figiúr C** thíos miondealú, de réir chontae, ar réadmhaoin lonnaithe i dTuaisceart Éireann. Léiríonn sé dlús mór réadmhaoin i gCo. Aontroma. Tá 46% de réadmhaoin Thuaisceart Éireann ag daingniú iasachtaí an GNBS lonnaithe i mBéal Feirste.

FIGIÚR C: Réadmhaoin i dTuaisceart Éireann ag daingniú iasachtaí an GNBS*




*Luachanna ag Samhain 2009

PUNANN RÉADMHAOINE BUNAITHE SA BHREATAIN

Tá os cionn trian den réadmhaoin ag gnóthú iasachtaí an GNBS lonnaithe sa Bhreatain. Léiríonn **Figiúr D** thíos, rud a sholáthraíonn miondealú réigiúnach ar réadmhaoin na Breataine, líon mór na réadmhaoin i gceantar Londain.

FIGIÚR D: Briseadh síos réigiúnach na réadmhaoin lonnaithe sa Bhreatain



BRISEADH SÍOS EARNÁLACH

Go ginearálta, is féidir 71% de na sócmhainní réadmhaoin a bhí mar urrús iasachtaí a aicmiú mar shócmhainní infheistíochta agus is sócmhainní L&D (talamh agus forbairt) iad 29% díobh. Tá miondealú níos mionsonraithe ar réadmhaoin de réir aicme sócmhainne curtha ar fáil i **dTábla 7** thíos:


TÁBLA 7: Rangú sócmhainní na réadmhaoin ag gnóthú iasachtaí an GNBS

Aicme Sócmhainne	Luach margaidh na réadmhaoin*	
	€bn	%
Oifige	5.0	15
Miondíola	4.6	14
Réadmhaoin infheistíochta eile	4.8	15
A. Infheistíocht iomlán	14.4	44
Óstáin	3.4	10
Cónaitheach	5.4	17
B. Iomlán comhlíonta	23.1	71
Talamh	6.0	19
Bogearraí	3.3	10
Iomlán T&F	9.3	29
Móriomlán	32.4	100%


*Dáta tagartha le haghaidh luachála réadmhaoin – Samhain 2009

Tugann **Figiúirí E, F** agus **G** miondealú faoi seach ar shócmhainní bunaithe in Éirinn, ar shócmhainní bunaithe sa Bhreatain agus ar shócmhainní bunaithe i dTuaisceart Éireann, de réir cineál sócmhainne


FIGIÚIR E: Sócmhainní lonnaithe in Éirinn de réir cineál sócmhainne



FIGIÚIR F: Sócmhainní lonnaithe sa Bhreatain de réir cineál sócmhainne




FIGIÚIR G: Sócmhainní lonnaithe i dTuaisceart Éireann de réir cineál sócmhainne



SÓCMHAINNÍ LASMUIGH D'ÉIRINN AGUS AN BHREATAIN

Is iad na príomhdhlínsí ina bhfuil sócmhainní ag féichiúnaithe an GNBS lasmuigh d'Éirinn agus an Bhreatain ná an Ghearmáin, SAM, an Phortaingéil agus an Fhrainc.

FIGIÚIR H: Sócmhainní réadmhaoine lasmuigh d'Éirinn agus an RA



Rannpháirtíocht Féichiúnaithe

A. MEASÚNÚ AR PHLEAN GNÓ FÉICHIÚNAITHE

B. GRÁDÚ CREIDMHEASA FÉICHIÚNAITHE

C. CREAT CREIDMHEASA AN GNBS

D. TAIRISCINTÍ CREIDMHEASA

E. DIÚSCAIRTÍ SÓCMHAINNÍ

F. RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ CAIPITIL OIBRE AGUS FORBARTHA

G. BREIS SLÁNDÁLA

H. FORFHEIDHMIÚ

A. MEASÚNÚ AR PHLEAN GNÓ FÉICHIÚNAITHE

Bainistíonn an GNBS an teagmháil le 189 ceangal féichiúnaí go díreach (€61 billiún de pharfhiach); tá an bhainistíocht caidrimh ó lá go lá tarmilgthe aige do 583 ceangal féichiúnaí eile (€13 billiún i bParfhiach) laistigh de theorainneacha diana agus sonraithe údaráis tharmilgthe do na Planna. Tá próiseas curtha i bhfeidhm ag an GNBS chun feidhmíocht na Planna i bhfeidhmeanna creidmheasa agus oibriúcháin a mhaoirsiú ar a son.

D'fhéadfadh pleananna gnó féichiúnaithe a bheith críochnaithe ar leibhéal an cheangail féichiúnaí, an fhéichiúnaí nó na hiasachta agus é faoi réir comharthaí sóirt aonair gach cáis. Is é an cás a bhí ann ag deireadh na bliana 2011 ná go raibh 595 de 791 Plean Gnó measúnaithe; chuimsigh sé seo fiach a raibh parluach €68.9 billiún air agus arb ionann é agus thart ar 93% den pharfhiach a fuarthas. Tugann **Tábla 8** thíos achoimre ar an staid ag deireadh na bliana 2011 agus nuashonrú ar an dul chun cinn go dtí deireadh Bhealtaine 2012:

TÁBLA 8: Measúnú ar phleananna gnó féichiúnaithe – dul chun cinn go dtí seo

	Seasamh ag deireadh mhí na Nollag 2011	Seasamh ag deireadh Bhealtaine 2012
Líon iomlán na bpleananna measúnaithe	595	789
Líon iomlán na bpleananna	791	791
% measúnaithe	75.2%	99.7%

Is gnách do straitéisí a ghlactar maidir le féichiúnaithe a bheith roinnte i dtrí mhórchatagóir: tacaíocht, diúscairt nó forfheidhmiú.

1. Tacaíocht

D'fhéadfadh tacaíocht a bheith ann i bhfoirm athstruchtúrú iomlán nó páirteach iasachtaí nó a bheith curtha ar fáil gan aon athruithe ar na háiseanna tacaíocha (litir tacaíochta).

Cuimsíonn **athstruchtúrú iomlán** cruthú iasachta nua agus doiciméid ghaolmhara urrúis. Éilíonn **athstruchtúrú páirteach** go gcruthófaí Comhaontú Bainistíocht Ceangal (CMA) a oibríonn i gcomhar leis na doiciméid iasachta agus urrúis atá ann cheana. Leagann an CMA amach téarmaí agus coinníollacha chur i bhfeidhm na bpleananna gnó agus ní mór don fhéichiúnaí glacadh leis.

Bronntar **tacaíocht** nuair nach gá an fiach a athstruchtúrú go gearthéarmach. Is iondúil go leanann straitéis tacaíochta i gcásanna nach bhfuil plean gnó an fhéichiúnaí inghlactha ach go bhfuiltear tar éis iarraidh ar an bhféichiúnaí roinnt clocha míle a chur i bhfeidhm, mar chuid de litir tacaíochta (LOS), i ndáil le laghdú féich. Ní mór don fhéichiúnaí glacadh leis an LOS.

2. Diúscairt


Leantar straitéis diúscairt i gcásanna nach bhfuil plean gnó an fhéichiúnaí inghlactha, ach go n-aontaíonn an fhéichiúnaí tabhairt faoi chlár diúscairt luaithe.

3. Forfheidhmiú

Déantar forfheidhmiú nuair atá an plean gnó doghlactha agus nach bhfuil an fhéichiúnaí ag comhoibriú, cás a d'fhéadfadh a bheith ina bhagairt ar chearta creidiúnaí an GNBS.

Tugann **Figiúr J** thíos miondealú de réir plean gnó ar na huimhreacha a bhaineann le gach catagóir a bhfuil cur síos orthu thuas (amhail ag deireadh Bhealtaine 2012):

FIGIÚR J: Straitéisí Plean Gnó, féichiúnaithe uile, deireadh Bhealtaine 2012



Go hachomair, táthar ag tabhairt faoi straitéisí comhthoiliúcha le 67% d'fhéichiúnaithe

TACAÍOCHT FÉICHIÚNAITHE

I gcásanna go bhfuil an GNBS toilteanach tacú le féichiúnaí, is gnách go gcuimsíonn na socruithe cuid nó gach ceann de na gnéithe seo a leanas:

Díolachán sócmhainní

Sceidil díolacháin chomhaontaithe sócmhainní agus am díolachán ar leith ag brath ar chineál na réadmhaoin atá i gceist (infheistíocht chónaitheach, infheistíocht tráchtála agus talamh, san áireamh, dlínse agus suíomh na réadmhaoin, agus dul in éag sceidealta aon léasanna gaolmhara.

Aisiompú na n-aistrithe sócmhainne

Aisiompú aistriú sócmhainní go tríú páirtithe (céilí agus daoine muinteartha eile san áireamh, rud a d'fhéadfadh tarlú le roinnt blianta anuas, lena n-áirítear réadmhaoin, airgead tirim, scaireanna agus bronnanaís eile.

Sócmhainní neamhualaithe

Tá sé mar bheartas ag an GNBS sócmhainní neamhualaithe a fháil mar urrús breise agus costas an fheidhmithe agus na rioscaí dlíthiúla atá i gceist á gcur san áireamh. Ionas gur féidir leas a bhaint as ardú féideartha amach anseo, gearrann an GNBS dara táillí nuair is cuí ar shócmhainní a bhfuil urrús céad-rangaithe ag iasachtóirí eile ina leith.

Ioncam cíosa

Ní mór d'ioncam cíosa ó shócmhainní infheistíochta atá faoi smacht an fhéichiúnaí a bheith curtha faoi smacht an GNBS.

Sócmhainní neamh-réadmhaoin

Sa chás go bhfuil farasbarr airgid tirim ar fáil, déantar glanmhéid de in aghaidh oibleagáidí iasachta an fhéichiúnaí. Pé áit ar cuí, ní mór d'fhéichiúnaí scaireanna, saothair ealaíne agus sócmhainne eile nach bhfuil ina réadmhaoin a dhíol agus a leithéid d'fháltais diúscartha a úsáid chun fiach an GNBS a íoc.

Forchostais

Tar éis mionscrúdaithe criticiúil, aontaíonn an GNBS socruithe bainistíochta agus foirne iomchuí, chomh maith le forchostais eile mar choinníoll. Ar na ceisteanna a bhreithnítear tá (a) leibhéal cuí an fhorchostais agus castacht nó staid eile ghnó an fhéichiúnaí á chur san áireamh (b) cé na daoine, más ann dóibh, den fhoireann bhainistíochta atá ann faoi láthair a chuirfeadh luach leis má choinnítear iad agus (c) cé acu an gá nó nach gá an fhoireann bhainistíochta a neartú nó a fheabhsú.

Maoiniú

I gcásanna áirithe, soláthraíonn an GNBS réadmhaoiniú a chumasaíonn tionscadail inmharthana, ar mhaithe lena gcothabháil agus a gcríochnú.

B. GRÁDÚ CREIDMHEASA FÉICHIÚNAITHE

I gcás ceangail arna mbainistiú ag an GNBS, feidhmíonn an GNBS maitrís grádúcháin creidmheasa thar dhá ghné – feidhmíocht féichiúnaithe agus ionchais aisghabhála féich.

Ionchorpraíonn **feidhmíocht féichiúnaithe** na nithe seo a leanas:

- A fhairsinge a bhfuiltear tar éis clocha míle leagtha a chomhlíonadh
- A fhairsinge agus atá insreabhadh airgid sócmhainne faoi smacht an GNBS
- Dul chun cinn ar shócmhainní neamh-ualaithe a ghearradh (nuair is cuí)
- Dul chun cinn ar aisiompú aistrithe sócmhainne chuig páirtithe ceangailte (nuair is cuí)
- Dul chun cinn ar sholáthar urrúis chomhthaobhaigh trasnach

Na rátálacha ná A (Comhoibriú), B (Faire) agus C (Forfheidhmithe).

In **ionchais aisghabhála féich** áirítear measúnú ar ionchais reatha an tsreafa airgid, lena n-áirítear uainiú agus luach, le tagairt don luach anonn i ndáil le dliteanaís gach féichiúnaí.

Na rátálacha ná 1 (Ard), 2 (Meánach) agus 3 (Íseal).

Táthar tar éis grádú bunaidh a dhéanamh ar cheangail féichiúnaithe arna mbainistiú ag an GNBS, leis na torthaí seo a leanas le tuairisciú (de réir uimhir fheichiúnaithe):

TÁBLA 9: Grádú Creidmheasa na gceangal arna mbainistiú ag an GNBS

Feidhmíocht féichiúnaithe →	A	B	C
Ionchais aisghabhála féich ↓			
1	12%	19%	5%
2	6%	10%	4%
3	10%	14%	20%

Tá sé ar intinn go leathnófaí maitrís chomhchosúil ionas go n-áireofaí féichiúnaithe arna mbainistiú ag PI le linn 2012.

C. CREAT CREIDMHEASA AN GNBS


Tá Creat Beartais Creidmheasa forbartha ag an GNBS ina leagtar amach leibhéil údaráis tarmligthe i ndáil le tuairisciú, monatóireacht agus cinntí creidmheasa.

I measc na gcineálacha cinntí clúdaithe ag an gCreat tá na nithe seo a leanas:

- Faomhadh um Athbheithnithe Straitéise Féichiúnaithe mar aon le measúnú tréimhsiúil ar chur chun feidhme pleananna ag féichiúnaithe.
- Faomhadh um iasachtú nua.
- Gníomh forfheidhmithe.
- Bearnú iasachta.
- Díolachán sócmhainní agus iasachtaí.
- Cinntí um bainistíocht sócmhainne agus réadmhaoine.

Déantar leibhéal an fhaofa de dhíth le haghaidh gach ceann de na cinntí creidmheasa seo a chinneadh le tagairt d'fhairsinge iarmhéid gan íoc an fhéichiúnaí agus méid an idirbhirt mholta. Déanann ceann amháin nó níos mó de na haonáin seo a leanas, laistigh de leibhéal cascáideach údaráis tarmligthe faofa, cinntí creidmheasa a fhaomhadh:

FIGIÚR K: Údarás tarmligthe do chinntí creidmheasa



Déantar na gcinntí údaráis tarmligthe uile faoi bhun Coiste Creidmheasa ar bhonn dé-shíniú.


Déanann Coiste Creidmheasa an GNBS de chuid an PI nó an t-údarás tarmligthe riachtanach laistigh den institiúid (Ceannaire Creidmheasa, Leasceannaire Creidmheasa nó Bainisteoir Creidmheasa Sinsearaí) na cinntí uile i ndáil le hiasachtaí arna mbainistiú ag na Planna a fhaomhadh.

Déanann an Fhoireann um Dhearbhu Cáilíochta san GNBS maoirseacht ar an ngéilliúlacht leis an mBeartas Údaráis Tarmligthe.

D. TAIRISCINTÍ CREIDMHEASA


Léiríonn **Figiúr L** thíos líon na gcinntí creidmheasa a rinne an GNBS ó Mhárta 2010. Rinne an Ghníomhaireacht 5,451 cinneadh creidmheasa ar leith i rith 2011. Suas go dtí deireadh Bhealtaine 2012, bhí beagnach 11,000 cinneadh creidmheasa déanta aici.

FIGIÚR L: Líon na gcinntí creidmheasa, carntha, R1 2010 go deireadh Bhealtaine 2012



Léiríonn **Figiúr M** agaí slánúcháin cinntí creidmheasa, agus iad tomhaiste de réir laethanta. Tá an GNBS tar éis glacadh le sprioc slánúcháin seacht lá agus tá an sprioc seo bainte amach nó sáraithe acu go comhleanúnach ó thús na bliana 2011.

FIGIÚR M: Agaí slánúcháin (laethanta) na gcinntí creidmheasa



E. DIÚSCAIRTÍ SÓCMHAINNE

Cuimsíonn diúscairt sócmhainní NAMA díol iasachtaí nó díol urrúis chomhthaobhaigh (maoin de ghnáth) ag a féichiúnaithe nó a fhaighteoirí. Mar chuid de phróiseas an phlean gnó, socraítear sceidil díolacháin sócmhainní le féichiúnaithe agus faighteoirí agus úsáidtear na fáлтаis uathu seo chun dliteanaís an fhéichiúnaí agus fiacha an GNBS ar deireadh a laghdú.

Díolacháin faofa

Cheadaigh an GNBS diúscairt sócmhainní sa bhreis ar €5.6 billiún i rith 2011. Faoi dheireadh Bhealtaine 2012, b'ionann na díolacháin cheadaithe sócmhainní ó thráth a bunaithe agus €9.2 billiún.

Díolacháin comhlíonta

Ar fháthanna éagsúla, ní chuirtear díolacháin sócmhainní áirithe faofa ag an GNBS i gcrích i gcónaí. Nuair nach leantar de dhíolacháin fhaofa, is gnách go dtarlaíonn sé mar gheall ar chinntí a rinne an ceannaitheoir ionchasach, lena n-áirítear athmheasúnú ar dhálaí margaidh nó athmheasúnú ar réadmhaoin eile atá oiriúnach don chuspóir céanna. I gcásanna nach leantar de dhíolachán ar leith, d'fhéadfaí an réadmhaoin chéanna a dhíol ina dhiaidh sin le ceannaitheoir nua agus téarmaí agus coinníollacha difriúla i gceist. Ba é an luach a bhí ar dhíolacháin sócmhainní a críochnaíodh faoi dheireadh Bhealtaine 2012 ná €5 billiún.

Amhail ag deireadh Nollaig 2011, bhí 81% de na fáлтаis ó dhíolacháin chríochnaithe sócmhainní gaolmhar le díolacháin réadmhaoin a bhí suite sa Bhreatain.

Diúscairt Sócmhainní ag Féichiúnaithe agus Glacadóirí an GNBS

Aéilíonn an GNBS gur cheart do dhíolacháin á gcur i gcrích ag a féichiúnaithe agus glacadóirí géilleadh do na treoirlínte atá leagtha ag Bord an GNBS.

Príomhphrionsabal de chuid na dtreoirlínte é gur cheart go mbeadh iompar na ndiúscairtí seo ar bhonn iomaíoch agus i gcomhréir le cleachtais margaidh an ama sin don aicme sócmhainne agus an dlínse lena mbaineann an díolachán. Na príomh-modhanna díolacháin iad conradh príobháideach (tar éis margaióchta cuí), díolachán idirbheartaithe díreach le ceannaitheoir, díolachán ar cheant poiblí, díolachán trí mheán tairisceana poiblí agus díolachán ar thairiscintí séalaithe. D'fhéadfaí breathnú freisin ar mheicníochtaí diúscairthe eile oiriúnaithe do thréithe sainiúla an eastáit réadaigh bunúsach. Éilíonn conarthaí agus treoir díolacháin le gníomhairí agus bróicéirí faomhadh roimh ré ón GNBS nó ó na hinstiitúidí rannpháirteacha.

Lena chois sin éilíonn na treoirlínte go n-ullmhódh gníomhairí díolacháin tuarascáil agus moladh deiridh le cur faoi bhráid an fhéichiúnaí agus cóip á sheoladh chuig an GNBS. Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh sna tuarascálacha seo:

- achoimre ar an bplean margaióchta nár cheart, de ghnáth, a bheith níos lú ná mí ar fhad;
- liosta na bpáirtithe uile a léirigh spéis san eastát réadach nó a chuathas i mbun teagmhála leo le linn an fheachtais mhargaióchta;
- moladh chun glacadh leis na téarmaí de chuid tairiscint an cheannaitheora mar an praghas is fearr a d'fhéadfaí a fháil go réasúnta don sócmhainn ag dáta an mholta;
- dearbhú go bhfuil an gníomhaire tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar dhearbhu an cheannaitheora i ndáil le díolacháin na bpáirtithe nasctha; agus
- ráiteas ag nochtadh aon chaidreamh tráchtála idir an gníomhaire, féichiúnaí, ceannaitheoir nó úinéirí tairbhiúla an cheannaitheora le cúig bliana anuas agus conas mar a riaradh aon choinbhleacht leasa iarbhir nó braithe i gcaitheamh an phróisis díolacháin.

I gcúinsí teoranta ar leith, féadfaidh an GNBS agus na hinstiitúidí rannpháirteacha aontú ar chineál diúscairthe malartach leis an bhféichiúnaí nó an cleachtóir dócmhainneachta a d'fhéadfadh, mar shampla riachtanais tuairiscithe nó margaióchta níos teoranta a áireamh. Mar sin féin, tá cinntí ar chineálacha diúscairthe malartacha faoi réir athbhreithnithe ag Bord an GNBS agus ní ghlactar iad ach é mar aidhm acu uasmhéadú a dhéanamh ar fháltais réadaithe an díolacháin sócmhainne.

Díolachán Iasachtaí

Áiríonn fáлтаis um dhíolacháin sócmhainní fáлтаis de chuid €932m ó dhíol punanna iasachtaí. Réadaigh an GNBS méid iomlán an fhéich ainmniúil a bhí ar na féichiúnaithe sna cásanna seo, nach mór. Tá próiseas gníomhach díolta iasachtaí seolta ag an GNBS, tar éis dóibh dhá phainéal comhairleacha díolachán a bhunú le déanaí, a bhfuil ceann amháin acu don Eoraip agus ceann do SAM. Cuirfidh díolacháin iasachtaí ar chumas an GNBS a punann iasachtaí a chur in airgead agus a clár comhardaithe a laghdú dá bharr. Tosóidh sí straitéis ghníomhach margaióchta le haghaidh iasachtaí a chuimseoidh margaiócht na sócmhainní réadmhaoin atá mar urrús na n-iasachtaí, le toiliú na bhféichiúnaithe.

DÍOLACHÁN SÓCMHAINNE – CÁS STAIDÉAR

Comhaontaíonn an GNBS sceidil diúscartha sócmhainní le féichiúnaithe mar chuid de straitéisí laghdaithe féich foriomlána. Cinntear uainiú na ndíolachán le tagairt do líon áirithe fachtóirí, lena n-áirítear láthair agus aicme sócmhainne. I go leor cúinsí, déanann an GNBS iarracht ar dtús méadú a dhéanamh ar áitíocht ligin réadmhaoin d'fhonn a cuid mealltachta a fheabhsú mar réadmhaoin infheistíochta agus an luach ar féidir a réadú ón díolachán deiridh dá cuid. Déantar éifeachtúlacht an chur chuige seo agus na dúshláin i ndáil le díolachán a chomhlíonadh i gcúinsí reatha an mhargaidh a léiriú leis an sampla seo a leanas atá bunaithe ar fhoirgneamh oifige ceannródaíoch i mBaile Átha Cliath a dhíol ag féichiúnaí an GNBS in 2012.

Shín an próiseas díolachán thar roinnt míonna agus roimhe sin bhí iarracht suntasach chun tionóntaí cáilíochta ionchais a aithint agus é ar intinn mealltach na réadmhaoin a fheabhsú mar infheistíocht fadtéarmach d'infheisteoirí ionchais. Tar éis ar aontaíodh an léasa, d'fhaomh Coiste Creidmheasa an GNBS sprioc praghaís diúscartha agus uainiú an díolachán, mar aon le pacáiste airgeadais díoltóra le cur ar fáil do cheannaitheoirí ionchais incháilithe.

Rinne gníomhaire an fhéichiúnaí margaíocht ar an réadmhaoin trí chainéil mhargáíochta dea-bhunaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ag eascairt as seo, tionóladh os cionn caoga iniúchadh réadmhaoin le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear infheisteoirí institiúideacha, ó Éirinn, ón mBreatain, ó mhórháir na hEorpa agus SAM.


Reachtáladh cainteanna mionsonracha le go leor ceannaitheoirí ionchais inmharthana, lena n-áirítear ceannaitheoirí airgid tirim agus iad siúd a léirigh spéis i leas a bhaint as maoiniú díoltóra an GNBS agus a chomhlíon critéir na Gníomhaireachta ina leith sin.

Tar éis roinnt idirbheartaíochta cuimsithigh, tháinig gníomhaire an fhéichiúnaí ar comhaontú bunaidh le ceannaitheoir ar théarmaí airgeadais a chomhlíon ionchais an GNBS. Mar sin féin, le linn an phróisis díchill chuí ina dhiaidh sin, rinne an páirtí seo iarracht a thairiscint a laghdú bunaithe ar ábhair imní airgeadais agus maicreacnamaíochta maidir le hÉire. Dhiúltaigh an GNBS don tairiscint laghdaithe agus chuathas i dteagmháil le páirtithe leasmhara eile. Tugadh idirbheartaíochtaí chun críche ina dhiaidh sin leis an dara ceannaitheoir ag an bpraghas a aontaíodh ar dtús leis an tairgeoir ceannródaíoch bunúsach. Bhí infhaighteacht an airgeadais díoltóra ríthábhachtach chun an t-idirbheart a éascú. Cuireadh na glanfháltais ón díolachán i mbun feidhme go hiomlán i dtreo fiach an fhéichiúnaí a laghdú.

F. RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ CAIPITIL OIBRE AGUS FORBARTHA

Cheadaigh an GNBS €449m de réamhíocaíochtaí nua caipiteal oibre agus forbartha i rith na bliana 2011. Chiallaigh sé seo gurbh ionann faomhadh carnach réamhíocaíochtaí agus beagnach €1 bhilliún (**Figiúr N** thíos).

FIGIÚR N: Faomhadh creidmheasa nua, carntha, R1 2010 go deireadh Bealtaine 2012, €m



Suas go dtí deireadh Bealtaine 2012, bhí €1,302m de réamhíocaíochtaí nua faofa ag an GNBS, a bhfuil €586m acu gaolmhar le sócmhainní réadmhaoin in Éirinn. Is ionann seo agus soláthar suntasach caipitil isteach san earnáil tógála fad is atá srianta ar an bhfáil atá ar chreidmheas i réimsí eile. As an gcreidmheas iomlán a faomhadh go dtí seo, bhí €843m tarraingthe anuas faoi dheireadh Bealtaine 2012.

Cuimsíonn caipiteal oibre agus forbartha cistí a réamhíocadh le haghaidh caiteachais reatha agus chaipitil:

- Baineann **caiteachas reatha** le costais leanúnacha reachtála, lena n-áirítear tuarastail, préimheanna árachais, rátaí údarás áitiúil agus costais bhainistíochta sócmhainní, mar shampla.
- Réamhíoctar **caiteachas caipitil** le haghaidh tosú, críochnú agus feistiú sócmhainní réadmhaoin atá mar bhonn le punanna iasachtaí an GNBS.

Is ionann an miondealú amhail idir caiteachas caipitil agus reatha agus thart ar dhá-thrian/aon-trian faoi seach.

Tá tairiscintí ar mhaoiniú forbartha nua faoi réir anailís costais is tairbhe iomlán. Príomhbhreithniú don GNBS é cibé an bhfuil an toradh ionchais i ndáil le tionscadal a fhorbairt níos airde ná an méid a ghnóthófaí trí an suíomh mar atá a dhíol. I measc roinnt breithnithe tábhachtacha eile áirítear toilteanas agus cumas an fhéichiúnaí chun obair go comhoibríoch agus go héifeachtúil leis an GNBS thar tréimhse ama meántéarmach chun uasmhéadú a dhéanamh ar aisíoc an fhéich agus leibhéal an urrúis ar fáil chun nochtadh méadaithe na Gníomhaireachta a chlúdach.

INFHEISTÍOCHT ÓN GNBS

Príomhfhócas don GNBS í an tréimhse i ndiaidh 2013 agus, go háirithe, an gá atá le hinfheistiú i sócmhainní ionas go bhfuil siad ar fáil chun freastal ar éileamh na todhchaí. Príomhghné i phleanáil straitéiseach GNBS é aitheantas an ghá le freagra a thabhairt ní hamháin do dhálaí soláthair agus éilimh reatha, ach don soláthar agus éileamh ionchais thar a saolré tuartha suas le 2010. Ní hamháin go ndíríonn planáil straitéiseach an GNBS ar dhiúscairt na réadmhaoine ach díreann freisin ar infheistiú i sócmhainní chun iad a dhéanamh níos mealltaí do cheannaitheoirí thar tréimhse ama meántéarmach agus dá réir sin an luach diúscairt deiridh dá gcuid a fheabhsú.

Tá foireann Bainistíochta Sócmhainní le saineolas réadmhaoine fad-réimseach bunaithe ag an GNBS a bhfuil sé mar chuspóir aici sócmhainní a aithint agus a fhorbairt i gcomhar le féichiúnaithe, glacadóirí agus páirtithe comhfhiontair chun cruthú agus luach a chur leo. Rachaidh gníomhaíochtaí na foirne sa réimse ó bhreithmheas bunúsach na dtionscadal forbartha suntasaí áit ina bhfuil éileamh margaidh cruthaithe nó measta chomh fada anonn le maoiniú agus maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh na dtionscadal úd.

Tá sé i gceist ag an GNBS, sa chás go dtugtar na deiseanna cearta, ar a laghad €2 bhilliún a infheistiú in Éirinn i gcaipiteal forbartha d'fhonn tionscadail thráchtála agus chónaitheacha in Éirinn a chaomhnú, a fheabhsú agus a chomhlíonadh sa tréimhse go dtí 2016. Áirítear anseo comhlíonadh réadmhaoine atá i mbun forbartha faoi láthair agus forbairt talún i bhfianaise easnaimh soláthair agus éileamh na todhchaí. Táthar tar éis €586m a fhaomhadh cheana féin i réamhíocaíochtaí caipitil oibre agus caipitil forbartha nua do thionscadail atá lonnaithe in Éirinn

Áirítear sna tionscadail seo:

- Os cionn €75m geallta le roinnt forbairtí cónaitheacha i mBaile Átha Cliath Theas a fhreastalaíonn ar an éileamh tithíochta reatha agus ionchais sa cheantar sin. I gcás forbairt tithíochta tógtha i nDún Laoghaire, tá os cionn €50m geallta ag an GNBS don tionscadal, lena n-áirítear an chéad chéim den fhorbairt ina chuimsítear 143 árasán a comhlíonadh anuraidh agus céim nua ina bhfuil tógáil 60 teach agus oibreacha suímh, lárionad tráchtála agus saoráidí áineasa fairsinge.
- €30m eile le haghaidh roinnt forbairtí cónaitheacha eile ar fud na hÉireann.
- D'fhaomh an GNBS roinnt forbairtí miondíola freisin, lena n-áirítear an chéad chéim eile de chuid Ionaid Siopadóireachta Bhaile Shéarlais i mBaile Átha Cliath atá réamh-ligthe le tionóntaí agus a bhí €13m geallta ina leith go deireadh Bhealtaine 2012. Meastar roimh dheireadh sé seo 250 post lánaimseartha agus 50 post páirtaimseartha.
- Tá maoiniú ar luach €47m geallta le trí ionad siopadóireachta eile, lonnaithe i gCo. Laoise, Baile Átha Cliath Thuaidh agus Co. Phort Láirge.
- I measc tiomantais maoinithe eile áirítear €11m le forbairt thráchtála agus chónaitheach measctha i mBaile Átha Cliath Theas, €7m i dtreo comhlánú pictiúrlainne i gcroílár Bhaile átha Cliath, €3m d'athchóiriú óstáin i gCo. Chorcaí agus d'ospidéal i mBaile Átha Cliath.

Lena chois sin, táthar tar éis €600m eile a fhaomhadh d'fhéichiúnaithe an GNBS i ndáil le tionscadail lonnaithe lasmuigh d'Éirinn agus is léir go bhfeabhsóidh sé seo an toradh do cháiníocóirí na hÉireann.

Ní chuirfidh an GNBS cistí ar aghaidh chun réadmhaoin a fhorbairt nach bhfuil aon éileamh intuartha ina leith. Chuige sin, nuair atá tionscadail á meas, is tábhachtach an fachtóir é fairsinge na spéise ar thaobh na gceannaitheoirí nó na dtionóntaí ionchais. Ní tharraingítear anuas aon mhaoiniú faofa ach ar bhonn céimnithe i gcomhréir le gnóthú spriocanna cíosa nó díolachán réamhaontaithe. Lena chois sin, mar chuid de chur chuige an GNBS bíonn dian-mheasúnú neamhspleách ar bhuiséid an chostais tógála, ceapachán suirbhéirí monatóireachta chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcéim tógála agus tuairisciú rialta trí mheán foireann um Aisghabháil Sócmhainní na Gníomhaireachta chun seachadadh tráthúil agus laistigh den bhuiséad a chinntiú.

Forchostais féichiúnaithe

I gcásanna áirithe, ceadaíonn an GNBS d'fhéichiúnaithe forchostais áirithe a choinneáil ó ioncam cíosa agus eile a chruthaítear lena sócmhainní, nuair is ga a leithéid le haghaidh oibriúcháin na cuideachta. Go dtí seo, baineann 86% den ioncam ceadaithe coinnithe le caiteachas reatha nó 'forchostais', lena n-áirítear costais foirne agus costais riachtanacha ghnó eile. Ní chomhaontaítear liúntais forchostais ach amháin tar éis do mheasúnú cuimsitheach agus dian a bheith déanta ag an GNBS ar phlean gnó an fhéichiúnaí. Laghdaítear gach eilimint costais go dtí an t-íosmhéid. Is gnách gurb ionann liúntais forchostais a bhíonn faofa ag an GNBS agus laghdú an-suntasach ar an leibhéal a bhí ann sular ghnóthaigh an GNBS na hiasachtaí: go tipiciúil, táthar tar éis laghduithe 50% go 75% ar fhorchostais a bhaint amach.

G. BREIS SLÁNDÁLA

Pé áit ar infheidhme, déanann an GNBS iarracht sócmhainní féichiúnaithe a d'fhéadfadh a bheith ar fáil mar urrús breise a aithint. Is iad príomhfhoinsí dóchúla na sócmhainní sin ná:

- Farasbarr urrúis chomhthaobhach a aithníodh i rith an phróisis luachála
- Sócmhainní eile atá laistigh de scóip ráthaíochtaí pearsanta
- Sócmhainní a aithníodh i rith phróiseas an athbhreithnithe gnó
- Sócmhainní a aithníodh i rith na gcuardach

Go dtí deireadh Nollaig 2011, dhaingnigh an GNBS €384m in urrús neamhgheallta óna cuid féichiúnaithe. Sa tréimhse go deireadh Bhealtaine 2012, dhaingnigh a Gníomhaireacht €130m breise i sócmhainní neamhgheallta, ag tabhairt an líon iomlán a daingníodh go €514m.

As an iomlán seo, táthar tar éis freagracht a bhronnadh ar an GNBS i ndáil le sócmhainní a bhí neamhualaithe roimhe seo ar luach comhbhailithe de chuid €354m. I gcás féichiúnaí amháin, tá €17m daingnithe ag an nGníomhaireacht i sócmhainní neamhualaithe i bhfoirm

pinsín, scaireanna, ealaín agus earraí seanda. Lena chois sin, tá aontaithe ag an GNBS le féichiúnaithe ar leith go n-aisiompófar aistriú na sócmhainní le páirtithe nasctha: mar chuid de seo bhí 31 féichiúnaí le sócmhainní ar luach €160m, lena n-áirítear airgead tirim, sócmhainní réadmhaoin in Éirinn agus thar lear, scaireanna cuideachta agus iasachtaí le baill teaghlaigh.

Leanann an GNBS ar aghaidh ag tóraíocht roinnt féichiúnaithe eile d'fhonn urrús neamhgheallta a ghnóthú agus bhí dlúthíocht de dhíth i gcás cuid de na hiarrachtaí seo.

H. FORFHEIDHMIÚ

Tarlaíonn forfheidhmiú i bhfoirm imeachtaí dócmhainneachta (Glacadóireacht/Leachtú/Riarachán) i gcásanna ina bhfuil na roghanna comhthoiliúla go léir caite ó thaobh déileáil le dliteanais féichiúnaí.

Faoi dheireadh Bhealtaine 2012, bhí 235 coinne ar leith le glacadóir (a bhain le 181 ceangal féichiúnaí) déanta. Maidir le ceangail áirithe, rinneadh ceapacháin iolracha glacadóirí; i gcásanna áirithe eile, níl ach cuid de cheangal an fhéichiúnaí faoi réir forfheidhmiú. Ba ceapacháin chorparáideacha iad an chuid is mó díobh, mar mhalairt ar ghlacadóirí muirir sheasta (tá cur síos ar an idirdhealú i dtaobhbhaineál ar leith).

TÁBLA 10: Forfheidhmiú amhail ag deireadh Bhealtaine 2012

Ceapacháin Ghlacadóireachta	Bainistithe ag an GNBS	Bainistithe ag PI	Iomlán
Corparáideach	89	99	188
Muirear Seasta	22	25	47
Iomlán	111	124	235
Líon na gceangal féichiúnaí	73	108	181

Tá Foireann Dócmhainneachta chleachta curtha le chéile laistigh den GNBS le feidhmiú ar bhealach comhairleach agus le tacú le bainistiú, rialú agus monatóireacht cásanna atá á bhforfheidhmiú.

Tá liosta réadmhaoin foilsithe ag an GNBS ar a láithreán gréasáin (www.nama.ie) a bhí faoi réir gníomh forfheidhmiúcháin ag an nGníomhaireacht. Déantar nuashonrú air seo go míosúil. Faoi dheireadh Bhealtaine 2012, bhí i ngiorracht do 1,300 réadmhaoin nó grúpa réadmhaoin liostaithe ar an láithreán. Sa chuid is mó de na cásanna, tá an réadmhaoin ar díol nó á mbainistiú agus ag giniúint ioncaim faoi láthair. I gcásanna áirithe eile, tá glacadóirí ag obair ar cheisteanna éalang teidil, úinéireachta, pleanála agus comhlíonta atá gan réiteach agus is é an intinn atá ann ná go dtairgí na réadmhaoin atá i gceist le haghaidh díolacháin chomh luath is a bheidh na ceisteanna seo réitithe go sásúil.

GLACADÓIREACHTAÍ

Is ionann **glacadóir muirir sheasta** agus duine a cheaptar faoi mhorgáiste nó bintiúr a chruthaigh muirear seasta ar shócmhainní áirithe comhlachta (sócmhainní seasta réadmhaoinne de ghnáth).

Is féidir **glacadóir corparáideach** a thabhairt ar ghlacadóir a cheaptar faoi mhorgáiste nó bintiúr a chruthaigh muirear seasta agus comhlúthach ar shócmhainní chomhlachta.

Is é an príomhdhifríocht eatarthu ná go bhfuil **údarás reachtúil** ag an nglacadóir corparáideach déileáil le creidiúnaithe tosaíochta i gcomhlacht ina bhfuil muirear comhlúthach ar na sócmhainní.

Glacadóir an Mhuirir Sheasta

Bíonn cumhachtaí agus dualgais glacadóir muirir sheasta cinnte ag an morgáiste nó bintiúr muirir urraithe faoina gceaptar é/í. Tugann morgáiste nó bintiúr muirir sheasta muirear seasta don chreidiúnaí i gcás na sócmhainní sonraithe amháin atá luaite sa doiciméad muirir agus ní féidir le glacadóir ar bith a cheaptar faoin muirear seo déileáil ach leis na sócmhainní ar leith seo. Tá cur síos ar chumhachtaí an ghlacadóra sa doiciméad morgáiste/bintiúir agus is gnách go mbíonn siad faoi theorainn smacht a ghlacadh ar an tsócmhainn, ioncam cíosa a fháil uaithi, í a dhíol agus fálaí an díolacháin a dháileadh ar an gcreidiúnaí urraithe. Seans go mbeidh ar an nglacadóir déileáil chomh maith le dliteanais áirithe a bhaineann leis an tsócmhainn ar leith amháin, amhail rátaí/muirir seirbhíse

Ní féidir leis an nglacadóir a cheaptar faoi mhuirear seasta a ról a shíneadh níos faide, ós rud é go mbeadh sé/sí ag feidhmiú taobh amuigh de na cumhachtaí atá sa mhorgáiste nó bintiúr muirir sheasta dá bharr. Anuas air sin, níl aon teidlíocht ag an nglacadóir teacht ar leabhair agus taifid an chomhlachta seachas na taifid sin a bhaineann go sonrach leis na sócmhainní a bhfuil sé/sí ceaptha lena n-aghaidh. Bíonn sócmhainní (agus dliteanais ghaolmhara) eile den chomhlacht á mbainistiú ag an gcomhlacht go fóill.

Glacadóir Corparáideach

Má chruthaíonn an morgáiste/bintiúr muirear seasta agus comhlúthach ar shócmhainní an chomhlachta, bíonn cumhachtaí agus dualgais an ghlacadóra chorparáidigh cinnte ag an morgáiste nó an bintiúr muirir urraithe. Déantar déileáil le sócmhainní atá faoi réir muirir sheasta mar atá mínithe thuas. Cé nach bhfuil aon sainmhíniú reachtúil ar mhuirear comhlúthach, is gnách féachaint air mar mhuirear ar shócmhainní caipiteal oibre comhlachta áirithe. Tá sé de chumhacht ag an nglacadóir faoin mbintiúr na sócmhainní seo a réadú, ach tá sé d'údarás reachtúil aige chomh maith faoi Acht na gCuideachtaí déileáil le creidiúnaithe tosaíochta ar bith a thiocfadh chun cinn, lena n-áirítear éilimh foirceannta reachtúil fostaithe (Alt 285, Acht na gCuideachtaí, 1963 agus na hAchtanna Iomarcaíochta).

Ranníocaíocht Eacnamaíoch agus Sóisialta an GNBS

I measc cuspóirí an GNBS, mar atá leagtha amach in Alt 2 den Acht, áirítear a ranníocaíocht i ndáil le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch an Stáit. Tá tionchar ag gníomhaíocht an GNBS ar an ngeilleagar go ginearálta agus ar an margadh réadmhaoine. Iarrann sí freisin a ranníocaíocht shóisialta agus eacnamaíoch a chomhlíonadh trí thionscnaimh shainiúla atá leagtha amach anseo thíos.

1. RANNÍOCAÍOCHT EACNAMAÍOCH FORIOMLÁN

Ba é príomhaidhm an GNBS, i rith 2010, os cionn €30 billiún a chur isteach, i bhfoirm leachtachta, sa chóras baincéireachta trí bhannaí a eisiúint do na hinstiúidí rannpháirteacha; dá réir sin, d'fhéadfaí na bannaí seo a mhalartú le haghaidh airgid tirim leis an BCE.

Tá an GNBS i mbun oibre anois i dtreo leasanna na gcáiníochairí a chosaint trí iarracht a dhéanamh an fáltas is fearr agus is féidir a fháil don Stát ar na sócmhainní bainc gnóthaithe. Ar bhonn íosta, ciallaíonn sé seo, le linn a saolré réamh-mheasta 10 mbliana, fuascailt na mBannaí Sinsearach a eisíodh mar chomaoin d'iasachtaí gnóthaithe le cois aisghabháil na nglanchostas iasachta agus an chaiteachais chaipitil oibre agus forbartha réamhíochta le féichiúnaithe (i gcomhréir le hAlt 10 (2) den Acht). Tá sí ag obair i dtreo a cuspóir tráchtála a chomhlíonadh sa tréimhse ama is giorra, fad atá tiomantais uile na todhchaí dá cuid á gcomhlíonadh lena cuid acmhainní féin.

2. AN MARGADH RÉADMHAOINE

Glacann an GNBS gur é ceann dá príomhchuspóirí ná cur le hathnuachan na gníomhaíochta inbhuanaithe sa mhargadh réadmhaoine in Éirinn. Tá sceidil de dhíolachán sócmhainní comhaontaithe lena féichiúnaithe agus glacadóirí agus cinnteoidh sé seo go mbeidh iasachtaí nó sócmhainní réadmhaoine lonnaithe in Éirinn agus in áiteanna eile á dtairiscint le haghaidh díolacháin chuig an margadh **ar bhealach céimnithe agus ordúil** ar aon dul le hacmhainn ionsúite an mhargaidh. Braithfidh an méid díolachán iarbhair in aon bhliain, don chuid is mó, ar choinníollacha soláthair/éilimh, ar infhaighteacht chreidmheasa agus ar impleacht díghiarála na mbanc éagsúil ar an margadh.

Le cois díolachán sócmhainní, tá an GNBS i mbun roinnt tionscnamh atá dírithe ar thrasghníomhaíocht a mhéadú i margadh réadmhaoine na hÉireann ach go háirithe. Áirítear leo seo soláthar airgeadais díoltóra, tabhairt isteach tionscnaimh íocaíochta iarchurtha i ndáil le réadmhaoin chónaitheach ar leith agus seoladh Cistí Infheisteora Incháilithe (QIFanna).

3. AIRGEADAS DÍOLTÓRA

Is suntasach an spéis infheisteora atá i bpunann an GNBS ach is mór an srian a chruthaíonn easpa airgeadais, in Éirinn agus ar bhonn idirnáisiúnta araon. Tá go leor iasachtóirí traidisiúnta san earnáil réadmhaoine tráchtála i mbun a neamhchosanta san earnáil a laghdú go suntasach nó ag aistarraingt go hiomlán ón earnáil. Fiú sa chás go bhfuil airgeadas bainc ar fáil, is iondúil go mbíonn costais mhaoinithe sách ard.

Tá an GNBS toilteanach idirbhearta le haghaidh suimeanna suas le 75% de LTV (iasacht-go-luach) a mhaoiniú. Tairgeann airgeadas díoltóra roinnt buntáistí don GNBS: soláthraíonn sé deis an punann iasachtaí a dhí-rioscáil ar bhonn suntasach, mar aon le níos mó ceannaitheoirí a thabhairt isteach sa mhargadh agus iomaíochas praghaís a mhéadú. Déantar idirbhearta poitéinsiúla um airgeadas díoltóra a mheas ar bhonn cás ar chás. De bhrí go gcuirtear airgeadas díoltóra i bhfeidhm ar bhonn breithiúnach, féadfaidh ról dearfach a bheith aige in infheistíocht idirnáisiúnta a mhealladh chuig margadh réadmhaoine tráchtála na hÉireann agus i dtacú le fostaíocht. Comhlíonadh an chéad idirbheart um airgeadas díoltóra an GNBS, maidir le foirgneamh oifige ag Uimh. 1 Plás Warrington i mBaile Átha Cliath, i mí Aibreáin 2012.

4. TIONSCNAMH ÍOCAÍOCHTA IARCHURTHA (DPI)

Tá Tionscnamh Íocaíochta Iarchurtha (DPI) bunaithe ag an GNBS, i gcomhar le trí bhanc, ar bhonn píolótach, le haghaidh sócmhainní cónaitheacha ar leith atá á rialú ag a féichiúnaithe. Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh leachtacht sa mhargadh titheochta a fheabhsú trí riosca an chothromais dhiúltaigh do cheannaitheoirí réadmhaoin chónaitheach a laghdú agus dá réir sin éileamh folaigh a spreagadh i measc daoine ar mian leo réadmhaoin a cheannach ach atá imníoch nach bhfuil praghsanna tite go hiomlán fós. Seoladh an tionscnamh i mí na Bealtaine 2012 agus san áireamh sa chéim píolótach tá 115 teach lonnaithe i gcontaetha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Mí.

5. CISTÍ INFHEISTEORA INCHÁILITHE

Roimh dheireadh 2012, tá sé mar aidhm ag an GNBS ciste infheisteora incháilithe (QIF) amháin, ar a laghad, a sheoladh. Is bealach iad cistí, bunaithe ar phunanna réigiúnacha nó earnála, chun infheisteoirí institiúide a mhealladh, cistí pinsin agus cistí infheistíochta Stáit mar shampla chun réadmhaoin a cheannach ar bhonn céimnithe. Feidhmeoidh an QIF mar aonán ann féin lena chuid stiúthóirí neamhspleácha féin.

LÉIRIÚ AR STRUCHTÚR AN DPI

- Íocann ceannaitheoir 80% den phraghas ceannaigh láithreach, maoinithe óna chothromas féin (íosmhéid 10%) agus an chéad tráinse de thráinse morgáiste (suas le 70%). Mar shampla, má tá costas ceannaigh an tí cothrom le €200,000 in 2012, soláthraíonn an ceannaitheoir €20,000 láithreach agus faightear €140,000 ar iasacht ón mbanc. Déantar íocaíocht an €40,000 iarmharach a iarchur.
- Más rud é, i ndiaidh cúig bliana, go bhfuil luach an tí laghdaithe 20% nó níos mó i gcoibhneas leis an mbunphraghas ceannaigh €200,000, déanfaidh an morgáiste iníoctha ó 2017 ar aghaidh tagairt do phraghas €140,000 (i.e. ní bheidh €40,000 den bhunphraghas ceannaigh iníoctha níos mó).
- Más rud é, faoi 2017, go bhfuil luach an tí laghdaithe níos lú ná 20%, laghdófar an méid iníoctha ar bhonn pro-rata m.sh. má tá an praghas tite go dtí €180,000, coigeartaítear an morgáiste go €160,000 (le cothromas €20,000 an cheannaitheora as an áireamh).
- Má tá luach na réadmhaíne cothrom le nó níos mó ná an praghas ceannaigh bunaidh, aistarraingíonn an ceannaitheoir an méid iarchurtha 20% agus íoctar é díreach leis an GNBS.
- Cinntíodh luachálaí neamhspleách, arna roghnú ag an gceannaitheoir ó phainéal luachálaithe neamhspleácha ceaptha ag an GNBS, luach margaidh reatha na réadmhaíne in 2017.
- Léiríonn **Tábla 11** faoi seo.

TÁBLA 11: Tionscnamh Íocaíochta larchurtha - léiriú

	Luach Gan Athrú	Laghdú Luacha 20%	Laghdú Luacha 10%	Méadú Luacha 5%
Bliain 0				
Praghas Ceannaigh na Réadmhaíne	200,000	200,000	200,000	200,000
<i>Maoinithe Ag:</i>				
Morgáiste 70% (Tráinse A)	140,000	140,000	140,000	140,000
Éarlais Cheannaitheora 10%	20,000	20,000	20,000	20,000
Íocaíocht larchurtha 20%	40,000	40,000	40,000	40,000
Bliain 5				
Luacháil Réadmhaíne	200,000	160,000	180,000	210,000
Athrú Luacha	0	(40,000)	(10,000)	10,000
<i>Maoinithe Ag:</i>				
Morgáiste 70% Eiseach	140,000	140,000	140,000	140,000
Éarlais Cheannaitheora Eiseach	20,000	20,000	20,000	20,000
Morgáiste larchurtha (Tráinse B)	40,000	0	10,000	40,000
	200,000	160,000	180,000	200,000

6. TIONSCNAIMH SAINIÚLA

I gcomhthéacs a téarmaí tagartha tráchtála, fáiltíonn an GNBS i gcónaí roimh thograí ar féidir leo cabhrú léi a cuspóir ginearálta sóisialta agus eacnamaíocha a chur i gcrích. Leagtar amach roinnt samplaí anseo thíos.

Soláthar na tithíochta sóisialta

I mí na Nollag 2011, d'aithin an GNBS os cionn 2,000 réadmhaoin a bhí ar fáil le haghaidh tithíochta sóisialta. Rinne na húdaráis áitiúla agus na gníomhaireachtaí tithíochta athbhreithniú ar an liosta réadmhaíne agus, bunaithe ar an athbhreithniú úd, dhearbhaigh na húdaráis agus na gníomhaireachtaí a gcuid spéise i 1,033 den réadmhaoin. I mí an Mheithimh 2012, d'aithin an GNBS

1,139 aonad eile a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach don soláthar tithíochta sóisialaí agus déanfaidh na húdaráis ábhartha athbhreithniú orthu seo freisin chun a gcuid oiriúnachta a mheas. Tugann sé seo líon iomlán na n-aonad cónaitheach á dtairiscint ag an GNBS leis an Stát le soláthar mar thithíocht sóisialta chuig nach mór 3,200.

Chomh maith leis sin, dhíol an GNBS 58 aonad tithíochta in Áth an Ghainimh, Co. Bhaile Átha Cliath le Cumann Tithíochta Clúid in 2011. Ba é seo an chéad tionscadal inar réamhíoc an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta airgeadas iasachta le comhlacht faofa tithíochta agus an chéad uair gur úsáideadh stoc arna rialú ag an GNBS chun tithíocht shóisialta nua bhuan a sheachadadh. Príomhghné den tionscadal ba ea an cur chuige comhoibritheach idir an GNBS, Clúid agus an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta. I measc samplaí eile de chur chuige cosúil leis seo tá díol 15 árasán i nDroichead Átha le Cumann Tithíochta Tuath.

Réadmhaoin le haghaidh úsáide poiblí

Tá Bord an GNBS tiomanta don chéad seans a thabhairt do chomhlachtaí poiblí réadmhaoin a cheannach a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach dá gcuspóirí agus, ar aon dul leis an tiomantas seo, tá an GNBS i ndiaidh talamh agus réadmhaoin a chur ar fáil do scoileanna, áiseanna cúraim sláinte, fiontás pobail agus áineasa, agus úsáidí eile.

Áirítear na nithe seo a leanas i measc samplaí de rannchuidiú an GNBS sa réimse seo:

- *An Ionad Ceoldrámaíochta i Luimneach á dhíol le Comhairle Cathrach Luimnigh.*
- *Talamh á chur ar fáil i mBaile Dúill, Co. Bhaile Átha Cliath do Chomhairle Contae Fhine Gall le haghaidh fearainn pháirce.*
- *Suíomh 13-acra i bPáirc Hans, iarthar Bhaile Átha Cliath á dhíol leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.*
- *Suíomh 3-acra i nGaillimh á dhíol leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun scoil a thógáil.*
- *Suímh á ndíol leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.*
- *Réadmhaoin á léasú i dTamhlacht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) le húsáid mar Áis Chúraim Sláinte Phríomhúil.*
- *Tailte á ndíol leis an FSS chun cóiríocht a chur ar fáil do Sheirbhís Tacaíochta Otharcharranna san Oirthuaisceart.*
- *Nascbhóthar an N2-N3 á chómhaoiniú i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall trí thailte in iarthar Bhaile Átha Cliath, ag gnóthú iasachtaí an GNBS.*

Tá comhlé leanúnach agus dearfach ag an GNBS le roinnt údarás poiblí, lena n-áirítear an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Oideachais & Scileanna, an Roinn Sláinte & Leanaí agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus na Gaeltachta mar aon le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus ollscoileanna ar leith, agus é ar intinn réitigh fhéideartha a aithint dá gcuid riachtanas réadmhaoin. Chomh maith leis sin, éascaíonn an GNBS plé idir féichiúnaithe agus tríú páirtithe d'fhonn cur ar chumas

na dtríú páirtithe réadmhaoin oiriúnach a ghnóthú do chuspóirí sóisialta agus spóirt agus do chuspóirí poiblí eile nach iad. Is sampla eile den Ghníomhaireacht ag iarraidh a cuspóir poiblí a chur i gcrích í idirghníomhaíocht an GNBS, i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, sna hiarrachtaí chun réadmhaoin oiriúnach a chur ar fáil do chónaitheoirí a aslonnaíodh ó Priory Hall (nach urrús é le haghaidh iasachta an GNBS).

Lacáistí cíosa

I mí na Nollag 2011, d'eisigh an GNBS Nóta Treorach ar **Léasanna Tráchtála Aníos Amháin**. Is ann don Nóta Treorach le déileáil le cásanna inar féidir le tionóntaí féichiúnaithe an GNBS a léiriú go bhfuil na cíosanna iníoctha faoina gcuid léasanna reatha ag sárú na leibhéal margaidh reatha agus, dá thoradh sin, go bhfuil inmharthanacht a ngnóthaí i mbaol. In imthosca mar sin, féadfaidh tionóntaí faomhadh an GNBS a lorg i ndáil le laghdú cíosa. Níl an Nóta Treorach ceaptha le léasanna a sholáthar do thionóntaí a bhfuil a gnó ag trádáil ar bhonn brabúsach agus a bhfuil ar a gcumas seasamh lena gcuid socruithe conartha reatha i gcás cíosa.

Sular eisíodh an Nóta Treorach, ghlac agus d'fhaomh an GNBS líon suntasach iarratas ar lacáistí cíosa trí thairbhe a bhaint as critéir analógacha ina leith siúd sa Nóta Treorach.

Amhail ag deireadh Bhealtaine 2012, bhí 194 iarratas incháilithe faighte ag an GNBS le haghaidh lacáiste cíosa: bhí 145 acu faofa, diúltaíodh ceithre cinn acu agus bhí athbhreithniú á dhéanamh ar an 45 iarratas eile.

Eastáit Neamhchríochnaithe

Tar éis foilsíú **Tuarascáil an Ghrúpa Comhairligh ar Fhorbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe** i mí an Mheithimh 2011, bhunaigh an tAire Stáit le freagracht speisialta as Tithíocht agus Pleanáil Coiste Comhordaithe Náisiúnta chun maoirsiú a dhéanamh ar ghníomhartha i ndáil le heastáit neamhchríochnaithe. Tá beirt ionadaithe ag an GNBS ar an gCoiste seo a bhí dírithe go príomha ar dtús ar an 243 eastát atá rangaithe ag údaráis áitiúla mar na heastáit is mó deacrachta ó thaobh sábháilteachta poiblí (Eastáit Chatagóir 4). Bhí 29 (nó 12%) de na heastáit seo á rialú ag féichiúnaithe nó glacadóirí an GNBS. Mhaoinigh an GNBS, trína féichiúnaithe agus glacadóirí, an costas a bhaineann le hobair feabhais phráinneach (costas measta €3m) a mhaoiniú agus, faoi Mhárta 2012, bhí dul chun cinn suntasach déanta ina leith seo.

Tá aird á dhíriú anois ar 1,500 eastát i gCatagóir 3 a meastar roinnt deacrachta a bheith leo ó thaobh sábháilteachta poiblí. Tá 150 (nó 10%) de na heastáit seo nasctha le féichiúnaithe an GNBS. Amhail ag Meitheamh 2012, tá dul chun cinn déanta ar an obair i dtéarmaí na gníomhaíochtaí feabhais atá riachtanach ag gach suíomh a aithint agus i dtéarmaí comhaontaithe ar phleananna agus ar amchláir don réiteach suímh is fearr agus is féidir.

ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

Brabús oibriúcháin
réamh-bhearnúcháin de chuid
€1.28 billiún in 2011.
Glanbhrabús tar éis cháin
de chuid €247m.

ACHOIMRE AR BHUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS 2011

- Brabús oibriúcháin réamh-bhearnaithe €1.28 billiún don bhliain 2011
- Muirear bearnaithe tógtha in 2011 ar luach €1.27 billiún (luach carntha €2.75 billiún go dtí seo)
- Glanbhrabús 2011 tar éis cháin de chuid €247m
- €0.5 bhilliún de ghnóthachain aitheanta réadaithe ar ghníomhaíocht féichiúnaithe agus ar dhíolachán iasachtaí
- Costais oibriúcháin dhíreacha cothrom le 1.8% d'fháltais airgid iasachta nó 0.43% de mheán iarmhéideanna iasachta
- €6.1 billiún d'airgead bailithe ó féichiúnaithe ó bhunú an GNBS go dtí deireadh 2011
- €1.25 billiún d'urrúis fhiachais an GNBS aisíochta
- Iasacht €299m ón Lárchiste (réamhíocaíocht an Aire Airgeadais) aisíochta
- Cistí airgid agus leachta de chuid €3.8 billiún ag deireadh 2011
- Cúlchistí an chláir chomhardaithe deireadh na bliana de €521m

FEIDHMÍOCHT OIBRIÚCHÁIN

In 2011 rinne an GNBS brabús oibriúcháin €1,278m roimh bhearnú (2010: €305m), a dara bliain iomlán i mbun gnó. Soláthraíodh muirear bearnaithe breise eile ar luach €1,267m (2010: €1,485m) freisin i gcoinne iasachtaí agus infháltais, ag léiriú timpeallacht réadmhaoine dhúshlánach in Éirinn go fóill.

I ndeireadh na dála, bhí glanbhrabús €247m ann don bhliain 2011, i ndiaidh caillteanais bearnaithe de €1.267m (2010: glancaillteanas €1,180m). Soláthraíonn Tábla 12 miondealú:

TÁBLA 12: Ráiteas ioncaim achomair

	H1 2011 ⁶ €m	H2 2011 €m	2011 €m	2010 €m
Ioncam úis agus táille	583	700	1,283	525
Costas úis	(241)	(271)	(512)	(179)
Glanioncam úis	342	429	771	346
Gnóthachain ar iasachtaí agus infháltais	-	549	549	-
Gnóthachain / (caillteanais) airgeadra eachtrach	(45)	107	62	22
Gnóthachain / (caillteanais) ar dhíorthaigh	(24)	48	24	(17)
Costais oibriúcháin	(57)	(71)	(128)	(46)
Brabús oibriúcháin roimh muirir bhearnaithe	216	1,062	1,278	305
Muirir bhearnaithe			(1,267)	(1,485)
Brabús / (caillteanas) roimh cháin			11	(1,180)
Creidmheas Cánach			236	-
Brabús / (caillteanas) tar éis cháin			247	(1,180)

Tugadh méadú suntasach ar ghníomhaíocht phunainne faoi deara in 2011, lena n-áirítear díolachán iasachta, aisíocaíochtaí fiachais agus diúscairtí comhthaobhacha réadmhaoine. Bhí fáltas ó fhéichiúnaithe cothrom le €5.1 billiún, agus gineadh €4.3 billiún glan-airgead ar an iomlán ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin.

⁶ Léiríonn toradh H1 2011 staid neamh-iniúchta don 6 mhí dar críoch 30 Meitheamh 2011, bunaithe ar chuntais ráithe 2011 an GNBS, foilsithe 16 Samhain 2011.

Bhí €1.55 billiún d'fhiach an GNBS (urrúis shinsearacha fiachais agus réamhíocaíochtaí Lárchiste) aisíochta faoi dheireadh 2011, ag fágáil iarmhéideanna airgid deiridh na bliana 2011 agus acmhainní leachta eile (infheistíochtaí bannaí gearrthéarmacha an Rialtais) de chuid €3.8 billiún.

ÚS AGUS IONCAM COMHCHOSÚIL

In 2011, thuairisicigh an GNBS ioncam úis agus táille iomlán de €1,283m (2010: €525m), roinnte mar seo a leanas:

TÁBLA 13: Ioncam úis agus táille

	H1 2011 €m	H2 2011 €m	2011 €m	2010 €m
Ús aitheanta ar iasachtaí	531	614	1,145	448
Ús faighte ar dhíorthaigh	46	54	100	75
Ús ar airgead tirim agus ar shócmhainní leachtacha	6	22	28	2
Ioncam rótharraingte	-	1	1	-
Ioncam táille	-	9	9	-
Ioncam úis agus táille iomlán	583	700	1,283	525

Áiríodh sa mhéadú ar ioncam úis iasachta in 2011 éifeacht bhliain iomlán na n-aistrithe iasachta, ar cuireadh tús leo ar bhonn céimithe i Márta 2010.

Aithnítear ús ar iasachtaí i gcomhréir le Modh an Ráta Úis Éifeachtúil (EIR) (Léirítear EIR i dtaobhphainéal ar leith). Ní aithnítear ioncam úis ar iasachtaí bearnaithe ach ar mhéid neamhbhearnaithe an iarmhéid iasachta ag baint úsáide as an EIR bunaidh.

Fuarthas glan ús airgid de chuid €100m ar dhíorthaigh ghnóthaithe féichiúnaithe in 2011 (2010: €75m). Babhtálacha rátaí úis den chuid is mó atá i gceist. Pléitear glanéifeacht na n-idirbheart babhtála agus na n-idirbheart fálaithe eile ina n-aonar.

Tuilleadh ús €28m (2010: €2m) ar airgead tirim agus ar shócmhainní leachtacha eile i rith 2011. Léirigh sé seo na sealúchais airgid níos airde ginte ó dhiúscairtí iasachta agus comhthaobhacha.

As an ioncam úis iomlán de chuid €1,145m aitheanta in 2011, réadaíodh €1,032m in airgead tirim. Soláthraíodh an t-iarmhéid de chuid €113m in ioncam úis iasachta ar

bhonn ar leith mar chuid de muirear bearnaithe iomlán na bliana 2011 de chuid €1.27billiún.

In 2011, bhí an t-ús fabhráithe faoi théarmaí bunaidh na n-iasachtaí gnóthaithe (bunaithe ar Pharlúach €74 billiún) cothrom le €2,801m (2010: €1.114m). Leantar ar aghaidh leis an bParlúach seo a ghearradh ar (agus a bheith dlíte ag) na féichiúnaithe faoina gcomhaontuithe conartha iasachta agus go dtí go mbeidh na hiasachtaí socraithe chun sástacht an GNBS nó má tá athstruchtúrú comhaontaithe. Ní aithnítear ús barrachais dá leithéid ar an bParlúach bunaidh (i gcomparáid leis an €1,145m d'ioncam úis iasachta aitheanta ar fhiach an GNBS thuas) mar ioncam i ráitis airgeadais an GNBS.

TÁBLA 14: Costas úis

	H1 2011 €m	H2 2011 €m	2011 €m	2010 €m
Ús íochta ar urrúis fhiachais an GNBS	185	238	423	99
Ús íochta ar dhíorthaigh le cuntasáíocht fálaithe curtha i bhfeidhm	40	18	58	44
Ús íochta ar dhíorthaigh eile	16	15	31	35
Ús íochta ar fhiach eile	-	-	-	1
Costas úis iomlán	241	271	512	179

Bhí an costas úis iomlán le haghaidh 2011 cothrom le €512m (2010: €179m). Mar chuid dá straitéis bainistíochta riosca, i gcomhthéacs rátaí úis níos ísle ach níos fadtéarmaí a bheith ar fáil trí mheán an mhargaidh díorthaigh, tá a costas úis socraithe ag an GNBS ar €20.3 billiún (2010: €13.3 billiún) d'urrúis fhiachais shinsearacha an GNBS dá cuid trí athrú go babhtálacha ráta úis chomhlúthaigh go socraithe (cuid acu atá ar thosú tosaigh). Socraíonn na hiasachtaí seo cuid de chostas an úis athraithe ar urrúis fhiachais an GNBS. In 2011 bhí an costas úis ar na díorthaigh seo cothrom le €58m (2010: €44m), le cois an úis airgid íochta ar urrúis fhiachais an GNBS ar luach €423m (2010: €99m). Íoctar íocaíochtaí dearbhán airgid ar na hurrúis fhiachais shinsearacha seo go débhlíantúil, ar 1 Márta agus 1 Meán Fómhair gach bliain. D'eascair an méadú i muirear úis 2011 as éifeacht bliana airgeadais na n-urrús fiachais sinsearach a eisíodh déanach in 2010 agus i gcaitheamh 2011.

Bhí an costas úis ar fhálú an GNBS ar dhíorthaigh ghnóthaithe féichiúnaithe in 2011 cothrom le €31m (2010: €35m).

TÁBLA 15: Gnóthachain ar iasachtaí agus infháltais

	H1 2011 €m	H2 2011 €m	2011 €m	2010 €m
Gnóthachain ar dhiúscairt sócmhainní iasachta	-	77	77	-
Glanioncam farasbairr ar aisíocaíochtaí iasachta (ag sárú iarmhéideanna iasachta)	-	472	472	-
Gnóthachain iomlána ar iasachtaí agus infháltais	-	549	549	-

Ghin an GNBS fáлтаí fhéichiúnaithe de €5.1 billiún ó iasachtaí agus bunurrús comhthaobhach in 2011. Fuarthas €3.6 billiún de seo sa dara leath de 2011. Bhain mórchuid na ndiúscairt le margaí na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, ina raibh an ghníomhaíocht idirbheartaíochta trí chéile ar bun ar bhonn níos láidre.

Ní aithníonn an GNBS gnóthachain ach sa chás ina mbíonn farasbarr airgid luaite leis na féichiúnaithe (i gcomparáid le luach anonn gnóthaithe an GNBS) nó nuair atá fiachas an GNBS glanta go hiomlán.

DÍORTHAIGH AGUS GLUAISEACHTAÍ AIRGEADRA EACHTRACH

Tá iasachtaí airgeadra eachtrach faighte ag an GNBS (ainmnithe i steirling den chuid is mó) agus d'íoc sí bannaí ar ráta comhlútach ainmnithe in euro astu. Mar chuid dá bainistíocht riosca tá luach €8.6 billiún (2010: €10.3 billiún) de dhíorthaigh airgeadra eachtrach ag an GNBS chun riosca airgeadra na n-iasachtaí seo a fhálú. Ba ionann an glanéifeacht don bhliain 2011 agus gnóthachan ar luach €62m (2010: gnóthachan €22m), a aithníodh i ráiteas ioncaim 2011.

In 2011 bhí an glanghnóthachan ar dhíorthaigh féichiúnaithe agus fálaithe cothrom le €93m (2010: €23m, iomlán ón tús: gnóthachan €116m).

TÁBLA 16: Glanghnóthachan ar dhíorthaigh

	H1 2011 €m	H2 2011 €m	2011 €m	2010 €m
Díorthaigh féichiúnaithe gnóthaithe	(39)	129	90	48
Fálta féichiúnaithe an GNBS	15	(97)	(82)	(65)
Coigeartú neamh-éifeachtúlachta fálaithe	-	16	16	-
Gnóthachain agus caillteanas luacha chóir ar dhíorthaigh	(24)	48	24	(17)
Aitheanta i nglanioncam úis			69	40
Glanghnóthachan ar dhíorthaigh			93	23

Ghnóthaigh an GNBS €14 billiún de dhíorthaigh fhéichiúnaithe bainteach leis na hiasachtaí gnóthaithe. Rátaí babhtála úis den chuid is mó a bhí i gceist leo seo (bhí a bhformhór neamh-fheidhmiúil). Tá €2.5 billiún de na díorthaigh gnóthaithe seo ag feidhmiú agus tá an GNBS tar éis tabhairt faoi chonarthaí díorthaigh le luach ainmniúil um dheireadh na bliana 2011 de chuid €2.5 billiún (2010: €2.5 billiún) d'fhonn riosca an ráta úis ghaolmhar ar na díorthaigh gnóthaithe a fhálú. Ní thugann an GNBS aitheantas ach d'ioncam ar dhíorthaigh atá ag feidhmiú agus ag íoc na n-íocaíochtaí úis chonarthaigh. Bhí an glanghnóthachan marcáil-go-margadh ar na díorthaigh gnóthaithe seo agus na fáluithe gaolmhara cothrom le €24m in 2011 (2010: caillteanas €17m). Aithníodh glanghnóthachan úis de chuid €69m (2010: €40m) ina aonar sa ghlanioncam úis thuasluaite.

Chomh maith leis sin, tá an GNBS páirteach i €20.3 billiún (2010: €13.3 billiún) de bhabhtálacha rátaí úis chomhlúthaigh go socraithe (cuid acu ar bhonn tosaigh) chun cuid de nochtheadh an ráta úis ar €29.1 billiún de na hurrúis fhiachais chomhlúthaigh eisithe mar chuid de na hiasachtaí gnóthaithe a fhálú. Tá na babhtálacha ráta úis seo ainmnithe mar fháluithe sreafa airgid. B'ionann an ghluaiseacht marcáil-go-margadh i ndáil leis na fáluithe seo in 2011 agus €323m diúltach (2010: gnóthachan €77m), atá san áireamh i gcúlchistí cothromais eile.

In 2010, bhí cuid de na babhtálacha a ainmníodh go foirmiúil mar chaidrimh fhálaithe mar bhonn le caillteanas réamhainmnithe ar luach cothrom de chuid €30m aitheanta ar dhíorthaigh eile. Déantar an caillteanas seo a amúchadh chuig an gcúlchiste fálaithe sreabhach airgid thar shaolré fanta na ndíorthach. Aithníodh gnóthachain iarmhartach de chuid €16m in 2011 (ag fritháireamh i bpáirt an caillteanas €30m in 2010).

Costais oibriúcháin

B'ionann costais oibriúcháin na bliana agus €128m. Léirigh sé seo coigilteas €13m ar an mbuiséad a cuireadh i láthair i bPlean Gnó an GNBS (Iúil 2010). B'ionann iomlán na gcostas oibriúcháin agus 0.4% de mheán-iarmhéideanna leabhar iasachta 2011 (bunaithe ar luach anonn an GNBS) agus 2.5% de réaduithe airgid iasachta i rith 2011. B'ionann costais oibriúcháin díreacha de chuid €92m agus 1.8% de réaduithe airgid iasachta nó 0.3% de mheán-iarmhéideanna leabhar iasachta na bliana 2011.

TÁBLA 17: Costais oibriúcháin

	H1 2011 €m	H2 2011 €m	2011 €m	Plean Gnó an GNBS €m
Táillí Príomh- agus Máistir-Sheirbhíseora	34	26	60	59
GBCN mar Sholáthraí Seirbhíse	12	15	27	25
Costais eile	3	2	5	5
Costais oibriúcháin díreacha	49	43	92	89
Táillí creidmheasa agus bainistíochta punainne	4	12	16	27
Costais um dhícheall cuí ar ghnóthuithe iasachta ⁷	-	10	10	-
Táillí dlí	4	6	10	25
Dícheall cuí agus costais chomhairleacha eile	8	28	36	52
Costas oibriúcháin iomlán	57	71	128	141

Ba é an costas aonair ba mhó táillí €57m infíochta leis na Planna mar Phríomh-Sheirbhíseoirí chun na leabhair iasachta a riar. B'ionann seo agus 0.08% de na hiarmhéideanna iasachta ainmniúla arna riar acu in 2011 (2010: 0.06%).

Níl aon fhostaithe ag an GNBS. Tá an fhoireann ar fad fostaithe ag an GBCN agus déanann an GBCN mar Sholáthraí Seirbhíse na costais a athmhúirear don GNBS. Bhí costais foirne cothrom le €24m (lena n-áirítear aon chostais phinsean ghaolmhara freisin) d'athmhúirearú iomlán 2011 ón GNBS. Níor fócadh aon luach saothair

feidhmíochta le foireann sannta an GNBS in 2011.

Bronnadh íocaíocht feidhmíochta ar POF an GNBS in 2011, ach i bhfianaise staid eacnamaíoch an Stáit i láthair na huaire, níor ghlac sé leis an íocaíocht feidhmíochta in 2011 ná in 2010. Tá an Príomhfheidhmeannach tar éis 15% breise dá thuarastal don bhliain 2012 a bhronnadh ar an Aire Airgeadais.

Is ionann dícheall cuí agus costais bainistíochta punainne in 2011 agus costais aon uaire den chuid is mó, costais a bhaineann le próiseas gnóthaithe iasachtaí agus pleananna gnó féichiúnaithe a chur i dtoll a chéile. Tá an próiseas gnóthaithe seo curtha i gcrích anois.

TAGARMHARCÁIL UM CHOSTAIS AN GNBS

Ag eisiáimh costais um dhícheall cuí aonuaire, b'ionann costais oibriúcháin dhíreacha an GNBS in 2011 agus 0.3% de chuid iarmhéideanna iasachta ainmniúla. I dtéarmaí measúnú a dhéanamh ar cibé an léiríonn an leibhéal costais seo luach maith don cháiniócoir, is beag aonán ábhartha atá páirteach in obair comhchosúil a d'fhéadfaí a chur i gcomparáid leis an GNBS.

An analóg is cóngaraí le haghaidh comparáide é an costas i ndáil le húsáid a bhaint as gnólachtaí seirbhísithe speisialta tríú páirtí. Roimh bhunú an GNBS, d'iarr an GNBS meastacháin um sholáthar an tseirbhísithe speisialta, atá, i dtéarmaí foinsithe, comhaicmeach leis an gcur chuige dian i dtreo bainistiú na bhféichiúnaithe agus sócmhainní atá glactha de láimh ag an GNBS. Bhí na meastacháin a fuarthas sa réimse ag freagairt do 0.5% go 1.8% de mheán-iarmhéideanna iasachta ainmniúla na bliana 2011. D'eisiaigh na meastacháin seo aon chostais a bheadh tabhaithe ag an GNBS i maoirsiú ghníomhaíochtaí an tseirbhíseora speisialta agus eisiadh freisin costais dlí agus luachála atá ábhartha i gcomhthéacs punainne féich faoi bhrú. Lena chois sin, tairgeadh na meastacháin ar an mbonn go mbeadh a thuilleadh táillí dreasachta sa réimse ó 0.25% go 2% den iasacht nó d'fháltais na sócmhainne. Is gnách iad táillí dreasachta dá leithéid i réimse an tseirbhísithe speisialta.

Ag tabhairt aird ar an gné seirbhísithe speisialta agus ar an ngné dreasachta molta ag aonáin seirbhísithe speisialta, meastar go bhfuil costais an GNBS i bhfad Éireann níos ísle ná an meastachán is lú costais á thairiscint le haghaidh seirbhísí a éileodh rannpháirtíocht chomh dian céanna le féichiúnaithe agus sócmhainní.

⁷ Seo an costas breise tabhaithe os cionn luach láithreach na suimeanna gnóthaithe ó na hinstiúidí rannpháirteacha.

BEARNÚ AR IASACHTAÍ FÉICHIÚNAITHE

Ag deireadh na bliana 2011, tá soláthar bearnaithe carntha taifeadta ag an GNBS i gcoinne a punann iasachtaí agus infháltas de chuid €2.75 billiún. Bhí sé sin i gcomparáid le €1.48 billiún don bhliain 2010, as a d'éascair muirear bearnaithe breise do ráiteas ioncaim na bliana 2011 de chuid €1.267 billiún.

Is ionann an cleachtadh bearnaithe, mar atá i gceist do gach gnó airgeadais comhchosúil, agus an príomhréimse breithiúnais i ráitis airgeadais an GNBS. Tá punann iasachtaí gnóthaithe ag an GNBS, iasachtaí a raibh a bhformhór acu bearnaithe cheana féin ag dáta luachála mhí na Samhna 2009. Thug siad seo caillteanais chun solais d'iasachtóirí bunaidh, a áiríodh sna lascainí a cuireadh i bhfeidhm mar chuid de na cleachtaí díchill chuí agus an luacháil faofa ag an AE.

TOMHAS AN BHEARNAITHE

Faoi IAS 39, déantar an EIR a ríomh ar aitheantas bunaidh na hiasachta ag an GNBS. Is é sin an ráta atá mar bhonn le lascainiú na nglan-insreabhadh airgid réamh-mheasta todhchaíoch, thar shaolré na hiasachta, i gcomhthéacs an phraghais éadála iarbhir íoctha don iasacht riachtanach.

I gcleachtas, is annamh a bheidh na sreabha airgid iarbhir ar iasachtaí aonair ag teacht leis na sreabha airgid réamh-mheasta todhchaíocha faoi mhodheolaíocht bunaidh LTEV (luach fadtéarmach eacnamaíoch). Beidh athruithe ann ar réimse cúiseanna, lena n-áirítear:

- Athruithe (suas nó síos) san ús airgid faighte ó fhéichiúnaithe feidhmiúla nó urrús comhthaobhach ioncam-ghinte.
- Suim an phrionsabail aisghafa go hiarbhir ar na hiasachtaí (i gcomparáid leis an ionchas bunaidh a úsáideadh chun luach a chur leis an iasacht).
- Uainiú aisghabháil na príomh-iasachta seo (nó aon urrús comhthaobhach gaolmhar réadmhaoine), ag léiriú luach ama an airgid ar dhlúthchuid é de lascainiú sreabhadh airgid todhchaíoch.

Tabhaíonn aon ioncam aitheanta ag úsáid modh EIR i gcoinne luach anonn na hiasachta ag an GNBS. A fhairsinge nach seachchuirtear é seo le hairgead tirim faighte ón bhféichiúnaí mar chuid dá ghnáth-oibleagáid leasa conartha (ar Pharlúach na hiasachta), ní mór breathnú air mar chuid den chleachtadh bearnaithe (ar bhonn bliantúil ar a laghad) le feiceáil cibé an bhfuil an t-iarmhéid iasachta in-aisghafa go fóill.

Déantar bearnú a thomhas as féin mar an difear idir suim deiridh anonn thréimhse na hiasachta (iarmhéid iasachta amhail ag 31 Nollaig) agus luach reatha na sreabhadh airgid todhchaíoch. Déantar na sreabha airgid todhchaíocha seo a lascainiú trí úsáid a bhaint as an EIR bunaidh. Ag baint úsáide as an EIR chun ioncam úis a thomhas agus chun sreabha airgid réamh-mheasta todhchaíocha a lascainiú nuair atá bearnú á mheas cinntítear:

- Go n-áiríonn ioncam úis faoi mhodh EIR caillteanais chreidmheasa tabhaithe go dtí dáta éadála na hiasachta (a léiríodh i luach cothrom na n-iasachtaí gnóthaithe).
- Déantar aon mheathlú ina dhiaidh sin ar chaighdeán creidmheasa iasachtaí féichiúnaithe aonair leis féin agus déantar a leithéid a thuairisciú sa ráiteas ioncaim, mar chuid d'aon mheasúnú bearnaithe bliantúil.
- Déantar foráil sna sreabha airgid lascainaithe d'ús EIR na todhchaí trí úsáid a bhaint as an EIR mar an ráta lascaine, d'fhonn a chinntiú go mbeidh aon EIR fabhráithe amach anseo oiriúnach agus in-aisghabhála.
- Tá aon ioncam úis aitheanta ach nach faightear i bhfoirm airgid tirim faoi réir na tástála bearnaithe bliantúil.

CUR CHUIGE GLACTHA CHUN AN SOLÁTHAR BEARNAITHE A RÍOMH

Bhí measúnú bearnaithe na bliana 2011 bunaithe ar chomhcheangal de chuid:

1. Cleachtadh mionsonraithe tuartha sreafa airgid do gach nasc féichiúnaí a measadh a bheith **suntasach iontu féin**. I bprionsabal (seachas i gcás dhá cheangal féichiúnaí nár faomhadh pleananna an GNBS go fóill ag deireadh Bhealtaine 2012 agus a áiríodh sa líon arna chomh-mheasúnú dá dtagraítear anseo thíos) b'ionann é seo agus iasachtaí atá "bainistithe ag an GNBS". Bhí luach anonn (roimh bhearnú) na n-iasachtaí seo cothrom le €23.5 billiún (82% den leabhar iomlán, bunaithe ar luach anonn an GNBS). Áiríodh anseo freisin luach anonn díorthach gnóthaithe féichiúnaí. Bhí na sreabha airgid sin faoi réir iniúchta neamhspleách de chuid comhairleoirí seachtracha freisin agus leibhéil éagsúla faofa inmheánaigh, i gcomhréir le teorainneacha údaráis tarmlichte foirmiúla an GNBS faoi mar a fhaomhann an Bord.
2. Rinneadh **comh-mheasúnú caillteanais** ar an ngné fanta den leabhar iasachta, agus cuireadh na leibhéil chaillteanais atá le sonrú i ngach sreabhadh airgid suntasach ar bhonn aonair san áireamh.

Rinneadh caillteanais a mheas ag leibhéal iomlán nasc na bhféichiúnaithe, d'fhonn trasráthaíochtaí a cheadú i mbunurrúis chomhthaobhacha féichiúnaithe á gcoinneáil mar urrús ag an GNBS. Níor raibh iontaoibh ar bith luaite le ráthaíochtaí pearsanta nó sócmhainní neamhgheallta ag an GNBS mar chuid den chleachtadh seo.

Fachtóir tábhachtach i measúnú an bhearnaithe é an sreabhadh airgid oibriúcháin a leantar á nginiúint chun leasa an GNBS ar an urrús comhthaobhach bunúsach (ó chíosanna agus ó fhoinsí eile) ó bhainistíocht ghníomhach na sócmhainní sin.

Níor toimhdíodh aon luachanna deiridh i gcleachtadh an tsreafa airgid.

I ndáil le sreabha airgid féichiúnaithe le glan-easnamh lascainithe (comparáid a dhéanamh idir sreabhadh airgid lascainithe agus luach anonn an GNBS de chuid na n-iasachtaí, lena n-áirítear aon ioncam úis fabhráithe faoi mhodh EIR), tá aon easnamh dá leithéid curtha san áireamh go hiomlán sna ráitis airgeadais.

Tá sé beartaithe ag Bord an GNBS (ar bhonn stuama) nár cheart sreabhadh airgid féichiúnaithe le glan-farabarr lascainithe de chuid €1.82 billiún a aithint sa ráiteas ioncain. Is léargas i bpáirt iad na farabairr mheasta ach neamhréadaithe (agus neamhaitheanta) seo ar idirbhearta iarbhir agus fianaise sofheicthe eile, a thugann filleadh de réir a chéile ar ghnáthleibhéil ghníomhaíochta agus seasamh níos fearr i gcoitinne le tuiscent.

PRÓIFÍL AN TSOLÁTHAIR BHEARNAITHE 2011

Roinntear torthaí na tástála bearnaithe mar seo a leanas:

TÁBLA 18: Soláthar aonair agus coiteann

	Fiachas an GNBS ⁸	Soláthar bearnaithe	Meán- chailteanas ionchais	
	€bn	€bn	2011	2010
Féichiúnaithe suntasacha ar bhonn aonair	23.5	2.153	9.3%	5.4%
Féichiúnaithe measúnaithe ar bhonn comhchoitinn	5.2	0.432	8.3%	4.8%
Bunaithe ar chleachtas sreafa airgid an fhéichiúnaí	28.7	2.585	9.1%	5.1%
Soláthar incriminteach	-	0.166	n/a	n/a
Seasamh an chlár chomhardaithe	28.7	2.751	9.6%	5.1%

Mar chuid dá athbhreithniú ar an soláthar bearnaithe trí chéile ag deireadh na bliana, bhreathnaigh an Bord ar thoradh an tsoláthair um an múnla saineiúil agus comhchoiteann. Tá torthaí na múnlaí seo á dtiomáint go mór ag taithí stairiúil úrnua agus faisnéis reatha inbhraiteach. Bhain an Bord de thátal as, in ainneoin gnóthachain neamhaitheanta de chuid €1.82 billiún ó chleachtas an tsreafa airgid, gur chúig ag an tráth seo de shaol an GNBS soláthar incriminteach de chuid €166m a chur san áireamh chun léiriú a thabhairt ar an bhfíric go bhfuil sé de chumas ag caillteanais na todhchaí an taithí reatha a mhoilliú. Go príomha léiríonn sé seo éiginnteacht bhunúsach san uainiú um réadú an airgid tirim ó urrús comhthaobhach talún agus forbartha na hÉireann, de bharr easpa reatha na n-idirbheart inbhraiteach.

IMRÉITEACH NA GCUNTAS AILT 55 UM R4 2011

Seo a leanas mar atá imréiteach ar an muirear bearnaithe 2011 deiridh de chuid €1,267m don ghlan-mhuirear bearnaithe de chuid €810m san áireamh i gcuntais Ráithe 4 an GNBS (arna n-ullmhú i gcomhréir le hAlt 55 den Acht agus arna bhfoilsiú ar 24 Bealtaine 2012 "cuntais A55"):

TÁBLA 19: Imréiteach an mhuirir bearnaithe 2011 do chuntais A55 um R4 2011

	€m
Glan-mhuirear bearnaithe de réir na gcuntas A55	810
Athaicmiú na ngnóthachan réadaithe	243
Soláthar incriminteach chun caillteanais creidmheasa neamhbhraite féideartha a léiriú	166
Cásanna arna mbainistiú ag an GNBS san áireamh anois sa chomh-mheasúnú	75
Soláthar neamhshuaitheanta sna cuntais A55 scaoilte anois	(27)
Oll-mhuirear bearnaithe de réir ráiteas airgeadais 2011	1,267

Bhí an glan-mhuirear bearnaithe €810m a áiríodh sna cuntais A55 glan ó ghnóthachain réadaithe de chuid €243m, atá athaicmithe anois chuig gnóthachain ar iasachtaí agus infháltais de réir cosúlachta an ráitis ioncain.

Táthar tar éis soláthar breise de chuid €166m (a bhfuil cur síos ina leith thuas) a dhéanamh freisin, chun caillteanais neamhbhraite féideartha a léiriú, go háirithe san uainiú um réadú airgid tirim ó urrús comhthaobhach talún agus forbartha na hÉireann.

⁸ Áiríonn fiach an GNBS luach anonn iasachta de chuid €28.4 billiún and díorthaigh bhainteacha de chuid €0.3 billiún

LÉIRIÚ AR FHEIDHMIÚ EIR

De réir mhodh EIR, leathnaítear ioncam úis ag ráta seasmhach thar shaolré na hiasachta, beag beann ar uainiú fáltas airgid. I mbliain ar bith, níl aon nasc díreach idir ús aitheanta agus an t-airgead comhthaobhach faighte. Thar shaolré na hiasachta, áfach, beidh an t-airgead iomlán faighte sa bhreis ar iarmhéid na hiasachta tosaigh, i ndiaidh aon chaillteanais bhearnaithe a choigeartú, cothrom leis an ioncam úis aitheanta faoi mhodh EIR.

Léiríonn an sampla seo a leanas feidhmiú an EIR ar iasacht aonair an GNBS. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil tréithe ar leith ag gach iasacht ar leith agus d'fhéadfadh nach ionadaíoch an sampla seo ina leith.

Is ionann luach anonn na hiasachta agus €100m ag tús na bliana 2011 agus tá an EIR dá cuid cothrom le 5%. Seo a leanas sreabhadh airgid ionchais na hiasachta:

Bliain	Sreabhadh airgid ionchais (ag tús 2011)	Sreabhadh Airgid Lascainithe*
2011	5.0	4.8
2012	5.0	4.5
2013	5.0	4.3
2014	5.0	4.1
2015	105.0	82.3
NPV		100.0

Áiríonn sreabhadh airgid na bliana 2015 fáltas diúscairtha sócmhainní ionchais de chuid €100m ag deireadh 2011 móide ioncam úis de chuid €5m.

CÁS A: Méadú i sreabhadh airgid ionchais

Ag deireadh na bliana 2011, déantar athbhreithniú bearnaithe agus, mar thoradh, méadaíonn na fáltas diúscairtha sócmhainní ionchais ó 100 go 110. Athraíonn próifíl an tsreafa airgid dá réir mar seo a leanas:

Bliain	Sreabhadh airgid ionchais (ag deireadh 2011)	Sreabhadh Airgid Lascainithe*
2012	5.0	4.8
2013	5.0	4.5
2014	5.0	4.3
2015	115.0	94.6
NPV		108.2

Tá an GNBS tar éis glacadh leis an gcur chuige gan gnóthachain ionchais na bliana 2015 a aithint ar iasachtaí cosúil leis seo ach amháin má agus go dtí go réadaítear iad mar airgead tirim .i. fáltas airgid tirim ag sárú luach anonn na hiasachta.

* Lascainithe ag ráta EIR de chuid 5%

CÁS B: Titim i sreabhadh airgid ionchais

Mar chás malartach, má léiríonn an t-athbhreithniú bearnaithe ag deireadh na bliana 2011 go dtiteann na fáltas diúscairtha sócmhainní ionchais ó 100 go 95. Athraíonn próifíl an tsreafa airgid dá réir mar seo a leanas:

Bliain	Sreabhadh airgid ionchais (amhail ag deireadh 2011)	Sreabhadh Airgid Lascainithe*
2012	5.0	4.8
2013	5.0	4.5
2014	5.0	4.3
2015	100.0	82.3
NPV		95.9

Toisc go bhfuil NPV an tsreafa airgid athbhreithnithe níos ísle ná luach anonn na hiasachta, ní mór don GNBS soláthar le haghaidh muirir bhearnaithe: is ionann seo agus €4.1m i gcuntais deireadh 2011 dá cuid, ag léiriú an difríocht idir an dá fhigiúr (€100m lúide €95.9m). Is ionann an luach anonn athbhreithnithe agus €95.9m.

Déantar athbhreithniú bearnaithe comhchosúil ag deireadh na bliana 2012.

1. Más meathlú breise i bpróifíl an tsreafa airgid ionchais atá i dtoradh an dara athbhreithnithe seo, tógtar muirear bearnaithe breise.
2. Más rud é, áfach, go dtugann athbhreithniú deireadh 2012 feabhsú le tuiscint i bpróifíl an tsreafa airgid (m. sh. fáltas diúscairtha sócmhainne ceaptha le méadú ó 95 go 98), léirítear an t-ionchas dearfach seo le laghdú sa soláthar bearnaithe. Más rud é, áfach, go sáraíonn an gnóthachan ionchais luach anonn bunaidh na hiasachta, ní aithnítear an farasbarr os cionn luach anonn bunaidh na hiasachta ach amháin má agus go dtí go réadaítear mar airgead tirim é.

Bliain	Sreabhadh airgid ionchais (amhail ag deireadh 2012)	Sreabhadh Airgid Lascainithe*
2013	5.0	4.8
2014	5.0	4.5
2015	103.0	89.0
NPV		98.3

Sa chás seo, tá NPV na hiasachta feabhsaithe ó €95.9m ag deireadh na bliana 2011 go €98.3m ag deireadh na bliana 2012. Ciallaíonn sé seo gur féidir an soláthar bearnaithe níos luaithe a laghdú faoi €2.4m, ag fágáil glan soláthar bearnaithe de chuid €1.7m (€100m lúide €98.3m).

Táthar tar éis dhá cheangal arna mbainistiú ag an GNBS nár chomhlíon sainmhíniú na bhféichiúnaithe suntasacha ar bhonn aonair, toisc go raibh na pleananna gnó féichiúnaí bunúsacha fós faoi réir faofa inmheánaigh ag tráth comhlíonta cleachtas an tsreafa airgid, a chur san áireamh sa mheasúnú caillteanais coiteann. Tá soláthar breise de chuid €75m mar thoradh air seo.

Áiríodh soláthar neamhshuaitheanta de chuid €27m sna cuntais A55, ar fheithemh chomhlánú sreabhadh airgid féichiúnaí aonair mionsonraithe agus coigeartuithe eile ó phróiseas iniúchta deireadh na bliana. Táthar tar éis é seo a scaoileadh anois i ndiaidh comhlánú cleachtas an tsreafa airgid féichiúnaí.

ÍOGAIREACHT EIR

Úsáideann sreabhadh airgid lascainithe a mbaintear úsáid astu chun bearnú a mheas an EIR mar an ráta lascaine, d'fhonn a chinntiú go mbeidh aon EIR fabhráithe amach anseo oiriúnach agus in-aisghafa.


Trí mheán íogaireachta léiritheach, bheadh ioncam úis EIR na bliana laghdaithe faoi €104m mar thoradh ar laghdú 10% i rátaí EIR thar an leabhair féichiúnaí trí chéile. Ní bheadh tionchar dá laghad aige seo ar an airgead tirim réadaithe go hiarbhrí ó fhéichiúnaithe. Mar sin féin, mar thoradh freisin bheadh laghdú €191m i muirear bearnaithe na bliana 2011 (toisc go mbeadh sreabhadh airgid na todhchaí lascainithe ag an ráta níos ísle seo), nó leas foriomlán de chuid €87m do ghlanbhrabús na bliana 2011 dá gcuirfí i bhfeidhm ar phunann iasachta an GNBS é.

PRÓIFÍL AN TSOLÁTHAIR BHEARNAITHE THAR AN LEABHAIR FÉICHIÚNA

Bíonn éagsúlacht le leibhéal an bhearnaithe i gcás féichiúnaithe aonair.


- Tá nasc sothuigthe idir na caillteanais mheasta iasachta agus an leibhéal comhoibrithe atá á sholáthar ag an bhféichiúnaí aonair.

FIGIÚR O: Bearnú de réir stádais an fhéichiúnaí (Measúnaithe ina aonair)



- Ar an meán, tá sé de chlaonadh ag bearnuithe a bheith níos airde d'fhéichiúnaithe atá nochta níos mó do mhargadh réadmhaoin na hÉireann.

FIGIÚR P: Bearnú de réir céatadán na sócmhainní Éireannacha i seilbh (Measúnaithe ina aonair)



Seo a leanas achoimre den chleachtadh bearnaithe ar fud an €23.5 billiún féichiúnaí suntasach aonair, tástáilte de réir bhandálacha na ngrád creidmheasa seo a leanas:

TÁBLA 20: Grádú Creidmheasa an GNBS

Grádú creidmheasa an GNBS	Fiachas an GNBS €bn	Meán-ráta Soláthar caillteanais €bn	%
Sásúil	7.8	-	n/a
Fairthe	1.2	-	n/a
Bearnaithe	14.5	2.153	14.9%
Féichiúnaithe suntasacha aonair	23.5	2.153	9.3%

LEABHAR IASACHTA NA BHFÉICHIÚNAITHE

Faoi 31 Nollaig 2011, bhí iasachtaí gnóthaithe ag an GNBS ó na Planna, a raibh aghaidhluach Parfhéich bhunaidh de chuid €74 billiún luaite leo. Tá €31.8 billiún íoctha ag an GNBS as na hiasachtaí seo. Baineann formhór na sócmhainní iasachta le réadmhaoin atá á bainistiú ag féichiúnaithe, de réir an toradh ar athbhreithniú um pleananna gnó féichiúnaithe a aontaíodh leis an GNBS. Faoi 31 Nollaig 2011, bhí €60 billiún de na hiasachtaí seo imithe faoin bpróiseas um dhícheall cuí iomláin. Tá dícheall cuí curtha i gcrích anois ar an bpunann iasachta iomlán.

Ag deireadh 2011 bhí luach anonn an GNBS cothrom le €25.6 billiún. Ba é seo an figiúr a bhí ann i ndiaidh foráil bhearnaithe carntha de chuid €2.75 billiún a thógáil as an meá. Seo a leanas achoimre de ghluaiseachtaí na tréimhse:

TÁBLA 21: Gluaiseachtaí in iasachtaí agus infháltais

Iasachtaí & infháltais	Fiachas an GNBS €m	Parluach €m
Ag 1 Eanáir 2011	29,435	71,111
Éadálacha iasachta (tugtha chun críche i R4 2011)	1,252	2,856
Coigeartuithe um éadálacha iasachta	392	-
Tarraingtí anuas caipitil oibre	304	304
Airgead faighte ó fhéichiúnaithe agus díolachán iasachta	(4,867)	(4,867)
Ioncam úis aitheanta	1,145	2,801
Gné gnóthachain le cur san áireamh sa ráiteas ioncaim	549	-
Gluaiseachtaí airgeadra eachtrach	246	474
Díscríobh féich ⁹	-	(216)
Gluaiseachtaí eile ¹⁰	(98)	-
Ag 31 Nollaig 2011	28,358	72,463
Soláthar bearnaithe	(2,751)	
Luach anonn an chlár chomhardaithe (iarmhéideanna iasachta)	25,607	

Úsáideann an GNBS aisíocaíochtaí iasachta áirithe chun réamhíocaíochtaí nua a mhaoiniú as sócmhainní reatha. Amhail ag 31 Nollaig 2011, bhí iasachtú nua ar luach €985m faofa, a raibh €720m de tarraingthe anuas ag féichiúnaithe. Faoi dheireadh na bliana 2011, (ó thráth tionscnaíochta) bhí €6.1 billiún d'ús airgid agus príomh-aisíocaíochtaí faighte ag an GNBS ó fhéichiúnaithe agus ó dhíolachán iasachta chomhthaobhaigh (bhain €5 billiún de seo le 2011 ann féin).

SREABHADH AIRGID TIRIM

Bhí cúrsaí airgid an GNBS go maith ag deireadh na bliana 2011, tráth a raibh acmhainní airgid agus leachtacha eile cothrom le €3.8 billiún. Bhí sé seo fíor i ndiaidh €1.25 billiún a aisíoc d'fhonn urrúis fhiachais shinsearach a fhuascailt.

TÁBLA 22: Achoimre an tsreafa airgid

Achomire an tsreafa airgid	H1 2011 €m	H2 2011 €m	Ó thráth a bunaithe 2011 €m	Ó thráth a bunaithe €m
Fáltais féichiúnaithe agus fáltais ghaolmhara ¹¹	1,512	3,563	5,075	6,088
Cistí réamhíochta le féichiúnaithe	(165)	(139)	(304)	(544)
Ús íochta ar urrúis fhiachais	(128)	(195)	(323)	(353)
Íocaíochtaí le soláthraithe	(41)	(103)	(144)	(194)
Díbhinn íochta	(5)	-	(5)	(5)
Glansreabhadh airgid eile	(3)	21	18	65
Glan-airgead ó oibríochtaí	1,170	3,147	4,317	5,057
Eisiúint scaireanna d'infheisteoirí príobháideacha	-	-	-	51
Iasacht ón Lárchiste	-	-	-	299
Aisíoc iasachta ón Lárchiste	(49)	-	(49)	(299)
Fuascailt urrús fiachais	(750)	(500)	(1,250)	(1,250)
Glan-airgead ó ghníomhaíochtaí maoinithe	(799)	(500)	(1,299)	(1,199)
Glan-airgead ginte	371	2,647	3,018	3,858
Airgead tosaigh agus sócmhainní leachtacha			837	
Gluaiseachtaí airgeadra agus lonnaíochta eile			(8)	
Airgead dúnta agus sócmhainní leachtacha ag 31 Nollaig 2011			3,847	

⁹ Baineann na gnéithe díscríofa seo le cúinsí ina bhfuiltear tar éis ús daingnithe uile an GNBS a dhiúscairt agus nach bhfuil a thuilleadh gá dul i muinín an fhéichiúnaí.

¹⁰ Léiríonn gluaiseachtaí eile breithniú iarchurtha, réitigh ráthaíochta agus aisíocaíochtaí eile dlíte ó Planna.

¹¹ Áiríonn fáltais iasachtaí agus gaolmhara de chuid €5,075m fáltais ó iasachtaí gnóthaithe de chuid €4,867m, fáltais ó dhíorthaigh gnóthaithe de chuid €103m agus sreabhadh airgid eile V go T (luach go dáta aistrithe) de chuid €105m.

Gineadh €4.3 billiún airgead ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin in 2011 (suim charnach ó thráth a bunaithe: €5.0 billiún glan airgead tirim). Bhí fáiltais iasachta agus féichiúnaithe €5.1 billiún san áireamh anseo (suim chartha ó thráth tionscnaíochta: €6.1 billiún).

Tá airgead tirim ar bheart fíor-iarbhir den dul chun cinn inláimhsithe déanta ag an GNBS go dtí seo i ndáil leis na cuspóirí airgeadais sonraithe a réadú.


Réamhiocadh €304m (suim charnach €544m) le féichiúnaithe chun críche caipitil oibre. Is cuid é seo de straitéis an GNBS chun uasmhéadú a dhéanamh ar luach trí shócmhainní cuí a fhorbairt.

Ba ionann céimniú an tsreafa airgid i rith 2011 agus uainiú roinnt de na diúscairtí sócmhainne agus iasachta móra. Tugadh méadú suntasach faoi deara i ngníomhaíocht um ghiniúint sreafa airgid féichiúnaithe sa dara leath de 2011.

Áis ghearrthéarmach an GNBS-IBRC

Ar fháil treorach Aireachta eisithe ar 29 Márta 2012, d'fhaomh Bord an GNBS áis ghearrthéarmach leis an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc (IBRC) arna comhthaobhú ag banna Rialtais na hÉireann. Tarraingíodh anuas an áis €3.06 billiún ar 3 Aibreán 2012 le huasmhéid aibíochta faoin treoir Aireachta de chuid 90 lá. Soláthraíodh an áis seo ag corrlach um 135 bonnphointe thar ráta athmhaoinithe an BCE, ag tabhairt mar thoradh ráta uilechuimsitheach de chuid 2.35% ar feadh tréimhse áise. Tháinig an áis ghearrthéarmach chun aibíochta ar 20 Meitheamh 2012 leis an GNBS á haisíoc san iomlán.

FIGIÚR Q: Giniúint airgid tirim de réir ráithe



Struchtúr Eagraíochtúil an GNBS

Bhí an chéad chéim d'éabhlóid an GNBS dírithe ar roinnt príomhthascanna:

- Saineolas airgeadais, réadmhaoine, baincéireachta, dlí agusaineolas ábhartha eile a earcú chun cur ar chumas an GNBS a feidhmeanna reachtúla a chur i gcrích;
- Iasachtaí incháilithe a fháil ó na hinstiúidí rannpháirteacha agus iad a luacháil de réir mhodheolaíocht fhaofa Choimisiún an AE; agus
- Rannpháirtíocht dhíreach nó neamhdhíreach lena féichiúnaithe agus straitéis chuí (tacaíocht nó forfheidhmiú) a fhorbairt le déileáil leo.

Tá an GNBS anois sa chéad chéim eile dá héabhlóid agus ní mór di straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá dírithe ar an méid agus is féidir a aisghabháil óna sócmhainní sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse. I bhfianaise seo, d'fhaomh an Bord, ag deireadh na bliana 2011, struchtúr athbhreithnithe eagraíochtúil don GNBS atá deartha le déileáil go héifeachtach agus go dinimiciúil leis na dúshláin a bheidh ann amach anseo. San áireamh san atheagrú, a cuireadh i bhfeidhm ag tús Aibreáin 2012, bhí atheagrú na gníomhaireachta i gcúig rannóg:

BAINISTÍOCHT SÓCMHAINNÍ

Is é ról na Rannóige um **Bainistíocht Sócmhainní** ná sócmhainní réadmhaoine a aithint agus a fhorbairt le féichiúnaithe, glacadóirí agus comhpháirtithe comhfhiontair agus é mar aidhm sreabhadh airgid sócmhainní a chruthú, luach a chur leo agus iad a fheabhsú, go háirithe sa tréimhse i ndiaidh 2013.

AISGHABHÁIL SÓCMHAINNÍ

Beidh trí phríomhaidhm ag an Rannóg um **Aisghabháil Sócmhainní**, a chuimsíonn 133 comhalta foirne: seachadadh straitéisí, bainistiú féichiúnaithe, ioncam a mhéadú agus caillteanas a laghdú.

Tá an GNBS freagrach as bainistiú díreach an 189 nasc príomhfhéichiúnaí agus a sócmhainní (€61 billiún ainmniúil), i bhfoirm naoi bhfoireann ildisciplíneacha, a bhfuil naonúr ag obair le gach ceann acu. Trí fhoireann, le cúigear ar gach foireann, atá freagrach as bainistiú phunann PI 600 féichiúnaí (€13 billiún ainmniúil), foirne atá freagrach as bainistiú trí PI (IBRC, AIB agus BOI) de chuid iasachtaí an GNBS. Tá sainfhoirne Dócmhainneachta agus Airgeadais Chorporáidigh ag tacú leis na punanna atá á mbainistiú ag an GNBS agus atá á mbainistiú ag PI. Cuimsíonn Oibríochtaí Aisghabhála Sócmhainní foirne atá ag déileáil le Cuardach Sócmhainní, Dearbhú Cáilíochta agus Oibríochtaí Punainne.

STRAITÉIS AGUS CUMARSÁID

Tá an **Rannóg Straitéise agus Cumarsáide** freagrach as anailís straitéiseach na punainne agus as straitéisí a fhorbairt a chuirfidh ar chumas an GNBS a cuspóir a chur i gcrích agus an fáltas airgeadais is fearr óna sócmhainní faighte bainc agus is féidir a chinntiú. I measc na feidhmeanna atá aici tá athbhreithniú foirmiúil ar straitéis an GNBS agus táirgí nua a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, tá an rannóg seo freagrach as gníomhaíocht cumarsáide an GNBS a bhainistiú, lena n-áirítear comhordú rannpháirtíocht an GNBS leis na meáin, baill an Oireachtais, gníomhaireachtaí Stáit agus príomhgheallsealbhóirí eile an GNBS.

DLÍTHIÚIL

Soláthraíonn an Rannóg **Dlí** comhairle neamhspleách don Bhord, don POF agus do rannóga gnó an GNBS ar roinnt ceisteanna dlí a bhfuil tionchar acu ar an GNBS agus a hoibríochtaí. Tá foireann gairmithe dlí agus foireann thacaíochta ag obair sa rannóg seo, foireann a bhfuilaineolas acu i réimsí dála réadmhaoine tráchtála, baincéireacht, dócmhainneacht agus dlíthíocht. Bhí ról lárnach ag an Rannóg Dlí sa phróiseas díchill chuí dhlíthiúil a bhainistiú, gné riachtanach den phróiseas gnóthaithe agus luachála iasachta. I measc rólanna reatha na rannóige tá comhairle a sholáthar ar ghnéithe dlíthiúla phróiseas phlean gnó na bhféichiúnaithe agus comhairle a sholáthar agus idirbheart a chur i gcrích i gcomhthéacs an athstruchtúraithe fiachais, oibríochtaí iasachtaithe, straitéisí bainistíochta sócmhainní, oibríochtaí forfheidhmithe agus iar-forfheidhmithe, bainistiú dlíthíochta a bhaineann leis an GNBS agus bainistiú rialachas an GNBS, riachtanais chomhlíonta dlí rialála agus cuideachta. Chomh maith leis sin, tá baint ag an Rannóg Dlí le beartas agus le bainistiú údarás ainmnithe atá á bhfeidhmiú ag na hinstiúidí rannpháirteacha thar ceann an GNBS.

PRÍOMHOIFIGEACH AIRGEADAIS

Áirítear roinnt feidhmeanna i réimse freagrachta an Phríomhoifigigh Airgeadais, lena n-áirítear Airgeadas, Oibríochtaí, Córais, Cisteán, Iniúcháireacht agus Riosca agus Cáin.

Tá an rannóg **Airgeadais** freagrach as tuairisciú agus bainistíocht airgeadais, lena n-áirítear na Ráitis Airgeadais Bhliantúla a ullmhú (Alt 54 den Acht) agus na cuntais bhainistíochta ráithiúla (Alt 55).

Tá an rannóg **Oibríochtaí** freagrach as feidhmiú na Planna mar sholáthraithe seirbhíse don GNBS agus as feidhmiú an Mháistir-Sheirbhíseora.

Tá an rannóg seo freagrach freisin as sonraíocht, forbairt agus bainistíocht chórais TF an GNBS.

Tá an rannóg **Cisteáin** freagrach as rioscaí Chlár Comhardaithe an GNBS agus a riachtanais leachtachta a bhainistiú.


Tá an rannóg Iniúcháireacht agus **Riosca** freagrach as forbairt agus feidhmiú creat bainistíochta riosca laistigh den GNBS, mar aon le feidhm chomhordaithe iniúchta.

Soláthraíonn an rannóg **Cánach** comhairle maidir le ceisteanna a mbíonn tionchar acu ar ghnó an GNBS.

ACMHAINNÍ FOIRNE

Mhéadaigh an líon foirne GBCN sannta chuig an GNBS ó 104 ag tús 2011 go dtí 202 ag deireadh na bliana. Nuair a bheidh an próiseas earcaíochta tugtha chun críche, meastar gur mar seo a leanas a bheidh an líon foirne, bunaithe ar rannóg an GNBS:

TÁBLA 23: Soláthar foirne an GNBS de réir rannóige	
Rannóg	Tuartha
POF / Príomhfheidhmeannaigh	6
Bainistíocht Sócmhainní	9
Aisghabháil Sócmhainní	133
Príomhoifigeach Airgeadais	29
Dlíthiúil	30
Straitéis agus Cumarsáid	9
IOMLÁN	216



Soláthraithe Seirbhíse an GNBS

GBCN

Faoi Alt 41 den Acht, soláthraíonn an GBCN seirbhísí gnó agus tacaíochta don GNBS, lena n-áirítear AD, TF, Anailís Riosca Margaídh agus cur i gcrích agus próiseáil idirbheart bearnaithe. Aisíocann an GNBS costais na seirbhísí seo leis an GBCN, seirbhísí ar fiú €28m (costais foirne san áireamh) iad in 2011.

Faoi dheireadh na bliana 2011, bhí breis agus 200 comhalta foirne a bhfuil taithí agus saineolas acu sna réimsí um iasachtú, réadmhaoin, cuntasafocht, dlí, baincéireacht agus creidmheas, fostaithe ag an GNBS, trí mheán an GBCN. D'fhoill fostaí poitéinsiúil ar bith a shannadh chuig an GNBS, ní mór don GBCN a chinntiú go gcomhlíonann an duine na caighdeáin charachtair atá sonraithe in Alt 42 den Acht, nach bhfuil coinbhleacht leasa ábhartha ar bith ann mar aon le ráiteas leasa, sócmhainní agus dliteanas a sholáthar don GBCN.

INSTITIÚIDÍ RANNPHÁIRTEACHA – SEIRBHÍSIÚ IASACHTAÍ AN GNBS

I mí Feabhra 2010, d'ainmnigh an tAire Airgeadais cúig institiúid (agus a bhfochuideachtaí) mar institiúidí rannpháirteacha. Ar 1 Iúil 2011, aistríodh gnó Chumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann chuig an mBanc Angla-Éireannach agus, ar 14 Deireadh Fómhair 2011, d'athraigh an t-aonán nua seo a ainm go dtí an Chorpáraid Éireannach um Réiteach Banc Teo. (IBRC). Ghnóthaigh Banc-Aontas Éireann Cumann Foirgníochta EBS ar 1 Iúil 2011 agus tá sé anois ag feidhmiú mar fhochuideachta de chuid AIB. Tá Aonaid an GNBS a bhí faoi chúram iar-aonáin Angla agus INBS le cumasc mar aonad amháin; agus tá próiseas mórán mar a chéile ag tarlú le hAonaid an GNBS de chuid AIB agus EBS. Mar chuid d'athstruchtúrú na hearnála baincéireachta, aistríodh €12.2 billiún d'urrúis fhiachais an GNBS chuig AIB agus €2.9 billiún chuig IL&P.

Tá dualgas ar Planna dea-chleachtas tionsclaíoch a chur i bhfeidhm agus iasachtaí an GNBS á mbainistiú acu. Tá aonaid tiomnaithe bunaithe acu chun iasachtaí an GNBS a bhainistiú agus tá dualgas orthu a chinntiú go bhfeidhmíonn na haonaid seo bunaithe ar roinnt foirne, córas, sonraí agus infreastructúir ó chodanna eile den institiúid.

Faoi Alt 131 den Acht, d'eisigh an GNBS Treoir do gach PI ag sonrú a n-oibleagáidí mionsonraithe i ndáil leis na seirbhísí a sholáthraíonn siad don GNBS. Áirítear sa Treoir seo ceisteanna dála struchtúr agus nósanna imeachta rialachais, nósanna imeachta bainistíochta creidmheasa, nósanna imeachta caidreamh custaiméirí, nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus nósanna imeachta tuairiscithe leis an, agus ag oibriú leis an, GNBS agus an Máistir-Sheirbhíseoir.

Reachtáiltear cruinnithe míosúla den Choiste Stiúrtha idir an GNBS agus gach PI d'fhoill súil a choinneáil ar sheachadadh agus ar fheidhmíocht seirbhíse. Tá trí fhoireann de chúigear comhalta foirne an ceann sannta ag an GNBS chuig na

Planna uile: tá na foirne lonnaithe in aonaid éagsúla an GNBS de chuid na Planna agus tá siad freagrach as bainistiú fhéichiúnaithe an GNBS. Lena chois sin, déantar monatóireacht ar na Planna trí tháscairí feidhmíochta agus bítear ag súil go mbeidh Leibhéil Seirbhísí sonraithe á gcomhlíonadh nó á sárú (mura ndéanfar seo beidh Táillí Seirbhíse, nó fineálacha, le híoc).

Tá táillí PI i ndáil le seirbhísí a soláthraítear don GNBS bunaithe ar 10 bpointe bunúsach nó costais iarbhrí tabhaithe, cibé luach is lú. Bhí an táille iníochta comhiomlán don chúig PI i ndáil le 2011 cothrom le €57m, 8 bpointe bunúsach ar an meán, íocaíocht a bhí anseo don obair de chuid thart ar 550 ball foirne fostaithe acu chun riarachán iasachta a chur i gcrích agus chun bainistiú a dhéanamh ar rannpháirtíocht an GNBS le 583 ceangal féichiúnaí nach bhfuil a gcuid iasachtaí á riar díreach ag an GNBS.

Máistir-Sheirbhíseoir

Tá Seirbhísí Sócmhainní Capita ag feidhmiú mar Mháistir-Sheirbhíseoir. Is é an fheidhm atá aige ná sonraí iasachta a thiomsú ón gcúig PI agus eolas comhdhlúite airgeadais agus bainistíochta a sholáthar don GNBS maidir lena punann. Íocadh táille €3.1m le Capita i ndáil le 2011.

SOLÁTHAR

Ó am go ham, teastaíonn cúnamh sainsholáthraithe seirbhíse ón GNBS chun a cuspóir reachtúil a bhaint amach i ndáil leis an bhfáltais airgeadais is fearr agus is féidir a chinntiú don Stát. Príomhchritéar i roghnú na soláthraithe seirbhíse é an féidir leo luach ar airgead a sholáthar don cháiníocóir.

Tá an GNBS, mar údarás conarthach, faoi réir Theoir AE 2004/18/CE atá curtha i bhfeidhm in Éirinn ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bronnadh Chonarthaí na nÚdarás Poiblí) 2006 (na "Rialacháin"), i ndáil le soláthar earraí, oibreacha agus seirbhísí ar fiú sa bhreis ar thairseacha luacha áirithe socraithe ag an AE iad. Na prionsabail atá mar bhonn taca leis na Rialacháin ná cóir chomhionann, neamh-idirdhealú, aitheantas frithpháirteach, comhréireacht agus trédhearcacht. Sa chás nach bhfuil feidhm leis na Rialacháin – de bhrí go bhfuil luach an tsoláthair faoi bhun thairseacha an AE nó lasmuigh de na Rialacháin – tá próiseas iomaíoch ag an GNBS a bhfuil sé mar aidhm leis an luach is fearr is féidir ar airgead a fháil.

I rith 2011, sholáthair an GNBS na seirbhísí seo a leanas trí chomórtais tairisceana poiblí:

- Comhairle cánach ildlínsiúla agus seirbhísí comhlíonta cánach
- Seirbhísí comhairleacha cuntasafochta
- Seirbhísí corparáideacha dlí
- Seirbhísí comhairleacha díolachán iasachtaí
- Bróicéireacht árachais agus seirbhísí comhairleacha
- Seirbhísí fóraithe creidmheasa (imscrúdaitheach)

Tá liosta de thairiscintí uile an GNBS agus torthaí na dtairiscintí uile le fáil ar an láithreán gréasáin www.nama.ie

RIALACHAS

“An cuspóir atá ag gach éinne sa GNBS ná an toradh is fearr ar féidir a fháil don cháiníocóir agus bíonn tionchar aige sin ar gach cinneadh a ndéanaimid.”

Frank Daly, Cathaoirleach

Bord agus Coistí an Bhoird

Leagtar amach príomh-fhreagrachtaí an Bhoird in Alt 18 den Acht:

- (i) A chinntiú go bhfeidhmítear feidhmeanna an GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil;
- (ii) Cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan don GNBS;
- (iii) A chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun na cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a bhaint amach; agus
- (iv) Gach beart réasúnach atá ar fáil dóibh a ghlacadh de láimh chun na cuspóirí agus spriocanna sin a bhaint amach.

Cheap an tAire Airgeadais ocht mball de Bhord an GNBS ar 22 Nollaig 2009. B'iad sin Frank Daly (Cathaoirleach), Michael Connolly, John Corrigan (Príomhfheidhmeannach an GBCN, de bhrí oifige), Eilish Finan, Brendan McDonagh (Príomhfheidhmeannach an GNBS, de bhrí oifige), Brian McEnery, Willie Soffe agus Peter Stewart. Cheap an tAire naoú comhalta an Bhoird, an Dr Steven Seelig, ar an 26 Bealtaine, 2010.

D'éirigh an tUas. Stewart agus an tUas. Connolly as a gcuid freagrachtaí ar an mBord ar an 10 Deireadh Fómhair 2011 agus 25 Samhain 2011 faoi seach. Cheap an tAire an tUas. John Mulcahy chuig an mBord ar an 7 Márta 2012.

Níl aon chomhalta ceaptha de chuid an Bhoird i dteideal fónamh ar níos mó ná dhá théarma oifige comhleanúnach. Cinneann an tAire leibhéal luacha saothair na gcomhaltaí

ceaptha agus a gcuid teidlíochta d'aisíocaíocht na gcostas dá gcuid.

I gcaitheamh na bliana 2011, tháinig an Bord le chéile 30 uair. Ar an iomlán, tháinig sé choiste an Bhoird le chéile 102 uair. Tá sonraí tinrimh i ndáil le cruinnithe Boird agus Coiste leagtha amach i **dTábla 24** anseo thíos:

Tá ceithre choiste reachtúil (faoi Alt 32 de chuid an Achta) agus dhá choiste comhairleach (faoi Alt 33) curtha ar bun ag an mBord:

- An Coiste Iniúcháireachta (faoi chathaoirleacht Brian McEnery)
- An Coiste Creidmheasa (faoi chathaoirleacht Willie Soffe)
- An Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin (faoi chathaoirleacht Eilish Finan)
- An Coiste Bainistíochta Riosca (faoi chathaoirleacht Steven Seelig)
- An Coiste Comhairleach Pleanála (faoi chathaoirleacht Willie Soffe)
- Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann (faoi chathaoirleacht Frank Daly)

Tá an Cód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit glactha de láimh ag an mBord freisin, arna oiriúnú do struchtúr rialachais ar leith an GNBS agus riachtanais reachtúla an Achta. Nuair is cuí, tá socruithe á gcur i bhfeidhm chun géilliúlacht don Chód a chinntiú.

TÁBLA 24: Tinreamh ag cruinnithe Boird agus cruinnithe Choiste an Bhoird

	Airgeadas agus Feidhmiúchán						Tuairceart Éireann
	Bord	Iniúchadh	Creidmheas	Bainistíú Riosca	Pleanáil		
Comhaltaí Boird:							
Frank Daly	30						2
Michael Connolly	27		54		5		
John Corrigan	22			7			
Eilish Finan	29	14		13			5
Brendan McDonagh	30		55	13	8	5	
Brian McEnery	29	14	3				3
Steven Seelig	28	12		8			
Willie Soffe	30		8	13	5		3
Peter Stewart	21	11	44				3
Comhaltaí seachtracha:							
Jim Kelly		11					
Michael Wall					4		
Alice Charles					4		
Brian Rowntree							5
Frank Cushnahan							5

Tuarascálacha ó Chathaoirligh Choistí an GNBS

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Cuimsíonn an Coiste Iniúcháireachta triúr comhalta Boird neamhspleách agus comhalta seachtrach amháin.

- Brian McEnery (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Eilish Finan (Comhalta Boird)
- Steven Seelig (Comhalta Boird)
- Jim Kelly (Comhalta seachtrach, ceaptha 12 Eanáir 2011)

Is iar-oifigeach sinsearach leis na Coimisinéirí Ioncaim é an tUas. Jim Kelly. Bhí sé ina chomhalta Boird de chuid Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) agus bhí sé ina Rúnaí don Choimisiún Cánachais 2008-2009.

D'éirigh an tUas. Peter Stewart as mar chomhalta Boird agus comhalta an Choiste Iniúcháireachta ar an 10ú Deireadh Fómhair 2011.

Chinn an Bord gurb iad Brian McEnery agus Eilish Finan saeolaithe airgeadais an Choiste agus gurb é an Dr. Steven Seelig saeolaí riosca an Choiste.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huairé déag le linn 2011.

Cabhraíonn an Coiste Iniúcháireachta leis an mBord chun a chuid freagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh sna feidhmeanna seo a leanas:

- sláine an phróisis tuairiscithe airgeadais
- neamhspleáchas agus sláine na bpróiseas iniúcháireachta seachtracha agus inmheánacha
- éifeachtacht chórais bhainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh an GNBS
- na próisis atá ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht na soláthraithe seirbhíse iasachta dá n-oibleagáidí conarthachta leis an GNBS
- géilliúlacht le riachtanais ábhartha dlí, rialála agus cánachais an GNBS
- socruithe tuairiscithe de mheon macánta le haghaidh fhostaithe an GNBS chun ábhair imní a chur in iúl, faoi rún, maidir le héagóir fhéideartha i dtuairisciú airgeadais nó cúrsaí eile agus deimhin a dhéanamh de go ndéantar foráil d'imscrúdú comhréireach agus neamhspleách agus gníomh leantach sna socruithe sin

Tá ról agus freagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta leagtha amach ina théarmaí tagartha scríofa. Seo a leanas mar a chomhlíontar freagrachtaí an Choiste.

1. Tuairisciú airgeadais agus bainistíochta

Déanann an Coiste athbhreithniú ar an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais, chomh maith le haon fógraí foirmiúla maidir leis na ráitis airgeadais sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird iad. Díríonn an t-athbhreithniú go háirithe ar aon athruithe i gcleachtais agus i mbeartais chuntasaíochta, ar mór-réimsí

daorbhreithiúnacha agus géilliúlacht le riachtanais dhlíthiúla (lena n-áirítear aon riachtanais faoin Acht) agus riachtanais rialála.

2. Iniúchadh seachtrach

Is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste an t-iniúcháir seachtrach ainmnithe faoin Acht. Níor chuir sé aon seirbhísí neamh-iniúchta ar fáil le linn 2011. Déanann an Coiste athbhreithniú ar an bplean iniúchta sheachtraigh roimh an iniúchadh agus buaileann sé leis an iniúcháir seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí a iniúchta ar na ráitis airgeadais.

3. Iniúchadh inmheánach

Faigheann an Coiste tuarascálacha rialta ó na hiniúcháirí inmheánacha, ón Ceannaire Iniúcháireachta agus Riosca agus ón Ceannaire Rialaithe an GBCN. Áirítear leo sin achoimrí ar phríomhthorthaí gach iniúchta sa thréimhse agus an clár oibre atá beartaithe. Ar bhonn leanúnach, cinntíonn an Coiste go bhfuil acmhainní imleora ann do na gníomhaíochtaí sin agus go bhfuil seasamh iomchuí acu laistigh den GNBS. Cinntíonn an Coiste comhordú idir na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha freisin.

4. Rialuithe inmheánacha

Déanann an Coiste measúnú bliantúil, ar son an Bhoird, ar fheidhmiú chóras rialaithe inmheánaigh an GNBS. Déanann an Coiste athbhreithniú ar thorthaí an mheasúnaithe sin agus tuairiscítear chuig an mBord iad.

5. Monatóireacht ar sholáthraithe seirbhísí iasachta

Faigheann an Coiste nuashonruithe rialta faoi fheidhmíocht na soláthraithe seirbhíse sin, agus déantar iad a thagarmharcáil i gcoinne spriocanna comhaontaithe.

D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach, don Cheannaire Iniúcháireachta agus Riosca, d'Fheidhmeannaigh eile an GNBS agus d'ionadaithe na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha freastal ar chuid de chruinniú ar bith nó ar an gcruinniú go léir. Buaileann an Coiste leis an iniúcháir seachtrach, leis na hiniúcháirí inmheánacha, leis an gCeannaire Iniúcháireachta agus Riosca, le Ceannaire Rialaithe an GBCN agus le hOifigeach Géilliúlachta an GBCN ar leithligh gach bliain chomh maith, gan lucht bainistíochta Feidhmiúcháin a bheith i láthair. Tá rochtain dhíreach, gan teorainn, ag gach duine díobh sin ar Chathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta chomh maith.

Brian McEnery
Cathaoirleach

AN COISTE CREIDMHEASA

In Alt 32 den Acht iarrtar ar an mBord, atá freagrach ar deireadh as riosca creidmheasa an GNBS, Coiste Creidmheasa a bhunú a fheidhmeoidh faoina údarás tarmligthe. Feidhmíonn an Coiste Creidmheasa de réir Théarmaí Tagartha atá faofa ag an mBord de réir mar a éilítear faoi alt 32(6) den Acht.

I gcomhréir leis an mbeartas creidmheasa atá faofa ag an mBord, agus faoi réir teorainneacha punainne comhaontaithe, is é an Coiste Creidmheasa an t-údarás cinnteoireachta atá freagrach as iarratais ar chreidmheas a fhaomhadh nó a dhiúltú, atá faoi bhun an leibhéil is gá le haghaidh fhaomhadh an Bhoird, ach a sháraíonn an t-údarás faofa creidmheasa arna tharmligean do Príomhfheidhmeannach an GNBS ag an mBord. Ní mór don Choiste feidhmiú ar bhealach meabhraithe agus tráthúil chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach i leith creidmheasa maidir le fiacha faighte ag beagnach 800 ceangal féichiúnaí.

Cuimsítear na daoine seo a leanas ar an gCoiste Creidmheasa:

- Willie Soffe (Cathaoirleach, Comhalta Boid)
- Brian McEnery (Comhalta Boid)
- Brendan McDonagh (Príomhfheidhmeannach, GNBS agus Comhalta Boid)
- John Mulcahy (Ceannaire um Bainistíocht Sócmhainní agus Comhalta Boid)
- Aileen O'Reilly (Ceannaire Dlí)
- Ronnie Hanna (Ceannaire um Aisghabháil Sócmhainní)
- Michael Moriarty (Leascheannaire um Aisghabháil Sócmhainní)

D'éirigh an tUas. Michael Connolly agus an tUas. Peter Stewart as a bheith ar an gCoiste le linn 2011 agus tháinig an tUas. Willie Soffe mar Chathaoirleach agus an tUas. Brian McEnery mar chomhalta Coiste ina n-ionad.

Sainmhínítear **iarratas ar chreidmheas** go forleathan mar imeacht ar bith lena n-athraítear go hábhartha próifíl riosca bhunúsaigh neamhchosanta nó féichiúnaí. Áirítear leis sin pleananna gnó féichiúnaithe, iarratais ar chreidmheas breise, athstruchtúrú nó comhréiteach oibleagáidí iasachta, faomhadh le haghaidh díolachán maoine, iarratais ar mhaoiniú díoltóra nó ar mhaoiniú le haghaidh tionscadal comhfhiointair, cinntí maidir le ráthaíochtaí pearsanta agus faomhadh gníomhaíochtaí forfheidhmithe, lena n-áirítear glacadóireacht, athshealbhú agus gníomhaíochtaí eile dá leithéidí.

Áirítear i measc bpríomhfheagrachtaí an Choiste:

1. Beidh measúnú a dhéanamh ar iarratais ar chreidmheas lasmuigh d'údarás tarmligthe an Phríomhfheidhmeannaigh. Is féidir iad sin a fhaomhadh / a dhiúltú / a leasú de réir mar is cuí. I gcás ina bhfuil leibhéal an riosca níos mó ná údarás an Choiste, déantar iarratas ar chreidmheas a tharchur, le moladh ón gCoiste Creidmheasa, chuig an mBord le haghaidh cinnidh.

2. Beartais Chreidmheasa agus Earnálacha mholta a fhorbairt agus a mheasúnú le haghaidh bhreathnú / fhaomhadh an Bhoird.
3. Príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, beartais agus straitéisí a bhunú lena bhféadfaí feidhmíocht na punainne ina hiomláine a mheasúnú agus a athshainiú de réir mar is cuí ar bhonn tréimhsiúil agus a thorthaí a thuairisciú don Bhord.

Bhuail an Coiste le chéile ar 57 ócáid in 2011. Tagann siad le chéile ar bhonn seachtainiúil de ghnáth ach buaileann siad níos minice nuair is gá. De bharr a nádúir, tá ról criticiúil ag an gCoiste i gcomhairle a thabhairt don Bhord maidir le beartas creidmheasa an GNBS a bhunú agus i gcinntiú go bhfuil an chinnteoireacht maidir le bainistíocht féichiúnaithe comhsheasmhach le beartas foriomlán an Bhoird.

Seo a leanas mar a bhí príomhghníomhaíochtaí an choiste in 2011:

1. A chinntiú go bhfuil na córais atá ar bun chun plé le hiaratais ar chreidmheas chuig an gCoiste agus chuig an mBord éifeachtach, éifeachtúil agus iomchuí.
2. Athbhreithniú ar 30 Mórphlean Gnó Feichiúnaí (sa bhreis ar na 30 plean a ndearnadh athbhreithniú orthu in 2010) agus athbhreithniú ar na cinntí uile maidir le Pleananna Gnó a rinneadh ar leibhéal údarais níos ísle.
3. Measúnú, moladh agus faomhadh a dhéanamh i leith breis agus 350 iarratas ar leith ar chreidmheas, ó na cinntí bainistíochta sócmhainne bunúsacha go dtí cúrsaí casta a bhain le gníomhaíochtaí plean gnó féichiúnaí, amhail maoiniú leantach sócmhainní forbartha.
4. Cinntí a dhéanamh maidir le forfheidhmithe agus comhaontuithe Plean Gnó.
5. Beartais chreidmheasa agus faisnéis bainistíochta ghaolmhar a fhorbairt agus a fheabhsú.

Meastar go mbeidh 2012 ina bliain dhúshlánach eile don Choiste Creidmheasa de réir mar a leanann an GNBS uirthi ag feidhmiú i dtimpeallacht eacnamaíoch dheacair in Éirinn agus ionchas neamhchinnte san RA. Tá thart ar 92 faoin gcéad de shócmhainní an GNBS, bunaithe ar luach éadála, suite sa dá dlínse sin. Tá leachtacht agus infhaighteacht an mhaoinithe bhainc fós gann agus tá na cinntí creidmheasa arna gcur faoi bhráid an Choiste Creidmheasa ag éirí níos deacra i gcónaí. Toisc go bhfuil ar an GNBS dearcadh tráchtála ach stuama a ghlacadh fad is a choinníonn sí na caighdeáin is airde oibiachtúlachta agus ionracais, déantar gach togra a mheasúnú go dian agus déantar na roghanna éagsúla a bhreithniú go hiomlán. Aithníonn an Coiste go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag a chuid cinntí ar na sócmhainní agus na féichiúnaithe lena mbaineann ach tá sé meáite tacú le tionscadail a thugann breisluach d'fhonn gníomhaíocht agus fostaíocht a spreagadh agus chun an toradh don cháiníocóir Éireannach a uasmhéadú.

Willie Soffe
Cathaoirleach

AN COISTE BAINISTÍOCHTA RIOSCA

Bainistíonn an GNBS na rioscaí a bhaineann le himeachtaí, a mbeadh caillteanais airgeadais i gceist dá dtoradh, nó mainneachtain ag an GNBS chun a cuid oibleagáidí a bhaint amach de réir mar atá leagtha amach ina Plean Straitéiseach agus san Acht. D'aithin an GNBS catagóirí riosca agus tá próisis láidre ar bun aici chun na rioscaí sin a bhainistiú. Aithnítear na catagóirí sin i mBeartas Riosca Fiontair an GNBS agus áirítear na rioscaí seo a leanas leo: riosca clúimheasa agus polaitiúil, riosca oibriúcháin, riosca creidmheasa, riosca cláir chomhardaithe (lena n-áirítear rátaí úis, rátaí malairte agus fachtóirí eile a thagann le chéile le dul i gcion ar phraghas sócmhainní agus dliteanas ar an gclár comhardaithe), riosca leachtachta, riosca coireachta airgeadais agus riosca rialála, riosca straitéiseach, riosca teicneolaíochta faisnéise, riosca dlí agus cánachais, riosca acmhainní daonna, riosca slándála agus maicreacnamaíochta agus riosca maoine. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca an GNBS maoirseacht ar phróiseas lamháltais riosca, bainistíochta riosca agus measúnaithe riosca an GNBS, lena chinntiú go gclóíonn gach gné den chreat bainistíochta riosca leis na teorainneacha riosca faofa le haghaidh gach catagóire riosca mar atá bunaithe ag Bord an GNBS.

Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú agus maoirseacht ar phleananna na Foirne Feidhmiúcháin chun rioscaí ábhartha atá os comhair an GNBS a aithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus a mhaolú ar bhonn uile-fhiontair. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca maoirseacht ar fhorfheidhmiú agus athbhreithniú creata bainistíochta Riosca Fiontair agus sásaíonn sé é féin go bhfuil gníomhaíochtaí iomchuí á nglacadh sa chás go ndéantar aon ábhair imní shuntasacha a aithint. Deimhníonn an Coiste Bainistíochta Riosca go soláthraíonn samhail eagrúcháin agus rialachais um bainistíochta riosca an GNBS leibhéal iomchuí neamhspleáchais agus dúshláin.

Cuimsítear na daoine seo a leanas ar an gCoiste Bainistíochta Riosca:

- Steven Seelig (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Brendan McDonagh (Príomhfheidhmeannach, an GNBS agus Comhalta Boird)
- John Corrigan (Príomhfheidhmeannach, an GBCN agus Comhalta Boird)
- Ronnie Hanna (Ceannaire um Aisghabháil Sócmhainní)
- Dave McEvoy (Ceannaire an Chisteáin)
- John Mulcahy (Ceannaire um Bainistíocht Sócmhainní agus Comhalta Boird)
- Aileen O'Reilly (Ceannaire Dlí)
- Seán Ó Faoláin (Ceannaire na Straitéise agus Cumarsáide)
- Donal Rooney (Príomhoifigeach Airgeadais)
- David Johnson (Ceannaire Iniúcháireachta agus Riosca)

Tháinig an Coiste le chéile ocht n-uair le linn 2011.

Seo a leanas mar a bhí príomhghníomhaíochtaí an Choiste in 2011:

1. Rinne Coiste Bainistíochta Riosca an GNBS maoirseacht ar athrú na heagraíochta ó mhód tosaithe in 2010 go ceann, in 2011, inar laghdaíodh éiginnteachtaí maidir leis na rioscaí a bhaineann le comhdhéanamh chlár comhardaithe agus shamhail oibriúcháin an GNBS trí fheabhsuithe i gcáilíocht sonraí agus i riosca a thomhas agus a thuairisciú. I gcéim tosaigh na heagraíochta, bhí an Coiste dírithe ar leordhóthanacht phleananna an lucht bainistíochta a chinntiú maidir le riosca a aithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a mhaolú trí chreat riosca buan a bhunú. In 2011, cuimsíodh i raon feidhme obair an Choiste scrúdú níos mionsonraithe ar nádúr phróifíl riosca an GNBS agus dúshlán um rioscaí a bhainistiú ar measadh go raibh siad ar an teorainn lamháltais a bhí leagtha síos ag Bord an GNBS, nó os a chionn. De thoradh air sin, rinne an Coiste moltaí don Bhord áit ina raibh gá le hathruithe ar bheartas, tomhas, teorainneacha riosca nó straitéis bainistíochta riosca chun an riosca a laghdú go dtí leibhéal inghlactha. Tacaíodh leis an gCoiste san iarracht sin ag feidhm Creidmheasa agus Riosca an GNBS lena cinntíodh gur tuairiscíodh na rioscaí ábhartha agus éiritheacha agus imeachtaí riosca chuig an gCoiste agus go ndearna sé iad a bhreithniú.
2. D'éirigh comhdhéanamh deiridh chlár chomhardaithe an GNBS (agus dá bhrí sin nádúr na próifíle riosca) níos soiléire in 2011 toisc go raibh an próiseas éadála iasachta agus díchill chuif beagnach curtha i gcrích agus de thoradh feabhsuithe i gcáilíocht agus comhsheasmhacht na faisnéise punainne arna soláthar ag na hInstitiúidí Rannpháirteacha agus arna comhdhlúthú ar son an GNBS ag an Máistir-Sheirbhíseoir. Rinne an Coiste athbhreithniú rialta ar chomhpháirteanna éagsúla riosca an chlár chomhardaithe agus na modhanna ina ndearnadh na rioscaí sin a thomhas agus a thuairisciú. Mhol an Coiste don Bhord go nglacfaí straitéisí fálaite chun riosca ráta úis, riosca malairte eachtraí agus riosca tar-rollta a laghdú. Molann an Coiste tograí don Bhord maidir le díghiaráil phunann an GNBS trí bhannaí an GNBS a fhuascailt i gcomhthéacs na riosca leachtachta a bhaineann le maolán airgid thirim imleor a choinneáil le haghaidh oibríochtaí leantacha le linn tréimhse de neamhchinnteacht maicreacnamaíochta shuntasach in Éirinn agus san Eoraip. Mhol an Coiste athruithe ar bheartais reatha agus beartais nua don Bhord ina léirítear athruithe i bpróifíl riosca an GNBS mar thoradh ar phróisis nua, tionscnaimh nó mar fhreagairt ar imeachtaí seachtracha a théann i gcion ar an GNBS agus ar bhaint amach a cuspóirí.

3. Tá rioscaí oibriúcháin ina gcuid bhunúsach d'fheidhmiú an GNBS agus dhírigh an Coiste Bainistíochta Riosca ar athbhreithniú rialta ar na Cláir Riosca Feidhmiúla a ndearnadh nuashonrú leanúnach orthu le linn 2011. Rinne an Coiste Bainistíochta Riosca raon feidhme an Chláir Riosca a shíneadh chun an Máistir-Sholáthraí Seirbhíse agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha a chur san áireamh chun léiriú a sholáthar ar thionchar agus dóchúlacht imeachtaí riosca lasmuigh den GNBS a d'fhéadfadh dul i gcion ar bhaint amach chuspóirí an GNBS. Rinne an Coiste an timpeallacht rialaithe a threisiú trí iarraidh go gcuirfear ainm leis nuair atá sé beartaithe rialú a thástáil i ráithe. Rinne an Coiste rioscaí a aicmíodh mar rioscaí arda nó rioscaí suntasacha a bhí ag teacht chun cinn a scrúdú go grinn chun deimhniú a sholáthar go ndearna an lucht bainistíochta freagairt iomchuí i leith an riosca i bhfianaise lamháltas riosca an GNBS. Le linn 2011 rinne an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú ar na príomhrioscaí straitéiseacha mar a d'aithin an Lucht Bainistíochta Feidhmiúcháin agus chuir siad iad i gcomparáid le dearcadh ó bhun aníos na próifíle riosca arna coinneáil ag an ngrúpa oibre riosca. Rinneadh pleananna gníomhaíochta rialaithe a athbhreithniú le haghaidh gach riosca a aithníodh lena chinntiú go raibh na rioscaí a bhí fágtha laistigh de lamháltas riosca faofa an GNBS. Leanann an grúpa oibre riosca air ag soláthar fóraim chun aird a tharraingt ar rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn agus cuireann sé feasacht ar chleachtais agus beartais bhainistíochta riosca ar fud an GNBS chun cinn.

Steven Seelig
Cathaoirleach

AN COISTE AIRGEADAIS AGUS FEIDHMIÚCHÁIN

Cuimsíonn an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin beirt chomhaltaí Boird neamh-fheidhmiúcháin agus cúigear feidhmeannach sinsearach an GNBS (lena n-áirítear Príomhfheidhmeannach an GNBS).

Cuimsítear ann na comhaltaí seo a leanas faoi láthair:

- Eilish Finan (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Willie Soffe (Comhalta Boird)
- Brendan McDonagh (Príomhfheidhmeannach, an GNBS agus Comhalta Boird)
- Dave McEvoy (Ceannaire an Chisteáin)
- Michael Moriarty (Leascheannaire um Aisghabháil Sócmhainní)
- Seán Ó Faoláin (Ceannaire na Straitéise agus Cumarsáide)
- Donal Rooney (Príomhoifigeach Airgeadais)

D'fhreastail Brendan Murphy (Stiúrthóir Airgeadais, Teicneolaíochta agus Riosca an GBCN) mar chomhalta freisin le linn 2011.

Chinn an Bord gurb í Eilish Finan saineolaí airgeadais an Choiste.

Tháinig an Coiste le chéile trí huaire déag le linn 2011.

Is é cuspóir an Choiste Airgeadais agus Oibriúcháin cabhrú leis an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar bhainistiú airgeadais agus oibriúcháin an GNBS agus ar a chuid tuairiscithe bhuiséadaigh agus bainistíochta. Déanann sé maoirseacht freisin ar an bpróiseas soláthair agus ar roinnt príomhsholáthraithe seirbhíse.

Tá a chuid freagrachtaí leagtha amach ina théarmaí tagartha scríofa agus áirítear ann:

- An tuairisciú airgeadais agus bainistíochta uile (seachas Tuarascáil Bhliantúil an GNBS, atá mar fhreagracht an Choiste Iniúcháireachta)
- Forbairt agus forfheidhmiú príomhbheartas cuntasaíochta
- Tuairisciú ráithiúil don Aire Airgeadais agus don Oireachtais
- Cuntais bainistíochta rialta a ullmhú
- Buiséid bhliantúla agus réamh-mheastacháin eile a ullmhú (lena n-áirítear plean gnó fadtéarmach an GNBS)
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht iarmhír i gcoinne an bhuiséid, lena n-áirítear réadú sreafaí airgid ó phunann iasachta an fhéichiúnaí
- Mórchaiteachas caipitil a mholadh
- Soláthar a bhainistiú
- Maoirseacht ar sholáthraithe seirbhíse (seachas iad siúd a bhfuil a maoirseacht forchoimeáda go sonrach do chomhaltaí eile an Bhoird)

- Athbhreithniú ar na héilimh ar an GNBS de réir mar a chuir an Fhoireann Feidhmiúcháin ar aghaidh iad agus aon riachtanais acmhainne bhreise is gá a mholadh i bhfianaise na n-éileamh réamhaisnéise sin

Tuairiscíonn an Cathaoirleach go foirmiúil don Bhord, ar bhonn ráithiúil, ar phríomhghnéithe imeachtaí an Choiste.

I measc na sainréimsí a dhírigh an Coiste orthu le linn 2011 bhí:

1. Na príomhbhreithiúnais agus príomhbheartais chuntasaíochta criticiúla, lena n-áirítear forálacha le haghaidh lagaithe iasachta.
2. Cur i gcrích na bpleananna gnó féichiúnaí agus an dul chun cinn a baineadh amach maidir le hairgead tirim a réadú ó dhíolacháin sócmhainne agus iasachta bhunúsacha.
3. Forbairt leanúnach agus rolladh amach réitigh an Chórais Bhainistíochta Punainne (PMS) agus an Chórais Bhainistíochta Doiciméid (DMS), a dearadh chun riachtanais bhainistíochta doiciméid agus tuairiscithe bainistíochta fhadtéarmaigh an GNBS a chomhlíonadh.
4. Feidhmíocht leanúnach Institiúidí Rannpháirteacha agus an Mháistir-Sheirbhíseora don GNBS. Le linn 2011 áiríodh leis sin breathnú ar na himpleachtaí don GNBS de thoradh chumaisc IBRC agus INBS agus AIB agus EBS faoi seach

Eilish Finan
Cathaoirleach

COISTE COMHAIRLEACH THUAISCEART ÉIREANN

Déanann an tAcht foráil le haghaidh bunú coistí comhairleacha agus, ar mholadh an Aire Airgeadais, bhunaigh an GNBS Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann. An cuspóir atá aige ná comhairle a chur ar an mBord i ndáil leis an straitéis le haghaidh sócmhainní Thuaisceart Éireann.

Cuimsítear na daoine seo a leanas ar Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann:

- Frank Daly (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Brian McEnery (Comhalta Boird)
- Eilish Finan (Comhalta Boird)
- Willie Soffe (Comhalta Boird)
- Ronnie Hanna (Ceannaire um Aisghabháil Sócmhainní)
- Frank Cushnahan (Comhalta seachtrach)
- Brian Rowntree (Comhalta seachtrach)

Tá roinnt post neamhfheidhmiúcháin ina sheilbh ag an **Uas.**

Cushnahan faoi láthair san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon. Sna poist aige roimhe seo, áirítear Cathaoirleach ar Choimisinéirí Cuain Bhéal Feirste, Cathaoirleach Roinn Airgeadais agus Aonad Soláthair Pearsanra Thuaisceart Éireann, Cathaoirleach Choiste Iniúcháireachta an Chéad agus an Leas-Chéad Aire agus comhalta Boird neamhfheidhmiúcháin d'Oifig an Chéad agus an Leas-Chéad Aire.

Ceapadh an **tUas. Rowntree** ina Chathaoirleach ar Fheidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann i mBealtaine 2004. Bhí roinnt post poiblí aige roimhe seo mar Chathaoirleach agus Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin i gCeartas Coiriúil, Sláinte agus Breisoideachas agus bhí sé ina Chathaoirleach ar agus páirteach i réimse leathan fóram i dTuaisceart Éireann agus ar bhonn trasteorann. Tá an tUas. Rowntree páirteach anois chomh maith i mBord Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

Is é cuspóir Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann (NIAC) ná comhairle a chur ar Bhord an GNBS maidir le straitéis le haghaidh na sócmhainní i dTuaisceart Éireann. Bhuaile an Coiste le chéile cúig huaire i rith 2011 agus eagraíodh sraith teagmhálacha gaolmhara agus idirghníomhaíochta le páirtithe leasmhara chomh maith. Ar fud a ghníomhaíochta go léir, d'aithin an Coiste an gá a bhí le míniú a thabhairt ar an gcaoi a mbainistítear sócmhainní Thuaisceart Éireann i gcomhréir leis an gcuid eile de phunann an GNBS, chomh maith lena aithint go bhfuil dúshlán ar leith roimh an ngeilleagar ansin.

Tharla an chuid is mó de na cruinnithe Coiste go háitiúil i mBéal Feirste ar mhaithe le héisteacht le agus plé a dhéanamh ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara go pearsanta. Lean ionchur Comhaltaí Seachtracha an Choiste, Frank Cushnahan agus Brian Rowntree, d'eolas agus saineolas uathúil áitiúil a sholáthar chun obair an GNBS a threorú i dTuaisceart Éireann. Tar éis do Peter Stewart éirí as Bord an

GNBS ar 10 Deireadh Fómhair 2011, cheap Bord an GNBS Cathaoirleach an Bhoird, Frank Daly, mar Chathaoirleach an NIAC, le héifeacht ó 13 Deireadh Fómhair 2011. Thairfead an Coiste a mbuíochas don Uas. Stewart, fear a bhí ina Chathaoirleach ar an gCoiste ó bunaíodh é i mBealtaine 2010.

Faoi dheireadh 2011, bhí an chuid is mó de na hiasachtaí i bpunann Thuaisceart Éireann measúnaithe trí phróiseas an Phlean Gnó Féichiúnaí ar mhaithe le soiléireacht agus cinnteacht a chur san áireamh i mbainistiú na mbunsócmhainní, lena n-áirítear an líon beag cásanna nuair a bhí ar an GNBS forfheidhmiú a dhéanamh go drogallach. Ar chúiseanna éagsúla - diúscairt leanúnach sócmhainní, aisíocaíochtaí iasachtaí agus cinntí Boird gan iasachtaí áirithe a fháil - tá méid deiridh na punainne i dTuaisceart Éireann níos lú ná mar a samhlaíodh ar dtús. Bhí teagmháil mhéadaithe ag an gCoiste i dTuaisceart Éireann i gceist i 2011 agus chuimsigh sé seo rannpháirtíocht in ócáidí a bhí eagraithe ag Comhlachas Tráchtála Thuaisceart Éireann, Tionól agus Iontaobhas Gnó Thuaisceart Éireann, agus i roinnt clár agus agallamh sna meáin chumarsáide. Mar bhuai na gníomhaíochta teagmhála, tá dea-chaidreamh oibre le Feidhmeannas agus Tionól Thuaisceart Éireann, fad is a bhuaile comhlachtaí den Choiste le hAire agus le hionadaithe tofa go rialta.

Agus é ag aithint na rannpháirtíochta níos leithne is féidir leis an GNBS a dhéanamh chun réitigh a bhaint amach do Thuaisceart Éireann, tá ag Coiste ag gearáil rannpháirtíochta chomh maith ar fud na n-earnálacha poiblí agus sóisialta, lena n-áirítear Feidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann. Sampla eile de seo ná an comhoibriú le hOllscoil Uladh ar thionscnaimh taighde, le tacú le tuiscint níos fearr ar dhinimic soláthair agus éilimh na talún ar fud an réigiúin, agus ar inacmhainneacht tithíochta agus bacainní ar pháirt a ghlacadh sa mhargadh tithíochta. Leanann an Coiste d'athbhreithniú a dhéanamh ar na deiseanna go léir chun réitigh chruthaitheacha agus nuálaíocha a bhaint amach maidir le punann an GNBS agus é mar ionchas go gcuirfidh sé seo tairbhí ar fáil do na pobail ar fud Thuaisceart Éireann chomh maith.

Tá sé mar shainordú ag an GNBS uasmhéadú a dhéanamh ar aisghabháil ó na hiasachtaí go léir, beag beann ar dhlínse na bunmhaoine. Ar mhaithe leis an gcuspóir seo, glacann an GNBS le cur chuige ar bhealach tráchtála i ngach ceann de na dlínsí ina n-oibríonn sí, fad is a aithnítear na difreálaigh ar leith a bhaineann le gach ceantar. Tá sí feasach ach go háirithe ar na dúshláin ar leith atá roimh Thuaisceart Éireann agus cuirtear le cur chuige Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann i gcomhairle a chur ar Bhord an GNBS le teagmháil chuimsitheach, agus le léargas agus saineolas áitiúil. Déanann an GNBS a cuid oibre i gcomhréir le sraith treoirphrionsabal, lena n-áirítear cur chuige níos fadtéarmaí a bheith i gceist agus díolacháin phráinne a sheachaint agus tá an cur chuige seo le feiceáil go leanúnach go dtí seo san obair atá déanta i dTuaisceart Éireann.

Frank Daly, Cathaoirleach

AN COISTE COMHAIRLEACH PLEANÁLA

Is é cuspóir an Choiste ná comhairle a chur ar an mBord ar phleanáil, talamh agus cúrsaí bainteacha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar luacháil agus réadú na sócmhainní atá ag an GNBS agus tionchar ar bhaint amach cuspóir agus feidhmeanna an GNBS dá bharr, mar atá leagtha amach in Ailt 10 agus 11 den Acht.

D'fhéadfadh an Coiste moltaí a dhéanamh don Bhord i ndáil le cuspóir an GNBS maidir le straitéisí, treoirlínte agus pleananna reachtúla faofa agus a dtionchar siúd ar shócmhainní an GNBS.

Cuimsítear na daoine seo a leanas ar an gCoiste Comhairleach Pleanála:

- Willie Soffe (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Brendan McDonagh (Príomhfheidhmeannach, an GNBS agus Comhalta Boird)
- Michael Connolly (Comhalta Boird, d'éirigh as Samhain 2011)
- John Mulcahy (Ceannaire um Bainistíocht Sócmhainní agus Comhalta Boird)
- Michael Wall (Comhalta Seachtrach)
- Alice Charles (Comhalta Seachtrach)

Is ailtire agus abhcóide é an **tUas. Wall**, chomh maith le bheith ina iar-Chomhalta Boird de chuid An Bord Pleanála.

Tá cuid mhaith taithí pleanála ag an **Alice Charles Uasal** agus is ball í den Institiúid Ríoga Pleanála Baile agus d'Institiúid Pleanála na hÉireann.

Bhuail an Coiste le chéile cúig huaire i rith 2011.

Seo a leanas mar a bhí príomhghníomhaíochtaí an Choiste in 2011: -

1. Páirt a ghlacadh i bplé le Ranna Rialtais agus le comhlachtaí reachtúla eile chun cinneadh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr chun ról an GNBS a chur i gcomhréir le cuspóirí beartais phoiblí eile.
2. Forbairt an Chórais Náisiúnta um Fhaisnéis Pleanála a chur chun cinn.
3. Ionchur a sholáthar ó dhearcadh pleanála do straitéisí agus do bhainistíocht phunann na Gníomhaireachta.
4. Comhairle a chur ar Comhairleoir Pleanála agus Forbartha nua-cheaptha GNBS ar scóip agus tosaíochtaí a chuid oibre.

Lean an Coiste de bheith ag obair go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun an Córas Náisiúnta um Fhaisnéis Pleanála a chur chun cinn, tionscadal a tosaíodh i rith 2010. Cuimsíonn an córas GIS um fhaisnéis pleanála atá bunaithe ar bhrabhsálaí ar an Idirlíon sonraí spásúla pleanála náisiúnta, lena n-áirítear criosú, forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe, fáil ar thalamh tithíochta agus ceantair forbraíochta. Mar chuid den tasc seo, tá obair treoraithe ag an gCoiste chun uirlis a fhorbairt le ligean do shraith ordaithe eolais a bheith uaslódáilte chuig an gcóras, le cabhrú le cinnteoireacht laistigh den Gníomhaireacht ar cheisteanna a bhaineann le pleanáil.

Lean an Coiste chomh maith de rannpháirtíocht an GNBS a threorú sa **Sainghrúpa Comhairleach ar Fhorbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe**, rud a bunaíodh chun comhairle a chur ar an Aire Stáit um Thithíocht agus Pleanáil ar ghníomhartha, chun bainistíocht éifeachtach na bhforbairtí seo a chinntiú. Tá gníomh feabhsúcháin ar cheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta in eastáit neamhchríochnaithe Chatagóir 4 ag dul ar aghaidh go suntasach agus tá iarrachtaí á ndíriú ar cheisteanna comhchosúla a réiteach in eastáit Chatagóir 3 aitheanta le haghaidh airde.

Tá cumarsáid ar siúl go leanúnach le Ranna Rialtais, institiúidí oideachais, údaráis tithíochta agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte d'fhonn riachtanais na gcomhlachtaí seo a chur i gcomhréir le réadmhaoin atá ceangailte leis an GNBS. Chuir an Coiste comhairle ar fáil ar aithint na sócmhainní sin a d'fhéadfadh a riachtanais a shásamh. Tá dul chun cinn suntasach déanta le hionchur ón gCoiste chun tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar do na húdaráis áitiúla agus do chumainn tithíochta deonacha. Aithníodh liostaí réadmhaoine a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach dá mbreithniú.

Bhí an Coiste ag obair leis an gComhairleoir Pleanála agus Forbartha chun comhairle a sholáthar ó dhearcadh pleanála, ar straitéisí sócmhainní de réir mar a fhorbraítear agus a athbhreithnítear iad. Tá comhairle curtha ar fáil ag an gCoiste chomh maith ar cheisteanna suntasacha pleanála eile, mar shampla ranníocaíochtaí forbartha, dlús agus riachtanais bonneagair. Tá comhairliúchán le húdaráis pleanála agus comhlachtaí eile atá páirteach sa chóras pleanála agus forbartha mar chuid d'obair leanúnach an Choiste.

Willie Soffe
Cathaoirleach

Nochtadh agus Freagracht

RIACHTANAIS NOCHTA AR CHOMHALTAÍ BOIRD

Déanann Ailt 30-31 den Acht cur síos ar na ceanglais atá ar chomhaltaí an Bhoird i dtéarmaí nochtadh leasa.

Leagann Alt 30 dualgas ar chomhaltaí an Bhoird nádúr leasa airgid nó leasa thairbhígh ar bith eile a d'fhéadfadh a bheith acu i gceist ar bith atá á breithniú ag an mBord a nochtadh do chomhaltaí eile an Bhoird. Ní mór do chomhaltaí Boird a bheith as láthair ó chruinniú Boird nuair atá an cheist á breithniú agus níl cead acu a bheith páirteach i vótáil ar bith a dhéanfaí ar an gceist.

Leagann Alt 31 den Acht oibleagáid ar gach comhalta Boird an GNBS agus gach stiúrthóir d'aonán de ghrúpa an GNBS fógra a thabhairt don GNBS go bliantúil ar a leas incláraithe go léir de réir chiall an Achta um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995.

FOIREANN SANNTA DON GNBS

Tá an fhoireann a shanntar don GNBS faoi réir Cód Cleachtais agus Iompair Ghairmiúil a chuireann oibleagáidí orthu maidir leis an nithe seo a leanas:

- Oibleagáidí dlíthiúla agus eiticiúla rúndachta, lena n-áirítear Alt 202 den Acht agus an tAcht um Rúin Oifigiúla, 1963.
- Ní mór dóibh cloí le forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 chomh maith, lena n-áirítear forálacha maidir le próiseáil agus láimhseáil sonraí pearsanta.
- Tá siad faoi réir forálacha reachtúla ar leith maidir le coimhlintí leasa. Ní mór do gach fostaí ráiteas leasa, sócmhainní agus dlíteanas a sholáthar do Príomhfheidhmeannach an GNBS agus do Phríomhfheidhmeannach an GBCN sula sanntar don GNBS iad. Chomh maith leis sin, ní mór do shealbhóirí 'post sannaithe' ráiteas bliantúil leasa a chomhdú faoin Acht um Eiticí.
- Níl cead ag foireann an GNBS glacadh le féile ar bith ó dhuine, gnólacht nó aonán dlíthiúil eile ar bith eile lena bhfuil an GNBS ag déileáil.

- Tá rialacha agus cóid chleachtais bunaithe ag an GBCN chomh maith maidir le mí-úsáid margaidh, lena n-áirítear déileáil chos istigh. Tá comhaltaí Boird agus foireann an GNBS faoina réir seo sa chaoi go bhfuil siad faoi réir rialacha agus cóid an GBCN a bhaineann le hidirbhearta cuntais phearsanta.
- Is cion é stocaireacht a dhéanamh ar dhuine de Bhord nó d'fhoireann an GNBS nó ar sholáthraí seirbhíse de chuid an GNBS maidir le cinneadh ar bith a bhaineann le hiasachtóireacht, tosú imeachtaí dlíthiúla, úsáid soláthraí seirbhíse nó comhairleora, ceannach nó díol réadmhaoine nó tairiscint ar bith. Tá duine ar bith atá faoi réir a leithéid de chumarsáid faoi oibleagáid fios a chur ar na Gardaí agus is cion é gan a leithéid a fhógairt.
- Tá gach oifigeach de chuid an GNBS faoi réir Cód Cleachtais atá ceadaithe ag an Aire Airgeadais faoi Alt 35 den Acht.

FREAGRACHT AN GNBS

Ní mór do Bhord an GNBS a fheidhmeanna a chur i gcrích go neamhspleách, ach bíonn sé á threorú go dlúth ag a oibleagáidí faoin Acht agus tá sé faoi réir ardleibhéal cuntasachta poiblí.

1. Tá roinnt cumhachtaí ag an Aire faoin Acht is féidir leis a úsáid maidir leis an GNBS, lena n-áirítear cumhacht treoirlínte (Alt 14) agus treoracha a eisiúint. Tá an tAire tar éis cúig threoir a eisiúint faoi Alt 14 – tá cóipeanna ar fáil ag www.nama.ie/legislation.
2. Sheol an GNBS tuarascálacha ráithiúla chuig an Aire ar a ghníomhaíochtaí, mar atá leagtha amach in Alt 55 den Acht. Cuimsíonn sé seo eolas faoina iasachtaí, a shocruithe maoiniúcháin agus a ioncam/chaiteachas. Cuirtear gach tuarascáil ráithiúil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.
3. Seolann an GNBS cuntais bhliantúla i bhfoirm atá stiúrtha ag an Aire, faoi Alt 54 den Acht. Ní mór go gcuimsíonn na cuntais liosta de na hurrúis féich go léir a eisítear, liosta de na réamhíocaíochtaí go léir a dhéantar ón gCiste Lárnach nó a dhéanann an GNBS agus a aonáin ghrúpa, chomh maith le liosta punanna sócmhainní in éineacht leis an luach leabhar. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais an GNBS agus cuirtear na cuntais iniúchta faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.

4. Chomh maith lena chuntais bhliantúla, tá ceangal ar an GNBS Ráiteas Bliantúil a chur faoi bhráid an Aire, faoi Alt 53, ina leagtar amach a chuspóirí beartaithe maidir le gach bliain, scóip na ngníomhaíochtaí a dhéanfar, a straitéisí agus a bheartais agus a úsáid bheartaithe acmhainní. Cuirtear gach ráiteas bliantúil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.
5. Bíonn an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach i láthair agus tugann siad fianaise cibé am a iarrann an Coiste um Chuntais Phoiblí é. Bíonn an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach os comhair coistí eile den Oireachtas cibé am a iarrtar a leithéid chomh maith.
6. D'fhéadfadh an tAire ceangal a chur ar an GNBS tuairisciú dó ag am ar bith ar ábhar ar bith, lena n-áirítear cur i gcrích a fheidhmeanna nó eolas/staidreamh a bhaineann le feidhmíocht.
7. Tá cóid chleachtais ullmhaithe ag an GNBS chun nithe áirithe a rialú, lena n-áirítear i measc rudaí eile, iompar a oifigeach, caighdeán seirbhísithe le haghaidh sócmhainní faighte bainc, bainistíocht riosca, diúscairt sócmhainní bainc agus an bealach ina gcuirfidh an GNBS leas tráchtála na mbanc nach bhfuil páirteach ann san áireamh. Tá na cóid chleachtais faofa ag an Aire agus tá siad foilsithe ar www.nama.ie/CodesOfPractice.
8. Chomh luath agus is féidir tar éis 31 Nollaig 2012, déanfaidh an tAire agus an tArd-Reachtair Cuntas & Ciste measúnú ar leithligh ar an oiread dul chun cinn atá déanta ag an GNBS i mbaint amach a cuspóirí foriomlána agus cinntidh an tAire cibé an bhfuil gá le leanúint ar aghaidh leis an GNBS. Déanfaidh an tAire athbhreithniú ar an dul chun cinn gach cúig bliana agus déanfaidh an tArd-Reachtair Cuntas & Ciste athbhreithniú gach trí bliana ina dhiaidh sin.

Bainistíocht Riosca

PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS ÉIGINNTEACHTAÍ

Tá an GNBS nochta do réimse leathan rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fheidhmíocht airgeadais agus oibriúcháin na Gníomhaireachta. Tá an Creat Bainistíochta Riosca ceaptha chun rioscaí a aithint, a mheasúnú agus a mhaolú, trí thagairt do na catagóirí seo a leanas i mBeartas Bainistíochta Riosca Fiontraíochta an GNBS:-

1. Riosca Réadmhaoine agus Maicreacnamaíoch

Riosca nach dtiocfadh feabhsú ar thimpeallacht eacnamaíoch agus margaíocht réadmhaoine na hÉireann nó go rachadh an margadh in áiteanna eile in olcas i gcomparáid leis an gcás atá ann faoi láthair.

2. Airgeadas bainc

Riosca go bhféadfadh feabhsú na hearnála baincéireachta a bheith níos moille ná mar atáthar ag súil leis, rud a chiallóidh nach mbeadh creidmheas ar fáil do cheannaitheoirí féideartha shócmhainní an GNBS.

3. Oibriúcháin

Caillteanas mar gheall ar phróisis, rialú, daoine agus córais inmheánacha nó sheachtracha atá neamhleor nó teipthe.

4. Riosca Creidmheasa

Riosca caillteanais trí nochthead do loiceadh contrapháirtí agus féichiúnaithe.

5. Rioscaí Cláir Chomhardaithe

Caillteanas airgeadais mar gheall ar rioscaí margaidh, sé sin athrú ar phraghas sócmhainní agus dliteanas mar thoradh ar ghluaiseachtaí i bhfachtóirí margaidh amhail rátaí úis, rátaí malartaithe, luachanna réadmhaoine agus eilimintí airgeadais eile a thagann le chéile le tionchar a imirt ar phraghas na sócmhainní agus na ndlíteanas ar an gClár Comhardaithe.

6. Riosca Leachtachta

Caillteanas mar gheall ar shreabhadh neamhleor airgid a bheith ar fáil chun oibríochtaí ó lá go lá a mhaoiniú.

7. Comórtas

Rioscaí a thiofadh chun cinn mar gheall ar ghníomhaíochtaí díghiarála agus forfheidhmiúcháin ag na institiúidí rannpháirteacha agus ag bainc nach mbaineann leis an GNBS.

8. Riosca Rialála agus Coire Airgeadais

Riosca go bhfuil cumas an GNBS a ghníomhaíochtaí a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach srianta ag dlíthe agus rialacháin, lena n-áirítear iad siúd in ndlíní eachtracha, nó teip an GNBS cloí lena leithéid de dlíthe agus rialacháin.

9. Straitéiseach

Caillteanas airgeadais nó neamhairgeadais a eascraíonn ó chinntí straitéiseacha míchuí nó neamhfhabhracha, nó éagumas na straitéisí roghnaithe agus pleananna gaolmhara a chur i bhfeidhm go rathúil i gcomhréir le prótacail rialachais an GNBS.

10. Teicneolaíocht na Faisnéise

Rioscaí a bhaineann le cuspóirí agus straitéis TF a mbeadh soláthar mí-éifeachtach córas agus seirbhísí le tacú le hoibríochtaí gnó mar thoradh orthu.

11. Dlí agus Cánachas

Caillteanas airgeadais mar thoradh ar:

- gníomh/easpa gnímh páirtí sheachtraigh,
- do-fhorfheidhmitheacht dhlíthiúil conarthaí agus urrúis,
- breithiúnais dhlíthiúla neamhfhabhracha,
- fíneálacha,
- éilimh féichiúnaithe mar gheall ar nochthead eolais rúnda,
- easpa cloí le rialacháin cánach, nó
- iarmhairtí cánach atá neamhfhabhrach ach inseachanta.

12. Acmhainní Daonna

Teip foireann a mhealladh, a spreagadh agus a choinneáil a bhfuil an taithí agus an saineolas riachtanach acu.

13. Riosca Slándála

Bagairtí ar rúndacht, infhaighteacht agus sláine sonraí.

I gcaitheamh na bliana, rinne an GNBS an t-aistriú ó eagraíocht ina céim bhunaidh go heagraíocht a bhí gar do bheith i staid shocair faoi dheireadh na bliana. Réitíodh éiginnteacht i rith an ama sin maidir leis an rioscaí a bhaineann le comhdhéanamh chlár comhardaithe agus múnla oibriúcháin an GNBS mar thoradh ar cháilíocht sonraí, tomhas agus tuairisciú riosca feabhsaithe. Feabhsaíodh na próisis mheasúnaithe agus bhainistíochta riosca i rith 2011 chun cumhdach iomlán a sholáthar ar an bpróifíl riosca ar fud fheidhmeanna agus ghníomhaíochtaí uile an GNBS agus chuimsigh sé na rioscaí a bhaineann le ghníomhaíochtaí na nInstitiúidí Rannpháirteacha agus an Príomh-Sholáthraí Seirbhíse chomh maith. Neartaíodh an timpeallacht rialaithe tuilleadh trí cheangal a chruthú athbhreithniú rialta feidhmiúil agus síniú ainm a dhéanamh ar chumas an rialaithe atá ann cheana.

Déantar tosaíocht de na rioscaí a aithníonn lucht bainistíochta de réir dóchúlachta agus tionchair agus déanann an Coiste Bainistíochta Riosca agus Bord an GNBS athbhreithniú rialta ar an stádas riosca agus freagra lucht bainistíochta agus na pleananna rialaithe gníomhartha. Tá straitéisí freagartha an GNBS ar gach riosca ceaptha le cinntiú go n-oibríonn an GNBS laistigh den lamháltas sainmhínithe riosca sin, tríd an riosca a sheachaint, an riosca a aistriú trí árachais nó meicníochtaí comhchosúla, laghdú a dhéanamh ar dhóchúlacht agus/nó tionchar an riosca nó glacadh leis an riosca sin. Mhol an Coiste Bainistíochta Riosca don Bhord glacadh le beartais nua nó athruithe ar bheartais atá ann cheana, glacadh le straitéisí fálaíthe chun rioscaí áirithe clár comhardaithe a bhainistiú agus moltaí a dhéanamh le haghaidh dhíghiaráil an chlár comhardaithe, trí fhuascailt bannaí mar fhreagra ar thionchair agus cúinsí athraitheacha inmheánacha agus seachtracha.

Tá próisis láidre riosca ag an GNBS chun riosca a bhaineann lena ghnó a bhainistiú chun an seans de chaillteanas mhóra gan choinne a laghdú agus chun tionchar na gcaillteanas a tharlaíonn i ngnáthchúrsa an ghnó a íoslaghdú.

RÁITIS
COMHDHLÚITE
AIRGEADAIS

An Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

AN CLÁR

An Bord agus faisnéis eile	62
Tuarascáil an Bhoird	63
Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais	64
Tuarascáil an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste	68
Ráiteas ioncaim comhdhlúite	70
Ráiteas comhdhlúite an ioncaim chuimsithigh	71
Ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais	72
Ráiteas na Gníomhaireachta ar an staid airgeadais	73
Ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chothromas	74
Ráiteas na Gníomhaireachta ar athruithe ar chothromas	75
Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid	76
Ráiteas na Gníomhaireachta ar shreabhadh airgid	78
Nótaí le ráitis airgeadais Chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta	79
Gluais na dtéarmaí	148

An Bord agus faisnéis eile

Bord

Frank Daly (*Cathaoirleach*)

Brendan McDonagh (*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*)

Michael Connolly (*d'éirigh as 25 Samhain 2011*)

John Corrigan

Eilish Finan

Brian McEnery

John Mulcahy (*ceaptha 7 Márta 2012*)

Dr. Steven Seelig (SA)

Willie Soffe

Peter Stewart (*d'éirigh as 10 Deireadh Fómhair 2011*)

Oifig Chláraithe

Foirgneamh an Stáitchiste

Sráid na Canálach Móire

Baile Átha Cliath 2

Baincéirí

Banc Ceannais na hÉireann

Sráid an Dáma

Baile Átha Cliath 2

Citibank

An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta

Baile Átha Cliath 1

Iniúcháir

An tArd-Reachtair Cuntas & Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil an Bhoird

Cuireann Bord na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ('an Gníomhaireacht' nó 'GNBS') a thuarascáil agus ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta um an GNBS i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011.

Tá na ráitis airgeadais leagtha amach ar leathanaigh 70 go 147.

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta as na Ráitis Airgeadais

Éilíonn an tAcht fán nGníomhaireacht um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 ("an tAcht") ar an nGníomhaireacht ráitis airgeadais a ullmhú i ndáil lena cuid oibríochtaí le haghaidh gach bliain airgeadais.

In ullmhú na ráitis sin, tugann an Gníomhaireacht faoi:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí amhail a dhéanamh (féach beartas cuntasaíochta 2.1);
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeán chuntasaíochta ábhartha a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Gníomhaireacht freagrach as, i cibé foirm a fhaomhann an tAire Airgeadais (an tAire), gach cuntas cuí agus gnách i ndáil leis an airgead go léir faighte nó caite aici a choinneáil agus as taifid chuntasaíochta a chothú a nochtann le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith an staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a haonáin ghaolmhara.

Tá an Gníomhaireacht freagrach freisin as sócmhainní faoina cúram a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Bainistíocht riosca airgeadais

Tá an Grúpa i mbaol riosca creidmheasa, riosca margaidh (i bhfoirm riosca ráta úis agus riosca malairte eachtraí) agus riosca leachtachta i ngnáthchúrsa gnó. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an mbealach atá ag an nGrúpa leis na rioscaí seo a bhainistiú le fáil i nótaí 21 go 23 leis na ráitis airgeadais.

Leasanna na gComhaltaí Boird

Níl aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí an Bhoird sa GNBS nó in aon aonán de ghrúpa an GNBS agus táthar tar éis cloí le hAlt 30 den Acht maidir le nochtadh na leasanna.

Iniúcháir

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúcháir an Ghrúpa de bhua Alt 57 de chuid an Achta.

Thar ceann an Bhoird



Brendan McDonagh
Stiúrthóir

27 Meitheamh 2012



Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta laistigh de chreat rialachais arna bhunú ag an GNBS. Tá Bord an GNBS ('an Bord') agus na coistí arna mbunú ag an mBord freagrach as monatóireacht agus maoirseacht rialachais ar na haonáin uile de Ghrúpa an GNBS.

Léiríonn na torthaí a gcuirtear i láthair anseo an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011. Baineann na torthaí comparáideacha leis an tréimhse ó 21 Nollaig 2009 (dáta bunaithe an GNBS) go 31 Nollaig 2010.

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Ba í 2011 an dara bliain ag an GNBS i mbun feidhme. I rith na chéad bhliana i mbun feidhme in 2010 bhí dúshlán shuntasacha le sárú ag an GNBS agus iarracht á déanamh gnó nua a bhunú, agus ag an am céanna na córais, próisis agus nósanna imeachta a theastaíonn chun timpeallacht láidir inmheánach rialaithe airgeadais a chur i bhfeidhm. I rith 2011, lean an GNBS lena córais agus próisis ghaolmhara gnó a fhorbairt mar aon le heagar níos fearr a chur ar a timpeallacht inmheánach rialaithe airgeadais.

Aithníonn an Bord a chuid freagrachtaí do chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an GNBS. Ní féidir leis an gcóras seo ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó go mbraithfí in am trátha iad.

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Foráiltear san Acht gurb iad seo a leanas na feidhmeanna ag Bord an GNBS:

- a) A chinntiú go bhfeidhmítear feidhmeanna an GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil;
- b) Na cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan don GNBS;
- c) A chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta oiriúnacha i bhfeidhm chun spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha an GNBS a bhaint amach agus chun na céimeanna réasúnta uile a ghlacadh de láimh d'fhonn na spriocanna agus cuspóirí úd a bhaint amach.

Foráiltear san Acht go mbeidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach as bainistiú agus rialú ginearálta cúrsaí riaracháin agus gnó an GNBS agus na foirne sannta, agus go ndéanfaidh sé aon fheidhm eile a iarrfar air de réir foráil ón mBord a chomhlíonadh. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an duine cuntasach freisin chun críocha Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Tá ceithre choiste reachtúil ag an mBord atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí an GNBS agus a foireann feidhmiúcháin; Coiste Iníúcháireachta, Coiste Bainistíochta Riosca, Coiste Creidmheasa, agus Coiste Airgeadais agus Oibriúcháin. Tá téarmaí tagartha foirmiúla aontaithe ag an mBord dá fhochoistí reachtúla, coistí atá faoi réir athbhreithniú rialta. Tá cinntí creidmheasa áirithe tarmligthe ag an mBord don Choiste Creidmheasa agus don Fhoireann Feidhmiúcháin Sinsearach trí Bheartas Creidmheasa Údarás Tarmligthe. Chomh maith leis sin, tá gnéithe áirithe dá Chlár Comhardaithe agus dá bheartais Státchiste tarmligthe ag an mBord don Choiste Bainistíochta Riosca agus don Fhoireann Feidhmiúcháin Sinsearach.

Tá glactha ag Bord an GNBS le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit mar atá curtha in oiriúint chun cuntas a choimeád de chreat rialachais an GNBS agus ceanglais reachtúla an Achta agus táthar tar éis creat Rialachais a bhunú.

Feidhmíonn an Coiste Iníúcháireachta i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. I measc fhreagrachtaí an Choiste tá maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh agus athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis iniúchta inmheánacha agus seachtracha.

Ghlac an GNBS le beartas Frith-Chalaoise Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) i rith 2011. De réir an bheartais seo caitheann an Coiste Iníúcháireachta a chur ar an eolas maidir le gach tuairisc de chalaois nó de chalaois amhrasta.

Tá Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach ag an GNBS atá freagrach as gnó an GNBS a bhainistiú. Tá freagracht, údarás agus cuntasacht bainistíochta mínithe agus comhaontaithe go foirmiúil leis an mBord.

Tá cóid chleachtais comhaontaithe leis an Aire Airgeadais de réir Alt 35 den Acht, ina sonraítear na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo ó oifigigh an GNBS.

Braitheann an GNBS cuid mhaith ar na rialuithe arna bhfeidhmiú ag roinnt tríú páirtithe lena n-áirítear an GBCN, Seirbhísí Sócmhainní Capita Teoranta (Capita) agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Ina leith seo ba cheart aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- Tá córas dea-fhorbartha um rialú inmheánach ag an GBCN agus tá aon seirbhísí comhroinnte atá á soláthar don GNBS á soláthar de réir an chreata rialaithe seo.
- Tá nósanna imeachta bunaithe ag GNBS le Capita agus leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha le haghaidh tuairisciú teagmhas, lena n-áirítear teipeanna rialaithe agus nósanna imeachta formhéadaithe.
- Tá dearbhuithe lorgtha agus faighte ag an GNBS ón GBCN, Capita agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar a gcórais um rialú inmheánach airgeadais.

Measúnú Riosca

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú beartas riosca agus leibhéal lamháltais atá faofa ag an mBord. Cinntíonn an Coiste Bainistíochta Riosca go bhfuil an riosca á bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil ar mhaithe le tacú le toradh foriomlán tráchtála de réir an Achta. Tá meicníochtaí tuairiscithe bunaithe ag an gCoiste Bainistíochta Riosca chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhrioscaí agus straitéisí maolaithe agus d'fhoill na chinntiú go bhfuil na rioscaí seo á mbainistiú laistigh de theorainneacha faofa ag an mBord.

Tá Clár Rioscaí á choimeád ina n-aithnítear agus ina rangáítear rioscaí a d'fhéadfadh cosc a chur ar an GNBS a cuspóirí a bhaint amach agus a dhéanann measúnú ar an impleacht agus ar an dóchúlacht go dtarlóidh teagmhais éagsúla riosca ar fud na heagraíochta agus laistigh dá timpeallacht oibriúcháin. Bunaithe ar na rioscaí aitheanta, aontaítear ar ghníomhartha chun na rioscaí seo a bhainistiú agus a mhaolú. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú ar an gClár Rioscaí gach ráithe agus iarrtar ar an bhFoireann Feidhmiúcháin Sinsearach dearbhú a thabhairt maidir leis na rialuithe comhaontaithe chun rioscaí a bhainistiú nó a mhaolú.

Tá Clár Rioscaí aonair curtha ar fáil ag Capita agus gach ceann de na hInstitiúidí Rannpháirteacha, ar aon dul leis na teimpléid chaighdeánacha comhaontaithe leis an GNBS. Tá feidhm Riosca an GNBS tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na Cláir Riosca seo.

Príomhphróisis Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tá beartais agus nósanna imeachta forbartha ag an GNBS maidir le príomhghnéithe riaracháin agus bainistíochta an ghnó. Tá sainmhíniú agus feabhas leanúnach déanta ar na beartais agus ar na nósanna imeachta seo de réir mar atá an GNBS forbartha.

Tá creat tuairiscithe airgeadais bunaithe ag an GNBS le tacú le hullmhú an tuairiscithe airgeadais ráithiúil agus bhliantúil agus d'ullmhú na ráiteas airgeadais comhdhlúite a áiríonn na próisis agus na rialuithe a bhfuil cur síos déanta orthu sa ráiteas seo.

Tá an GNBS i mbun córas cuimsitheach bainistíochta faisnéise a chur i bhfeidhm d'fhoill tuairisciú feidhmíochta chuig an mBord agus chuig an bhFoireann Feidhmiúcháin Sinsearach a éascú.

Tá an Coiste Creidmheasa freagrach as cinntiú creidmheasa a dhéanamh laistigh dá údarás atá tarmligthe ag an mBord. Áirítear ina measc seo *inter alia* faomhadh bainistíocht sócmhainní féichiúnaithe / straitéisí laghdaithe fiachais, réamhshocrú airgead nua, faomhadh diúscairtí sócmhainní / iasachtaí, socrú agus faomhadh téarmaí aisíocaíochta, cinntiú bainistíochta réadmhaoine agus cinntiú gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh áit ar cuí. Chomh maith leis sin, cuireann an Coiste Creidmheasa moltaí faoi bhráid an Bhoird maidir le hiarratais shonracha ar chreidmheas sa chás gur ag an mBord atá an t-údarás a leithéid a fhaomhadh. Chomh maith leis sin, tá sé freagrach as beartais Aisghabhála Sócmhainní agus Riosca a mheas roimh fhaomhadh an Bhoird a fháil, agus chomh maith leis sin, tá ról maoirseachta aige maidir le mórchinntiú creidmheasa déanta faoin leibhéal údaráis atá tarmligthe don Choiste Creidmheasa. Ar deireadh, déanann an Coiste Creidmheasa athbhreithniú ar an bhFaisnéis Bainistíochta atá ullmhaithe ag an bhfeidhm Creidmheasa i ndáil le punann an GNBS.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

Cuirtear ceanglais soláthair an GNBS i bhfeidhm de bhun na reachtaíochta soláthair ábhartha agus de réir na dtreoirlínte inmheánacha dea-chleachtais. Tá an GNBS faoi réir Theoir AE 2004/18/CE atá curtha i bhfeidhm in Éirinn ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bronnadh Chonarthaí na nÚdarás Poiblí) 2006 (na 'Rialacháin'), i ndáil le soláthar earraí, oibreacha agus seirbhísí os cionn tairseacha luacha áirithe arna socrú ag an AE iad. Sa chás nach bhfuil feidhm leis na Rialacháin – de bhrí go bhfuil luach an tsoláthair faoi bhun thairseacha an AE nó lasmuigh de na Rialacháin – glanann an GNBS le próiseas iomaíoch atá deartha chun an luach ar airgead is fearr is féidir a fháil a ghnóthú.

Tá mórfeidhmithe córais á rialú ag an GNBS agus ag cloí le cur chuige struchtúrtha do thionscadail atá á gcur i bhfeidhm. Cuireadh tús le forbairt agus feidhmiú Córas Bainistíochta Punainne agus Córas Bainistíochta Cáipéisí in 2011, córais atá deartha chun faisnéis a sholáthar do bhainistiú féichiúnaithe an GNBS agus d'fhoill a ceanglais leanúnacha bainistíochta cáipéisí a chomhlíonadh.

Chuir an GNBS críoch le héadail iasachtaí incháilithe ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha i rith 2011. Fuarthas na hiasachtaí seo de réir próiseas bunaithe éadála. Mar chuid den phróiseas seo, d'fhostaigh an GNBS comhairleoirí neamhspleácha dlí, mar aon le luachálaithe iasachta agus réadmhaoine chun dícheall cuí agus luachálacha dlí a dhéanamh. Lena chois sin, rinne comhordaitheoir iniúchta athbhreithniú ar na luachálacha iasachta agus dhearbhaigh sé go raibh an luach luaite leis na hiasachtaí ag teacht de réir an Achta agus na rialachán gaolmhar.

Faisnéis agus Cumarsáid

Déanann an Coiste Airgeadais agus Oibriúcháin monatóireacht ar bhainistiú airgeadais agus oibriúcháin an GNBS agus ar a cuid tuairiscithe bhuiséadaigh agus bainistíochta, lena n-áirítear ullmhú na mbuiséad bliantúil. Tá an Coiste Airgeadais agus Oibriúcháin i mbun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmiú chórais faisnéise an GNBS lena n-áirítear an Córas Bainistíochta Punainne agus an Córas Bainistíochta Cáipéisí.

Gach ráithe soláthraíonn an GNBS faisnéis airgeadais agus feidhmithe don Bhord agus don Aire Airgeadais maidir lena feidhmiú.

Le linn 2011 bhunaigh an GNBS tuairisciú bainistíochta míosúil rialta chuig an mBord i ndáil lena chuid feidhmíochta airgeadais.

Monatóireacht

Cheap an GNBS Deloitte mar Iniúcháirí Inmheánacha i Lúnasa 2010. Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Iniúchóir Inmheánach, atá ag feidhmiú de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. D'fhaomh an Coiste Iniúchóireachta plean iniúchóireachta inmheánaí don bhliain 2011. De réir an phlean seo, tá roinnt iniúchtaí déanta ag an Iniúchóir Inmheánach ar rialuithe atá i bhfeidhm ag an GNBS, Capita agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Tuairiscíonn an tIniúchóir Inmheánach a chuid torthaí díreach chuig an gCoiste Iniúchóireachta. Aibhsíonn na tuarascálacha seo easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sna córais rialaithe inmheánaigh agus moltar bearta ceartaitheacha atá le glacadh nuair is cuí. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta an t-eolas is déanaí, go rialta, faoi stádas na saincheisteanna atá curtha ag an Iniúchóir Inmheánach.

Tá próisis bunaithe ag an GNBS chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na hInstitiúidí Rannpháirteacha agus Capita, lena n-áirítear tuairiscí seirbhíse míosúla, athbhreithnithe seirbhíse rialta (lena n-áirítear dearbhú cáilíochta cinntí creidmheasa déanta faoi scáth an údarais tarmligthe) agus Coistí Stiúrtha agus Fóraim Athbhreithnithe Creidmheasa a bhunú. Tá coistí stiúrtha bunaithe do gach Institiúid Rannpháirteach agus Capita, agus tagann siad lena chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar shaincheisteanna gaolmhara oibriúcháin. Bunaíodh Fóraim Athbhreithnithe Creidmheasa i rith 2011 le gach Institiúid Rannpháirteach chun athbhreithniú a dhéanamh ar Phleananna Gnó Féichiúnaithe Bainistithe ag Institiúidí Rannpháirteacha agus chun straitéisí cuí a fhaomhadh do bhainistiú na bhféichiúnaithe sin. Chomh maith leis sin, tá Creat Dearbhaithe Cáilíochta curtha i bhfeidhm ag an GNBS le hathbhreithniú a dhéanamh ar bhainistíocht Féichiúnaithe Bainistithe ag Institiúidí Rannpháirteacha ar bhonn leanúnach de réir na n-údarás atá tarmligthe ag an GNBS dóibh. Ina theannta sin, tá gníomhaíochtaí na hInstitiúidí Rannpháirteacha agus Capita faoi réir iniúchta a dhéanfaidh iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha an GNBS.

San áireamh sa mhonatóireacht a dhéanann an Bord ar éifeachtúlacht an rialaithe inmheánaigh tá tuairiscí rialta an Choiste Iniúchta (a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúcháir Inmheánaigh), an Choiste Bainistíochta Riosca, an Choiste Creidmheasa, an Choiste Airgeadais agus Oibriúcháin, agus na Foirne Feidhmiúcháin Sinsearaí don Bhord.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaímid go bhfuil athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht chóras um rialú inmheánach airgeadais an GNBS don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011. Rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú mionsonraithe, agus thuairiscigh sé a chuid torthaí don Bhord. San athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais áiríodh:

- Athbhreithniú agus breithniú chlár oibre an Iniúcháir Inmheánaigh agus breithniú ar a thuarascálacha agus torthaí.
- Athbhreithniú ar thuairiscíú rialta an Iniúcháir Inmheánaigh ar stádas na timpeallachta rialaithe airgeadais inmheánaí, agus stádas na saincheisteanna ardaithe roimhe seo ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina thuarascálacha.
- Athbhreithniú ar litreacha dearbhaithe faighte ón GBCN, ó Capita agus ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndáil le hoibriú a gcóras de rialú inmheánach airgeadais i rith na bliana.
- Athbhreithniú ar ráitis dearbhaithe rialaithe curtha i gcrích ag Bainistíocht Feidhmiúcháin agus Sinsearach an GNBS i ndáil le héifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i rith na bliana.
- Athbhreithniú ar shaincheisteanna rialuithe inmheánacha airgeadais aitheanta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn a chuid oibre mar iniúcháir seachtrach.



Frank Daly
Cathaoirleach



Brian McEnery
Cathaoirleach, Coiste Iniúcháireachta

27 Meitheamh 2012



Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta de chuid na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 faoin Acht fán nGníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na mbeartas cuntasáíochta atá leagtha amach iontu, an Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite, Ráiteas Comhdhlúite an Ioncaim Chuimsithigh, Ráitis Chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta ar an Staid Airgeadais, Ráitis Chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta um Athruithe ar Chothromas, Ráitis Chomhdhlúite agus na Gníomhaireachta faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí coibhneasta. An creat tuairiscithe airgeadais atá cur i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) faoi mar atá glactha ag an Aontas Eorpach agus forálacha an Achta fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad tuairisc fíor agus chothrom ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé d'fhreagracht orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena bhfeidhmíú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a ghnóthú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé an mar gheall ar chalaos nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasáíochta feiliúnach do chúinsí na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go fónta
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais

Chomh maith leis sin, déanaim iarracht fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile atá i dtuarascáil na Gníomhaireachta ar mhaithe le haon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireacht dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú de réir IFRSanna faoi mar atá glactha ag an Aontas Eorpach agus le forálacha an Achta fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009, léargas cruinn agus cothrom ar staid ghnóthaí an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta ag 31 Nollaig 2011 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain dar críoch ansin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí coimeádta ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Gnóthas Leantach


Gan mo thuairim a cháiliú, tarraingím aird ar Nóta 2.1 leis na ráitis airgeadais a thugann cur síos ar an staid i ndáil leis an bpríomhfhoinsé maoinithe don Gníomhaireacht agus leagtar amach an bonn ar a bhfuil an Bord sásta go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh.

Nithe a dtuairiscím de réir eisceachta orthu

Tuairiscím de réir eisceachta sna cásanna seo a leana

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, nó
- má tógadh faoi deara i gcaitheamh m'iniúchadh nach raibh airgead á úsáid chun na críocha a leagadh síos ina leith nó sa chás nár ghéill idirbhearta do na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta don tréimhse inar ullmhaíodh na ráitis airgeadais ina leith comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais géilliúlacht na Gníomhaireachta don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- sa chás gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a ndéantar tuairisciú orthu de réir eisceachta.



Seamus McCarthy

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

29 Meitheamh 2012

Ráiteas ioncaim comhdhlúite

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

	Nóta	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 €'000	An tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2010 €'000
Ioncam úis agus táille	5	1,283,248	525,033
Costas úis	6	[512,449]	[179,007]
Glanioncam úis		770,799	346,026
Gnóthachain / (caillteanas) ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	7	24,312	[17,004]
Glanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí agus ioncam farasbairr	8	549,578	-
Ioncam oibriúcháin iomlán		1,344,689	329,022
Costais riaracháin	9	[128,379]	[46,193]
Gnóthachain mhalairte eachtraí	10	61,773	22,079
Iomlán na gcostas oibriúcháin		[66,606]	[24,114]
Brabús oibriúcháin roimh bhearnú		1,278,083	304,908
Muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus infháiltais	11	[1,266,743]	[1,484,523]
Brabús / (caillteanas) roimh cháin ioncaim		11,340	[1,179,615]
Creidmheas / (costas) cánach	12	235,208	[375]
Brabús / (caillteanas) don bhliain roimh dhíbhinne		246,548	[1,179,990]
Díbhinn íoctha	14	[5,093]	-
Brabús / (caillteanas) don bhliain		241,455	[1,179,990]
Brabús / (caillteanas) inchurtha i leith:			
Úinéirí an Ghrúpa		241,455	[1,128,990]
Leasanna neamh-rialaithe		-	[51,000]

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

27 Meitheamh 2012



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas comhdhlúite an ioncaim chuimsithigh


Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

	Nóta	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 €'000	An tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2010 €'000
Brabús / (caillteanas) don bhliain		241,455	(1,179,990)
Gluaiseacht i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid roimh cháin	33	(338,689)	77,554
Gluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin roimh cháin	33	110	-
Cain ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	13	68,884	-
(Caillteanas) / ioncam cuimsitheach eile don bhliain glan ó cháin		(269,695)	77,554
Caillteanas cuimsitheach iomlán don bhliain		(28,240)	(1,102,436)
Caillteanas cuimsitheach iomlán inchurtha i leith:			
Úinéirí an Ghrúpa		(28,240)	(1,051,436)
Leasanna neamh-rialaithe		-	(51,000)

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

27 Meitheamh 2012



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais


Amhail ag 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €'000	2010 €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	15	3,346,986	836,739
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	16	499,747	-
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	17	409,143	349,923
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	18	448,539	499,155
Iasachtaí agus infháltais	19	25,607,389	27,950,833
Sócmhainní eile	27	43,438	17,960
Fardail	20	6,850	-
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	25	906	-
Sócmhainn cánach iarchurtha	26	305,654	-
Iomlán na sócmhainní		30,668,652	29,654,610
Dlíteanais			
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	17	60,224	142,793
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	18	728,725	173,717
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	28	29,106,000	28,650,000
Dlíteanais eile	29	252,379	183,156
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	31	-	49,380
Iomlán na ndlíteanas		30,147,328	29,199,046
Gnáthscair agus cúlchistí			
Gnáthscair eile	32	1,601,000	1,507,000
Caillteanais choinnithe	34	(887,535)	(1,128,990)
Cúlchistí eile	33	(192,141)	77,554
Gnáthscair agus cúlchistí iomlána		521,324	455,564
Gnáthscair agus dlíteanais iomlána		30,668,652	29,654,610

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

27 Meitheamh 2012



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas na Gníomhaireachta ar an staid airgeadais

Amhail ag 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €'000	2010 €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	15	1,623	95
Sócmhainní eile	27	3,381	3,823
Réadmhaoín, innealra agus trealamh	25	906	-
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	35	49,000	49,000
Sócmhainní iomlána		54,910	52,918
Dlíteanais			
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	31	52,720	49,380
Dlíteanais eile	29	4,040	3,974
Iomlán na ndlíteanas		56,760	53,354
Cothromas			
Caillteanais choinnithe	34	(1,850)	(436)
Gnáthscair iomlán		(1,850)	(436)
Gnáthscair agus dlíteanais iomlána		54,910	52,918

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

27 Meitheamh 2012



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chothromas

Amhail ag 31 Nollaig 2011

31 Nollaig 2011		Gnáthscair eile	Tuilleamh coinnithe	Cúlchistí eile	Leas neamh-rialaithe	Gnáthscair iomlán
	Nóta	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Ag tús na bliana		1,507,000	(1,128,990)	77,554	-	455,564
Brabús don bhliain		-	241,455	-	-	241,455
Ioncam cuimsitheach eile:						
Gluaiseacht i gcúlchiste fálaíthe an tsreafa airgid	33	-	-	(338,689)	-	(338,689)
Gluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin	33	-	-	110	-	110
Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	13	-	-	68,884	-	68,884
Ioncam cuimsitheach iomlán		1,507,000	(887,535)	(192,141)	-	427,324
Eisiúint scairchaipitil		-	-	-	-	-
Eisiúint gnáthscaire eile	32	110,000	-	-	-	110,000
Cealú gnáthscaire eile	32	(16,000)	-	-	-	(16,000)
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2011 inchurtha i leith úinéirí an mháthairchuideachta		1,601,000	(887,535)	(192,141)	-	521,324

31 Nollaig 2010		Gnáthscair eile	Tuilleamh coinnithe	Cúlchistí eile	Leas neamh-rialaithe	Gnáthscair iomlán
	Nóta	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Ag tús na tréimhse		-	-	-	-	-
Caillteanas don tréimhse		-	(1,128,990)	-	(51,000)	(1,179,990)
Ioncam cuimsitheach eile:						
Gluaiseacht i gcúlchiste fálaíthe an tsreafa airgid	33	-	-	77,554	-	77,554
Cáin ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	13	-	-	-	-	-
Caillteanas cuimsitheach iomlán		-	(1,128,990)	77,554	(51,000)	(1,102,436)
Eisiúint scairchaipitil		-	-	-	5,100	5,100
Eisiúint scairbhisigh		-	-	-	45,900	45,900
Eisiúint gnáthscaire eile	32	1,507,000	-	-	-	1,507,000
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2010 inchurtha i leith úinéirí an mháthairchuideachta		1,507,000	(1,128,990)	77,554	-	455,564

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

27 Meitheamh 2012



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Frank Daly
Cathaoirleach

Ráiteas na Gníomhaireachta ar athruithe ar chothromas


Amhail ag 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €'000	2010 €'000
Iarmhéid ag tús na bliana		(436)	-
Caillteanas don bhliain	34	(1,414)	(436)
Caillteanas cuimsitheach iomlán		(1,850)	(436)
Iarmhéid ag 31 Nollaig inchurtha i leith na Gníomhaireachta		(1,850)	(436)

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

27 Meitheamh 2012



Brendan McDonagh

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Frank Daly

Cathaoirleach

Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

		An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011	An tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2010
	Nóta	€'000	€'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Iasachtaí agus infháltais			
Dáta luacha go dáta aistrithe airgead faighte ¹			
Fáltais ó iasachtaí faighte	19	97,612	196,415
Fáltais ó dhíorthaigh agus táillí faighte		719	22,530
Fáltais ó iasachtaithe ó éadail			
Fáltais ó iasachtaí faighte ²	19	4,866,619	734,431
Fáltais ó dhíorthaigh faighte		103,481	60,351
Cistí réamhíochta le hiasachtaithe	19	(303,981)	(240,320)
Réiteach i bpáirt um Thráinse 9 AIB	19	7,574	-
Ioncam táille ar iasachtaí le hiasachtaithe	5	8,503	-
Airgead glan soláthartha ag iasachtaí agus infháltais		4,780,527	773,407
Díorthaigh			
Glan-insreabhadh airgid ar dhíorthaigh malairte eachtraí	10	111,093	29,188
Glan-eis-sreabhadh airgid ar dhíorthaigh áit a bhfuil cuntasáíocht fálaithe i bhfeidhm		(82,245)	(566)
Glan-eis-sreabhadh airgid ar dhíorthaigh eile		(34,504)	(21,048)
Sreafaí airgid díorthaigh eile		-	39,293
Airgead glan (úsáidte in) / soláthartha ag díorthaigh		(5,656)	46,867
Sreabhadh airgid oibriúcháin eile			
Íocaíochtaí le soláthraithe seirbhísí		(99,458)	(24,263)
Íocaíochtaí do chostais díchill chuí		(43,259)	(25,481)
Ús íochta ar urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna		(322,687)	(30,127)
Ús faighte ar airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim		14,830	1,128
Díbhinn íochta ag NAMAIL	14	(5,093)	-
Íocaíochtaí cáin chorparáide déanta ag an GINBST		(1,441)	(170)
Ús íochta ar réamh-íocaíocht ón Lárchiste		(474)	(1,066)
Airgead glan (úsáidte i) gníomhaíochtaí oibriúcháin eile		(457,582)	(79,979)
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí oibriúcháin		4,317,289	740,295
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe			
Ceannach sócmhainní ar fáil le haghaidh díolacháin		(816,367)	-
Díolachán / glanadh sócmhainní ar fáil le haghaidh díolacháin		311,546	-
Airgead glan (úsáidte i) gníomhaíochtaí infheistiúcháin		(504,821)	-

¹ Is ionann airgead faighte dáta luacha go dáta aistrithe agus an t-airgead glan faighte ar iasachtaí faighte ag an nGrúpa ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndáil leis an tréimhse idir dáta luachála na hiasachta agus dáta aistrithe na hiasachta. Is ionann an t-airgead glan faighte agus bunairgead, airgead úis agus airgead díorthaigh faighte lúide réamhíocaíochtaí cáilitheacha agus costas maoinithe na n-iasachtaí faighte. Déantar an méid seo a réiteach leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndiaidh díchill chuí na sócmhainní aistrithe a thabhairt chun críche.

² San áireamh tá fáltais airgead iasachta €1.236bn (2010: €371m), fáltais ó dhíolachán comhthaobhachta i gcoinne iasachtaí agus infháltas €2.698bn (2010: €363m) agus fáltais ó dhíolachán iasachtaí €932m (2010: nialas).

Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 (ar lean)

	Nóta	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 €'000	An tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2010 €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Fuascailt urrúis fhiachais sinsearaí	28	(1,250,000)	-
Aisíocaíocht iasachta leis an Lárchiste	36	(49,000)	(250,000)
Iasachtaí faighte ón Lárchiste		-	299,000
Fáltais ó eisiúint an scairchaipitil le hinfheisteoirí príobháideacha		-	51,000
Airgead glan (úsáidte i) / soláthartha ag gníomhaíochtaí maoinithe		(1,299,000)	100,000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim coinnithe ag tús na bliana			
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí oibriúcháin	15	836,739	-
Airgead glan (úsáidte i) gníomhaíochtaí infheistiúcháin		4,317,289	740,295
Airgead glan (úsáidte i) / soláthartha ag gníomhaíochtaí maoinithe		(504,821)	-
Éifeachtaí athruithe malairte eachtraí ar airgead agus ar choibhéisí airgid		(1,299,000)	100,000
		(3,221)	(3,556)
Airgead iomlán agus coibhéisí iomlána airgid coinnithe ag deireadh na bliana	15	3,346,986	836,739
Sócmhainní leachtacha coinnithe			
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	16	499,747	-
Airgead iomlán, coibhéisí iomlána airgid agus sócmhainní iomlána leachtacha coinnithe ag deireadh na bliana		3,846,733	836,739

Ráiteas na Gníomhaireachta ar shreabhadh airgid

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

		An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011	An tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2010
	Nóta	€'000	€'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Ús iasachta faighte		-	1,601
Ús bainc faighte		12	-
Ús iasachta íoctha		(474)	(1,066)
Táillí Boird íoctha		(652)	(440)
Cíos íoctha		(358)	-
Airgead glan (úsáidte in) / soláthartha ag gníomhaíochtaí oibriúcháin		(1,472)	95
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe			
Infheistíocht gníomhaireachta sa GINBST		-	(49,000)
Airgead glan (úsáidte i) gníomhaíochtaí infheistiúcháin		-	(49,000)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Fáltas iasachta ó BISNT		52,000	-
Iasachtaí réamhíoctha ón Lárchiste		-	299,000
Aisíocaíocht iasachta leis an Lárchiste		(49,000)	(250,000)
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí maoinithe		3,000	49,000
Airgead coinnithe ag tús na bliana	15	95	-
Airgead glan (úsáidte in) / soláthartha ag gníomhaíochtaí oibriúcháin		(1,472)	95
Airgead glan (úsáidte i) gníomhaíochtaí infheistiúcháin		-	(49,000)
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí maoinithe		3,000	49,000
Airgead coinnithe ag deireadh na bliana	15	1,623	95

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Tagairt na Nótaí

1.	Faisnéis ghinearálta	80
2.	Beartais chuntasaíochta suntasaí	82
3.	Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla	92
4.	Anailís teascánach	94
5.	Ioncam úis agus táille	96
6.	Costas úis	96
7.	Gnóthachain / (caillteanais) ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	97
8.	Glanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí agus ioncam farasbairr	97
9.	Costais riaracháin	98
10.	Gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtrach	103
11.	Muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais	104
12.	Creidmheas / (costas) cánach	104
13.	Cain ioncaim i ndáil le comhpháirteanna um ioncam cuimsitheach eile	105
14.	Díbhinn íoctha	106
15.	Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	106
16.	Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	106
17.	Méideanna dlite le / ó Institiúidí Rannpháirteacha	107
18.	Ionstraimí airgeadais díorthaigh	109
19.	Iasachtaí agus infháltais	111
20.	Fardail	114
21.	Bainistíocht riosca	114
22.	Riosca creidmheasa	120
23.	Riosca leachtachta	127
24.	Luach cothrom na ndliteanas agus sócmhainní airgeadais	131
25.	Réadmhaoin, innealra agus trealamh	134
26.	Cáin iarchurtha	135
27.	Sócmhainní eile	135
28.	Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	136
29.	Dlíteanais eile	137
30.	Tiomantais agus dlíteanais teagmhasacha	137
31.	Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	138
32.	Gnáthscair eile	138
33.	Cúlchistí eile	139
34.	Réiteach cúlchistí agus ús neamhrialaithe i bhfochuideachtaí	140
35.	Scaireanna agus infheistíochtaí i ngnóthais Ghrúpa	141
36.	Nochtadh páirtithe gaolmhara	141
37.	Faisnéis fhorlíontach i gcomhréir le hAlt 54 de chuid an Achta	143
38.	Imeachtaí i ndiaidh an dáta tuairiscithe	147
39.	Faomhadh na ráiteas airgeadais	147

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Fógraíodh i mBuiséad Forlíontach an Aire Airgeadais ar an 7 Aibreán 2009, go raibh sé beartaithe an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní a chruthú, agus glacadh leis an Acht i Samhain 2009.

Faoi Acht bunaíodh an GNBS mar chomhlacht reachtúil ar leith, lena Bord féin agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin féin ceaptha ag an Aire Airgeadais i mí na Nollag 2009. Ionchorpraíodh aonáin Ghrúpa an GNBS ar 27 Eanáir 2010.

Is é an phríomhaidhm an GNBS sócmhainní a fháil i bhfoirm iasachtaí réadmhaoine ó institiúidí creidmheasa atá ainmnithe ag an Aire Airgeadais mar Institiúidí Rannpháirteacha faoi Alt 67 den Acht. Ba iad seo a leanas na hInstitiúidí Rannpháirteacha bunúsacha: Banc-Aontas Éireann, c.p.t. ('AIB'), Corparáid Bhanc Angla-Éireannach Teoranta ('Angla'), Banc na hÉireann ('BOI'), Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann ('INBS') agus Cumann Foirgníochta EBS ('EBS').

Ar 1 Iúil 2011 chónasc AIB le EBS. Ar 1 Iúil 2011, aistríodh gnó INBS chuig Angla agus ar 14 Deireadh Fómhair 2011 athraíodh ainm Angla go dtí an Chorporáid Éireannach um Réiteach Banc ('IBRC').

1.1 Grúpa an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Chun críocha na gcuntas seo, cuimsíonn 'Grúpa an GNBS'; máthair-aonán an GNBS, an Gníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta (GINBST), Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BSNT), Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SGBSNT), Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BISNT), Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BRSNT) agus Seirbhísí Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SBSNT). Tugtar achoimre ar an nGrúpa agus an gaol atá aige le haonáin eile an GNBS i gCairt 1.

An Gníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta

Is í GINBST an chuideachta trínar infheistigh infheisteoirí príobháideacha sa Ghrúpa. Tá 49% de scaireanna na cuideachta ag an GNBS. Is ag infheisteoirí príobháideacha atá an 51% eile de scaireanna na cuideachta.

D'infheistigh an GNBS €49m i GINBST, ag fáil 49m i bhfoirm gnáthscaireanna A. Infheisteoirí príobháideacha a d'infheistigh an €51m eile sa GINBST, fuair gach infheisteoir sciar 51m i bhfoirm gnáthscaireanna B. Faoi théarmaí chomhaontú na scairshealbhóirí idir an GNBS agus na hinfeisteoirí príobháideacha, féadfaidh an GNBS cinntí a dhéanann GINBST a chrosadh. De thoradh an chrosta seo, tá srian ar chumas na n-infheisteoirí príobháideacha beartais airgeadais agus oibriúcháin an aonáin a rialú agus is ag an GNBS atá ceart chun rialaithe éifeachtaigh na cuideachta. De bhua an rialaithe seo tá an GINBST agus a fochuideachtaí comhdhlúite ag an GNBS agus tuairiscítear an infheistíocht sheachtrach 51% i GINBST mar ús neamh-rialaithe sna ráitis airgeadais.

Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta

Tá BSNT freagrach as ionstraimí fiachais ráthaithe ag an Rialtais a eisiúint, agus an fofhiachas, a úsáidtear mar chomaoin in éadail sócmhainní iasachta ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Tá urrúis fiachais ráthaithe ag an Rialtais eisithe ag BSNT liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann. Aistrítear ionstraimí fiachais ráthaithe ag an Rialtais agus na hionstraimí fofhiachais chuig Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta ar dtús agus ansin chuig Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta. Úsáideann Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta na hionstraimí fiachais seo mar chomaoin do na sócmhainní iasachta faighte ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

Tá ceithre fhochuideachta ag BSNT:

1) Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta

Gníomhaíonn SGBSNT mar an chuideachta sealbhaíochta don trí fhochuideachta dá cuid, BISNT, BRSNT agus SBSNT.

Faigheann SGBSNT ionstraimí fiachais eisithe ag BSNT faoi chomhaontú iasacht rannpháirteach brabúis (PPL), agus ina dhiaidh sin, cuireann sé na hionstraimí fiachais seo ar fáil do BISNT de réir na dtéarmaí céanna.

Tá SGBSNT faoi lánúinéireacht BSNT.

2) Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta

Is é an aidhm atá le BISNT sócmhainní iasachta faighte ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha a fháil, a choimeád, agus a bhainistiú.

3) Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teoranta


Is é an aidhm atá le BRSNT úinéireacht dhíreach a ghlacadh ar shócmhainní réadmhaoine nuair agus más gá. I rith na bliana, fuarthas roinnt suíomhanna talún agus forbartha mar chomaoin do ghlanadh ráthaíochta atá i seilbh BISNT. Ag an dáta tuairiscithe is ag BISNT a bhí an réadmhaoin seo.

4) Seirbhísí Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta

Is aonán neamhthrádála é SBSNT nach bhfuil i mbun gníomhaíochta faoi láthair. I rith 2011, aistríodh cuntais bhainc uile SBSNT chuig an úinéir tairbhiúil BISNT.

Seo a leanas seoladh oifig chláraithe gach cuideachta - Foirgneamh an Stáitchiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2. Tá gach Cuideachta ionchorpraithe agus ina sainchónaí i bPoblacht na hÉireann.

Cairt 1 “Grúpa an GNBS”



Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ

2.1 Bunús an ullmhúcháin

Gnóthas leantach

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh agus tá an Bord sásta go leanfaidh an Grúpa ag feidhmiú mar ghnóthas leantach amach anseo.

Bunaíodh an Gníomhaireacht faoi reacht agus tá sainordú reachtúil ar leith aici. Agus an Bord ag cinneadh an bhfuil cuntasaíocht ar bhonn gnóthais leantaigh oiriúnach, féachann sé do chuspóirí an Achta mar atá sonraithe ann. Is ann dóibh seo, inter alia, chun déileáil le bagairt thromchúiseach don gheilleagar agus cobhsaíocht institiúidí creidmheasa sa Stát trí chéile agus an gá atá le cothabháil agus cobhsú an chórais airgeadais sa Stát. Creideann an Bord go bhfuil sé réasúnta glacadh leis, i bhfianaise chuspóir na reachtaíochta, go ndéanfaidh an Stát cibé beart is cuí d'fhonn a chinntiú nach mbeidh ar an nGníomhaireacht a sainordú a dhiúscairt.

Tá an tAire leis an gcéad mheasúnú ar dhul chun cinn an GNBS i ndáil lena cuspóirí foriomlána a chomhlíonadh a dhéanamh a luaithe is féidir i ndiaidh 31 Nollaig 2012. Chomh maith leis sin, déanfaidh an tArd-Reachtair Cuntas & Ciste measúnú mar aon le tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire maidir lena measúnú ar chomh maith is a d'éirigh leis an GNBS a cuspóirí foriomlána a chur i gcrích. De réir Alt 227 den Acht, i ndiaidh mheasúnú an Aire, cinnfidh sé cibé an bhfuil leanúnachas an GNBS riachtanach ag féachaint do chuspóirí an Achta.

Tá gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta faoi réir fachtóirí riosca lena n-áirítear riosca creidmheasa, leachtachta, margaidh agus oibriúcháin. Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar na fachtóirí riosca seo agus ar an bhfaisnéis chuí chun measúnú a dhéanamh ar chumas na Gníomhaireachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Déanann an Bord agus a Choistí athbhreithniú ar phríomhghnéithe de ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ar bhonn leanúnach mar aon le hathbhreithniú, nuair is cuí, ar na toimhdí criticiúla atá ag tacú lena straitéisí fadtréimhseacha.

Is i bhfoirm Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (Nótaí) gearrthréimhseacha Ráthaithe ag an Rialtas atá formhór de mhaoiniú na Gníomhaireachta.

Mar atá sonraithe i Nóta 28, eisítear na Nótaí ar gach dáta éadála agus tháinig na Nótaí uile eisithe roimh 1 Márta 2011 in aibíocht ar 1 Márta 2011. Cheadaigh na Nótaí a eisíodh in 2010 don eisitheoir cuid de na Nótaí, nó na Nótaí ar fad, a shocrú an tráth aibíochta trí Nóta nua a eisiúint de réir na dtéarmaí céanna a eisíodh an Nóta reatha (seachas i bhfoirm aibíochta a d'fhéadfadh a bheith suas le 364 lá ón dáta eisiúna d'ainneoin go bhféadfadh tréimhse aibíochta níos giorra a bheith ag an Nóta reatha).

Socraíodh na Nótaí ar fad a tháinig in aibíocht ar 1 Márta 2011 trí Nótaí nua a eisiúint a raibh dáta aibíochta 1 Márta 2012 luaite leo, ach a bhféadfadh an t-eisitheoir a chinneadh é a leathnú le 364 lá.

I mí na Bealtaine 2011, d'eisigh an tAire Airgeadais treoir don GNBS faoi Alt 14 den Acht ag cur in iúl gur cheart téarmaí agus coinníollacha na Nótaí eisithe ar 1 Márta 2011, mar aon le haon Nótaí eisithe ina dhiaidh sin, a leasú ionas nach mbeadh rogha ag an eisitheoir Nótaí atá ag dul in aibíocht a réiteach trí Nótaí nua a eisiúint de réir téarmaí cosúla mura bhfaightear toiliú roimh ré ó shealbhóir an nóta, mar aon le deireadh a chur le rogha an eisitheoir síneadh a chur le haibíocht na Nótaí. Dá réir sin, d'fhéadfadh go gciallódh ceanglas roinnt de na Nótaí nó na Nótaí ar fad a fhuascailt d'airgead go mbeadh ar an nGníomhaireacht a iarraidh ar an Rialtas a leithéid d'fhuascailt airgid a mhaoiniú.

Tá na Nótaí uile eisithe ar an dáta tuairiscithe cumhdaithe ag na hinstiúidí airgeadais agus féadfar iad a úsáid mar chomhthaobhacht chun rochtain a fháil ar scéimeanna tacaíochta leachtachta údarás airgeadaíochta. Tá na sealbhóirí nóta reatha faoi réir teorach ón Aire Airgeadais, áfach, agus tá na Nótaí ráthaithe ag an Rialtas. Sna himthosca seo, creideann an Bord go bhfuil an toimhde, tráth aibíochta na Nótaí, go mbeidh an GNBS in ann a dlíteanas leis na Nótaí nua a shocrú, de réir téarmaí cosúla, réasúnta.

Ar an mbonn sin, tá an Bord sásta go mbeidh rochtain ag an nGníomhaireacht ar acmhainní oiriúnacha d'fhonn leanúint lena hoibríochtaí amach anseo agus go bhfuil sé oiriúnach na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

2.2 Bunús géilliúlachta agus tomhais

Ullmhaíodh ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS), a bhfuil glactha leo ag an Aontas Eorpach, léirmhíntithe Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRIC) agus na codanna seo d'Acht na de réir

Acht an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009. Tá na ráitis airgeadais seo ullmhaithe de réir na gcaighdeán IFRS agus na léirmhíniúcháin IFRIC eisithe agus éifeachtach nó eisithe agus glactha go luath ar an dáta tuairiscithe.

Tá na ráitis airgeadais chomhdhlúite ullmhaithe de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas na hiasachtaí agus na hinfháltais agus dliteanais airgeadais atá coimeádta ag an gcostas amúchta, agus ionstraimí airgeadais díorthaigh agus ar fáil do shócmhainní díolacháin, atá tomhaiste ag luach cothrom.

Is in euro (€) a léirítear na ráitis airgeadais chomhdhlúite, airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe an Ghrúpa. Is sonraithe i mílte € atá na figiúirí sna ráitis airgeadais chomhdhlúite.

Léirítear sa ráiteas comhdhlúite sreafaí airgid na hathruithe ar airgead agus coibhéisí airgid i rith na bliana ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin, gníomhaíochtaí infheistithe agus gníomhaíochtaí maoinithe.

Cinntear na sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin bunaithe ar an modh díreach, trína nochtar príomhranguithe ollfháltais airgid agus ollíocaíochtaí.

Is ar bhonn ollmhéideanna a thuairiscítear sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta agus maoinithe. Braitheann sannadh sreafaí airgid an ghrúpa do chatagóirí oibriúcháin, infheistithe agus maoinithe ar shamhail ghnó an Ghrúpa (cur chuige bainistíochta).

De réir IAS 1, is in ord leachtachta a thugtar léiriú ar shócmhainní agus ar dhliteanais.

2.3 Caighdeán, leasuithe agus léirmhínte IFRS eisithe ach nach bhfuil fós éifeachtach

Tá na caighdeán agus léirmhínte seo a leanas eisithe agus táthar ag súil go mbeidh siad ábhartha don Ghrúpa.

Caighdeán eisithe ach nach bhfuil éifeachtúil;

Ionstraimí Airgeadais IFRS 7: Nochtadh (Athbhreithniú). Tá leasuithe a eascraíonn ó Fheabhas Bliantúil ar IFRSanna ó Bhealtaine 2010 infheidhme do thréimhsí cuntasáíochta ag tosú ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013. Beidh tionchar ag na leasuithe seo ar nochtadh sócmhainní agus dliteanas airgeadais agus ní bheidh tionchar ar bith acu ar thomhas. Níl an caighdeán athbhreithnithe formhuinithe ag an AE ag an dáta tuairiscithe, agus, dá réir sin, níor ghlac an Grúpa le IFRS 7 athbhreithnithe.

Ionstraimí Airgeadais IFRS 9 – Rangú agus Tomhas. Beidh an caighdeán seo infheidhme do thréimhsí cuntasáíochta ag tosú ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2015 faoi réir fhormhuiníu AE. Tá an caighdeán seo fós á fhorbairt ag Bord na gCaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasáíochta (IASB). Tá an chéad chéim den rangú agus tomhas críochnaithe agus beidh tionchar ag an gcéim sin ar thomhas sócmhainní agus dliteanas airgeadais an Ghrúpa, go háirithe urrúis fiachais eisithe, a d'fhéadfaí a thomhas, bunaithe ar chritéir áirithe, ag luach cothrom seachas ag tomhas reatha an chostais amúchta. Táthar ag súil le Céimeanna 2 agus 3 den tionscadal a chríochnú faoi dheireadh 2012 nó go luath in 2013. Déileálann na céimeanna seo le modheolaíocht bhearnaithe agus le cuntasáíocht fálaite agus táthar ag súil go mbeidh tionchar acu ar an nGrúpa sna réimsí seo. Ní féidir an tionchar beacht a chinneadh fós, áfach. Níl an caighdeán athbhreithnithe formhuinithe ag an AE fós agus, dá réir sin, níl glactha ag an nGrúpa leis go luath.

Caighdeán eisithe agus curtha chun feidhme;

IAS 1 Cur i láthair na Ráiteas Airgeadais (Leasú). Tá leasuithe a eascraíonn ó Fheabhas Bliantúil ar IFRSanna ó Bhealtaine 2010 infheidhme do thréimhsí cuntasáíochta ag tosú ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2011. Beidh tionchar ag na leasuithe seo ar nochtadh sócmhainní agus dliteanas airgeadais agus ní bheidh tionchar ar bith acu ar thomhas. Tá glactha ag an nGrúpa le IAS 1 athbhreithnithe chun críocha tuairiscithe ar 31 Nollaig 2011.

2.4 Bunús an chomhdhlúthaithe

San áireamh i ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa tá ráitis airgeadais an mháthair-aonáin, an GNBS agus a fhochuideachtaí uile. Ullmháodh ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí a úsáideadh chun na ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú dáta tuairiscithe an mháthair-aonáin.

Comhdhlúthaíonn an Grúpa gach aonán sa chás go bhfuil, go díreach nó go hindíreach, formhór na gceart vótála aige agus sa chás go gcinneann sé a bheartais airgeadais agus ghnó, agus má tá cead rialaithe aige d'fhonn tairbhe a bhaint as a ghníomhaíochtaí.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.4 Bunús an chomhdhlúthaithe (ar lean)

Áirítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ag costas lúide bearnú. Tá beartais chuntasaíochta na bhfochuideachtaí comhsheasmhach le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa.

Fágтар idirbhearta idirchuideachta agus iarmhéideanna agus gnóthachain ar idirbhearta idir cuideachtaí grúpa as an áireamh. Fágтар caillteanais idirghrúpa as an áireamh freisin mura soláthraíonn an t-idirbheart fianaise ar bhearnú na sócmhainne aistrithe.

2.5 Aistriú airgeadra coigríche

(a) Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe

Déantar míreanna san áireamh i ráitis airgeadais aonáin an Ghrúpa a thomhas ag úsáid airgeadra na príomhthimpeallachta geilleagraí a bhfuil an t-aonán ag feidhmiú inti ('an t-airgeadra feidhmiúil').

Léirítear na ráitis airgeadais chomhdhlúite in euro, airgeadra tuairiscithe agus feidhmiúil an Ghrúpa.

(b) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta ainmnithe, nó a éilíonn réiteach, in airgeadra iasachta chuig an airgeadra feidhme ag baint úsáide as na rátaí malairte atá i láthair ar dhátaí na n-idirbheart.

Aistrítear míreanna airgeadaíochta ainmnithe in airgeadra eachtrach ag úsáid an ráta dúnta ag an dáta tuairiscithe. Aistrítear míreanna neamh-airgeadaíochta tomhaiste ag costas stairiúil in airgeadra eachtrach ag úsáid an ráta malairte ar dháta an aitheantais tosaigh.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais mhalairte a eascraíonn ó ghlanadh idirbheart malairte eachtraí agus ón aistriú ag deireadh bliain rátaí malairte na sócmhainní agus dliteanas airgeadaíochta ainmnithe in airgeadraí eachtracha sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Léirítear gach gnóthachan agus caillteanas malairte eachtraí sa ráiteas ioncaim i ngnóthachain agus caillteanais eachtracha mar mhír líne aonair sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

2.6 Sócmhainní airgeadais

Déanann an Grúpa a shócmhainní airgeadais a rangú sna catagóirí IAS 39 seo a leanas:

(a) *Sócmhainní airgeadais ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas;*

(b) *Iasachtaí agus infháiltais, agus;*

(c) *Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin*

Cinneann an Grúpa rangú a ionstraimí airgeadais ag an aitheantas tosaigh.

(a) Sócmhainní airgeadais ag luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas

Áirítear sa chatagóir sócmhainní seo díorthaigh seachas díorthaigh atá ainmnithe agus éifeachtach mar ionstraimí fálaithe. Aithnítear na sócmhainní seo ar dtús ag luach cothrom agus cuirtear costais idirbhirt san áireamh go díreach sa ráiteas ioncaim comhdhlúite. Áirítear ioncam agus costas a eascraíonn ó na sócmhainní seo san ioncam úis agus sa chostas úis. Áirítear gnóthachain agus caillteanais luacha chothroim i ngnóthachain agus caillteanais ar ionstraimí airgeadais díorthaigh sa ráiteas ioncaim comhdhlúite nó mar chuid de na gnóthachain agus caillteanais mhalairte eachtraí sa chás go mbaineann siad le díorthaigh airgeadra.

(b) Iasachtaí agus infháltais

Is sócmhainní airgeadais neamhdhíreacha iad iasachtaí agus infháltais le híocaíochtaí seasta nó inchinntithe nach bhfuil luaite i margadh gníomhach. Caitear le hiasachtaí a fhaigheann an Grúpa mar iasachtaí agus infháltais de bhrí go raibh na conarthaí bunaidh d'íocaíochtaí seasta nó inchinntithe. Tá na sócmhainní iasachta atá faighte ag an nGrúpa ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha rangaithe mar iasachtaí agus infháltais.

Aithnítear iasachtaí agus infháltais ag luach cothrom móide costais idirbhirt ag an tús. Caitear le sócmhainní iasachta faighte ag an nGrúpa ó Institiúidí Rannpháirteacha, mar a bhforáiltear dóibh san Acht, ag luach cothrom ag aitheantas tosaigh cothrom leis an bpraghas éadála íoctha don tsócmhainn, ag cur aon ghluaiseachtaí sreafa airgid san iarmhéid iasachta idir an dáta luachála agus an dáta aistrithe san áireamh.

Ina dhiaidh sin, tomhaistear íocaíochtaí agus infháltais ag costas amúchta ag úsáid mhodh an ráta úis éifeachtúil (EIR) (féach beartas cuntasáíochta 2.9).

Is mar seo a leanas a rangáítear iasachtaí agus infháltais;

- Iasachtaí talún agus forbartha
- Iasachtaí réadmhaoine infheistíochta

San áireamh sna hiasachtaí talún agus forbartha tá iasachtaí do thalamh atá ceannaithe chun críche forbartha, agus iasachtaí atá faighte do thalamh páirtfhorbartha.

Is ionann iasachtaí réadmhaoine infheistíochta agus iasachtaí a fhaightear ar aon réadmhaoine ceannaithe agus é mar phríomhaidhm é a choinneáil agus tairbhe a bhaint as an bhfáltas iomlán, .i. ioncam agus/nó luachmhéadú caipitil, thar shaolré an úis faighte. D'áireodh sé seo iasachtaí faighte ar fhorbairtí réadmhaoine cónaitheacha críochnaithe atá rangaithe mar iasachtaí réadmhaoine infheistíochta.

(c) Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin

Is ionann sócmhainní airgeadais atá ar fáil le haghaidh díolacháin agus neamhdhíorthaigh atá ainmnithe mar shócmhainní atá ar fáil le haghaidh díolacháin nó sócmhainní nach bhfuil rangaithe mar iasachtaí agus infháltais, infheistíochtaí coimeáda go dtí aibíocht nó sócmhainní airgeadais ag luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas. Is ionann sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin agus sócmhainní atá coimeáda ar feadh tréimhse éiginnte ama, sócmhainní a d'fhéadfaí iad a dhíol mar fhreagairt ar riachtanais leachtachta nó athruithe ar rátaí úis nó rátaí malairte.

Aithnítear sócmhainní airgeadais atá ar fáil le haghaidh díolacháin ag luach cothrom móide costais idirbhirt. Coimeádtar ag luach cothrom iad ina dhiaidh sin. Aithnítear ioncam úis ríofa trí mhodh EIR sa chuntas brabúis nó caillteanais. Aithnítear athruithe eile i suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin in ioncam cuimsitheach sa chúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin. Nuair a dhéantar an infheistíocht a dhiúscairt nó nuair a chinntear é a bheith bearnaithe, déantar an gnóthachan nó an caillteanas carnach carntha roimhe seo sa chúlchiste atá ar fáil le haghaidh díolacháin a athrangú go dtí an cuntas brabúis nó caillteanais.

2.7 Dlíteanais airgeadais

Iompraíonn an Grúpa gach dlíteanas airgeadais ag costas amúchta, ach amháin na hionstraimí airgeadais díorthaigh, a thomhaistear ag luach cothrom. Áirítear faisnéis bhreise ar dhlíteanais díorthaigh i mbeartas cuntasáíochta 2.15.

2.8 Dí-aithint sócmhainní airgeadais agus dlíteanas airgeadais

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint nuair atá deireadh curtha leis na cearta conarthacha sreafaí airgid a fháil ó na sócmhainní seo nó sa chás go bhfuil na sócmhainní aistrithe agus go suntasach go bhfuil rioscaí agus luaíochtaí úinéireacht na sócmhainní aistrithe freisin.

Déantar dlíteanais airgeadais a dhí-aithint nuair atá siad fuascailte nó múchta ar shlí éigin eile.

2.9 Ioncam úis agus costas úis

Aithnítear ioncam agus costas úis na n-ionstraimí airgeadais úsmhara uile mar ioncam úis agus costas úis sa ráiteas ioncaim ag úsáid mhodh EIR.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.9 Ioncam úis agus costas úis (ar lean)

Is ionann modh EIR agus modh chun costas amúchta sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais a ríomh agus ioncam úis nó costas úis a leithdháileadh sa tréimhse chuí. Is ionann EIR agus an ráta a dhéanann lascainiú díreach ar íocaíochtaí airgeadais nó fáлтаis mheasta amach anseo thar shaolré na hionstraime airgeadais chuig suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais nó an dliteanas airgeadais. Agus an EIR á ríomh, rinne an Grúpa sreafaí airgid a mheas bunaithe ar an modheolaíocht faoi shainordú ar a dtugtar Luach Geilleagrach Fadtréimhseach (LTEV) ach níor cuireadh caillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh a bheith i gceist amach anseo san áireamh seachas a raibh aitheanta cheana féin i bpraghas éadála na n-iasachtaí. Áirítear sa ríomh costais idirbhirt agus gach táille íochta nó faighte idir páirtithe an chonartha ar dlúthchuid de EIR iad.

Sa chás nach féidir sreafaí airgid iasachta a mheas go hiontaofa bunaithe ar aitheantas tosaigh (go ginearálta sa chás nach bhfuil an próiseas díchill chuí críochnaithe fós), aithnítear ioncam úis ar bhonn fáлтаs úis conarthach go dtí gur féidir na sreafaí airgid a mheas, tráth a n-aithneofar an t-ioncam úis trí mhodh EIR.

Sa chás go bhfuil iasacht agus infháltas bearnaithe, laghdaíonn an Grúpa an tsuim ghlanluacha go dtí an tsuim mheasta in-aisghabhála (na sreafaí airgid mheasta amach anseo á lascainiú ag an EIR bunaidh) agus leantar le leachtú na lascaine fágtha mar ioncam úis.

Nuair a bhíonn sócmhainn airgeadais (nó grúpa sócmhainní airgeadais cosúla) scríofa anuas mar thoradh ar chaillteanas bearnaithe, aithnítear an t-ioncam úis ag baint úsáide as an ráta bunaidh úis úsáidte chun sreafaí airgid amach anseo a lascainiú chun críche an chaillteanas bearnaithe a thomhas. Ní aithnítear ioncam úis ar iasachtaí bearnaithe ar shuim neamhbhearnaithe iarmhéid na hiasachta ag baint úsáid as an EIR bunaidh.

2.10 Ioncam táille

Aithnítear ioncam táille ar dlúthchuid é de ríomh an EIR nó a eascraíonn as iasacht mar chuid de EIR mar a bhfuil cur síos air i mbeartas cuntasafóchta 2.9. Aithnítear táillí a thuilleann an Grúpa nach cuid de EIR iad sa chuntas brabúis agus ioncaim mar ioncam táille.

2.11 Brabús / caillteanas ar dhiúscairt iasachtaí agus ioncam farasbairr

Tá roinnt sócmhainní iasachta diúscartha ag an GNBS le tríú páirtithe i rith na bliana. Ríomhtar brabús agus caillteanais ar dhiúscairt iasachtaí mar an difríocht idir luach anonn na n-iasachtaí agus praghas na ndíolachán conarthach ag an dáta díolacháin. Áirítear i bpraghas na ndíolachán conarthach aon chomaoin iarchurtha sa chás go bhfuil ceart conarthach ag an GNBS aon sreabhadh airgid iarchurtha a fháil de réir IAS 32. Aithnítear brabús agus caillteanais ar dhiúscairt iasachtaí sa ráiteas ioncaim nuair a tharlaíonn an t-idirbheart.

Ríomhtar ioncam farasbairr mar airgead farasbairr in-aisghabhála ar shócmhainn iasachta thar luach anonn na hiasachta agus aithnítear é nuair atá na sreafaí airgid mheasta athbhreithnithe don fhéichiúnaí níos mó ná iarmhéideanna iomlána iasachta an fhéichiúnaí. Áirítear ioncam farasbairr sa ráiteas ioncaim ag gach dáta tuairiscithe bliantúil.

2.12 Bearnú na sócmhainní airgeadais

Cinneann an Grúpa, ag tús gach tréimhse tuairiscithe, an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil sócmhainn airgeadais nó grúpa sócmhainní airgeadais, tomhaiste ag costas amúchta, bearnaithe.

(a) Iasachtaí agus infháltais tugtha anonn ag costas amúchta

Ar dtús measann an Grúpa an bhfuil fianaise oibiachtúil de bhearnú ann i gcás sócmhainní airgeadais aonair a bhfuil suntas aonair ag baint leo, agus ar bhonn aonair nó comhchoiteann do shócmhainní airgeadais nach bhfuil suntas aonair ag baint leo. Déantar an measúnú suntasach aonair i ndáil le punann iomlán iasachtaí gach féichiúnaí suntasach aonair agus páirtí nasctha, seachas ar bhonn iasachtaí aonair.

Bhí caillteanais chreidmheasa tabhaithe ag formhór na n-iasachtaí agus na n-infháltas faighte cheana féin, a léiríodh i luacháil iasachtaí agus infháltas an GNBS.

Áirítear i bhfianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainn nó punann sócmhainní bearnaithe i ndiaidh éadála an GNBS sna cásanna seo a leanas:

- Coinníollacha geilleagracha idirnáisiúnta, náisiúnta nó áitiúla atá comhghaolaithe le mainneachtain ar shócmhainní sa ghrúpa (m.sh. laghdú ar phraghsanna réadmhaoine sa réimse ábhartha nó athruithe díobhálacha ar choinníollacha tionscail a bhfuil tionchar acu ar an bhféichiúnaí);
- Sonraí inbhraite ag léiriú méadú intomhaiste ar luach sreafaí airgid measta amach anseo ó phunann sócmhainní ó aitheantas tosaigh na sócmhainní seo;
- Athruithe díobhálacha ar ionchais faoin tsuim ar dócha a réadófar ó dhiúscairt comhthaobhachta bainteach leis an iasacht nó leis an bpunann iasachta;
- Athruithe díobhálacha in ionchais uainithe sreafa airgid amach anseo a eascraíonn ó dhiúscairtí comhthaobhachta;
- Athruithe díobhálacha ar stádas íocaíochta an fhéichiúnaí (m.sh. líon níos mó íocaíochtaí moillithe);
- Deacracht shuntasach bhreise airgid an fhéichiúnaí ón tráth éadála;
- Sáruithe breise conartha, dála mainneachtain nó faillí in úis nó íocaíochtaí bunaidh;
- Is dócha go bhfógrófar an féichiúnaí féimheach nó go leanfar le hatheagrú airgeadais de chineál éigin eile.

Suntasach ar bhonn Aonair

Chun críche measúnú suntasach ar bhonn aonair, tomhaistear suim an chaillteanais bhearnaithe mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha na sreabha airgid measta amach anseo (seachas caillteanais chreidmheasa amach anseo nach bhfuil tabhaithe), lascainithe de réir EIR bunaidh na sócmhainne airgeadais. Laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne trí úsáid a bhaint as cuntas liúntais. Aithnítear suim an chaillteanais bhearnaithe sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Measúnú Comhchoiteann

Déantar iasachtaí nach bhfuil faoi réir measúnú suntasach ar bhonn aonair a ghrúpáil ar bhonn comhchoiteann chun críocha measúnú bearnaithe a dhéanamh. Tá an measúnú seo bunaithe ar thaithí measúnú mionsonraithe bearnaithe déanta i ndáil le hiasachtaí suntasacha ar bhonn aonair áit a bhfuil athbhreithniú déanta ar phlean gnó an fhéichiúnaí.

Má laghdaíonn, i dtréimhse ina dhiaidh sin, suim an chaillteanais bhearnaithe agus má tá an laghdú gaolta go hoibiachtúil le teagmhas a tharlaíonn i ndiaidh an bearnú a aithint (dála feabhas ar chumas an fhéichiúnaí suimeanna dlí a aisíoc), déantar an caillteanas aitheanta bearnaithe a aisiompú tríd an gcuntas liúntas a choigeartú. Aithnítear suim an aisiompaithe sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Sa chás nach bhfuil seans ann luach anonn iasachta, nó cuid dó, a aisghabháil, déantar an tsuim nach bhfuil in-aisghabhála a dhíscríobh i gcoinne an liúntais ghaolmhar do bhearnú an fhéichiúnaí. Déanfar sócmhainní airgeadais a dhíscríobh nuair a bheidh na nósanna imeachta riachtanacha curtha i gcrích agus nuair a bhíonn suim an chaillteanais cinnte.

2.13 Bearnú sócmhainní neamh-airgeadais

Déantar suim anonn shócmhainní neamh-airgeadais an Ghrúpa a athbhreithniú ag gach dáta tuairiscithe d'fhonn a chinneadh an bhfuil comhartha bearnaithe ann. Más ann do chomhartha dá leithéid déantar suim in-aisghabhála na sócmhainne a mheas. Is ionann suim in-aisghabhála sócmhainn agus a luach uasta úsáide agus a luach cothrom lúide costais le haghaidh díolacháin.

Agus luach úsáide á mheas, déantar na sreafaí airgid measta amach anseo a lascainiú go dtí a luach reatha ag baint úsáide as ráta lascaine atá ag teacht le measúnú reatha margaidh luach an airgid agus na rioscaí a bhaineann leis an tsócmhainn. Aithnítear caillteanas bearnaithe sa chuntas brabúis nó caillteanais má sháraíonn an tsuim anonn an tsuim in-aisghabhála.

2.14 Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim

Is ionann airgead agus airgead ar láimh, éarlaisí éilimh agus nótaí státchiste.

Is ionann coibhéisí airgid agus infheistíochtaí gearrthréimhseacha, ardleachtachta atá so-inmhalartaithe go suimeanna aitheanta airgid atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar luach.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.15 Ionstraimí airgeadais díorthaigh agus cuntasaíocht fálaithe

Úsáidtear díorthaigh, amhail babhtálacha ráta úis, babhtálacha tras-airgeadra agus babhtálacha malairte eachtraí chun críocha fálaithe mar chuid de straitéis bainistíochta riosca an Ghrúpa. Chomh maith leis sin, fuair an Grúpa, ar luach cothrom, díorthaigh áirithe a bhaineann leis na hiasachtaí a fuarthas ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Ní théann an Grúpa isteach i ndíorthaigh ar mhaithe le trádáil dílseánaigh.

Is é beartas an Ghrúpa fálú a dhéanamh ar a neamhchosaint ar airgeadra eachtrach trí dhíorthaigh airgeadra a úsáid. Déantar riosca ráta úis ar fhiachas arna eisiúint ag an nGrúpa a fhálú ag baint úsáide as babhtálacha ráta úis. Déantar babhtálacha ráta úis a fhaightear ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha a fhálú trí bhabhtálacha ráta úis a fhritháireamh.

Cuirtear díorthaigh chun cuntais ar luach cothrom nó trí bhrabús agus caillteanas nó, sa chás go bhfuil siad sainithe mar ionstraimí fálaithe, trí úsáid a bhaint as na soláthairtí um chuntasaíocht fálaithe i IAS 39.

Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas

Déantar díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús agus caillteanas a aithint ar dtús ar luach cothrom ar an dáta ar a ndéantar nó ar a bhfaightear conradh díorthaigh agus déantar iad a thomhas arís níos déanaí ar luach cothrom.

Cinntear luach cothrom díorthach ag baint úsáide as teicníc luachála um marcáil ón margadh bunaithe ar luachálacha neamhspleácha a fhaightear trí leas a bhaint as ionchuir mhargaidh inbhraite amhail cuair toraidh Euribor agus Libor, ar chomhchéim le rátaí malairte eachtraí agus úis.

Sna boinn tuisceana a úsáidtear do na teicnící luachála sin áirítear dóchúlacht agus uainiú ionchais shreafaí airgid na hionstraime amach anseo. Rialaítear na sreafaí airgid sin de réir théarmaí na hionstraime de ghnáth, cé go bhfuil gá le breith ón lucht bainistíochta i gcás ina bhfuil amhras faoi chumas an chontrapháirtí freastal ar an ionstraim de réir théarmaí an chonartha.

Luaitear díorthaigh mar shócmhainní nuair atá an luach cothrom dearfach agus mar dhliteanais nuair atá an luach cothrom diúltach.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar bhabhtálacha airgeadra i mbrabús agus caillteanas mar chuid de na gnóthachain agus caillteanais i malairt eachtrach.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar luach cothrom ar na díorthaigh sin sa ráiteas ioncaim. Sa chás go bhfuil siad sainithe mar ionstraimí fálaithe áfach, braitheann an chaoi ina bpléitear leis na gnóthachain agus caillteanais ar luach cothrom ar nádúr na gaolmhaireachta fálaithe.

Díorthaigh sainithe i ngaolmhaireachtaí fálaithe

Sainíonn an Grúpa díorthaigh áirithe mar fhálú ar shreafaí airgid an-dóchúla amach anseo, atá inchurtha i leith sócmhainne nó dliteanais aitheanta, nó idirbheart réamhaisnéise (fálú an tsreafa airgid).

Ag tráth bunaithe na gaolmhaireachta fálaithe, tuairiscíonn an Grúpa ar an ngaolmhaireacht idir míreanna fálaithe agus ionstraimí fálaithe, chomh maith lena cuspóir bainistíochta riosca agus a straitéis le tabhairt faoi roinnt idirbheart fálaithe éagsúla. Tuairiscíonn an Grúpa ar a measúnú freisin, ag tráth bunaithe an fhálaithe agus ar bhonn leanúnach, faoi cibé an bhfuil na díorthaigh a úsáidtear sna hidirbhearta fálaithe an-éifeachtach chun athruithe i sreafaí airgid míreanna fálaithe a fhritháireamh nó nach bhfuil.

Fálú an tsreafa airgid

Déantar an cion éifeachtach athruithe i luach cothrom díorthach atá sainithe agus a cháilíonn mar fhálú an tsreafa airgid a aithint in ioncam cuimsitheach eile agus áirítear i gcúlchiste fhálú an tsreafa airgid iad, a chuimsítear i gcothromas. Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas maidir leis an gcion neamhéifeachtach láithreach sa ráiteas ioncaim comhdhlúite.

Déantar méideanna arna gcarnadh i gcothromas a athrangú go dtí an ráiteas ioncaim sna tréimhsí ina dtéann an mír fálaithe i bhfeidhm ar bhrabús nó ar chaillteanas. Déantar méideanna arna n-athrangú go bhrabús nó caillteanas ó chothromas a chuimsiú i nglan-ioncam úis.

Nuair a théann ionstraim fhálaithe in éag nó nuair a dhíoltar í, nó sa chás nach gcomhlíonann fálú na critéir le haghaidh cuntasaíochta fálaithe a thuilleadh, fágtagar gnóthachan nó caillteanas carnach reatha atá i gcothromas ag an am sin i

gcothromas agus aithnítear é sa ráiteas ioncaim nuair a dhéantar an t-idirbheart réamhaisnéise. Sa chás nach meastar a thuilleadh go dtarlóidh idirbheart réamhaisnéise, déantar an gnóthachan nó caillteanas carnach a tuairiscíodh i gcothromas a athrangú láithreach go dtí an ráiteas ioncaim.

2.16 Fardail – Trádáil Réadmhaoine

Coinnítear trádáil réadmhaoine le haghaidh athdhíola agus luaitear í ag costas agus glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Socraítear costais ar bhonn na gcostas aonair a bhaineann le gach sócmhainn a aithint go sonrach. Léiríonn an glanluach inréadaithe an praghas díola measta le haghaidh réadmhaoine lúide na costais mheasta uile chun í a chur i gcrích agus na costais is gá chun an díolachán a dhéanamh.

2.17 Cánachas

Cuimsíonn cáin ioncaim cáin reatha agus iarchurtha araon. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim, ach amháin chomh fada agus a bhaineann sí le míreanna arna n-aithint in ioncam cuimsitheach eile, agus sa chás sin aithnítear in ioncam cuimsitheach eile í.

(a) Cáin ioncaim reatha

Is é atá sa cháin ioncaim reatha ná an cháin ionchais atá infíoctha ar an ioncam inchánach don bhliain ag baint úsáide as rátaí cánach arna gcur i bhfeidhm nó arna gcur i bhfeidhm go substainteach ar dháta an tuairiscithe agus coigeartú ar bith ar an gcáin atá infíoctha maidir le blianta roimhe sin.

Déantar cáin ioncaim reatha atá infíoctha ar bhrabús, bunaithe ar an dlí cánach is infheidhme i ngach dlínse, a aithint mar chostas sa thréimhse ina dtagann an brabús chun cinn.

Déantar iarmhairtí cánach na gcaillteanas reatha i gcáin ioncaim atá ar fáil le tabhairt ar aghaidh a aithint mar shócmhainn nuair is cosúil go mbeidh brabúis inchánach ar fáil sa todhchaí a ndéantar na caillteanais seo a úsáid ina leith.

Ní dhéanann an Ghrúpa dliteanais agus sócmhainní cáin ioncaim reatha a fhritháireamh.

(b) Cáin ioncaim iarchurtha

Soláthraítear cáin ioncaim iarchurtha ina hiomláine, ag úsáid an mhodha dliteanais, ar dhifríochtaí sealadacha a thagann chun cinn idir boinn chánach sócmhainní agus dliteanais agus a méideanna carraeireachta sna ráitis airgeadais comhdhlúite. Cinntear cáin ioncaim iarchurtha ag baint úsáide as rátaí cánach (agus dlíthe cánach) atá curtha i bhfeidhm nó curtha i bhfeidhm go suntasach faoi dháta an ráitis faoin staid airgeadais agus go bhfuiltear ag súil go mbeidh siad i bhfeidhm nuair a réadófar an tsócmhainn cáin ioncaim iarchurtha lena mbaineann nó nuair a ghlanfar an dliteanas cáin ioncaim iarchurtha.

Aithnítear sócmhainní cáin ioncaim nuair is cosúil go mbeidh brabús inchánach ar fáil sa todhchaí a bhféadfaí na difríochtaí sealadacha seo a úsáid agus iad a chur ina leith.

Déantar cáin ioncaim iarchurtha a bhaineann le fálú an tsreafa airgid agus atá ar fáil le haghaidh gluaiseachtaí cúltaca díolacháin a aithint in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear í ina dhiaidh sin sa ráiteas ioncaim comhdhlúite mar aon leis an gcaillteanas nó gnóthachan iarchurtha.

Déantar sócmhainní agus dliteanais cáin ioncaim iarchurtha a fhritháireamh nuair atá ceart infheidhmithe le dlí ann chun dliteanais chánach reatha a fhritháireamh, agus nuair a bhaineann na sócmhainní agus dliteanais cáin ioncaim iarchurtha le cánacha ioncaim arna ngearradh ag an údarás cánachais céanna ar an aonán inchánach céanna nó ar aonán inchánacha éagsúla nuair atá sé beartaithe na hiarmhéideanna a shocrú ar bhonn glan.

2.18 Soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir agus dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha

Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí ar éilimh dhlíthiúla nuair atá oibleagáid dlíthiúil nó inchiallaithe reatha ag an nGrúpa mar gheall ar imeacht atá caite; is ea is dóichí go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní chun an oibleagáid a réiteach; agus féadfar meastachán iontaofa a dhéanamh maidir le méid na hoibleagáide. Ní aithníonn an Grúpa aon soláthairtí le haghaidh caillteanas oibriúcháin amach anseo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASAÍ (AR LEAN)

2.18 Soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir agus dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha (ar lean)

Dlíteanais theagmhasacha

Ní aithníonn an Grúpa dliteanais theagmhasacha ach nochtar iad, ach amháin sa chás gur beag seans a tharlóidh siad.

Sócmhainní teagmhasacha

Ní aithníonn an Grúpa sócmhainní teagmhasacha ach nochtar iad nuair is cosúil go mbeidh insreabhadh tairbhí eacnamaíocha i gceist. Má éiríonn réadú ioncaim geall le cinnte ansin aithnítear an tsócmhainn lena mbaineann.

Déantar dlíteanais agus sócmhainní teagmhasacha a mheasúnú ar bhonn leanúnach lena chinntiú go léirítear go hiomchuí sna ráitis airgeadais iad.

2.19 Méideanna dlite le / ó Institiúidí Rannpháirteacha

Déantar méideanna dlite le / ó Institiúidí Rannpháirteacha a rangú mar seo a leanas:

- a) Coigeartuithe luachála díchill chuí
- b) Coigeartuithe um luach le haistriú
- c) Coigeartuithe um Alt 88, Alt 93, Alt 98
- d) Staideanna rótharraingte gan íoc

a) Coigeartuithe luachála díchill chuí

Déantar aon choigeartuithe a thagann chun cinn tar éis dícheall cuí a dhéanamh ar shócmhainní aistrithe a aithint ar dtús sa ráiteas faoin staid airgeadais mar choigeartú ar luach carraeireachta sócmhainní agus mar mhéideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha nó uathu. Déantar na coigeartuithe díchill chuí a shocrú i bhfoirm airgid thirim nó trí urrúis fiachais atá ráthaithe ag an rialtas a eisiúint nó a fhuascailt.

b) Coigeartuithe um luach le haistriú

Baineann coigeartuithe um luach le haistriú le glanghluaiseachtaí a tharla ar neamhchosaintí iasachtaí idir dáta luachála na sócmhainní iasachta agus an dáta ar ar aistríodh na hiasachtaí go dtí an Grúpa. Déantar méid ar bith atá dlite le hInstitiúid Rannpháirteach, nó uaidh, a íoc i bhfoirm airgid thirim nó trí urrúis fiachais atá ráthaithe ag an rialtas a eisiúint nó a fhuascailt.

c) Coigeartuithe um Alt 88, Alt 93, Alt

Baineann coigeartuithe faoi Alt 88 den Acht le hearráidí nó easnaimh shoiléire i sceideal gnóthaithe.

Déantar coigeartuithe faoi Alt 93 den Acht i gcás ina ndearna an Grúpa ró-íocaíocht le haghaidh sócmhainne. Má fhaigheann Institiúid Rannpháirteach suim ón nGrúpa mar mhalairt ar shócmhainní iasachta a fháil atá níos mó ná an tsuim atá dlite don Institiúid Rannpháirteach sin faoin Acht, nó má fhaigheann sí suim ar bith eile ón nGrúpa nach bhfuil sí i dteideal í a fháil, tá dualgas ar an Institiúid Rannpháirteach suim na ró-íocaíochta a aisíoc leis an nGrúpa chomh maith le hús fabhráithe de réir mar a chinneann an Grúpa.

Baineann coigeartuithe faoi Alt 98 den Acht le heasnaimh shoiléire maidir le luacháil sócmhainní arna bhfáil ó Institiúidí Rannpháirteacha.

Aithnítear aon choigeartuithe faoi Ailt 88, 93 nó 98, nach bhfuil socraithe ag an dáta tuairiscithe, mar mhéideanna atá dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha nó uathu, go dtí go socrófar na méideanna sin.

d) Staideanna rótharraingte gan íoc

Déanann na hInstitiúidí Rannpháirteacha cuntais rótharraingte a mhaoiniú agus bailíonn siad aisíocaíochtaí in airgead tirim ar chuntais rótharraingte ar son an GNBS. Aithnítear na méideanna a mhaoiníonn na hInstitiúidí Rannpháirteacha sa ráiteas faoin staid airgeadais mar mhéideanna atá dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha agus aithnítear na méideanna a bhailítear mar mhéideanna atá dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha. Cuirtear an glanmhéid atá dlite le / ó Institiúidí Rannpháirteacha i bhfeidhm i leith iarmhéid na n-infháltas agus na n-iasachtaí gan íoc.

2.20 Réadmhaoín, innealra agus trealamh

Thabhaigh an Ghníomhaireacht costais as spás oifige ar léas a fheistiú. Déantar costais a thabhaítear a chaipitliú sa ráiteas faoin staid airgeadais mar réadmhaoín, innealra agus trealamh de réir IAS 16. Déantar an tsócmhainn aitheanta a dhímheas ar bhonn líne dírí thar 10 mbliana. Aithnítear dímheas bliana iomláine sa bhliain ina ndéantar an tsócmhainn a chaipitliú.

2.21 Conarthaí ráthaíochta airgeadais gnóthaithe

Is iad atá i gconarthaí ráthaíochta airgeadais ná conarthaí ina n-éilítear ar an eisitheoir íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh chun an sealbhóir a aisíoc i leith caillteanais a thabhaíonn sé toisc go dteipeann ar fhéichiúnaí sonraithe íocaíochtaí a dhéanamh nuair atá siad dlite, de réir téarmaí ionstraime fiachais. Tugtar ráthaíochtaí airgeadais dá leithéidí do bhainc, d'institiúidí airgeadais agus do chomhlachtaí eile ar son custaiméirí chun iasachtaí, rótharraingtí agus áiseanna baincéireachta eile a dhaingniú.

Aithnítear ráthaíochtaí airgeadais ar dtús sna ráitis airgeadais ar luach cothrom ar an dáta ar a bhfuarthas an ráthaíocht. Tar éis dóibh a bheith aitheanta ar dtús, déantar dliteanais an Ghrúpa faoi ráthaíochtaí dá leithéidí a thomhas ag an méid is airde den mhéid tosaigh, lúide amúchadh táillí arna n-aithint de réir IAS 18 agus an meastachán is fearr ar an méid is gá chun an ráthaíocht a ghlanadh. Cinntear na meastacháin sin bunaithe ar thaithí ar idirbhearta comhchosúla agus stair na gcaillteanas roimhe seo, mar aon le tuairim an lucht bainistíochta. Aithnítear an t-ioncam táillí a thuilltear ar bhonn líne dírí thar shaolré na ráthaíochta. Tuairiscítear méadú ar bith sa dliteanas a bhaineann le ráthaíochtaí sa ráiteas ioncaim comhdhlúite laistigh de chostais oibriúcháin eile.

2.22 Ionstraimí fiachais agus cothromais

Rangaítear ionstraimí fiachais agus cothromais mar dhliteanais nó mar chothromas i gcomhréir le hábhar théarmaí conarthacha na n-ionstraimí. I gcás ionstraimí nach ngabhann oibleagáid chonartha leo chun airgead tirim nó sócmhainn airgeadais eile a sholáthar d'aonán eile, rangaítear iad mar chothromas agus cuirtear i láthair faoi chothromas iad. Aithnítear na híocaíochtaí cúpóin ar na hionstraimí sin go díreach i gcothromas. Cuimsítear cúpón lánroghnach sna fobhannaí arna n-eisiúint ag an nGrúpa agus níl aon oibleagáid i gceist leo chun airgead tirim a sholáthar, agus dá bhrí sin rangaítear mar ionstraimí cothromais iad.

Rangaítear urrúis fiachais shinsearach a eisiúint an Grúpa mar ionstraimí fiachais mar gabhann cúpón seasta leis na hurrúis bunaithe ar Euribor agus níl an íocaíocht chúpóin lánroghnach.

Déantar urrúis fiachais arna n-eisiúint a thomhas ar dtús ar luach cothrom lúide costais na n-idirbheart agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar chostas amúchta ag baint úsáide as an modh EIR. Is ionann luach tosaigh na mbannaí sinsearach arna n-eisiúint agus 95% de chostas gnóthaithe na n-iasachtaí arna n-aistriú ó gach Institiúid Rannpháirteach. Is ionann luach tosaigh na bhfobhannaí agus 5% de chostas gnóthaithe na n-iasachtaí arna n-aistriú.

2.23 Scairchaipiteal

(a) Díbhinní ar ghnáthscaireanna

Aithnítear díbhinní ar ghnáthscaireanna i gcothromas sa tréimhse ina bhfaomhann scairshealbhóirí na Cuideachta iad. Pléitear le díbhinní don tréimhse a fhógraítear tar éis dáta an ráitis comhdhlúite faoin staid airgeadais i Nóta 38, Imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe.

(b) Cúpón ar ionstraim chothromais eile

Cuimsítear leis sin na fobhannaí a chomhlíonann an sainmhíniú ar ionstraim chothromais. Léirítear íocaíochtaí cúpóin ar na hionstraimí sin go díreach i gcothromas nuair a fhógraítear iad.

2.24 Tuairisciú teascánach

Tuairiscítear teascáin oibriúcháin ar bhealach atá comhsheasmhach leis an tuairisciú inmheánach a sholáthraítear don phríomhchinnteoir oibriúcháin. Is é an príomhchinnteoir oibriúcháin ná an duine nó an grúpa a leithdháileann acmhainní ar theascáin oibriúcháin aonáin agus a dhéanann a bhfeidhmíocht a mheasúnú. Cheap an Grúpa Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS mar a phríomhchinnteoir oibriúcháin.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

2.25 Leasanna neamh-rialaithe i bhfochuideachtaí

Is é atá i gceist le leasanna neamh-rialaithe i bhfochuideachtaí ná gnáth-scairchaipiteal agus/nó cothromas eile i bhfochuideachtaí nach féidir a chur i leith an mháthair-aonáin, go díreach nó go hindíreach.

Féadfar brabús a d'fhéadfadh a bheith i gceist i dtréimhse ar bith a leithdháileadh ar an leas neamh-rialaithe de réir an toraidh is fearr ar infheistíocht a d'fhéadfaí a íoc leis na hinfheisteoirí seachtracha. Déantar caillteanas a bhíonn i gceist i dtréimhse ar bith a leithdháileadh ar an leas neamh-rialaithe suas go dtí luach an leasa neamh-rialaithe sa Ghrúpa amháin, mar glacann an GNBS beagnach tairbhí agus rioscaí eacnamaíochta uile an Ghrúpa.

3. BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CRITICIÚLA

Agus ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir IFRS, éilítear go mbainfear úsáid as meastacháin agus go nglacfar le boinn tuisceana a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní, dliteanais, ioncam agus costais chomh maith le nochtheadh sócmhainní agus dliteanais theagmhasacha. Déantar measúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais agus bíonn siad bunaithe ar thaithí roimhe seo agus ar thosca eile lena n-áirítear ionchais maidir le himeachtaí amach anseo a mheastar a bheith réasúnach i gcúinsí an cháis. Toisc go mbíonn meastachán ar an dóchúlacht go dtarlódh imeachtaí amach anseo ina chuid de bhreithiúnas an lucht bainistíochta, d'fhéadfadh na torthaí iarbhrí a bheith difriúil ó na meastacháin sin, a d'fhéadfadh dul i gcion ar na méideanna a thuairisceofar le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amach anseo.

Creideann an lucht bainistíochta go bhfuil na boinn tuisceana bhunúsacha a úsáidtear iomchuí agus dá bhrí sin, go léiríonn ráitis airgeadais an Ghrúpa an staid airgeadais agus na torthaí ar bhealach cothrom. Déantar cur síos ar na réimsí lena mbaineann leibhéal níos airde breithiúnais nó castachta, nó réimsí ina bhfuil boinn tuisceana agus meastacháin suntasach i leith na ráiteas airgeadais comhdhlúite, mar seo a leanas:

3.1 Luach cothrom iasachtaí agus infháltas ar ghnóthú

Éilítear i IAS 39 go n-aithneofar gach sócmhainn airgeadais, lena n-áirítear iasachtaí agus infháltas, ar dtús ar luach cothrom agus luaitear ann gurb é praghas an idirbhirt nó praghas an ghnóthaithe an fhianaise is fearr ar luach cothrom. Creideann an GNBS nach raibh aon mhargadh gníomhach ann ag am an ghnóthaithe don chineál sócmhainní a fuair sí, agus tá sí sásta go bhfuil praghas an idirbhirt ina thomhas iomchuí de luach cothrom.

Mar atá sonraithe i mbeartas cuntasaíochta 2.6, aithnítear iasachtaí a fhaigheann an GNBS ar dtús ag a bpraghas gnóthaithe de réir mar a ndéantar é a choigeartú i gcomhréir le gluaiseachtaí sonraithe in iarmhéid na hiasachta idir dáta luachála na hiasachta agus dáta an ghnóthaithe. Cinneadh praghas gnóthaithe na n-iasachtaí a fuair an GNBS ag baint úsáide as an modheolaíocht LTEV mar atá leagtha amach san Acht agus sna rialacháin ghaolmhara.

Sa mhodheolaíocht sin baintear úsáid as samhail luachála bunaithe ar chomhthaobhacht lena n-áirítear réamh-mheastacháin ar shreafaí airgid a bhaineann le réadmhaoin agus boinn tuisceana maidir le réadú chomhthaobhacht na réadmhaoine. Is é an bonn luachála don chomhthaobhacht réadmhaoine go léir ná luach na réadmhaoine bunúsai amhail an 30 Samhain 2009, ach ceadáítear san Acht ardú a dhéanamh ar luach eacnamaíoch fadtéarmach chomhthaobhacht na réadmhaoine, chun an luach a léiriú lena mbeifí ag súil go réasúnta a fháil ar an tsócmhainn i gcóras airgeadais cobhsaí nuair a bheidh na cúinsí géarchéime a bhí ann agus an tAcht á rith tar éis maolú. Is iad na príomhionchuir don tsamhail ná an luacháil réadmhaoine neamhspleách agus an measúnú ar shreafaí airgid, agus lascaine bainte díobh chun luach reatha na sócmhainne a chinneadh.

3.2 Bearnú iasachtaí agus infháltas agus díorthaigh ghaolmhara gnóthaithe

Is é beartas an Ghrúpa athbhreithniú a dhéanamh ar a phunann iasachtaí agus infháltas le haghaidh bearnaithe go bliantúil ar a laghad. Agus cinneadh á dhéanamh cibé ar cheart caillteanas bearnaithe a thaifeadh sa ráiteas ioncaim chomhtháite ag an dáta tuairiscithe, déanann an Grúpa breitheanna faoi cibé an bhfuil aon sonraí inbhraite ann a léiríonn fianaise ar bhearnú ar chosúil go dtiocfadh laghdú intomhaiste ar uainiúcháin agus ar mhéideanna na sreafaí airgid measta amach anseo dá thoradh. Tá beartas an Ghrúpa maidir le bearnú leagtha amach i mbeartas cuntasaíochta 2.12.

Déantar sócmhainní a mheasúnú ar leithligh nó cuirtear le chéile iad i ngrúpa agus déantar iad a mheasúnú ar bhonn comhchoiteann le haghaidh bearnaithe.

Tá formhór (94%) na bhféichiúnaithe faoi bhainistiú an GNBS ina bhféichiúnaithe measúnaithe ar bhonn aonair, lena léirítear iasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara a bhfuil luach carraireachta €23.5bn (2010 €13.3bn) ag baint leo. Ní dhearnadh na féichiúnaithe eile, a léiríonn luach carraireachta €5.2bn agus atá faoi bhainistiú Institiúidí Rannpháirteacha go príomha, a mheasúnú ina n-aonair agus cuirtear le chéile iad i bpunann amháin lena measúnú ar bhonn comhchoiteann.

Féichiúnaithe measúnaithe ar bhonn aonair

Tá an measúnú bearnaithe ar fhéichiúnaithe measúnaithe ar bhonn aonair bunaithe ar na sreafaí airgid athbhreithnithe is déanaí atá ar fáil.

D'ullmhaigh an lucht bainistíochta réamh-mheastacháin um shreabhadh airgid le linn phróiseas rannpháirtíochta phlean gnó na bhféichiúnaithe. Mar chuid den phróisis sin thug an lucht bainistíochta aird ar na réamh-mheastacháin um shreabhadh airgid a bhí leagtha amach i bplean gnó na bhféichiúnaithe agus a athbhreithníodh trí phróiseas an Athbhreithnithe Ghnó Neamhspleách.

Ullmhaíonn an lucht bainistíochta an meastachán is fearr ar shreafaí airgid ionchais na todhchaí le haghaidh gach ceangail, amhail dáta an tuairiscithe airgeadais ina léirítear feidhmíocht an fhéichiúnaí agus forbairtí aitheanta eile a d'fhéadfadh dul i gcion ar shreafaí airgid sa todhchaí. Ansin ullmhaítear próiseas um fhianú na sreafaí airgid agus réiteach chomhpháirteanna bunúsacha an luacha carraeireachta.

Sa líon beag cásanna nár cuireadh plean gnó féichiúnaithe i gcrích, réamh-mheas an lucht bainistíochta sreafaí airgid don fhéichiúnaí ar bhonn fheidhmiú is dóchúla na n-iasachtaí bunúsacha agus na comhthaobhachta lena mbaineann.

Chun sreafaí airgid a réamh-mheas ní mór don lucht bainistíochta meastachán agus breithiúnas suntasach a chleachtadh, (agus na sreafaí airgid bunúsacha iarbhair á gcur san áireamh), lena n-áirítear boinn tuisceana maidir le cúinsí eacnamaíochta áitiúla, feidhmíocht trádála an fhéichiúnaí agus luach chomhthaobhacht na réadmhaoine bunúsaí. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh difríocht shuntasach a bheith idir na sreafaí airgid iarbhair, agus a n-uainiú, agus na sreafaí airgid réamh-mheasta arna n-ullmhú ag an lucht bainistíochta chun méid an tsoláthair bhearnaithe le haghaidh féichiúnaithe atá suntasach ina n-aonair a chinneadh.

Déanann an lucht bainistíochta na boinn tuisceana a úsáidtear chun méid agus uainiú na sreafaí airgid amach anseo a réamh-mheas a athbhreithniú go rialta agus déantar réamh-mheastacháin ar shreafaí airgid a nuashonrú.

Tar éis do shreafaí airgid na bhféichiúnaithe aonair go léir a bheith curtha i gcrích cuirtear iad sin i ngrúpa le chéile agus cuirtear na sreafaí airgid faoi réir anailíse íogaireachta chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar dóchúil ar an soláthar bearnaithe maidir le hathrú ar uainiú agus ar mhéid na sreafaí airgid.

Anailís íogaireachta

Cinntear soláthar bearnaithe 2011 tar éis measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Sreafaí airgid measta arna nginiúint ó urrús bunúsach mar chomhthaobhacht i leith iasachta
- Luach diúscartha ionchais an urrúis bhunúsaigh
- Uainiú ionchais réadú na sreafaí airgid lena n-áirítear uainiú dhiúscairt ionchais an urrúis sa todhchaí.

Tar éis do mheasúnú sreafa airgid mionsonraithe ar fhéichiúnaithe dar luach €23.5bn (€0.3m de díorthaigh íasachtaí gaolmhara san áireamh) le chéile a bheith curtha i gcrích, cuireann torthaí comhdhlúite an mheasúnaithe sreafa airgid sin ar chumas an GNBS íogaireachtaí áirithe a chur i bhfeidhm i leith a punainne agus tionchar na n-íogaireachtaí sin ar an soláthar bearnaithe a mheasúnú.

Leagtar amach sa tábla thíos an tionchar ar sholáthar bearnaithe 2011 de thoradh ar athrú i méid na sreafaí airgid thar gheografaíochtaí agus cineálacha sócmhainní áirithe.

Tionchar measta in €m ar mhuirear bearnaithe 2011 de laghdú 1% i luach na ndiúscairtí comhthaobhachta measta

	Éire €m	RA €m
Talamh agus forbairt	24	5
Cónaitheach	16	3
Tráchtáil	16	10
Miondíol	23	4
Óstán agus fóillíocht	6	2

Féichiúnaithe measúnaithe ar bhonn comhchoitinn

I gcás féichiúnaithe nach ndéantar measúnú orthu ina n-aonair, meastar ar bhonn comhchoiteann iad chun measúnú bearnaithe a dhéanamh ("measúnú comhchoiteann") Déantar an measúnú comhchoiteann sin a ríomh trí thaithí bearnaithe na bhféichiúnaithe suntasacha ina n-aonair a chur san áireamh. Cuirtear an meánráta bearnaithe, do na féichiúnaithe suntasacha ina n-aonair, i bhfeidhm i leith na n-iasachtaí arna measúnú ar bhonn comhchoiteann.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

3. BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CRITICIÚLA (AR LEAN)

3.2 Bearnú iasachtaí agus infháltas agus díorthaigh ghaolmhara gnóthaithe (ar lean)

Déanann an lucht bainistíochta méid sholáthar bearnaithe aitheanta ar bith a mheas i bhfianaise an leibhéil bhearnaithe a bhí i gceist sa chuid den phunann iasachta a ndearnadh measúnú aonair uirthi. Trí é sin a dhéanamh, is é an príomhbhonn tuisceana ná go mbeidh an leibhéal bearnaithe sa dá chuid den phunann cosúil lena chéile. Má bhíonn feidhmíocht na sócmhainní measúnaithe ar bhonn aonair difriúil ó réamh-mheastachán nó má bhíonn feidhmíocht na bhféichiúnaithe measúnaithe ar bhonn comhchoiteann an-difriúil ó na féichiúnaithe measúnaithe ar bhonn aonair, beidh tionchar aige sin ar leibhéal an tsoláthair bhearnaithe chomhchoitinn.

Déanann iniúchóirí inmheánacha an GNBS athbhreithniú neamhspleách ar an bpróiseas bearnaithe ar bhonn bliantúil ar a laghad. Áirítear i raon feidhme an athbhreithnithe seo measúnú a dhéanamh ar phróiseas an athbhreithnithe ar bhearnú agus ar chruinneas agus iomláine na n-ionchur do na measúnuithe aonair agus comhchoiteanna.

3.3 Aitheantas ioncain ar iasachtaí agus infháltais

Tá an beartas cuntasáiochta maidir le hioncam úis a aithint le haghaidh iasachtaí agus infháltas leagtha amach i mbeartas cuntasáiochta 2.9. Fuarthas an phunann iasachtaí a fuair an Grúpa ar lascaine shuntasach i leith pharluach na n-iasachtaí, lena léiríodh caillteanais iasachta a tabhaíodh ar na hiasachtaí cheana féin sular ghnóthaigh an GNBS iad. Tá EIR na punainne seo socraithe ag an ráta lascaine lena ndéantar luach reatha na sreafaí airgid ar glacadh leo sa tsamhail luachála gnóthaithe iasachta cothrom leis an luach gnóthaithe. Socraítear an ráta sin ar dháta na luachála agus bíonn sé mar EIR tosaigh na hiasachta.

D'fhéadfadh difríocht dhearfach nó dhiúltach a bheith idir na sreafaí airgid iarbhír thar shaol an fhéichiúnaí agus na sreafaí airgid ionchais a nglactar leo sa tsamhail luachála gnóthaithe. Déanann an Grúpa sreafaí airgid ionchais a athbhreithniú go bliantúil ar a laghad mar chuid dá athbhreithniú bearnaithe (féach nóta 3.2). Bheadh tionchar ag athrú ar bith ar bhonn tuisceana ar ioncam úis ar iasachtaí agus infháltas arna dtabhairt ar aghaidh ag costas amúchta mar atá nochta i Nóta 5. Ní aithneofar ioncam úis ar chuid bearnaithe ar bith de shócmhainn, agus mar sin laghdófar an t-ioncam úis sa chás go bhfuil sreafaí airgid réamh-mheasta athbhreithnithe níos lú ná na sreafaí airgid ionchais tosaigh sa tsamhail gnóthaithe iasachta.

4. ANAILÍS TEASCÁNACH

Déanann an Grúpa tuairiscíú teascánach i gcomhréir le IFRS 8, 'Teascáin oibriúcháin'.

Tuairiscítear teascáin oibriúcháin i gcomhréir leis an tuairiscíú inmheánach a sholáthraítear do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS (an príomhchinnteoir oibriúcháin). Soláthraítear san Acht go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cúrsaí riaracháin agus gnó an GNBS a bhainistiú agus a rialú go ginearálta, mar aon leis an bhfoireann atá sannta di, agus comhlíonfaidh sé feidhm ar bith eile a thugann an Bord dó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an duine atá freagrach freisin chun críocha Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Chinn an Grúpa nach bhfuil ach teascán oibriúcháin amháin aige ar bhonn domhanda, is é sin an gnó bainistíochta sócmhainne punainne a fheidhmíonn an Grúpa. Is í príomhghníomhaíocht an ghnó iasachtaí incháilithe a ghnóthú ó Institiúidí Rannpháirteacha, plé go gasta leis na hiasachtaí a fhaightear agus luach na n-iasachtaí sin a chosaint nó a fheabhsú ar bhealach eile.

Tá an fhaisnéis arna cur ar fáil faoin teascán buanaithe ar thuairiscí míosúla agus ráithiúla agus faisnéis bainistíochta mhíosúil, ar a ndéanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin athbhreithniú.

Torthaí teascánacha na n-oibriúcháin

Is í an fhaisnéis theascánach a sholáthraítear do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS maidir leis an teascán intuairiscithe an fhaisnéis chéanna is atá sa ráiteas ioncain comhdhlúite agus sa ráiteas comhdhlúite faoin staid airgeadais agus ní léirítear arís í sna Nótaí. Léirítear anailís gheografach ar ioncam seachtrach, sócmhainní agus dliteanais sa tábla thíos. Leithdháiltear ioncam ar gach teascán ar bhonn shuíomh na comhthaobhachta i ngach earnáil gheografach. Taispeántar an anailís maidir le sócmhainní agus dliteanais seachtracha an Ghrúpa agus ní thaispeántar sócmhainní ná dliteanais idirghrúpa.

Anailís gheografach

2011	Éire ag eisiámh Tuisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuisceart Éireann €'000	Cuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	2011 lomlán €'000
Grúpa					
Ollioncam seachtrach	789,040	401,999	92,209	-	1,283,248
Sócmhainní seachtracha					
iasachtaí agus infháltas roimh bhearnú	17,558,818	8,689,175	2,110,662	-	28,358,655
Bearnú iasachtaí agus infháltas	-	-	-	(2,751,266)	(2,751,266)
Sócmhainní seachtracha eile	4,802,513	253,786	4,964	-	5,061,263
lomlán na sócmhainní seachtracha	22,361,331	8,942,961	2,115,626	(2,751,266)	30,668,652
Dliteanais seachtracha	30,147,328	-	-	-	30,147,328
lomlán na ndliteanas	30,147,328	-	-	-	30,147,328
2010					
Grúpa	Éire ag eisiámh Tuisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuisceart Éireann €'000	Cuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	2010 lomlán €'000
Ollioncam seachtrach	307,220	186,341	31,472	-	525,033
Sócmhainní seachtracha					
iasachtaí agus infháltas roimh bhearnú	17,955,567	9,419,314	2,060,475	-	29,435,356
Bearnú iasachtaí agus infháltas	-	-	-	(1,484,523)	(1,484,523)
Sócmhainní seachtracha eile	1,324,024	355,965	23,353	-	1,703,342
lomlán na sócmhainní seachtracha	19,279,591	9,775,279	2,083,828	(1,484,523)	29,654,175
Dliteanais seachtracha	29,034,306	154,720	9,493	-	29,198,519
lomlán na ndliteanas	29,034,306	154,720	9,493	-	29,198,519

Ní sholáthraítear bearnú iasachtaí agus infháltas de réir na hearnála geografaí toisc go ndéantar an measúnú bearnaithe ar leibhéal an fhéichiúnaí agus beidh comhthabacht féichiúnaithe aonair suite ar fud na n-earnálacha geografacha éagsúla.

Áirítear Urrúis Fiachais Shinsearacha arna n-eisiúint i bhformhór na ndliteanas seachtrach, a ndéantar iad a eisiúint in euro ar Stocmhalartán na hÉireann agus, dá bhrí sin, tuairiscítear iad mar chuid de theascán geografach na hÉireann.

Ní bhfuarthas aon ioncam as idirbhearta le custaiméir seachtrach aonair a bhí cothrom le 10% nó níos mó d'ioncaim an Ghrúpa.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

5. IONCAM ÚIS AGUS TÁILLE

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Ús ar iasachtaí agus infháltais	1,145,360	447,860
Ús ar ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte	100,348	75,323
Ús ar airgead agus coibhéisí airgid	16,870	1,850
Ús ar shócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	10,939	-
Ioncam úis iomlán	1,273,517	525,033
Ioncam tuillte ar chuntais rótharraingte iasachtaithe	1,228	-
Ioncam táille	8,503	-
Ioncam úis agus táille iomlán	1,283,248	525,033

Tá gach ioncam úis aitheanta tuillte. Aithnítear ioncam úis ar iasachtaí agus infháltais de réir bheartas cuntasáiochta 2.9.

Baineann ioncam úis ar ionstraimí airgeadais díorthaigh le hús faighte ar dhíorthaigh ó Institiúidí Rannpháirteacha.

Is ionann ús ar airgead agus coibhéisí airgid agus tuillte ar airgead, earlaisí gearrthréimhseacha, nótaí státchiste agus páipéar tráchtála reáchtáilte i rith na bliana.

Gníomhaireacht	2011 €'000	2010 €'000
Ioncam úis ar airgead	16	-
Ioncam úis iomlán	-	1,601
Ioncam úis iomlán	16	1,601

6. COSTAS ÚIS

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Ús ar urrúis fhiachais shinsearaigh i mbun eisiúna	423,279	98,833
Ús ar dhíorthaigh a bhfuil cuntasáiocht fálaíthe i bhfeidhm orthu	58,280	43,492
Ús ar ionstraimí airgeadais díorthaigh eile	30,797	35,237
Ús ar iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	93	1,445
Costas iomlán úis	512,449	179,007

Gníomhaireacht	2011 €'000	2010 €'000
Ús íoctha ar réamhíocaíochtaí ón Lárchiste	93	1,445
Ús íoctha ar iasachtaí idir-Ghrúpa	720	-
Costas iomlán úis	813	1,445

7. GNÓTHACHAIN / (CAILLTEANAIS) AR IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Gnóthachain luach cothrom ar dhíorthaigh faighte ó iasachtaithe	90,479	47,716
Caillteanas luach cothrom ar dhíorthaigh eile	(81,689)	(64,720)
Coigeartú neamhéifeachtachta fálaithe	15,908	-
Coigeartú luachála i ndiaidh dícheall cuí a thabhairt chun críche	(386)	-
Gnóthachain/(caillteanais) iomlána ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	24,312	(17,004)

San áireamh i ngnóthachain ar dhíorthaigh faighte ó iasachtaithe tá gnóthachain luach cothrom ar dhíorthaigh faighte ó iasachtaithe a bhí bainteach leis na hiasachtaí faighte. San áireamh i gcaillteanais luach cothrom ar dhíorthaigh tá caillteanas ar bhabhtálacha ráta úis a raibh baint ag an nGrúpa leo i gcaitheamh na bliana. Tá na díorthaigh seo mar bhonn le nochtadh riosca ráta úis an GNBS a fhálú, riosca a eascraíonn ó dhíorthaigh faighte ó fhéichiúnaithe. Níl cuntasáiocht fálaithe curtha i bhfeidhm.

Rinneadh ceann de na díorthaigh seo a idirbheartú le hInstitiúid Rannpháirteach trí an GBCN seachas tríd an nGrúpa. Ag 31 Nollaig 2010 bhí luach cothrom an díorthaigh seo cothrom le (€47.9m) agus cuireadh san áireamh sna díorthaigh faighte é in 2010. Tá athrangú déanta air seo le haghaidh 2011 agus tá sé anois san áireamh sna hionstraimí airgeadais díorthaigh eile. Tá iarmhéideanna thuasluaite 2010 athshonraithe chun an athrangú seo a chur san áireamh. Níl aon athrú déanta ar an ngluaiseacht iomlán luach cothrom aitheanta sa ráiteas ioncaim de thoradh an athrangaithe seo.

In 2010, áiríodh caillteanas luach cothrom €30.4m i ndáil le díorthaigh atá anois ainmnithe i ngaolta fálaithe sna caillteanais luach cothrom ar dhíorthaigh eile. Déantar an caillteanas seo a amúchadh chuig an gcúlchiste fálaithe sreabhadh airgid mar neamhéifeacht fálaithe thar shaolré fanta na ndíorthach. Ag an dáta tuairiscithe aithnítear neamhéifeachtacht fálaithe €15.9m sa chúlchiste fálaithe sreabhadh airgid.

8. GLANBHRABÚS AR DHIÚSCAIRT IASACHTAÍ AGUS IONCAM FARASBAIRR

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Glanbhrabús ar dhiúscairt iasachtaí	77,443	-
Ioncam farasbairr ar aisíocaíochtaí iasachta (sa bhreis ar luachanna anonn iasachtaí)	472,135	-
Glanbhrabús iomlán ar dhiúscairt iasachtaí agus ioncam farasbairr	549,578	-

I rith na bliana, dhíol an Grúpa iasachtaí agus infháltais áirithe faighte ó thríú páirtithe. Déantar brabús nó caillteanas ar dhiúscairt a thomhas mar an difríocht idir fáltais faighte agus luach anonn na n-iasachtaí agus na n-infháltas seo. Réadaigh an Grúpa glanbhrabúis €77m ar dhiúscairt iasachtaí sa bhliain.

I gcás sócmhainní faighte áirithe, tá luach anonn na n-iasachtaí agus na n-infháltas sáraithe ag na fáltais ó dhiúscairt na comhthaobhachta bunaidh i nasc féichiúnaí. Aithnítear an farasbarr seo sa ráiteas ioncaim mar bhrabús réadaithe ar iasachtaí (barrachas ioncam). As an méid iomlán de €472m aitheanta, tagann €55m ó fhéichiúnaithe a bhfuil fiachas an GNBS aisíoctha go hiomlán acu agus aithnítear aon airgead farasbairr a fhaightear mar bhrabús ar fhiachas gnóthaithe an GNBS. Aithnítear €417m breise d'airgead farasbairr ar shócmhainní sonracha iasachta laistigh de nasc féichiúnaí sa chás gur sháraigh an t-airgead ginte ón tráth éadála luach anonn na hiasachta.

Ní dhearna an Ghníomhaireacht aon iasachtaí a dhiúscairt.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

9. COSTAIS RIARACHÁIN

Group	Nóta	2011 €'000	2010 €'000
Costais in-aisíoctha leis an GBCN	9.1	27,678	14,965
Táillí príomhsheirbhíseora	9.2	56,897	12,779
Costais um dhícheall cuí (aisghafa i bpáirt thíos)	9.3	44,505	29,605
Táillí bainistíochta punainne	9.4	15,992	5,087
Táillí dlí	9.5	9,478	3,311
Táillí máistir-sheirbhíseora	9.6	3,098	2,034
Costais TF	9.7	1,115	-
Costais chíosá agus áitíochta	9.8	975	376
Táillí iniúcháireachta inmheánacha	9.9	927	703
Táillí Bhord agus Choiste an GNBS	9.10	618	589
Táillí cánach	9.5	562	463
Luach saothair an iniúchta sheachtraigh	9.11	450	530
Costais luachála díorthaigh		464	242
Costais riaracháin eile		113	100
Táillí comhairleoir airgeadais agus comhairleoireachta	9.12	12	5,014
Costais riaracháin iomlána		162,884	75,798
Costais um dhícheall cuí aisghafa ar éadálacha iasachta	9.3	(34,505)	(29,605)
Costais riaracháin iomlána an GNBS		128,379	46,193
Costais riaracháin			
Gníomhaireacht	Nóta	2011 €'000	2010 €'000
Costais in-aisíoctha leis an GBCN	9.1	27,678	14,965
Táillí boird agus coiste	9.10	618	589
Costais áitíochta		86	187
Costais iomlána		28,382	15,741

9.1 Costais in-aisíochta leis an GBCN

Faoi Alt 42 (4) den Acht, tá dualgas ar an GNBS na costais tabhaithe ag an GBCN de thoradh a fhoireann a shannadh agus seirbhísí a sholáthar don GNBS a aisíoc leis an GBCN. Gearrtar na costais tabhaithe ag an GBCN ar an GNBS (an Ghníomhaireacht) agus déanann an Grúpa an Ghníomhaireacht a aisíoc.

Sonraítear sa tábla seo a leanas na costais aisíochta leis an GBCN:

	2011 €'000	2010 €'000
Costais foirne	23,947	10,329
Cíos	508	1,386
Seirbhísí oifige	787	1,467
Árachas, teileachumarsáid, postas agus stáiseanáireacht	492	200
Costais oibriúcháin TF	1,063	473
Costais taistil agus ghnó	223	276
Comhairleoireacht íoctha ag an GBCN thar ceann an GNBS		
– Comhairle dlí agus cánach	158	457
– Modheolaíocht luachála iasachta agus costais socraithe na samhla	-	240
– TF agus costais eile	500	137
Iomlán	27,678	14,965

Costais foirne

Níl aon fhostaithe ag an nGrúpa. Tá an pearsanra ar fad fostaithe ag an GBCN agus déanann an GBCN costas tuarastail na foirne atá ag obair go lánaimseartha i ngnó an GNBS a athmhúirearú ar an nGrúpa. Bhí 202 (2010: 104) fostaí ag an GBCN, a raibh baint dhíreach acu leis an nGrúpa ('Oifigigh an GNBS') ag an dáta tuairiscithe, agus bhí an costas iomlán tuarastail, costais phinsin san áireamh, cothrom le €20.9m (2010: €9.2m). Chomh maith leis sin, soláthraíonn an GBCN seirbhísí comhroinnte don GNBS lena n-áirítear TF, AD agus Airgeadas. Bhí costas fostaíthe an GBCN (nach Oifigigh an GNBS iad) ag soláthar na seirbhísí comhroinnte seo don GNBS i rith 2011 cothrom le €3.1m (2010: €1.1m).

Tá fostaíthe an GBCN atá páirteach i ngnó an GNBS (Oifigigh an GNBS) páirteach i Scéim Pinsin Sochair Shainithe an GBCN agus déanann an GBCN ranníocaíochtaí sa scéim seo thar ceann na bhfostaíthe seo. Déantar costas na ranníocaíochtaí pinsin seo a athmhúirearú ar an GNBS.

I measc na gcostas foirne tá tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin mar atá luaite anseo thíos:

	2011 €'000	2010 €'000
Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)		
Tuarastal	430,000	430,000
Sochair incháinithe	24,483	23,036
Bónas i gcoibhneas le feidhmíocht	-	-
	454,483	453,036

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin téarmaí caighdeánacha scéim eiseamláireach aoisliúntais na hearnála poiblí. Baineann an méadú ar an sochar incháinithe in 2011 le méaduithe boilscithe curtha i bhfeidhm ag an soláthraí árachas sláinte in 2011.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

9. COSTAIS RIARACHÁIN (AR LEAN)

9.1 Costais in-aisíoctha leis an GBCN (ar lean)

Is é POF an GBCN a chinneann luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i ndiaidh dul i gcomhairle le Coiste Comhairleach an GBCN. Agus comhairle á tabhairt maidir le luach saothair cuireann Coiste Comhairleach an GBCN dearchtaí Choiste Luach Saothair an GBCN san áireamh. Is comhalta é Cathaoirleach ar Bhord an GNBS de Choiste Luach Saothair an GBCN chun críche plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an bhfoireann atá sannta chuig an GNBS.

San áireamh i luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin tá buntuarastal, sochair incháinite agus íocaíocht i gcoibhneas le feidhmíocht de suas le 60 faoin gcéad de thuarastal bliantúil. Tugadh íocaíocht i gcoibhneas le feidhmíocht don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin in 2011, ach ó tharla cúrsaí geilleagair a bheith mar atá níor ghlac sé leis an íocaíocht seo.

9.2 Táillí Príomhsheirbhíseora

San áireamh i dtáillí príomhsheirbhíseora tá táillí íoctha le gach Institiúid Rannpháirteach agus na Príomhsheirbhíseoirí, as sócmhainní bainc incháilithe a sheirbhísiú. Is iad na hInstitiúidí Rannpháirteacha a riarann na hiasachtaí agus na hinfháltais a d'eascair laistigh de gach Institiúid Rannpháirteach. Tá na méideanna iníoctha le gach Institiúid Rannpháirteach sonraithe i Nóta 36, nochtadh páirtithe gaolmhara. Bhí na táillí íoctha agus tabhaithe do na hInstitiúidí Rannpháirteacha cothrom le €56.9m (2010: €12.8m), arb ionann é agus 8 mbonnphointe (2010: 6 bhonnphointe) de na hiarmhéideanna Par riartha ar iasacht fiachais.

9.3 Costais um dhícheall cuí

Is ionann costais um dhícheall cuí agus costais atá tabhaithe ag an nGrúpa i ndiaidh na punainne iasachtaí a fháil ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Áirítear lámháltas do chostais um dhícheall cuí sa tsamhail luachála iasachta atá in úsáid ag an nGrúpa chun iasachtaí a fháil mar laghdú ar luach éadála na n-iasachtaí. Glactar le costais um dhícheall cuí tabhaithe ag an nGrúpa mar chostais idirbhirt agus áirítear iad i gcostas éadála na n-iasachtaí agus na n-infháltas. Rinneadh foráil iomlán de €64.1m (2011: €4.2m; 2010: €59.9m) i ndáil le costais um dhícheall cuí do na hiasachtaí faighte. Tá €64.1m de na costais seo aisghafa ag an nGrúpa ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha trí luach éadála na n-iasachtaí a laghdú, rud a chiallaíonn go bhfuil iarmhéid €10m nach bhfuil aisghafa ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha atá san áireamh sna costais riaracháin in 2011.

Seo a leanas an anailís atá déanta ar na costais um dhícheall cuí;

	2011 €'000	2010 €'000
Dícheall cuí dlíthiúil	7,053	7,062
Costais luachála iasachta	20,900	9,295
Dícheall cuí réadmhaoine	7,607	4,419
Iniúchadh	8,945	8,829
Iomlán	44,505	29,605

Réiteach soláthair um dhícheall cuí:

	2011 €'000	2010 €'000
Iarmhéid ag tús na bliana	30,336	-
Méadú ar sholáthar sa bhliain	4,169	59,941
Soláthar úsáidte i rith na bliana	(44,505)	(29,605)
Caite in 2011	10,000	-
Iarmhéid ag deireadh na bliana	-	30,336

9.4 Táillí bainistíochta punainne

Baineann táillí bainistíochta punainne le táillí tabhaithe d'athbhreithniú pleananna gnó féichiúnaithe, agus bainistíocht agus tacaíocht leanúnach féichiúnaithe.

9.5 Táillí dlí agus cánach

San áireamh i dtáillí dlí agus cánach tá táillí íoctha le gnólachtaí seirbhíse gairmiúla i ndáil le comhairle dlí agus cánach agus iasacht foirne le haghaidh dícheall cuí dlí.

9.6 Táillí Máistir-Sheirbhíseora

Áirítear i dtáillí máistir-sheirbhíseora táillí íoctha leis an Máistir-Sheirbhíseoir, Capita. Soláthraíonn Capita seirbhísí leabharchoimeádta agus bainistíochta sonraí don Ghrúpa. Bhí táillí Capita don bhliain cothrom le €3.1m (€2.0m in 2010).

9.7 Costais TF

Baineann costais TF le costais tabhaithe i ndáil le forbairt córas TF le cabhrú le hoibríochtaí an Ghrúpa.

9.8 Costais chíos agus áitíochta

Áirítear i gcostais chíos agus áitíochta costais tabhaithe i rith na bliana i ndáil leis na háitribh a bhfuil an Grúpa ag baint úsáide astu. I rith 2010, shínigh an Ghníomhaireacht léas oibriúcháin dá háitreabh oifige reatha, léas 10 mbliana agus cíos bliantúil €0.8m. Cuireadh tús le híocaíochtaí a bhaineann leis an léas seo in 2011.

9.9 Táillí iniúchóireachta inmheánacha

D'úsáid an Grúpa seirbhísí gnólacht iniúchóireachta seachtraí (Deloitte) chun ról an iniúchta inmheánaí a chomhlíonadh don Ghrúpa. Baineann na táillí atá tabhaithe go dtí seo leis an iniúchadh ar phróisis ghnó a rinne na hiniúcháirí inmheánacha agus tuairisciú a rinneadh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

9. COSTAIS RIARACHÁIN (AR LEAN)

9.10 Táillí Bhord agus Choiste an GNBS

	2011 €	2010 €
Frank Daly (Cathaoirleach)	153,778	159,116
Michael Connolly (d'éirigh as 25 Samhain 2011)	81,875	146,374
Eilish Finan	60,000	58,408
Brian McEnery	60,000	58,408
An Dr. Steven Seelig	60,000	35,753
Willie Soffe	61,210	57,641
Peter Stewart (d'éirigh as 10 Deireadh Fómhair 2011)	46,613	57,641
Táillí an Bhoird	523,476	573,341
Costais an bhoird	60,873	-
Costas an bhoird chomhairligh	6,191	-
Costais iomlán an Bhoird	590,540	573,341
An Coiste Comhairleach Pleanála		
Alice Charles	4,000	1,000
Gavin Daly (d'éirigh as Meitheamh 2010)	-	2,000
Michael Wall	4,000	5,000
An Coiste Iniúcháireachta		
Jim Kelly	9,694	-
Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann		
Frank Cushnahan	5,000	4,000
Brian Rowntree	5,000	4,000
Táillí an Choiste	27,694	16,000
Iomlán na dTáillí Boird agus Coiste	618,234	589,341

Ní fhaigheann John Corrigan (Príomhfheidhmeannach an GBCN) agus Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS) aon luach saothair de bhrí gur ag feidhmiú mar chomhaltaí de bhrí oifige an Bhoird atá siad. Ceapadh John Mulcahy ar an mBord i Márta 2012 agus ní fhaigheann sé aon luach saothair as feidhmiú mar chomhalta Boird.

I rith 2011, thabhaigh Comhaltaí Bhord agus Choiste an GNBS costais €60,873.

	Costais Taistil €	Lóistín & Cothabháil €	Eile €	Iomlán €
Frank Daly (Cathaoirleach) ³	2,597	560	406	3,563
Brian McEnery ³	9,943	-	-	9,943
Dr. Steven Seelig ⁴	38,211	9,156	-	47,367
	50,751	9,716	406	60,873

³ Áirítear sna costais do Frank Daly agus Brian McEnery costais le haghaidh 2010 agus 2011.

⁴ Tá cónaí ar an Dr. Seelig i SAM. Baineann costais le costais taistil agus chothabhála ar bhonn aisghabhála costas le freastal ar chruinnithe i mBaile Átha Cliath.

9.11 Luach saothair iniúchta sheachtraigh

	2011 €'000	2010 €'000
Iniúchadh ar chuntais aonair	450	530
Dearbhú eile	-	-
Comhairleach cánach	-	-
Seirbhísí neamh-iniúchta eile	-	-
Luach saothair iomlán an iniúchta sheachtraigh	450	530

9.12 Táillí comhairleoir airgeadais agus comhairleoireachta

San áireamh i dtáillí an chomhairleora airgeadais agus na comhairleoireachta tá táillí íoctha le haghaidh comhairle cuntasaíochta, airgeadais agus gnó. In 2010, thóg an Grúpa comhaltaí foirne ar iasacht ó chomhairleoirí seachtracha agus airgeadais le cabhrú le haonaid ghnó a bhunú (go dtí go raibh na hOifigigh an GNBS earcaithe ag an GBCN) agus próisis agus beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Níor thabhaigh an Grúpa ach costais íosta sa chomhthéacs seo in 2011.

10. GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AIRGEADRA EACHTRACH

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Gnóthachain/(caillteanais) malairte eachtraí ar iasachtaí agus infháltais	245,533	(72,107)
(Caillteanais)/gnóthachain neamhréadaithe malairte eachtraí ar ionstraimí airgeadais díorthaigh	(291,633)	60,505
Gnóthachain réadaithe malairte eachtraí ar ionstraimí airgeadais díorthaigh airgeadaíochta	111,093	29,188
(Caillteanais)/gnóthachain malairte eachtraí eile	(3,220)	4,493
Gnóthachain iomlána malairte eachtraí	61,773	22,079

Tagann gluaiseachtaí malairte eachtraí ar iasachtaí agus infháltais i gceist nuair a bhíonn athluacháil á déanamh ar iasachtaí agus infháltais malairte eachtraí ainmnithe. Aithnítear méideanna aistrithe malairte eachtraí de réir bheartas cuntasaíochta 2.5.

I ndiaidh aistriú sócmhainní ó Institiúidí Rannpháirteacha, ghlac an Grúpa páirt in idirbhearta airgeadaíochta d'fhonn a nochtadh do luaineachtaí ráta malairte a laghdú, luaineachtaí a eascraíonn ó iasachtaí agus infháltais malairte eachtraí ainmnithe. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe ar dhíorthaigh malairte eachtraí ag gluaiseacht luach cothrom ar dhíorthaigh airgeadaíochta sa tréimhse tuairiscithe. Tá míniú níos mionsonraithe ar dhíorthaigh airgeadra le fáil i Nóta 18. Baineann gnóthachain agus caillteanais réadaithe i ndíorthaigh malairte eachtraí le glanadh príomha agus ús ar réamhchonarthaí malairte eachtraí agus babhtálacha trasairgeadra.

Baineann gnóthachain malairte eachtraí eile le haistriú airgead ainmnithe in airgeadra eachtrach agus iarmhéideanna coibhéise airgid ag an dáta tuairiscithe.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

11. MUIRIR BHEARNAITHE AR IASACHTAÍ AGUS INFHÁLTAIS

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Iarmhéid ag tús na bliana	1,484,523	-
Méadú ar bhearnú sa bhliain	1,266,743	1,484,523
Iarmhéid ag deireadh na bliana	2,751,266	1,484,523
Bonn anailíse:		
Bearnú sonrach	2,153,114	718,577
Bearnú comhchoiteann	598,152	765,946
	2,751,266	1,484,523

San áireamh sa bhearnú comhchoiteann an 31 Nollaig 2011 bhí foráil incriminteach €166.1m d'fhonn léargas a thabhairt ar an bpointe go bhféadfadh na caillteanais iarbhir a bheith ar gcúl i gcomhthéacs na taithí reatha. Is ionann é seo agus éiginnteacht bhunúsach in uainiú réadú an airgid ó thalamh Éireannach agus forbairt comhthaobhachta de dheasca easpa reatha idirbheart inbhraite.

Tá tuilleadh eolais maidir le bearnú iasachtaí agus infháltas le fáil i Nóta 3, meastacháin agus breithiúnais chriticiúla Chuntasaíochta, Nóta 19, Iasachtaí agus infháltais agus Nóta 22, Riosca Creidmheasa.

12. CREIDMHEAS / (COSTAS) CÁNACH

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Cáin reatha		
Cáin chorparáide Éireannach	(1,561)	(375)
Cáin choigríche	-	-
Cáin iarchurtha		
Ar ghnóthachain agus caillteanais luach cothrom ar dhíorthaigh	1,135	(19,389)
Ar chaillteanais chánach neamh-úsáidte tugtha anonn (féach Nóta 26)	235,634	19,389
Creidmheas/(muirear) cánachais	235,208	(375)

12. CREIDMHEAS / (COSTAS) CÁNACH (AR LEAN)

Seo a leanas réiteach na cánach ar bhrabús ag ráta ábhartha corparáide na hÉireann agus creidmheas / (muirear) iarbhír cánach an Ghrúpa don bhliain:

Réiteach cánach ar bhrabús / (caillteanais) Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Brabús / (caillteanas) roimh cháin	11,340	(1,179,615)
Cáin ríofa ag ráta cánach 25%	2,835	(294,904)
Éifeacht:		
Gluaiseachtaí díorthaigh neamh-asbhainte	66,830	-
Cáin ar ioncam úis	1,561	375
Costais neamh-asbhainte	354	-
Caillteanais chánach úsáidte tugtha anonn	(71,154)	-
Sócmhainn iarchurtha cánach aitheanta ar chaillteanais chánach neamh-úsáidte	(235,634)	-
Caillteanais nach bhfuil le húsáid sa bhliain atá tugtha anonn	-	294,904
(creidmheas) / muirear cánach	(235,208)	375

Tá an muirear reatha cánach €1.5m i gceist i ndáil le brabús tuillte ag GINBST. Íocadh €1.4m leis na Coimisinéirí Ioncaim sa tréimhse a bhaineann le 12.5% den mbrabús a bhaineann le GINBST. Ní raibh muirir chánach ar bith eile i gceist in aonáin Ghrúpa an GNBS agus tá an Ghníomhaireacht díolmhaithe ó cháin ioncaim, cáin chorparáide agus cáin ghnóthachan caipitiúil na hÉireann.

Tá an ráta cáin chorparáide atá infheidhme d'fhormhór d'ioncam an Ghrúpa cothrom le 25%. Tá an ráta cáin chorparáide atá infheidhme d'fhormhór d'ioncam na bhfochuideachtaí cothrom le 12.5% nó 25%. In 2011, bhí an ráta éifeachtach cáin chorparáide cothrom le 0% (2010: 0%).

Níl aon dliteanais theagmhasacha bainteach le cáin agus sócmhainní teagmhasacha ag an nGrúpa agus ag an nGníomhaireacht de réir IAS 37, Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha. Ní eascraíonn éifeachtaí suntasacha ar bith as athruithe ar rátaí cánach nó dlíthe cánach i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe.

13. CÁIN IONCAIM I NDÁIL LE COMHPHÁIRTEANNA UM IONCAM CUIMSITHEACH EILE

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Gluaiseacht i gcúlchiste fálaíthe an tsreafa airgid roimh cháin	(338,689)	77,554
Gluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin roimh cháin	110	-
Gluaiseacht iomlán	(338,579)	77,554
Sochar/(costas) iarchurtha cánach	68,884	(19,389)
Caillteanais chánach le fritháireamh	-	19,389
Cáin ioncaim iomlán bainteach le comhchodanna eile d'ioncam cuimsitheach	68,884	-

Is ionann an ghluaiseacht i gcúlchiste fálaíthe an tsreafa airgid agus difríocht shealadach idir bonn cánach na ndíorthach áit a bhfuil an chuntasaíocht fálaíthe curtha i bhfeidhm agus a luach cothrom sna ráitis airgeadais. Is ionann an ghluaiseacht ar fáil do chúlchiste díolacháin agus difríocht shealadach idir bonn cánach na sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin agus a luach cothrom. Tá sócmhainn chánach iarchurtha aitheanta ag an nGrúpa ar an difríocht shealadach a eascraíonn ón sreabhadh airgid agus ón gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

14. DÍBHINN ÍOCTHA

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Díbhinn íoctha	5,093	-

Ar an 31 Márta 2011, dhearbhaigh agus d'fhaomh Bord an GINBST íocaíocht díbhinne €0.09987 do gach scair, íocaíocht €5.093m ar an iomlán. Bhí méid na díbhinne do gach scair bunaithe ar thorthaí bannaí deich mbliana Rialtas na hÉireann an 31 Márta 2011. Íocadh an díbhinn le sealbhóirí gnáthscaireanna B an GINBST amháin, na hinfheisteoirí príobháideacha, a bhfuil 51% den Chuideachta faoina n-úinéireacht. Níor íocadh díbhinn ar bith le gnáth-scairshealbhóirí A (an GNBS, an Ghníomhaireacht, a bhfuil 49% den Chuideachta faoina húinéireacht).

15. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID TIRIM

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Nótaí Stáitchiste	2,300,000	-
Iarmhéideanna le Banc Ceannais na hÉireann	974,566	709,950
Iarmhéideanna le bainc eile	54,462	66,377
Éarlaisí téarma	17,958	60,412
Airgead agus coibhéisí airgid iomlána	3,346,986	836,739

Gníomhaireacht	2011 €'000	2010 €'000
Iarmhéideanna le Banc Ceannais na hÉireann	1,623	95
Airgead agus coibhéisí airgid iomlána	1,623	95

Áirítear iarmhéideanna le Citibank agus AIB sna hiarmhéideanna le bainc eile. Is ionann nótaí Stáitchiste agus nótaí gearrthréimhseacha úsmhara, le tréimhsí aibíochta níos lú ná 30 lá, atá i seilbh an GBCN.

I rith na bliana, cuireadh \$135,515 ar éarlais i gcuntas leithscartha. Coimeádfar an méid seo i gcuntas leithscartha go socrófar éileamh dlí ar feitheamh i ndáil le féichiúnaí. Nuair a bheidh sé sin socraithe aisíocfar an méid leis an GNBS nó coimeádfaidh tríú páirtí eile é, ar feitheamh toradh an éilimh dlí. Ní dhearnadh tuairisciú ar an méid mar chuid d'iarmhéid airgid an Ghrúpa.

16. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AR FÁIL LE HAGHAIDH DÍOLACHÁIN

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Bannaí gearrthréimhseacha stáitchiste	499,747	-
Iomlán sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	499,747	-

Áirítear i sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin bannaí stáitchiste rialtas na hÉireann a fuarthas le haghaidh bainistíocht leachtachta. Ag an 31 Nollaig 2011 bhí luach ainmniúil na sócmhainní ar fáil le haghaidh díolacháin cothrom le €501m.

17. MÉIDEANNA DLITE LE / Ó INSTITIÚIDÍ RANNPHÁIRTEACHA

Grúpa	Nóta	2011 €'000	2010 €'000
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha:			
Coigeartú luachála um dhícheall cuí	17.1	146,598	113,482
Glanadh luach go haistriú	17.2	141,886	209,788
Staideanna rótharraingtí neamhghlanta	17.3	120,659	-
Coigeartuithe faoi Alt 88 den Acht	17.4	-	6,302
Coigeartuithe faoi Alt 93 den Acht	17.4	-	20,351
Iomlán		409,143	349,923
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha:			
Coigeartú luachála um dhícheall cuí	17.1	(3,523)	(72,265)
Glanadh luach go haistriú	17.2	(24,398)	(19,601)
Staideanna rótharraingtí neamhghlanta	17.3	(31,571)	-
Coigeartuithe faoi Alt 98 den Acht	17.4	(730)	(50,927)
Coigeartuithe faoi Alt 88 den Acht	17.4	(2)	-
Iomlán		(60,224)	(142,793)
Reatha		348,919	207,130
Neamh-reatha		-	-

17.1 Coigeartú luachála um dhícheall cuí

Is ionann coigeartú luachála um dhícheall cuí agus coigeartú ar luach bunaidh éadála sócmhainne, i ndiaidh dícheall cuí a chur i gcrích.

Faoi dheireadh Bhealtaine 2012, bhí dícheall cuí déanta ar gach iasacht incháilithe faighte ag an GNBS. Dá réir sin, tá an fhoráil iomlán don choigeartú um dhícheall cuí socraithe faoi dheireadh Bealtaine 2012.

Coigeartú luachála um dhícheall cuí	Infhála €'000	Iníochta €'000
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2010	113,482	(72,265)
Ghlanta sa tréimhse	(113,482)	69,131
Coigeartuithe luachála neamhghlanta um dhícheall cuí in 2011	146,598	(389)
Iarmhéid amhail ag 31 Nollaig 2011	146,598	(3,523)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

17. MÉIDEANNA DLITE LE / Ó INSTITIÚIDÍ RANNPHÁIRTEACHA (AR LEAN)

17.2 Glanadh luach go haistriú

Áiríonn méid glanta luach go haistriú glanghluaiseachtaí a tharla ar na hiasachtaí faighte ag an GNBS sa tréimhse idir dáta luachála agus dáta éadála na hiasachta. Socraíonn an GNBS dáta luachála na hiasachta do gach tráinse de shócmhainní iasachta faighte. Áirítear sa ghluaiseacht príomha, ús agus airgead díorthaigh faighte, lúide réamhíocaíochtaí cáilitheacha faofa agus costas maoinithe i ndáil le hiasachtaí faighte. Glantar aon mhéid dlite do nó ó Institiúid Rannpháirteach i bhfoirm airgid nó trí urrúis fíachais shinsearaigh ráthaithe ag an Rialtas a eisiúint nó a fhuascailt.

Glanadh luach go haistriú	Infhála €'000	Iníochta €'000
Iarmhéid ag 31.12.10	209,788	(19,601)
Glanta sa tréimhse	(122,507)	16,299
Glanadh neamhghlanta luacha go haistriú in 2011	54,605	(21,096)
Iarmhéid amhail ag 31 Nollaig 2011	141,886	(24,398)

17.3 Staideanna rótharraingtí neamhghlanta

Fuair an GNBS, de réir dlí, cuntais rótharraingte bainteach le cuntais iasachtaí féichiúnaithe in 2010 agus 2011. I rith 2011, rinneadh cleachtadh chun sreafaí airgid a tharla i ndáil leis na cuntais rótharraingte seo in 2010 agus 2011 a aithint. Ag an 31 Nollaig 2011, bhí na méideanna seo a leanas infhála ó agus iníochta leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha, méideanna a bhaineann le hairgead bailithe nó íochta ag na hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndáil le cuntais rótharraingte féichiúnaithe an GNBS.

Staideanna rótharraingtí neamhghlanta	Infhála €'000	Iníochta €'000
Iarmhéid ag 31.12.10	-	-
Glanta sa tréimhse	-	-
Staideanna rótharraingtí neamhghlanta in 2011	120,659	(31,571)
Iarmhéid amhail ag 31 Nollaig 2011	120,659	(31,571)

17.4 Coigeartuithe faoi Alt 88, 93 agus 98 den Acht

Foráiltear faoi Alt 88, Alt 93 agus Alt 98 den Acht do choigeartú luach éadála iasachta i ndiaidh a héadála sa chás go raibh earráid sa phróiseas éadála nó sa luach atá luaite le hiasacht. Aithnítear coigeartuithe faoi na hAilt seo de réir bheartas cuntasafíochta 2.19.

Is i bhfoirm airgid nó laghdú / méadú ar eisiúintí breise urrúis fíachais ráthaithe a ghlanfar éilimh faoi Alt 88, 93 nó 98 cothrom leis an méid ró-íochta / gearríochta leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

Coigeartuithe faoi Alt 88, 93 agus 98 den Acht	Alt 88 €'000	Alt 93 €'000	Alt 98 €'000
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2010	6,302	20,351	(50,927)
Glanta sa tréimhse	(6,302)	(20,351)	50,927
Coigeartuithe Neamhghlanta faoi Alt 88, 93 agus 98 den Acht	(2)	-	(730)
Iarmhéid amhail ag 31 Nollaig 2011	(2)	-	(730)

Ag an dáta tuairiscithe, tá €15.1m á choimeád i gcuntas eascró in ainm an Ghrúpa (féach nóta 19.4). Baineann an méid seo le toradh nósanna imeachta um dhícheall cuí ar iasachtaí Thráinse 9 AIB. Nuair a bhíonn críoch curtha ag AIB leis an dícheall cuí, aistrefar an méid iomlán nó páirt de chuig cuntas bainc an Ghrúpa nó coimeádfaidh AIB é. Déantar iarmhéid an chuntais seo a mheas gach sé bliana. Rinne an GNBS méid €0.5m a tharraingt in aghaidh an iarmhéid seo i ndiaidh an chéad athbhreithnithe a rinneadh i mí na Bealtaine 2012.

18. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH

Mar chuid den phróiseas éadála iasachtaí ó Institiúidí Rannpháirteacha, fuair an Grúpa roinnt díorthach a bhí gaolta le hiasachtaí bunúsacha.

Chomh maith leis sin, glacann an Grúpa páirt i gconarthaí díorthaigh chun a nochtadh ar riosca ráta úis agus malairte eachtraí a fháil.

Tá beartais bunaithe ag an nGrúpa chun na rioscaí a thagann chun cinn i ndáil le díorthaigh a bhainistiú, beartais fálaithe san áireamh, a bhfuil míniú le fáil orthu i Nóta 21 agus 22.

Ní gá gurb ionann méideanna barúlacha cineálacha áirithe ionstraimí airgeadais agus méideanna sreafaí airgid amach anseo i gceist nó luach cothrom reatha na n-ionstraimí agus, dá réir sin, ní comhartha maith iad de nochtadh an Ghrúpa do rioscaí creidmheasa nó margaidh. Deirtear go mbíonn ionstraimí díorthaigh fabhrach (sócmhainní) nó neamhfhabhrach (dliteanais) de thoradh luaineachtaí i rátaí úis margaidh nó malairte eachtraí i gcoibhneas lena dtéarmaí. D'fhéadfadh luaineacht shuntasach a bheith le tabhairt faoi deara i méid conarthach nó barúlach ionstraimí airgeadais díorthaigh ar láimh, sa chomhthéacs go bhfuil ionstraimí fabhrach nó neamhfhabhrach, agus, dá réir sin, féadfaidh luaineacht a bheith i gceist le luach cothrom comhiomlán sócmhainní agus dliteanas díorthaigh airgeadais, le himeacht ama.

Is ionann babhtálacha airgeadra agus rátaí úis agus tiomantais sraith amháin sreafaí airgid a bhabhtáil le sraith eile. Eascraíonn babhtálacha as malairt gheilleagrach airgeadraí nó rátaí úis (ráta seasta nó ráta comhlúthach, mar shampla) nó meascán díobh uile (m.sh. babhtálacha ráta úis trasairgeadra). Is ionann riosca creidmheasa an Ghrúpa agus costas poitéinsiúil conarthaí babhtála a ionadú má theipeann ar chontrapháirtí a oibleagáidí faoin gconradh a chomhlíonadh. Déantar monatóireacht leanúnach ar an riosca agus an luach cothrom reatha mar bhonn tagartha.

Is ionann roghanna ráta úis agus comhaontuithe conarthacha faoina dtugann an díoltóir (geallaí) ceart don cheannaitheoir (sealbhóir), ach ní oibleagáid, méid shonrach d'ionstraim airgeadais a cheannach (céadrogha ar cheannach) nó a dhíol (céadrogha ar dhíol) ag praghas réamhchinntithe, ag nó faoi dáta socraithe nó i rith tréimhse socraithe. Faigheann an geallaí préimh ón gceannaitheoir mar chomaoín do thoimhde riosca an ráta úis. Tá an Grúpa nochta do riosca creidmheasa ar roghanna faighte ó Institiúidí Rannpháirteacha amháin, agus sa chomhthéacs go bhfuil luach anonn luaite leo.

Seo thíos na luachanna cothroma, agus méideanna barúlacha i dtaobh ionstraimí airgeadais díorthaigh ina seilbh.

Grúpa	Méid	Luachanna cothroma		
	barúlach	Sócmhainní	Dlíteanais	Glan
31 Nollaig 2011	€'000	€'000	€'000	€'000
<i>(a) Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó cailiteanas</i>				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe	6,125,867	374,367	-	374,367
Ionstraimí airgeadais díorthaigh eile	2,446,468	9,382	(155,791)	(146,409)
Díorthaigh airgeadra eachtraigh	8,622,607	57,332	(289,830)	(232,498)
<i>(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ainmnithe i ngolta fálaithe</i>				
Babhtálacha ráta úis	20,300,000	7,458	(283,104)	(275,646)
Iomlán na sócmhainní/(na ndlíteanas) díorthaigh	37,494,942	448,539	(728,725)	(280,186)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

18. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH (AR LEAN)

Grúpa	Méid barúlach €'000	Luachanna cothroma		
		Sócmhainní €'000	Dlíteanais €'000	Glan €'000
31 December 2010				
<i>(a) Díorthaigh ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas</i>				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe	9,894,429	283,888	-	283,888
Ionstraimí airgeadais díorthaigh eile	2,692,666	97	(64,817)	(64,720)
Díorthaigh airgeadra eachtraigh	10,284,776	162,896	(103,761)	59,135
<i>(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ainmnithe i ngaolta fálaithe</i>				
Babhtálacha ráta úis	13,300,000	52,274	(5,139)	47,135
Sócmhainní/(dlíteanais) iomlána díorthaigh	36,171,871	499,155	(173,717)	325,438

(a) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ag luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas

Ionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe a bhaineann le luach cothrom díorthach faighte ó iasachtaithe a bhí bainteach le hiasachtaí faighte. Ag deireadh na bliana, bhí luach cothrom na ndíorthach seo cothrom le €374m (2010: €284m) agus i rith na bliana bhí gluaiseacht luach cothrom na ndíorthach seo cothrom le gnóthachan €90m (2010: €47m) (féach Nóta 7).

Baineann ionstraimí airgeadais díorthaigh eile le luach cothrom díorthach a bhfuil an Grúpa páirteach iontu ar mhaithe le hionstraimí airgeadais díorthaigh faighte ó iasachtaithe a fhálú. Níl na díorthaigh seo ainmnithe i ngaolta fálaithe. Rinneadh idirbheartú ar cheann de na díorthaigh seo le hInstitiúid Rannpháirteach trí an GBCN seachas an Grúpa a bheith páirteach ann (ag an 31 Nollaig 2010 bhí luach cothrom an díorthaigh seo cothrom le €47.9m), méid a áiríodh i ndíorthaigh faighte do 2010). Tá athrangú déanta air seo le haghaidh 2011 agus tá sé anois san áireamh in ionstraimí airgeadais díorthaigh eile. Tá iarmhéideanna thuasluaite 2010 athshonraithe chun an athrangú seo a chur san áireamh.

I ndiaidh aistriú sócmhainní ó Institiúidí Rannpháirteacha agus i bhfianaise go n-íocann an GNBS as na hiasachtaí seo le bannaí ainmnithe in Euro, ghlac an GNBS páirt i ndíorthaigh airgeadra eachtraigh d'fhonn a nochtadh do luaineacht ráta malairte ag eascairt as iasachtaí agus infháiltais airgeadra eachtraigh a laghdú.

(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh ainmnithe i ngaolta fálaithe

Ghlac an Grúpa páirt i gconarthaí babhtála ráta úis d'fhonn a nochtadh d'athraitheacht sreabhadh airgid ag eascairt as riosca ráta úis a fhálú i ndáil lena phunann d'urrúis fhiachais. Ainmníodh na babhtálacha seo go foirmiúil i ngaolta fálaithe i rith 2010, tráth a raibh luach cothrom na ndíorthach seo (diúltach) cothrom le €30.4m. In 2010 aithníodh an méid seo mar chaillteanas luach cothrom ar ionstraimí airgeadais díorthaigh eile sa ráiteas ioncaim (Nóta 7). Déantar an gnóthachan luach cothrom seo a amúchadh mar neamhéifeachtúlacht fálaithe thar shaolré fanta na ndíorthach. Tá méid cothrom le €15.9m aitheanta sa ráiteas ioncaim agus sa chúlchiste fálaithe sreabhadh airgid le haghaidh 2011. Aithnítear an caillteanas iomlán don bhliain airgeadais ar fháluithe sreabhadh airgid luach €339m sa chúlchiste fálaithe sreabhadh airgid faoi ioncam cuimsitheach eile.

Ní raibh aon díorthaigh á gcoinneáil ag an nGníomhaireacht ag an dáta tuairiscithe.

18. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHAIGH (AR LEAN)

Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar na tréimhsí a bhfuiltear a) ag súil le tarlú agus b) tabhú na sreafaí airgid fálaíthe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Grúpa	0-6 mhí	6 mhí - 1 bhliain	1-5 bliana	Níos mó ná 5 bliana	2011 Iomlán
31 Nollaig 2011	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
a) Ag súil le tarlú	120,116	91,755	703,538	43,815	959,224
b) Ag súil le tabhú	101,208	85,528	662,648	29,761	879,145

Grúpa	0-6 mhí	6 mhí - 1 bhliain	1-5 bliana	Níos mó ná 5 bliana	2011 Iomlán
31 Nollaig 2010	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
a) Ag súil le tarlú	75,411	84,147	713,669	120,065	993,292
b) Ag súil le tabhú	81,235	91,327	670,560	99,896	943,018

Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar na tréimhsí a bhfuiltear a) ag súil le tarlú na sreafaí airgid iarbhír agus b) an uair a mbeidh tionchar ag tabhú na sreafaí airgid fálaíthe ar an ráiteas ioncaim, gan aon choigeartuithe cuntasáíochta fálaíthe a d'fhéadfadh a bheith i gceist a chur san áireamh.

Tá difear i méid an úis tabhaithe cheana féin agus nach bhfuil íochta fós sa bhliain le sonrú idir sreafaí airgid in a) agus b).

Ní chuirtear aon fhálú sreabhadh airgid i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht.

19. IASACHTAÍ AGUS INFHÁLTAIS

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Luach anonn iasachtaí agus infháltas roimh bhearnú	28,358,655	29,435,356
Lúide: foráil le haghaidh muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais (Nóta 11)	(2,751,266)	(1,484,523)
Iomlán iasachtaí agus infháltas	25,607,389	27,950,833

Tugtar léargas sa tábla thuas ar luach anonn iasachtaí faighte ó Institiúidí Rannpháirteacha, an méid a fuair an Grúpa na hiasachtaí lena aghaidh (ar lascaine i gcomhthéacs na méideanna conarthacha dlí faoi na comhaontuithe iasachta) san áireamh, mar aon le gluaiseachtaí iasachta tar éis éadála, lúide aon bhearnú breise eile a meastar a tharla i ndiaidh na héadála.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

19. IASACHTAÍ AGUS INFHÁLTAIS (AR LEAN)

Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar an ngluaiseacht in iasachtaí agus infháltais ón tráth éadála.

Réiteach gluaiseachta in iasachtaí agus infháltais	Nóta	2011 €'000	2010 €'000
iasachtaí faighte – iarmhéid tosaigh		29,435,356	29,971,189
iasachtaí nua faighte	19.1	1,252,225	-
Coigeartuithe ar éadail iasachta			
Coigeartuithe breise iasachta i ndiaidh dícheall cuí a thabhairt chun críche			
Coigeartuithe neamhghlanta luach go haistriú	19.2	419,350	(115,088)
Glanadh i bpáirt um Thráinse 9 AIB	19.3	(33,510)	(190,187)
Glanadh iasachtaí airgid dáta luacha go dáta aistrithe	19.4	(7,574)	-
Costais in-aisghabhála um dhícheall cuí	19.5	10,502	(196,415)
Coigeartuithe A.88, A.93 agus A.98		4,169	59,941
Coigeartuithe iomlána ar éadail iasachta		732	24,274
Total loan acquisition adjustments		393,669	(417,475)
Gluaiseachtaí iasachta			
Fáltais chuig agus íocaíochtaí ó iasachtaithe			
Príomh-aisíocaíochtaí airgid		(1,236,174)	(371,098)
Fáltais ó dhíol comhthaobhachta mar urrús i gcoinne iasachtaí agus infháltas		(2,698,464)	(363,333)
Fáltais ó dhíol iasachtaí		(931,981)	-
Comaoin iarchurtha faighte ar dhíol iasachtaí	19.6	(7,464)	-
Cistí réamhíochta le hiasachtaithe		303,981	240,320
Ioncam ús iasachta tuillte	5	1,145,360	447,860
Cuntais rótharraingte	19.7	(87,861)	-
Iomlán na bhfáltais chuig agus íocaíochtaí ó iasachtaithe		(3,512,603)	(46,251)
Gluaiseachtaí eile iasachta			
Brabús / (cailteanas) aitheanta ar dhíol iasachtaí	8	77,443	-
Ioncam farasbairr	8	472,135	-
Gluaiseacht airgeadra eachtraigh ar iasachtaí agus infháltais	10	245,533	(72,107)
Socrú ráthaíochta		(6,850)	-
Eile		1,747	-
Iomlán na ngluaiseachtaí iasachta eile		790,008	(72,107)
Iomlán na ngluaiseachtaí iasachta		(2,722,595)	(118,358)
Iasachtaí agus infháltais réamhbhearnaithe		28,358,655	29,435,356
Bearnú iasachtaí agus infháltas		(2,751,266)	(1,484,523)
Iasachtaí agus infháltais ghlana i ndiaidh bearnaithe		25,607,389	27,950,833

19.1 Iasachtaí nua faighte

Fuair an GNBS iasachtaí a bhí aitheanta mar shócmhainní incháilithe in 2011 i rith na bliana. Mar chomaoín ar na hiasachtaí seo, d'eisigh an GNBS fiachas sinsearach agus fofhiachas do na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

19.2 Coigeartuithe breise iasachta i ndiaidh dícheall cuí a thabhairt chun críche sa bhliain

Aithnítear aon choigeartú ar chríochnú an dícheall chuí ar shócmhainní aistrithe sa ráiteas ar staid airgeadais mar choigeartú ar luach anonn iasachtaí agus infháltas agus trí eisiúint nó fuascailt urrús fiachais ráthaithe ag an Rialtas. Ag deireadh na bliana, bhí méid €146.6m infhála ó AIB i ndáil le dícheall cuí a bhí críochnaithe ach nach raibh socraithe ar 31 Nollaig 2011.

19.3 Coigeartuithe neamhghlanta luach go haistriú

Is ionann é seo agus na méideanna glana infhála ó agus iníoctha le hInstitiúidí Rannpháirteacha amhail ag 31 Nollaig 2011 ar shocruithe luach go haistriú. San áireamh i socruithe luach go haistriú tá glanghluaiseachtaí ar na hiasachtaí faighte ag an GNBS sa tréimhse idir dáta luachála agus dáta éadála na hiasachta. Glantar aon mhéid dlite do nó ó Institiúid Rannpháirteach i bhfoirm airgid nó trí urrús fiachais shinsearaigh ráthaithe ag an Rialtas a eisiúint nó a fhuascailt. Tá tuilleadh sonraí i Nóta 17.2.

19.4 Glanadh i bpáirt um Thráinse 9 AIB

Is ionann an méid seo agus méid faighte ó AIB in lieu go ndearnadh dícheall cuí teoranta dlí ar iasachtaí Thráinse 9 AIB sula ndearnadh luacháil orthu.

Thángthas ar chomhaontú idir an GNBS agus AIB, ó tharla é a bheith riachtanach na luachálacha iasachta a bhrostú, nach ndéanfaí dícheall cuí dlí ar iasachtaí ainmnithe Thráinse 9 roimh luacháil a bheith déanta ar na hiasachtaí sin. Ina ionad sin, aontaíodh go ndéanfaí athbhreithniú slándála ar gach áis creidmheasa Thráinse 9 laistigh de dhá bhliain. Rinneadh íocaíocht láithreach aonuaire €7.6m leis an GNBS, arb ionann í agus an coigeartú a meastar a bheadh déanta ar na luachálacha réadmhaoin, i gcomhthéacs an urrúis bhunúsigh, dá mba rud é go raibh an dícheall cuí dlí déanta roimh an t-aistriú. Tá €15.1m curtha i gcuntas eascró d'fhonn costais aon easnamh slándála i rith athbhreithnithe slándála a chomhlíonadh, easnaimh nach bhfuil ar chumas AIB iad a leasú laistigh den tréimhse dhá bhliain sin. Déanfar aon chostais dá leithéid a scaoileadh leis an GNBS ón gcuntas eascró sin agus is é glanéifeacht a leithéid go bhfaigheann an GNBS méid atá coibhéiseach le caolchorrlach dlí dá mbeadh a leithéid curtha i bhfeidhm mar chuid de ghnáthphróiseas luachála iasachta an GNBS.

19.5 Glanadh iasachtaí airgid dáta luacha go dáta aistrithe

Is ionann glanadh iasachtaí airgid dáta luacha go dáta aistrithe agus na glanghluaiseachtaí a tharla ar na hiasachtaí faighte ag an GNBS sa tréimhse idir dáta luachála agus dáta éadála na hiasachta.

19.6 Comaoín iarchurtha faighte ar dhíol iasachtaí

Is ionann an méid seo agus méid dlite don GNBS ó dhíol iasachta chuig tríú páirtí. Nuair a díoladh iasacht, fuarthas cuid den airgead nuair a bhí sé críochnaithe, agus tá an t-iarmhéid €7.5m le fáil ag an GNBS in 2012.

19.7 Cuntais rótharraingte

Mar chuid d'éadail iasachtaí féichiúnaí, fuair an GNBS cuntais rótharraingte bainteach le hiasachtaí. Lean na hInstitiúidí Rannpháirteacha le cuntais rótharraingte féichiúnaí a mhaoiniú agus aisíocaíochtaí airgid ar chuntais rótharraingthe a bhailiú thar ceann an GNBS. Ag an 31 Nollaig 2011, bhí an glanmhaoiniú €32m dlite d'Institiúidí Rannpháirteacha agus an t-airgead bailithe €121m dlite don GNBS cothrom le €89m, agus as sin aithnítear €87.9m mar laghdú ar iasachtaí agus infháltais agus aithnítear an t-iarmhéid mar ioncam táille rótharraingthe (Nóta 5).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

20. FARDAIL

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Réadmhaoín trádála	6,850	-

I rith na bliana, fuair an Grúpa roinnt réadmhaoine mar chomaoín do ghlanadh ráthaíocht iasachta faighte ag an nGrúpa. Aithnítear na réadmhaoine de réir bheartas cuntasáíochta 2.16.

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA

Tá an Grúpa faoi réir roinnt rioscaí agus éiginnteachtaí i ngnáthchúrsa a ghníomhaíochtaí gnó. I measc na bpríomhrioscaí agus éiginnteachtaí gnó tá gnáthchoinníollacha maicreacnamaíocha. Ní féidir a bheith cinnte faoi impleacht nó dóchúlacht na rioscaí seo agus níl smacht ag an nGrúpa ar go leor acu. Is é an Bord atá freagrach as rialachas gach gníomhaíocht riosca agus tá creat bunaithe chun riosca ar fud an Ghrúpa a bhainistiú.

Le cois na ngnáthrioscaí thuasluaite, eascraíonn rioscaí sonracha as ionstraimí airgeadais a úsáid. I measc na bpríomhchatagóirí riosca aitheanta agus á mbainistiú ag an nGrúpa mar chuid dá ghnó laethúil tá riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus maoinithe, riosca margaidh agus riosca oibriúcháin.

Bainistiú sócmhainní agus dliteanas

Tá bainistiú sócmhainní agus dliteanas an GNBS á chomhlíonadh trí straitéisí atá faofa ag an mBord a chur i bhfeidhm. Is í foireann Chisteán an GNBS atá freagrach as an mbainistiú laethúil agus cuireann an GBCN idirbhearta i gcrích thar cheann an GNBS.

De thoradh iasachtaí agus díorthach a fháil, tá an GNBS nochta do rioscaí airgeadra agus ráta úis. Tagann riosca airgeadra eachtraigh i gceist tráth éadála iasachta nuair a eisítear na hurrúis ainmnithe in EUR mar chomaoín do shócmhainní iasachta in GBP nó airgeadraí eile, ar an tslí sin, ag cruthú neamhréir airgeadra sócmhainní/dlitéanas don GNBS. Chomh maith leis sin, ní mór don GNBS dul i ngleic le rioscaí leanúnacha airgeadra i ndiaidh éadail iasachta de bhrí go ndéantar áiseanna neamh-euro a tharraingt anuas, a aisíoc nó a athsceidealú agus go ndéantar sócmhainní a dhiúscairt. Chomh maith leis sin, tá an GNBS nochta do riosca ráta úis ar iasachtaí agus díorthaigh faighte. Is é feidhmíocht reatha agus ionchasach iasachta nó díorthaigh príomhchúis na measúnachta ar an riosca ráta úis atá le bainistiú.

Tá glactha ag an gCoiste Bainistíochta Riosca agus ag an mBord le beartas stuamachta leachtachta a áiríonn tástáil struis leanúnaigh leachtachta agus cothabháil maolán leachtachta íosta nó cúlchiste airgid. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an maolán seo ar aon dul leis an straitéis fhoriomlán bainistíochta sócmhainní agus dliteanas.

Faoi Alt 50 den Acht, féadfaidh an GNBS cibé suimeanna airgid a iasachtú de réir mar a theastaíonn d'fheidhmiú a feidhmeanna faoin Acht. Bunaíodh clár gearrthréimhseach Eorapháipéar tráchtála (ECP) in 2010 agus rinneadh réamhobair mar ullmhúchán do bhunú Chlár Eoranóta Mheántréimhsigh (MTN) in 2010. I bhfianaise glansreabhadh airgid dearfaigh ó ghníomhaíochtaí an GNBS agus na gcoinníollacha deacra i margadh bannaí flaithiúnais, áfach, ní dhearnadh eisiúint ar bith in 2011 agus níl aon eisiúint beartaithe le haghaidh 2012 ach an oiread.

Rialachas agus Maoirseacht Riosca

An Coiste Bainistíochta Riosca

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca, fochoiste den Bhord, freagrach as bainistíocht agus comhlíonadh riosca sa Ghrúpa trí chéile. Déanann sé athbhreithniú, thar ceann an Bhoird, ar phríomhrioscaí bunúsacha an ghnó agus cinntíonn sé go bhfuil creat oiriúnach bainistíochta riosca i bhfeidhm chun próifíl riosca agus nochtaí ábhartha an Ghrúpa a bhainistiú.

An Coiste Iniúcháireachta

Tá sé mar aidhm ag an gCoiste Iniúcháireachta a chinntiú go bhfuil riachtanais tuairiscithe airgeadais á gcomhlíonadh. Tuairiscíonn sé don Bhord maidir le héifeachtúlacht na bpróiseas rialaithe atá i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa.

An Coiste Creidmheasa

Tá an Coiste Creidmheasa freagrach as cinntí creidmheasa a dhéanamh laistigh den údarás atá tarmligthe ag an mBord dó. Áiríonn siad seo inter alia faomhadh bainistiú sócmhainní féichiúnaí / straitéisí laghdaithe fiachais, réamhíocaíocht airgead nua, faomhadh diúscairt sócmhainní / iasachtaí, socrú agus ceadú téarmaí aisíocaíochta, cinntí bainistíochta réadmhaoinne agus cinntí gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh áit ar cuí. Chomh maith leis sin, cuireann an Coiste Creidmheasa moltaí maidir le hiarratais shonracha creidmheasa faoi bhráid Bhord an GNBS sa chás gur ag an mBord atá an t-údarás cuí. Chomh maith leis sin, tá sé freagrach as beartais Chreidmheasa agus Riosca a mheas chun críche fhaomhadh an Bhoird agus soláthróidh sé ról maoirseachta i dtéarmaí cinntí suntasacha creidmheasa a dhéantar faoi bhun an leibhéil údarais atá tarmligthe ag an gCoiste Creidmheasa. Ar deireadh, déanann an Coiste Creidmheas athbhreithniú ar Fhaisnéis Bainistíochta ullmhaithe ag feidhm na hAisghabhála Sócmhainní i ndáil le punann an GNBS.

Cisteán an GNBS

Tá feidhm Chisteán an GNBS freagrach as riosca margaidh, leachtachta agus maoinithe a bhainistiú. Déileáiltear le riosca creidmheasa i Nóta 22.

Aisghabháil Sócmhainní an GNBS

Tá feidhm Aisghabháil Sócmhainní an GNBS freagrach as na nithe seo a leanas:

- Tacú leis an mBord le lámhaltas agus beartais riosca creidmheasa Aisghabháil Sócmhainní an GNBS a bhunú;
- Creat um Beartas & Nósanna Imeachta Aisghabhála Sócmhainní a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca creidmheasa a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm laistigh den chreat foriomlán; agus
- Anailís, monatóireacht agus tuairisciú creidmheasa & faisnéis ghinearálta bainistíochta riosca laistigh d'Aisghabháil Sócmhainní d'fhonn dearcadh comhdhlúite a thabhairt don fhoireann shinsearach bainistíochta, don Choiste Bainistíochta Riosca agus don Bhord ar nochtaí riosca an Ghrúpa.

Aonad Riosca an GBCN

Soláthraíonn Aonad Riosca an GBCN tacaíocht riosca margaidh don Ghrúpa. Os a choinne sin, tá bainistíocht riosca creidmheasa contrapháirtí an Ghrúpa ar idirbhearta margadh-gaolmhar (díorthaigh agus éarlaisí airgid), ar aon dul le beartas an Bhoird, tarmligthe don GBCN freisin.

21.1 Riosca margaidh

Is ionann riosca margaidh agus an riosca a bhaineann le caillteanas poitéinsiúil in ioncam nó glanfhiúchas an Ghrúpa ag eascairt as athruithe ar rátaí úis, rátaí malairte nó praghsanna margaidh eile.

Eascaíonn rioscaí margaidh ó staideanna oscailte i dtáirgí ráta úis agus airgeadra, atá nochta do ghluaiseachtaí ginearálta agus sonracha margaidh, agus athruithe ar leibhéal luaineachta rátaí nó praghsanna margaidh dála rátaí úis, raon difríochta creidmheasa agus rátaí malairte eachtraí. Tá an Grúpa nochta do riosca margaidh ar a iasachtaí agus infháltais, urrúis agus díorthaigh. Cé go bhfuil sraith chuimsitheach nósanna imeachta bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an nGrúpa chun impleacht gluaiseachtaí ar rátaí úis, rátaí malairte eachtraí agus rioscaí margaidh eile a bhfuil sé nochta dóibh a mhaolú agus a rialú, is deacair a rá go beacht céard iad na hathruithe atá i ndán ar choinníollacha geilleagracha nó margaidh nó a rá go cinnte cad iad na héifeachtaí a bheadh ag a leithéid sin d'athruithe ar an nGrúpa.

Tá urrúis fhiachais an Ghrúpa ainmnithe in euro, ach tá céatadán suntasach de shócmhainní faighte an Ghrúpa ainmnithe i steirling agus dollair na Stát Aontaithe. Dá thoradh sin, tá úsáid fhairsing bainte ag an nGrúpa as díorthaigh airgeadra eachtraigh chun próifíl airgeadra a shócmhainní agus dliteanais a bhainistiú. Ar an gcuma chéanna, úsáidtear babhtálacha ráta úis chun neamhréireanna i bpróifíl ráta úis an Ghrúpa a bhainistiú.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

21.2 Bainistíocht riosca margaidh

Cuspóir

Tá córais agus modheolaíochtaí éifeachtacha i bhfeidhm ag an nGrúpa chun rioscaí margaidh ina ráiteas ar staid airgeadais a aithint agus a thomhas. Ina dhiaidh sin, déantar na rioscaí seo a bhainistiú laistigh de theorainneacha diana agus i gcomhthéacs éileamh coimeádach riosca atá ag teacht le reachtaíocht an GNBS.

Polasaithe

Tá bainistíocht an riosca margaidh laistigh den Ghrúpa á rialú ag beartais riosca margaidh atá faofa ag an gCoiste Bainistíochta Riosca agus ag an mBord. Faomhann an Bord lámhaltas foriomlán riosca margaidh agus tarmligeann sé an socrú teorann íseal-leibhéil chuig an gCoiste Bainistíochta Riosca. Tá bainistíocht príomhrioscaí margaidh an Ghrúpa (i.e. ráta úis agus riosca malairte eachtraí) láraithe laistigh d'Aonad Cisteáin an Ghrúpa. Soláthraíonn aonad Creidmheasa agus Riosca an GNBS maoirseacht agus tá sé freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an gcreat teorann laistigh de chomhthéacs na dtéorainneacha atá faofa ag an gCoiste Bainistíochta Riosca. Tá tacaíocht riosca margaidh á soláthar ag Aonad Riosca an GBCN.

Maolú riosca

San áireamh i maolú riosca tá meaitseáil staideanna riosca sócmhainní agus dlíteanas a mhéid agus is féidir, agus úsáid a bhaint as díorthaigh chun tréimhse agus íogaireacht ráta úis a bhainistiú laistigh den struchtúr teorainne faofa. Tá beartais Chlár Comhardaithe an Ghrúpa deartha lena chinntiú go bhfuil córas dian rialaithe i bhfeidhm a áiríonn raon sonrach táirgí agus teorainneacha faofa a fhorordú a chumhdaíonn na híogaireachtaí riosca ar fad a bhaineann le táirgí faofa.

Tá an Grúpa freagrach as tuairisciú míosúil chuig an gCoiste Bainistíochta Riosca agus anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar na staideanna suntasacha riosca agus ar chomhlíonadh le teorainneacha riosca. Le cois teorainneacha ar staid riosca margaidh, úsáidtear tástáil struis chun impleacht ar staid an Ghrúpa i gcomhthéacs raon cnámh scéil dian margaidh a thomhas. Úsáidtear tástálacha struis cnámh scéil agus ionsamhlúcháin stairiúla fadtréimhseacha (ag dul siar go dtí na 1990aidí) ar staideanna reatha chun riosca margaidh a mheas agus a bhainistiú.

Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca moltaí a athbhreithniú, a fhaomhadh agus a dhéanamh i ndáil le próifíl agus teorainneacha riosca margaidh sa Ghrúpa trí chéile. Ina theannta sin, buaileann Grúpa Bainistíochta Riosca Margaidh, ar a bhfuil bainisteoirí sinsearach ó Aonad Aisghabhála Sócmhainní an GNBS, Cisteán an GNBS agus Aonad Riosca an GBCN, le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar staid riosca margaidh agus a chinntiú go bhfuil cinntí an Bhoird agus an Choiste Bainistíochta Riosca á gcomhlíonadh. San áireamh sa tuarascáil sheachtainiúil a chuireann Aonad Riosca an GBCN i dtoll a chéile tá anailís mhionsonraithe ar gach staid shuntasach riosca agus comhlíonadh le teorainneacha riosca.

21.3 Tomhas Riosca Margaidh

21.3.1 Riosca Ráta Úis

Fuair an Grúpa iasachtaí ráta sheasta agus athraithe ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha, mar aon le díorthaigh a úsáideadh chun iasachtaí ráta athraithe a athrú go hiasachtaí ráta sheasta (d'fhéichiúnaithe). Lena chois sin, tá urrúis ráta chomhlúthaigh eisithe ag an nGrúpa agus tá sé páirteach in idirbhearta díorthaigh chun neamhréireanna ina phróifíl ráta úis sócmhainní agus dlíteanas a bhainistiú. Baineann an Grúpa úsáid as íogaireachtaí riosca, tástáil struis an fhachtóra riosca agus anailís ar chnámha scéil chun an ráta riosca úis a mhonatóiriú agus a bhainistiú. Ríomhtar íogaireachtaí riosca trí an athrú aníos comhthreomhar sa chuar toraidh a thomhas chun measúnú a dhéanamh ar impleacht gluaiseachtaí ráta úis.

Ní gá gurb ionann faisnéis aimsithe tríd an anailís íogaireachta agus an t-athrú iarbhair ar luach cothrom a thabhdh an Grúpa de réir gnáthchoinníollacha margaidh mar, bunaithe ar theorainneacha praiticiúla, is ar bhonn seasmhach a choinnítear gach athróg seachas fachtóirí riosca sonracha margaidh.

Tá achoimre le fáil sna táblaí seo a leanas ar nochtadh uaintráinsithe an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta (sonraithe roimh ré ag athphraghsáil chonarthaigh nó dáta aibíochta) do riosca ráta úis réamhshocraithe. Sonraítear ann, de réir uaintráinse, na sócmhainní agus dlíteanaí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athshocrú ráta úis.

Is i bhfoirm méideanna barúlacha a thaispeántar ionstraimí airgeadais. Áirítear sna táblaí seo a leanas ionstraimí fálaíthe a bhfuil d'éifeacht acu íogaireacht ráta úis a laghdú go suntasach.

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

Riosca Ráta Úis Grúpa Amhail ag 31 Nollaig 2011	0-6 mhí €'000	Níos mó ná 6 mhí €'000	Neamh- úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní Airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	3,346,986	-	-	3,346,986
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	499,747	-	-	499,747
Iasachtaí agus infháltais	25,607,389	-	-	25,607,389
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	-	-	409,143	409,143
Sócmhainní eile	-	-	43,438	43,438
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	29,454,122	-	452,581	29,906,703
Dliteanais				
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	-	-	60,224	60,224
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	29,106,000	-	-	29,106,000
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(13,600,000)	(6,700,000)	-	(20,300,000)
Dliteanais eile	-	-	252,379	252,379
Iomlán na ndliteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	15,506,000	(6,700,000)	312,603	9,118,603
Riosca Ráta Úis Grúpa Amhail ag 31 Nollaig 2010	0-6 mhí €'000	Níos mó ná 6 mhí €'000	Neamh- úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní Airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	836,739	-	-	836,739
Iasachtaí agus infháltais	27,950,833	-	-	27,950,833
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	-	-	349,923	349,923
Sócmhainní eile	-	-	17,960	17,960
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	28,787,572	-	367,883	29,155,455
Dliteanais				
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	-	-	142,793	142,793
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	28,650,000	-	-	28,650,000
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(13,300,000)	-	-	(13,300,000)
Dliteanais eile	-	-	183,156	183,156
Iomlán na ndliteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	15,350,000	-	325,949	15,675,949

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

Riosca Ráta Úis Gníomhaireacht Amhail ag 31 Nollaig 2011	0-6 mhí €'000	Neamh- úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní Airgeadais			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	1,623	-	1,623
Sócmhainní eile	-	3,381	3,381
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	1,623	3,381	5,004

Dliteanais			
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	52,720	-	52,720
Dliteanais eile	-	4,040	4,040
Iomlán na ndliteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	52,720	4,040	56,760

Riosca Ráta Úis Gníomhaireacht Amhail ag 31 Nollaig 2010	0-6 mhí €'000	Neamh- úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní Airgeadais			
Sócmhainní airgeadais idirghrúpa	-	3,823	3,823
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	-	3,823	3,823

Dliteanais			
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	49,380	-	49,380
Dliteanais eile	-	3,974	3,974
Iomlán na ndliteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	49,380	3,974	53,354

Íogaireacht riosca ráta úis

Tá léargas le fáil sa tábla seo a leanas ar íogaireacht ráta úis a eascraíonn ó mhéadú 50 bonnphointe nó laghdú ar rátaí úis thar an gcuar, faoi réir ráta úis fósta 0%. Déantar an riosca a thomhas mar impleacht glanluacha láithrigh (NPV), ar ráiteas na staide airgeadais, an athraithe sin ar rátaí úis. Athraíonn an anailís seo gach ráta úis do gach airgeadra agus gach aibíocht an méid céanna ar bhonn comhuaineach.

Socraítear na rátaí úis le haghaidh gach airgeadra ar an 31 Nollaig 2011. Áirítear sna figiúirí seo éifeacht fálaithe ionstraimí, iasachtaí agus infháltas agus urrús eisithe.

Anailís íogaireachta ráta úis – gluaiseacht 50bp thar chuar ráta úis

	31 Nollaig 2011		31 Nollaig 2010	
	+50bp €'000	-50bp €'000	+50bp €'000	-50bp €'000
EUR	237,609	(244,208)	177,417	(181,751)
GBP	(17,781)	19,624	(460)	1,555
USD	(75)	77	679	(675)

Níl na híogaireachtaí ráta úis siméadrach mar gheall ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear cruth an chuar toraidh agus próifíl aibíochta na punainne.

21.3.2 Riosca malairte eachtraí

Mar chuid d'éadail iasachtaí agus díorthach ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha, fuair an Grúpa roinnt iasachtaí agus infháltas ainmnithe in airgeadra eachtrach, GBP go príomha. Mar thoradh, tá an Grúpa nochta d'éifeachtaí luaineachtaí i rátaí malairte airgeadra eachtraigh, i gcomhthéacs staid airgeadais agus sreafaí airgid. Déanann an Grúpa monatóireacht rialta ar leibhéal nochta an airgeadra agus tá fáluithe bunaithe chun na rioscaí seo a mhaolú.

Tá achoimre sa tábla seo a leanas ar nochtadh an Ghrúpa do riosca airgeadra eachtraigh ar an 31 Nollaig 2011. San áireamh sa tábla freisin tá sócmhainní agus dliteanais an Ghrúpa luaite ag luachanna anonn, agus rangaithe de réir airgeadra. Áirítear sna táblaí seo ionstraimí fálaíthe a bhfuil d'éifeacht acu riosca airgeadra a laghdú go suntasach.

2011 Grúpa	US\$ €'000	£ €'000	Eile €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	8,657	43,094	2,386	54,137
Iasachtaí agus infháltais	351,068	8,689,175	115,079	9,155,322
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(332,657)	(8,141,789)	(107,422)	(8,581,868)
Sócmhainní eile	-	7,688	-	7,688
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	125	24,688	54	24,867
Iomlán na sócmhainní nochta do riosca airgeadra	27,193	622,856	10,097	660,146
Dlíteanais				
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	-	(3,097)	-	(3,097)
Iomlán na ndlíteanas nochta do riosca airgeadra	-	(3,097)	-	(3,097)
Glansócmhainní/(glandlíteanais) nochta do riosca airgeadra	27,193	619,759	10,097	657,049
2010 Grúpa	US\$ €'000	£ €'000	Eile €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	549	108,775	935	110,259
Iasachtaí agus infháltais	464,383	9,471,290	110,260	10,045,933
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	(419,516)	(9,759,280)	(105,980)	(10,284,776)
Iomlán na sócmhainní nochta do riosca airgeadra	45,416	(179,215)	5,215	(128,584)
Dlíteanais				
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	-	(15,577)	-	(15,577)
Iomlán na ndlíteanas nochta do riosca airgeadra	-	(15,577)	-	(15,577)
Glansócmhainní/(glandlíteanais) nochta do riosca airgeadra	45,416	(194,792)	5,215	(144,161)

Is in euro atá sócmhainní agus dlíteanais uile na Gníomhaireachta sonraithe. Dá réir sin, níl an Gníomhaireacht nochta do riosca airgeadra eachtraigh.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

21. BAINISTÍOCHT RIOSCA (AR LEAN)

Nochtadh do riosca malairte eachtraí – Anailís íogaireachta

Bheadh neartú 10% an euro i gcoinne na n-airgeadraí seo a leanas ag an 31 Nollaig 2011 mar bhonn le cothromas agus brabús méadaithe na méideanna thíosluaite roimh chánachas. Glactar leis de réir na hanailíse seo, go bhfuil na hathróa eile ar fad, rátaí úis go háirithe, seasmhach. Bheadh éifeacht chothrom ach chodarsnach ag lagú 10% ar an euro i gcoinne na n-airgeadraí céanna, ar an mbonn go bhfanann na hathróa eile ar fad seasmhach.

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
GBP	(54,234)	21,820
USD	(3,462)	(3,929)
Eile	(1,130)	(435)

22. RIOSCA CREIDMHEASA

Is é atá i riosca creidmheasa ná an riosca de chaillteanas airgeadais a thabhtú, agus aird á tabhairt ar an gcomhthaobhacht arna gealladh mar urrús a bheadh i gceist dá dteipfeadh ar fhéichiúnaí nó ar chontrapráirtí margaidh an Ghrúpa a chuid oibleagáidí conartha a i leith an Ghrúpa a chomhlíonadh. Baineann príomhriosca creidmheasa an GNBS le feidhmíocht a féichiúnaithe, agus le sócmhainní gaolmhara atá á gcoinneáil mar urrús.

Tháinig neamhchosaintí maidir le féichiúnaithe an Ghrúpa chun chinn sa chéad dul síos de thoradh ar phunann shuntasach iasachtaí a bhain le réadmhaoin a fháil. Bhí an chuid is mó de na hiasachtaí sin san earnáil réadmhaoin trachtála agus chónaithe in Éirinn agus san RA, agus bhí roinnt eile i SAM agus sa chuid eile den domhan. Bíonn riosca creidmheasa i gceist maidir le gníomhaíochtaí iasachtaithe an Ghrúpa, a dtugtar fúthu chun luach a choinneáil nó a fheabhsú d'fhonn an toradh airgeadais uasta a bhaint amach don Stát faoi réir an riosca inghlactha. Cruthaíonn ionstraimí airgeadais, amhail ráthaíochtaí agus tiomantais iasachta neamhtharraingthe, riosca creidmheasa chomh maith.

Is é riosca creidmheasa an riosca is tábhachtaí do ghnó an Ghrúpa. Dá bhrí sin, déanann an Grúpa a neamhchosaint i leith riosca creidmheasa a bhainistiú go cúramach. Maolaíodh an riosca creidmheasa a tháinig chun cinn de thoradh na punainne iasachtaí a fháil ar dtús trí ghrinnphróiseas díchill chuí dlí agus réadmhaoin a chur i gcrích. Dearadh an próiseas sin lena chinntiú go ndearnadh iasachtaí a luacháil i gceart i gcomhréir leis an scéim reachtúil ina ndearnadh foráil go bhfaigheadh an Grúpa iad. Déantar riosca creidmheasa a bhainistiú go leanúnach faoi Chreat Nósanna Imeachta agus Beartas Aisghabhála Sócmhainní an Ghrúpa.

Creat Nósanna Imeachta agus Beartas Aisghabhála Sócmhainní

Is é cuspóir foriomlán an Chreata Nósanna Imeachta agus Beartas Aisghabhála Sócmhainní ná an Grúpa a chosaint trí luach na n-iasachtaí a fhaightear a chosaint agus a fheabhsú.

Ar deireadh thiar, is é Bord an Ghrúpa atá freagrach as riosca creidmheasa an Ghrúpa a bhainistiú. Tá rialú agus bainistiú riosca creidmheasa láraithe san fhoireann Aisghabhála Sócmhainní. Déantar riosca creidmheasa a thuairisciú do Bhord agus Coiste Creidmheasa an GNBS ar bhonn rialta agus tá an Creat faoi réir Athbhreithnithe Bhliantúil foirmiúil.

Tá an Grúpa freagrach as iasachtaí a bhainistiú, a fhaightear faoi sholáthairtí an Achta fán GNBS. Cuirtear iasachtaí a fhaightear ó Institiúidí Rannpháirteacha i ngrúpaí le chéile agus déantar iad a bhainistiú trí rannpháirteachas le féichiúnaithe.

Tá dhá chatagóir féichiúnaí ann:

Féichiúnaithe faoi bhainistiú an GNBS: Sa chatagóir seo is é an Grúpa a dhéanamh príomhchinntí creidmheasa agus a dhéanamh caidrimh a bhainistiú. Déanann Institiúidí Rannpháirteacha iasachtaí a riar.

Féichiúnaithe faoi bhainistiú Institiúidí Rannpháirteacha: Sa chatagóir seo is í an Institiúid Rannpháirteach a dhéanamh féichiúnaithe a bhainistiú agus iasachtaí a riar. Déanann Institiúidí Rannpháirteacha cinntí creidmheasa faoi Chreat Údarais Tarmilgthe faoi réir beartas agus nósanna imeachta arna sainordú ag an nGrúpa, mar aon le

rannpháirtíocht 'ar an talamh' ó Fhoireann Institiúidí Rannpháirteacha an GNBS agus maoirseacht ag Aonad Deimhnithe Cáilíochta an Ghrúpa.

Ní mór don Ghrúpa cinntí creidmheasa éagsúla a dhéanamh, a d'fhéadfadh baint a bheith acu le iasachtaí nua, athstruchtúrú iasachtaí agus infháltas nó gníomh forfheidhmithe a ghlacadh. Go sonrach, d'fhéadfadh cinneadh creidmheasa tarlú de thoradh ar imeacht ar bith a d'fhéadfadh próifíl riosca bhunúsach neamhchosanta nó féichiúnaí a athrú, lena n-áirítear:

- Iarratas ar chreidmheas ó féichiúnaí;
- Díolacháin sócmhainní a fhaomhadh;
- Togra ó féichiúnaí ina d'fhéadfadh spreagthaí nó comhréitigh phragmatacha/tráchtála a bheith i gceist d'fhonn staid fhoriomlán an GNBS a uasmhéadú;
- Iarratas ar mhaoiniú;
- Straitéis féichiúnaí molta;
- Síneadh molta téarmaí le haghaidh neamhchosaintí uile féichiúnaí nó cuid díobh;
- Togra chun gníomh dócmhainneachta sa thionscnamh;
- Gníomh ag tríú páirtí maidir le féichiúnaí coiteann m.sh. institiúid neamh-rannpháirteach.

Déantar riosca creidmheasa a thomhas, a mheasúnú agus a rialú le haghaidh na n-idirbheart agus na n-imeachtaí creidmheasa uile de thoradh ar ghnóthú an Ghrúpa, agus de thoradh ar bhainistiú leanúnach iasachtaí.

22.1 Riosca creidmheasa a thomhas

Cuireann an Grúpa na tomhais seo a leanas ar neamhchosaint i bhfeidhm: -

Punann Iasachtaí - Neamhchosaint creidmheasa a thomhas

- Neamhchosaint parfhíachais - an méid comhlán atá dlite ag an bhféichiúnaí, .i. na méideanna iomlána atá dlite de réir théarmaí conartha tosaigh na n-iasachtaí a gnóthaíodh. Ba é €74bn iomlán an parfhíachais a ghnóthaigh an Grúpa.
- Neamhchosaint fiachais an GNBS - an méid gnóthaithe a d'íoc an Grúpa (móide aon airgead nua a thug an Grúpa ar iasacht agus muirear úis curtha leis, lúide íocaíochtaí airgid faighte). Ba é €31.8bn an chomaoin iomlán a íocadh i leith iasachtaí (agus díorthaigh ghaolmhara) a fuarthas.

De réir Alt 10 den Acht, ní mór don GNBS an toradh airgeadais is fearr is féidir a bhaint amach don Stát agus aird á tabhairt ar an bparfhíachas, ar chostas gnóthaithe, ar aon chostais de thoradh ar phlé le sócmhainní, ar chostas caipitil agus costais eile. Is tomhais bhunúsacha iad sin ar a mbunófar cinntí faoi chreidmheas agus faoi straitéis cháis. Is iad sin an bonn freisin chun an leibhéal Údaráis Tarmilgthe iomchuí a shocrú le haghaidh cinntí creidmheasa arna ndéanamh ag an nGrúpa nó ag Institiúidí Rannpháirteacha. Déanann an GNBS monatóireacht ar an dá thomhas sin i dtreocheangal agus úsáideann sí iad mar thaca leis na cinntí creidmheasa go léir.

Punann na nDíorthach- Neamhchosaint creidmheasa a thomhas

Chomh maith leis na hiasachtaí a ghnóthaigh an Grúpa, gnóthaíodh roinnt ionstraimí airgeadais díorthaigh a bhí ceangailte le hiasachtaí féichiúnaithe a gnóthaíodh ó na cúig institiúid rannpháirteach.

Ag am ar bith, tá neamhchosaint riosca creidmheasa an Ghrúpa teoranta do luach cothrom dearfach na n-ionstraimí díorthaigh sin (.i. sócmhainní a bhfuil luach dearfach marcáil ón margadh acu). Ní bhíonn sa luach marcáil ón margadh sin ach codán beag de luach an chonartha de ghnáth (nó luach barúlach na n-ionstraimí atá dlite).

22.2 Riosca creidmheasa a mheasúnú

Díríonn measúnú riosca creidmheasa ar chumas aisíochta na bhféichiúnaithe agus na feabhsuithe creidmheasa uile atá ar fáil, lena n-áirítear urrús. Déantar iasachtaí agus airleacain le féichiúnaithe a chomhthaobhú go príomha trí mhuirir thar shócmhainní eastáit réadaigh, sócmhainní eile, liain ar éarlaisí airgid thirim, agus déantar iad a fhorlíonadh i mórán cásanna le ráthaíochtaí pearsanta.

Braitheann an Grúpa ar dtús ar na luachálacha a chuirtear ar urrús reatha agus iontaoibh a bhaineann le hiasachtaí arna ngnóthú mar chuid den phróiseas gnóthaithe. Déanann an Grúpa iarracht a chinntiú go gcuirtear luacháil iomchuí, suas chun dáta ar aon fhoirmeacha breise urrúis nó iontaoibh san áireamh i dtogra creidmheasa nua ar bith ó féichiúnaí. D'fhéadfaí urrús reatha a athluacháil mar chuid den phróiseas sin freisin.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

22. RIOSCA CREIDMHEASA (AR LEAN)

Príomhchomaoin agus airgeadh nua á airleacan ná cibé an bhfaighfear luach breise as togra creidmheasa an Fhéichiúnaí nó nach bhfaighfear. Agus aon airgead á airleacan ag an nGrúpa, nó agus cinneadh creidmheasa nua ar bith á dhéanamh aige, déanfaidh sé iarracht iontaoibh nó urrús breise a fháil ón bhféichiúnaí nuair is gá dó a chuid leasanna a chosaint.

Agus foirmeacha breise nó malartacha urrúis nó iontaoibhe á socrú, d'fhéadfadh an Grúpa measúnuithe sócmhainne pearsanta a choimisiúnú i leith féichiúnaí chun aon urrús nó iontaoibh a aithint a d'fhéadfadh a bheith ar fáil chun leasanna an Ghrúpa a chosaint.

22.3 Rialú riosca creidmheasa

Baineann an beartas riosca creidmheasa, de réir mar a shocraíonn an Grúpa é, le hiasachtaí faoi bhainistiú an GNBS agus le hiasachtaí faoi bhainistiú Institiúide Rannpháirtí araon. Tá an Grúpa tar éis Creat Níosanna Imeachta & Beartas Aisghabhála Sócmhainní a shainiú don Ghrúpa agus d'Institiúidí Rannpháirteacha. Leagann sé amach leibhéal údaráis le haghaidh teorannacha creidmheasa agus cinntí creidmheasa ceadaithe, chomh maith le monatóireacht agus tuairisciú riosca creidmheasa atá le déanamh ag an nGrúpa agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

Leagann an Creat Níosanna Imeachta agus Beartas Aisghabhála Sócmhainní na teorannacha creidmheasa agus cinnteoireachta maidir leo seo a leanas:

- Pleananna Gnó Féichiúnaí agus Athbhreithnithe Creidmheasa Straitéiseacha a fhaomhadh;
- Iasachtú nua a fhaomhadh;
- Athstruchtúrú iasachtaí nó athchaibidlí iasachtaí i gcásanna nach dtugtar aon airgead nua ar iasacht;
- Gníomh forfheidhmithe arna ghlacadh ag an nGrúpa;
- Bearnú iasachtaí;
- Iasachtaí / sócmhainní a dhíol;
- Bainistiú réadmhaoine agus sócmhainní.

Déantar an leibhéal faofa atá riachtanach le haghaidh gach ceann de na cinntí creidmheasa seo a shocrú trí thagairt a dhéanamh do mhéid iarmhéid an fhéichiúnaí gan íoc. Déanann duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas cinntí creidmheasa a fhaomhadh, le leibhéal cascáideach d'údarás tarmligthe faofa:

- Sealbhóirí Údaráis Tarmligthe Painéil A nó Painéil B um Aisghabháil Sócmhainní;
- Bainisteoir Rannach Sinsearaí um Aisghabháil Sócmhainní;
- Ceannaire um Aisghabháil Sócmhainní;
- POF agus Ceannaire um (nó Leascheannaire um) Aisghabháil Sócmhainní;
- An Coiste Creidmheasa;
- Bord an Ghrúpa.

Ní mór do Choiste Creidmheasa na hInstitiúide Rannpháirtí agus/nó Ceannaire/Leas-Cheannaire/Bainisteoir Sinsearach Creidmheasa Aonad GNBS na hInstitiúide Rannpháirtí na cinntí creidmheasa uile maidir le hiasachtaí faoi bhainistiú Institiúide Rannpháirtí, laistigh de theorainneacha faofa an Ghrúpa, a fhaomhadh.

Déanann an Fhoireann Deimhnithe Cáilíochta, atá ina cuid den fheidhm Aisghabhála Sócmhainní, in éineacht leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh maoirseacht ar chomhlíonadh an Bheartais Údaráis Tarmligthe.

Tá bearta rialaithe agus maolaithe sonracha arna nglacadh ag an nGrúpa léirithe thíos:

(a) Bainistiú Airgid Thirim

Tá bainistiú airgid thirim laistigh de rannpháirteachas le féichiúnaí ina phríomhrialú d'fhonn a chinntiú go bhfuil forchostais, caipiteal oibre nó íocaíochtaí caiteachais chaipitil fhorbartha oiriúnach agus fíoraithe i dtreo is go ndéanfaí sceitheadh féideartha airgid thirim a chosc. Ní mór don ioncam cíosa uile a bheith iomlán feiceálach freisin.

(b) Comhthaobhacht

Déantar iasachtaí agus airleacain le féichiúnaithe a chomhthaobhú go príomha trí mhuirir thar shócmhainní eastáit réadaigh, sócmhainní eile, liain ar éarlaisí airgid thirim, agus déantar iad a fhorlíonadh i mórán cásanna le ráthaíochtaí pearsanta.

Cuireann an Grúpa raon beartas agus cleachtas i bhfeidhm chun riosca creidmheasa a mhaolú. Is é an ceann is traidisiúnta díobh sin ná an chéad urrús muirir sheasta a ghlacadh maidir le haon chaipiteal oibre nó chaipiteal forbartha arna airleacan.

Is iad seo a leanas na príomhchineálacha comhthaobhachta atá inghlactha chun riosca creidmheasa a mhaolú ar iasachtaí agus infháltais:

- Morgáistí ar thalamh agus réadmhaoin éagsúil;
- Muirir chomhlúthacha ar shócmhainní gnó amhail áitreabh, fardal agus cuntais infhála;
- Muirir ar ionstraimí airgeadais amhail cothromais agus urrúis fhiachais;
- Muirir ar éarlaisí bainc.

(c) Díorthaigh

Faightear an t-urrús le haghaidh díorthach a ghnóthaítear ón gcomhthaobhacht a ghnóthaítear leis an iasacht, agus léirítear é sa phraghas a íoctar ar ghnóthachan na hiasachta. Rinne an Grúpa díorthaigh a idirbheartú leis an GBCN chun neamhchosaintí airgeadra eachtraigh agus ráta úis a fhálú.

Déantar neamhchosaint creidmheasa díorthach a ghnóthaítear, mar aon le neamhchosaintí féideartha de thoradh ar ghluaiseachtaí margaidh, a bhainistiú mar chuid de bhainistiú foriomlán neamhchosaintí na bhféichiúnaithe.

Maidir le díorthaigh ar chuaigh an Grúpa isteach iontu, is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta an t-aon chontrapháirtí.

22.4 Neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa - roimh chomhthaobhacht arna coinneáil nó feabhsuithe creidmheasa eile

Sa tábla thíos leagtar amach an neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa le haghaidh sócmhainní airgeadais a raibh riosca creidmheasa ag baint leo (glan de bhearnú) amhail ag 31 Nollaig 2011, gan aird a thabhairt ar chomhthaobhacht ná feabhsuithe creidmheasa eile atá ar láimh. Tá neamhchosaintí bunaithe ar na glanmhéideanna carraeireachta a thuiriscítear i Ráiteas faoi Staid Airgeadais an Ghrúpa.

Grúpa	Neamh- chosaint uasta 2011 €'000	Neamh- chosaint uasta 2010 €'000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	3,346,986	836,739
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	499,747	-
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	409,143	349,923
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	448,539	499,155
Iasachtaí agus infháltais		
Talamh agus forbairt	8,563,916	11,459,842
Réadmhaoin infheistíochta	17,043,473	16,490,991
Sócmhainní eile	43,438	17,960
Iomlán na sócmhainní	30,355,242	29,654,610
Tomantais iasachta (nóta 23.4)	235,932	417,457
Neamhchosaint uasta iomlán	30,591,174	30,072,067

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

22. RIOSCA CREIDMHEASA (AR LEAN)

22.4 Neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa - roimh chomhthaobhacht arna coinneáil nó feabhsuithe creidmheasa eile (ar lean)

Gníomhaireacht	Neamh- chosaint uasta 2011 €'000	Neamh- chosaint uasta 2010 €'000
Sreabhadh	1,623	95
Sócmhainní eile	3,381	3,823
Neamhchosaint uasta iomlán	5,004	3,918

22.5 Faisnéis faoi chaighdeán creidmheasa iasachtaí agus infháltais

(a) Iasachtaí agus infháltais nach bhfuil thar an dáta dlite ná bearnaithe

Tá an Grúpa i mbun beartas grádaithe nua a chur i bhfeidhm a bhainfidh le gach féichiúnaí. Ag an dáta tuairiscithe, bhíothas tar éis €23.5bn den phunann a ghrádú a léiríonn punann bainistithe an GNBS. Déanfar an phunann eile faoi bhainistiú Institiúide Rannpháirtí a ghrádú in 2012.

Léiríonn na trí rangú cáilíochta creidmheasa atá sainithe thíos comhchruinniú de ghráid inmheánacha níos gráinní.

Tá dhá ghné i scála grádúcháin cáilíochta creidmheasa an GNBS. Sa chéad ghné déantar cáilíocht na sócmhainní bunúsacha a ghnóthaítear agus an t-ionchas maidir le haisghabháil fiachais a bhaineann le fiachas an GNBS a thomhas. Tá raon sa scála grádúcháin ó chásanna ina bhfuiltear ag súil go mbeidh an méid a aisghabhfar níos mó ná fiachas an GNBS go dtí cásanna ina meastar go mbeidh easnamh ar fhiachas an GNBS agus go bhfuil soláthar bearnaithe marcáilte i gcoinne na neamhchosanta. Sa dara ghné déantar leibhéal feidhmíochta an fhéichiúnaí a rátáil trí bhaint amach na spriocanna airgeadais agus neamhairgeadais, a comhaontaíodh tríd an bpróiseas um rannpháirteachas le féichiúnaithe, a thomhas.

- **Sásúil:** - Cumas láidir chun tiomantais airgeadais a chomhlíonadh agus dóchúlacht íseal go mbeidh caillteanas i gceist.
- **Lag:** - Ní mór monatóireacht níos grinne a dhéanamh air ach léiríonn sé cumas maith chun tiomantais airgeadais a chomhlíonadh.
- **Bearnaithe:** - Tugtar leibhéil éagsúla airde speisialta do neamhchosaintí agus tá bainistiú gníomhach punainne agus ionchas caillteanaís ina n-ábhair imní.

Dáileadh grád maidir le hiasachtaí agus infháltais agus féichiúnaithe nach bhfuil thar an dáta dlite ná bearnaithe

	2011 €'000
Sásúil	7,815,435
Fairthe	1,229,386
iasachtaí agus infháltais nach bhfuil thar an dáta dlite ná bearnaithe	9,044,821

Tá sócmhainní uile na Gníomhaireachta ina sócmhainní idirghrúpa agus ina sócmhainní reatha.

(b) Níor bearnaíodh iasachtaí agus infháltais atá thar an dáta dlite

Níl an nochtadh atá riachtanach de réir alt 37(a) de IFRS 7 maidir le hanailís aosaithe iasachtaí agus infháltas atá 'thar an dáta dlite ach nach bhfuil bearnaithe' á soláthar. Tá an anailís aosaithe reatha bunaithe ar théarmaí conartha bunaidh iasachtaí a ghnóthaítear ó Institiúidí Rannpháirteacha, agus ní léiríonn sé feidhmíocht na hiasachta i gcomparáid le luach gnóthaithe na hiasachta.

Tá infháltais uile na Gníomhaireachta dlite ó aonáin ghaolmhara agus tá siad reatha. Níl aon cheann díobh thar an dáta dlite ná bearnaithe.

(c) Iasachtaí agus infháltais a ndéantar measúnú orthu ar bhonn aonair le haghaidh bearnaithe

Bhí luach carraeireachta €14.4bn (2010: €6.1bn) (féach an tábla seo a leanas) ag baint le hiasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara a cinneadh go raibh siad bearnaithe de thoradh ar an athbhreithniú bearnaithe aonair a rinneadh.

Bhain an Grúpa leas as an díolúine faoi IFRS 7 gan luach cothrom comhthaobhachta a bhí á coinneáil mar urrús i gcoinne na n-iasachtaí a nochtadh, mar bheadh sé neamhphraiticiúil a leithéid a dhéanamh.

Iasachtaí agus infháltais a ndéantar measúnú orthu ar bhonn aonair le haghaidh bearnaithe

	2011 €'000	2010 €'000
Iasachtaí comhlána agus díorthaigh ghaolmhara	23,493,876	13,336,010
Iasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara arna mbearnú ar bhonn aonair	(14,449,055)	(6,109,779)
Iasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara nach ndéantar iad a bhearnú ar bhonn aonair	9,044,821	7,226,231

Ní dhéantar aon cheann de na sócmhainní atá neamhchosanta i leith riosca creidmheasa sa Gníomhaireacht a bhearnú ar bhonn aonair.

(d) Iasachtaí agus airleacain athchaibidlíthe

Sonraítear iasachtaí agus infháltais arna ngnóthú le linn na tréimhse ar chostas gnóthaithe lúide bearnú. Tá athchaibidlí agus athstruchtúir á dhéanamh ar iasachtaí áirithe tríd an bpróiseas um rannpháirteachas le féichiúnaithe.

D'fhéadfadh socruithe íocaíochta sínte, íocaíochtaí a mhionathrú nó a iarchur a bheith i gceist i ngníomhaíochtaí athstruchtúraithe. Tá beartais athstruchtúraithe leagtha amach i mBeartas Praghsála agus Athstruchtúraithe an GNBS, atá san áireamh sa Chreat Nósanna Imeachta agus Beartas Aisghabhála Sócmhainní. Déantar athstruchtúir ar gach iasacht bunaithe ar an straitéis is oiriúnaí le go ndéanfar na hoibleagáidí fiachais go léir atá dlite a aisíoc, agus aird á tabhairt ar struchtúir, ráthaíochtaí, saincheisteanna cánach agus straitéisí díolacháin. Déanann an Coiste Creidmheasa agus, nuair is cuí, an Bord, sonraí gach plean athstruchtúraithe molta, lena n-áirítear aon chlaontaí ón mbeartas, a athbhreithniú agus a fhaomhadh.

Mar chuid den athstruchtúir ar fhéichiúnaithe in 2011, rinneadh athstruchtúir ar iasachtaí go dtí líon laghdaithe áiseanna úsmhara chun rannpháirteachas agus bainistiú féichiúnaithe a éascú. Ba é €820m luach carraeireachta iomlán na n-iasachtaí faoi réir athstruchtúraithe den chineál sin in 2011.

Le linn an bliana rinne an GNBS fiachas páirteach beirt fhéichiúnaithe a athstruchtúir chomh maith trí fhiachas a athrú go dtí cothromas. Níl tháinig athrú ar bith ar na méideanna atá dlite don GNBS mar thoradh ar an athstruchtúir ar fhiachas/chothromas.

Ní dhearnadh athchaibidlí ar aon cheann de shócmhainní na Gníomhaireachta a bhí neamhchosanta i leith riosca creidmheasa le linn na tréimhse.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

22. RIOSCA CREIDMHEASA (AR LEAN)

22.6 Earnálacha geografacha

Déantar anailís sa tábla seo a leanas ar neamhchosaintí príomhúla an Ghrúpa ar a méideanna carraeireachta, bunaithe ar thír chónaithe an chontrapháirtí.

	Éire ag eisiámh Tuaisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann €'000	An chuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	Iomlán €'000
Ag 31 Nollaig 2011	22,361,331	8,942,961	2,115,626	(2,751,266)	30,668,652
Ag 31 Nollaig 2010	19,280,026	9,775,279	2,083,828	(1,484,523)	29,654,610

Earnáil gheografach Amhail ag 31 Nollaig 2011 Grúpa	Éire ag eisiámh Tuaisceart Éireann €'000	RA lena n-áirítear Tuaisceart Éireann €'000	An chuid eile den Domhan €'000	Bearnú iasachta €'000	Iomlán €'000
Iasachtaí agus infháltais					
– Talamh agus forbairt	6,218,324	2,615,501	650,201	-	9,484,026
– Réadmhaoin infheistíochta	11,340,494	6,073,674	1,460,461	-	18,874,629
Bearnú iasachtaí agus infháltas	-	-	-	(2,751,266)	(2,751,266)
Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltais	17,558,818	8,689,175	2,110,662	(2,751,266)	25,607,389

Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	3,346,986	-	-	-	3,346,986
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	499,747	-	-	-	499,747
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	189,789	253,786	4,964	-	448,539
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	409,143	-	-	-	409,143
Sócmhainn cánach iarchurtha	305,654	-	-	-	305,654
Fardail	6,850	-	-	-	6,850
Sócmhainní eile	43,438	-	-	-	43,438
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	906	-	-	-	906
Iomlán na sócmhainní	22,361,331	8,942,961	2,115,626	(2,751,266)	30,668,652

Earnáil gheografach Amhail ag 31 Nollaig 2010 Grúpa	Éire ag eisiámh	RA lena n-áirítear	Cuid eile den Domhan	Bearnú iasachta	Iomlán
	Tuaisceart Éireann €'000	Tuaisceart Éireann €'000			
Iasachtaí agus infháltais					
– Talamh agus forbairt	8,241,900	3,237,889	588,707	-	12,068,496
– Réadmhaoin infheistíochta	9,713,667	6,181,425	1,471,768	-	17,366,860
Bearnú iasachtaí agus infháltas	-	-	-	(1,484,523)	(1,484,523)
Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas	17,955,567	9,419,314	2,060,475	(1,484,523)	27,950,833
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	810,835	11,786	14,118	-	836,739
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	145,741	344,179	9,235	-	499,155
Méideanna dlíte ó Institiúidí Rannpháirteacha	349,923	-	-	-	349,923
Sócmhainní eile	17,960	-	-	-	17,960
Iomlán na sócmhainní	19,280,026	9,775,279	2,083,828	(1,484,523)	29,654,610

Cuimsítear sócmhainní idirghrúpa maidir le costais riaracháin a aisíoc ón ngrúpa i ráiteas na Gníomhaireachta faoina staid airgeadais, agus dá bhrí sin, tá na sócmhainní go léir atá neamhchosanta i leith riosca creidmheasa sa Ghníomhaireacht suite in Éirinn.

23. RIOSCA LEACHTACHTA

Is é atá i riosca leachtachta ná an riosca nach mbeadh an Grúpa in ann a chuid oibleagáidí airgeadais uile a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlíte. Tagann riosca leachtachta chun cinn de bharr difríochtaí in uainíocht idir insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid.

23.1 Próiseas bainistíochta riosca leachtachta

Tugtar faoi phróiseas bainistíochta riosca leachtachta an Ghrúpa laistigh den Ghrúpa agus déanann foireann ar leithligh i gCisteán an GNBS monatóireacht air. Áirítear sa phróiseas sin:

- Bainistíocht a dhéanamh ar riachtanais laethúla leachtachta agus maoinithe an GNBS lena chinntiú go gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí go léir de réir mar a bheidh siad dlíte: áirítear leo sin tiomantais iasachtaíthe amach anseo, ús ar dhliteanais, breacadh comhthaobhachta, costais oibriúcháin laethúla, táillí agus speansais.
- Bainistíú Sócmhainní agus Dliteanas; trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an bpunann aibíochta laistigh de ráiteas an Ghrúpa faoina staid airgeadais lena chinntiú go gcoinnítear acmhainní airgid imleora nó go mbunaítear maoiniú imleor i gcásanna inar cosúil go dtarlódh neamhréireanna, agus dá bhrí sin tionchar eis-sreafaí leachtachta a íoslaghdú.

Déantar monatóireacht agus tuairisciú tríd an sreabhadh airgid a thomhas agus trí réamh-mheastacháin faoin sreabhadh airgid le haghaidh tréimhsí idir seachtain amháin agus bliain amháin agus clúdaíonn an próiseas pleanála tréimhse níos faide ná bliain amháin. Cuireann Aonad Riosca an GBCN Réamh-mheastacháin Leachtachta neamhspleácha ar fáil ar bhonn míosúil don Bhord agus don Choiste Bainistíochta Riosca. Bíonn réamhaisnéis 'anásta' san áireamh sna réamh-mheastacháin go léir le freastal ar thréimhsí fada neamhchinnteachta. Is é túsphointe na réamh-mheastachán sin anailís a dhéanamh ar aibíocht chonartha na ndliteanas airgeadais agus dáta aisíocaíochta ionchais na sócmhainní airgeadais.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

23. RIOSCA LEACHTACHTA (AR LEAN)

Is é príomhríosa leachtachta an Ghrúpa ná maoiniú na Nótaí Ráta Chomhlúthaigh arna Ráthú ag an Rialtas (Nótaí) a eisíodh mar chomaoin le haghaidh 95% de luach na sócmhainní a gnóthaíodh. Tugann na Nótaí i mbun eisiúna cead don eisisitheoir (sa chás nach bhfuair an t-eisisitheoir Fógra um Sheachadadh Fisiceach Diúltaithe don Sealbhóir) na Nótaí go léir, nó cuid díobh amháin, a shocrú nuair a thiocfaidh siad chun aibíochta trí Nóta nua a eisiúint ar na téarmaí céanna is a bhain leis an Nóta a bhí ann (seachas i gcás aibíochta a d'fhéadfadh a bheith suas le 364 lá ón dáta eisiúna, d'ainneoin go bhféadfadh tréimhse aibíochta níos giorra a bheith i gceist leis an Nóta a bhí ann cheana).

I mí na Bealtaine 2011, rinne Bord an GNBS, tar éis dó treoir a fháil, arna heisiúint faoi alt 14 den Acht, ón Aire Airgeadais, cinneadh chun an rogha le haibíocht a shíneadh a bhaint ó Nótaí Sinsearaigh an GNBS (féach Nóta 28).

Rinneadh na Nótaí go léir a tháinig chun aibíochta ar an 1 Márta 2012 a réiteach go fisiceach trí Nótaí nua a eisiúint a thiocfaidh chun aibíochta ar 1 Márta 2013.

23.2 Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh

Léiríonn an tábla seo a leanas na sreafaí airgid atá iníoctha ag an nGrúpa agus ag an nGníomhaireacht de bhun a dhliteanas airgeadais neamhdhíorthaigh trí na haibíochtaí conartha atá fágtha ag an dáta tuairiscithe. Is iad na méideanna a nochtar sa tábla na sreafaí airgid neamhhlascainithe.

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh

Grúpa 2011	0-6 mhí €'000	6-12 mhí €'000	Iomlán €'000
Dlíteanais			
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	60,224	-	60,224
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	29,275,298	-	29,275,298
Dlíteanais eile	53,638	-	53,638
Iomlán na ndlíteanas	29,389,160	-	29,389,160
Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú	3,846,733	-	3,846,733

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh

Grúpa 2010	0-6 mhí €'000	6-12 mhí €'000	Iomlán €'000
Dlíteanais			
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	142,793	-	142,793
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	28,718,706	-	28,718,706
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	49,380	-	49,380
Dlíteanais eile	-	114,450	114,450
Iomlán na ndlíteanas	28,910,879	114,450	29,025,329
Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú	836,739	-	836,739

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh

Gníomhaireacht 2011	0-6 mhí €'000	6-12 mhí €'000	Iomlán €'000
Dlíteanais			
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	52,720	-	52,720
Dlíteanais eile	4,040	-	4,040
Iomlán na ndlíteanas	56,760	-	56,760
Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú	-	-	-

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh**Gníomhaireacht****2010****0-6 mhí****€'000****6-12 mhí****€'000****Iomlán****€'000****Dlíteanais**

Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara

49,380

-

49,380

Dlíteanais eile

3,974

-

3,974

Iomlán na ndlíteanais**53,354****-****53,354****Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú****-****-****-**

I measc na sócmhainní atá ar fáil chun na dlíteanais go léir a chomhlíonadh agus chun na tiomantais iasachta atá dlite a chlúdach tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, earlaisí téarma agus sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin.

23.3 Sreafaí airgid díorthaigh**(a) Díorthaigh socraithe ar bhonn glan**

I measc dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn glan tá:

Díorthaigh ráta úis: babhtálacha ráta úis, comhaontuithe ar réamhráta, roghanna ráta úis thar an gcuntar, conarthaí ráta úis eile.

Sa tábla seo a leanas déantar anailís ar dhlíteanais airgeadais dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn glan i ngrúpálacha aibíochta ábhartha bunaithe ar an tréimhse atá fágtha ag an dáta tuairiscithe go dtí dáta aibíochta an chonartha. Is iad na méideanna a nochtar sa tábla na sreafaí airgid neamhslasainithe.

Grúpa	0-6 mhí	6 -12 mhí	1-5 bliana	Os cionn 5 bliana	Iomlán
31 Nollaig 2011	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Díorthaigh ráta úis – sa chás nach gcuirtear cuntasaíocht fálaíthe i bhfeidhm	28,047	16,703	117,714	96,744	259,208
Díorthaigh ráta úis – sa chás go gcuirtear cuntasaíocht fálaíthe i bhfeidhm	95,958	(121,537)	(281,729)	491	(306,817)
Iomlán	124,005	(104,834)	(164,015)	97,235	(47,609)

Grúpa	0-6 mhí	6 -12 mhí	1-5 bliana	Os cionn 5 bliana	Iomlán
31 Nollaig 2010	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Díorthaigh ráta úis – sa chás nach gcuirtear cuntasaíocht fálaíthe i bhfeidhm	29,811	21,814	94,018	91,430	237,073
Díorthaigh ráta úis – sa chás go gcuirtear cuntasaíocht fálaíthe i bhfeidhm	55,365	(138,731)	48,314	41,659	6,607
Iomlán	85,176	(116,917)	142,332	133,089	243,680

(b) Díorthaigh socraithe ar bhonn comhlán

I measc dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn comhlán tá:

- Díorthaigh malairte eachtraí: réamh-airgeadra, babhtálacha airgeadra; agus
- Babhtálacha rátaí úis tras-airgeadra.

Sa tábla seo a leanas déantar anailís ar ionstraimí airgeadais dhíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn comhlán i ngrúpálacha aibíochta ábhartha bunaithe ar an tréimhse atá fágtha ag an dáta tuairiscithe go dtí dáta aibíochta an chonartha. Is iad na méideanna a nochtar sa tábla na sreafaí airgid neamhslasainithe.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

23. RIOSCA LEACHTACHTA (AR LEAN)

23.3 Sreafaí airgid díorthaigh (ar lean)

Grúpa	0-6 mhí €'000	6-12 mhí €'000	1-5 bliana €'000	Iomlán €'000
31 Nollaig 2011				
Díorthaigh malairte eachtraí:				
– Eis-sreabhadh	(2,647,026)	-	-	(2,647,026)
– Insreabhadh	2,526,741	-	-	2,526,741
Díorthaigh ráta úis tras-airgeadra:				
– Eis-sreabhadh	(393,182)	(920,238)	(4,841,907)	(6,155,327)
– Insreabhadh	387,560	907,200	4,663,260	5,958,020
Eis-sreabhadh iomlán	(125,907)	(13,038)	(178,647)	(317,592)

Grúpa	0-6 mhí €'000	6-12 mhí €'000	1-5 bliana €'000	Iomlán €'000
31 Nollaig 20110				
Díorthaigh malairte eachtraí:				
– Eis-sreabhadh	(2,671,156)	(2,424,428)	(891,091)	(5,986,675)
– Insreabhadh	2,705,382	2,396,325	884,460	5,986,167
Díorthaigh ráta úis tras-airgeadra:				
– Eis-sreabhadh	(24,615)	(30,939)	(4,493,363)	(4,548,917)
– Insreabhadh	23,262	30,096	4,505,845	4,559,203
Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) iomlán	32,873	(28,946)	5,851	9,778

23.4 Tiomantais iasachta

Tá achoimre ar dhátaí mhéideanna conartha ionstraimí airgeadais an Ghrúpa, lena dtiomnaítear é do chreidmheas a shíneadh do chustaiméirí agus do shaoráidí creidmheasa eile, sa tábla seo a leanas. Áirítear sa mhéid sin tiomantais atá ann cheana féin ag am gnóthaithe na n-iasachtaí agus tiomantais bhreise a rinneadh ón am a aistríodh na sócmhainní iasachta chuig an nGrúpa.

Grúpa	Tráth nach déanaí ná 1 bhliain €'000	1-5 bliana €'000	Os cionn 5 bliana €'000	Iomlán €'000
31 Nollaig 2011				
Tiomantais go dtabharfar iasacht	99,572	100,229	36,131	235,932
Ráthaíochtaí agus litreacha faoi chreidmheas a fuarthas	11	3,864	-	3,875
Iomlán	99,583	104,093	36,131	239,807

Grúpa	Tráth nach déanaí ná 1 bhliain €'000	1-5 bliana €'000	Os cionn 5 bliana €'000	Iomlán €'000
31 Nollaig 2010				
Tiomantais go dtabharfar iasacht	185,840	222,194	9,423	417,457
Ráthaíochtaí agus litreacha faoi chreidmheas a fuarthas	5,283	-	-	5,283
Iomlán	191,123	222,194	9,423	422,740

Níl aon tiomantais iasachta ag an nGníomhaireacht.

24. LUACH COTHROM NA NDLITEANAS AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

(a) Comparáid idir luach carraeireachta agus luach cothrom

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar mhéideanna carraeireachta agus luachanna cothroma na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais arna gcur i láthair sa ráiteas faoi staid airgeadais an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta.

Grúpa	2011 Luach carraeireachta €'000	2011 Luach cothrom €'000	2010 Luach carraeireachta €'000	2010 Luach cothrom €'000
Sócmhainní airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	3,346,986	3,346,986	836,739	836,739
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	499,747	499,747	-	-
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	409,143	409,143	349,923	349,923
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	448,539	448,539	499,155	499,155
Iasachtaí agus infháiltais	25,607,389	25,045,497	27,950,833	27,363,663
Sócmhainní eile	43,438	43,438	17,960	17,960
Sócmhainní réadmhaoine trádála	6,850	6,850	-	-
Sócmhainn cánach iarchurtha	305,654	305,654	-	-
Iomlán na sócmhainní	30,667,746	30,105,854	29,654,610	29,067,440
Dliteanais Airgeadais				
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha	60,224	60,224	142,793	142,793
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	728,725	728,725	173,717	173,717
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna	29,106,000	28,972,112	28,650,000	28,572,645
Dliteanais eile	252,379	252,379	232,536	232,536
Iomlán na ndliteanas	30,147,328	30,013,440	29,199,046	29,121,691
	2011 Luach carraeireachta €'000	2011 Luach cothrom €'000	2010 Luach carraeireachta €'000	2010 Luach cothrom €'000
Gníomhaireacht				
Sócmhainní airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	1,623	1,623	95	95
Sócmhainní eile	3,381	3,381	3,823	3,823
Iomlán na sócmhainní	5,004	5,004	3,918	3,918
Dliteanais Airgeadais				
Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara	52,720	52,720	49,380	49,380
Dliteanais eile	4,040	4,040	3,974	3,974
Iomlán na ndliteanas	56,760	56,760	53,354	53,354

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

24. LUACH COTHROM NA NDLITEANAS AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (AR LEAN)

Sócmhainní airgeadais nach dtomhaistear ina dhiaidh sin ar luach cothrom

I gcás sócmhainní agus dliteanas airgeadais nach ndéantar iad a thomhas ar luach cothrom ina dhiaidh sin sa ráiteas faoin staid airgeadais, tá na modhanna agus na boinn tuisceana a úsáidtear chun luach cothrom na sócmhainní agus na ndliteanas sin a ríomh leagtha amach thíos.

(i) Airgead tirim agus iarmhéideanna le bainc

Is ionann luach cothrom na socrúchán ráta chomhlúthaigh agus na n-éarlaisí téarma agus a méid carraeireachta. Tá luach cothrom measta na n-éarlaisí úsmhara seasta cothrom lena luach carraeireachta ag deireadh na tréimhse toisc go bhfuil éarlaisí gearrthéarmach agus ní bhíonn ach éifeacht an-bheag ag lascainí.

(ii) Iasachtaí agus infháltais

Taispeántar iasachtaí agus infháltais glan de mhuirir um bearnú. Measadh luach cothrom na n-iasachtaí agus na n-infháltas ag baint úsáide as na sreafaí airgid ionchais don todhchaí sa phunann. Rinneadh sreafaí airgid ionchais don todhchaí le haghaidh féichiúnaithe suntasacha aonair a athbhreithniú mar chuid den mheasúnú ar shreabhadh airgid bearnaithe ag an dáta tuairiscithe. Ansin lascainíodh na sreafaí airgid sin ar ráta margaidh úis a mheas an lucht bainistíochta a bheith iomchuí, agus aird á tabhairt ar luach ama an airgid agus na rioscaí a bhí i gceist. Tá an measúnú sin faoi réir breithiúnais ón lucht bainistíochta maidir leis an ráta úis a úsáideadh agus le huainiú agus méid na sreafaí airgid sa todhchaí.

(iii) Urrúis fhiachais i mbun eisiúna

Rinneadh na luachanna cothroma comhiomlána a ríomh bunaithe ar shamhail luachála ag baint úsáide as ionstraimí luaite comhchosúla agus ag cur cuair thoraidh reatha iomchuí i bhfeidhm don téarma aibíochta atá fágtha.

(b) Ordathas luacha chothroim

Sonraíonn IFRS 7 ordathas trí leibhéil de theicnící luachála bunaithe ar cibé an bhfuil na hionchuir do na teicnící luachála sin inbhraite nó nach bhfuil. Léiríonn ionchuir inbhraite sonraí margaidh a fhaightear ó fhoinsí neamhspleácha; léiríonn ionchuir neamh-inbhraite boinn tuisceana margaidh an Ghrúpa. Cuimsítear san ordathas luacha chothroim:

- Leibhéal 1 – Praghsanna luaite (gan coigeartú) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhionanna nó dliteanas comhionann. Áirítear ar an leibhéal seo urrúis chothromais liostaithe agus ionstraimí fiachais ar mhalartuithe aitheanta.
- Leibhéal 2 – Ionchuir seachas praghsanna luaite san áireamh i Leibhéal 1 atá inbhraite don tsócmhainn nó don dliteanas, go díreach (is é sin, mar phraghsanna) nó go hindíreach (is é sin díorthaithe ó phraghsanna). Áirítear ar an leibhéal seo conarthaí díorthaigh thar an gcuntar. Baineann foinsí na bparaiméadar ionchuir úsáid as an gcuair toraidh LIBOR caighdeánach.
- Leibhéal 3 – ionchuir don tsócmhainn nó don dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite). Áirítear ar an leibhéal seo infheistíochtaí cothromais agus ionstraimí fiachais a bhfuil comhpháirteanna suntasacha neamh-inbhraite iontu.

Ní mór sonraí margaidh inbhraite a úsáid don ordathas seo nuair atá siad ar fáil. Tugann an Grúpa praghsanna margaidh ábhartha agus inbhraite faoi deara ina chuid luachálacha nuair is féidir.

Ordlathas ar luacha cothrom le haghaidh sócmhainní agus dliteanas arna dtomhas ar luach cothrom

Grúpa	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Iomlán
Amhail ag 31 Nollaig 2011	€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	391,207	-	391,207
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	57,332	-	57,332
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	-	499,747	-	499,747
Iomlán na sócmhainní	-	948,286	-	948,286

Dlíteanais

Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	(438,895)	-	(438,895)
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	(289,830)	-	(289,830)
Iomlán na ndlíteanas	-	(728,725)	-	(728,725)

Grúpa	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Iomlán
Amhail ag 31 Nollaig 2010	€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní				
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	336,259	-	336,259
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	162,896	-	162,896
Iomlán na sócmhainní	-	499,155	-	499,155

Dlíteanais

Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	(69,956)	-	(69,956)
Díorthaigh in airgeadra eachtrach	-	(103,761)	-	(103,761)
Iomlán na ndlíteanas	-	(173,717)	-	(173,717)

Níor tugadh ceann ar bith de shócmhainní ná dlíteanais na Gníomhaireachta ar aghaidh ar luach cothrom.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

24. LUACH COTHROM NA NDLITEANAS AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS (AR LEAN)

Catagóirí sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais

Sócmhainní Airgeadais	lasachtaí agus infháltais €'000	Sócmhainní airgeadais ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas – á gcoinneáil le haghaidh trádála €'000	Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin €'000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	3,346,986	-	-
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	-	-	499,747
Méideanna dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha	409,143	-	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	448,539	-
lasachtaí agus infháltais	25,607,389	-	-
Sócmhainní eile	43,438	-	-
Dlíteanais Airgeadais		Dlíteanais airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta €'000	Dlíteanais airgeadais ar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas – á gcoinneáil le haghaidh trádála €'000
Méideanna dlite le hInstitiúidí Rannpháirteacha		-	60,224
Ionstraimí airgeadais díorthaigh		-	728,725
Urrúis fhiachais sinsearaí i mbun eisiúna		29,106,000	-

Ní raibh aon infheistíochtaí ar láimh go dtí aibíocht á gcoinneáil ag an nGrúpa ag an dáta tuairiscithe.

25. RÉADMHAOIN, INNEALRA AGUS TREALAMH

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Costais léasaithe feistithe	1,006	-
Muirear dímheasa	(100)	-
Glanluach leabhair dúnta	906	-

Baineann an tsócmhainn seo le costais léasaithe feistithe tabhaithe go dtí seo. Déantar an tsócmhainn seo a dhímheas de réir méid chothroim 10% sa bhliain de réir bheartas cuntasáíochta 2.20. Déantar dímheas bliain iomlán a mhuirearú sa bhliain a thabhaítear agus a chaipitlítear na costais léasaithe feistithe.

26. CÁIN IARCHURTHA

Déantar sócmhainní agus dliteanais ioncam iarchurtha a fhritháireamh nuair is ann do cheart infheidhmithe le dlí sócmhainní cánach reatha a fhritháireamh i gcoinne dliteanais chánach reatha agus nuair a bhaineann na cánacha ioncam iarchurtha leis an údarás fioscach céanna.

Léiríonn an tábla seo a leanas dliteanais agus sócmhainní cánach iarchurtha.

Tá dliteanais agus sócmhainní cánach iarchurtha inchurtha i leith na nithe seo a leanas:

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Dlíteanais chánach iarchurtha		
Ag eascairt ar ghnóthachain luacha chóir ar dhíorthaigh	(112,162)	(19,389)
Sócmhainní cánach iarchurtha		
Ag eascairt ar chaillteanais luacha chóir ar dhíorthaigh	182,182	-
Caillteanais tugtha ar aghaidh	235,634	19,389
Glansócmhainní cánach iarchurtha	305,654	-
 Aitheanta sa ráiteas ioncaim	 236,770	 -
Aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	68,884	-
	305,654	-

Níl aon dliteanais nó sócmhainní cánach iarchurtha ag an nGníomhaireacht.

Aithnítear sócmhainní cáin ioncam iarchurtha i ndáil le caillteanais chánach tugtha anonn sa mhéid is go bhfuil réadú an tsochair ghaolmhar cánach dóchúil. Tá sócmhainn cáin ioncam iarchurtha €306m aitheanta sna ráitis airgeadais seo i ndáil le caillteanais chánach neamh-úsáidte. Bunaithe ar thorthaí na bliana reatha, creideann an GNBS go mbeidh brabúis chánach amach anseo ar fáil chun aon sócmhainn cánach iarchurtha a fhritháireamh. (2010: sócmhainn chánach iarchurtha neamhaitheanta €295m).

27. SÓCMHAINNÍ EILE

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Ús babhtála tabhaithe infhaighte	12,649	16,500
Ús infhaighte ar shócmhainní ar fáil le haghaidh díolacháin	16,122	-
Ús infhaighte ar airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	2,759	718
CBL infhaighte	3,723	401
Breithniú iarchurtha	7,687	-
Sócmhainní eile	498	341
Iomlán	43,438	17,960
 Reatha	 43,438	 17,960
Neamh-Reatha	-	-

Baineann ús babhtála tabhaithe leis an ús tabhaithe ar dhíorthaigh faighte ag an nGrúpa ó Institiúidí Rannpháirteacha a bhí nasctha le hiasachtaí faighte ó Institiúidí Rannpháirteacha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

27. SÓCMHAINNÍ EILE (AR LEAN)

Gníomhaireacht	2011 €'000	2010 €'000
Costais in-aisíochta ó BISN	3,014	3,823
Ús infhaighte an Bhainc Cheannais	4	-
Infháltais eile	363	-
Iomlán	3,381	3,823
Reatha	3,381	3,823
Neamh-Reatha	-	-

28. URRÚIS FHIACHAIS SINSEARAÍ I MBUN EISIÚNA

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
I mbun eisiúna ag tús na bliana	28,650,000	-
Eisithe sa bhliain	2,044,000	28,650,000
Fuascailte i rith na bliana	(1,250,000)	-
Cealaithe sa bhliain	(338,000)	-
I mbun eisiúna ag deireadh na bliana	29,106,000	28,650,000
Reatha	29,106,000	28,650,000
Neamh-reatha	-	-

Is ionann na hurrúis fhiachais thuas agus Nótaí Ráta Chomhlúthaigh Ráthaithe ag an Rialtas (Nótaí), a eisíodh agus a aistríodh chuig Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SGBSN Teo) faoi shocrú iasacht rannpháirteach brabúis le Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BISN Teo). D'úsáid BISN Teo na hurrúis seo mar chomaoín (95%) don phunann iasachta faighte ó gach Institiúid Rannpháirteach.

Tabhaítear ús ó dháta eisiúna na Nótaí agus íoctar ús faoi dhó sa bhliain ar 1 Márta agus ar an 1 Meán Fómhair. Déanann Euribor an ráta úis a athshocrú ar 1 Márta agus ar an 1 Meán Fómhair gach bliain. Go dtí seo, is nótaí ainmnithe in euro atá eisithe.

Eisítear Nótaí ar dháta éadála gach sócmhainn agus tháinig na Nótaí uile eisithe roimh 1 Márta 2011 in aibíocht ar 1 Márta 2011. Cheadaigh na Nótaí a eisíodh don eiseitheoir cuid de na Nótaí, nó na Nótaí ar fad, a shocrú an tráth aibíochta trí Nóta nua a eisiúint de réir na dtéarmaí céanna a eisíodh an Nóta reatha (seachas i bhfoirm aibíochta a d'fhéadfadh a bheith suas le 364 lá ón dáta eisiúna d'ainneoin go bhféadfadh tréimhse aibíochta níos giorra a bheith ag an Nóta reatha).

Socraíodh na Nótaí ar fad a tháinig in aibíocht ar 1 Márta 2011 trí Nótaí nua a eisiúint a raibh dáta aibíochta 1 Márta 2012 luaite leo, ach a bhféadfadh an t-eiseitheoir a chinneadh é a leathnú go dtí 364 lá.

I mBealtaine 2011, d'eisigh an tAire Airgeadais treoir don GNBS faoi Alt 14 den Acht ag cur in iúl gur cheart téarmaí agus coinníollacha na Nótaí eisithe ar an 1 Márta 2011, mar aon le haon Nótaí eisithe ina dhiaidh sin, a leasú ionas nach ann do rogha leathnaithe aibíochta i ndáil leis na Nótaí eisithe faoi Alt 48 den Acht chun 95% de luach iomlán éadála na sócmhainní bainc incháilithe faighte ó na hinstitiúidí rannpháirteacha a sholáthar.

28. URRÚIS FHIACHAIS SINSEARAÍ I MBUN EISIÚNA (AR LEAN)

Ceadaíonn na nótaí atá i mbun eisiúna don eistheoir (sa chás nach bhfuil Fógra Diúltaithe um Sheachadadh Fisiciúil Sealbhóra faighte ag an eistheoir) na Nótaí uile, nó cuid díobh, a shocrú go fisiciúil an tráth aibíochta, d'ainneoin go bhféadfadh tréimhse aibíochta níos giorra a bheith luaite leis an Nóta reatha.

Socraíodh na Nótaí ar fad a chuaigh in aibíocht ar 1 Márta 2012 go fisiciúil trí Nótaí nua a eisiúint a raibh dáta aibíochta an 1 Márta 2013 luaite leo.

29. DLITEANAIS EILE

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Ús fabhraithe ar urrúis fiachais i mbun eisiúna	169,298	68,706
Ús babhtála fabhraithe iníoctha ar dhíorthaigh sa chás go bhfuil cuntasáíocht fálaithe i bhfeidhm	18,961	42,926
Ús babhtála fabhraithe iníoctha ar dhíorthaigh eile	10,482	14,189
Foráil do chostais um dhícheall cuí	-	30,336
Costais fhabhraithe	43,864	21,596
Costais fabhraithe um dhícheall cuí	7,041	4,212
Seirbhísí gairmiúla le haghaidh cáin shiarchoinneálach agus cánacha eile	1,992	664
Dliteanais eile	586	492
Dliteanas cánach ioncam reatha	155	35
Iomlán na ndliteanas eile	252,379	183,156

Gníomhaireacht	2011 €'000	2010 €'000
Méideanna dlite don GBCN	3,454	3,823
Dliteanais eile	586	151
Iomlán na ndliteanas eile	4,040	3,974

Ag deireadh na bliana, tá an GNBS páirteach i roinnt cásanna leanúnacha dlí, mar chuid dá gnáthchúrsa gnó. San áireamh sna costais tabhaithe tá €2.5m atá curtha ar fáil do chás sonrach amháin. Déantar monatóireacht ar chásanna ar bhonn leanúnach.

30. TIOMANTAIS AGUS DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar méideanna conartha na ndliteanas teagmhasach. Is é an nochtadh uasta do chaillteanas creidmheasa faoi dhliteanais theagmhasacha méid conarthach na hionstraime i gcás neamhfheidhmíochta an pháirtí eile sa chás go bhfuil gach frithéileamh, comhthaobhacht nó slándáil gan luach.

Grúpa	2011 Méid conarthach €'000	2010 Méid conarthach €'000
Dliteanais Theagmhasacha		
Ráthaíochtaí agus litreacha creidmheasa	3,875	5,283

Mar chuid d'éadail sócmhainní iasachta, fuair an Grúpa roinnt ráthaíochtaí agus litreacha creidmheasa, a bhí á gcur ar fáil ag Institiúidí Rannpháirteacha roimhe seo. Fuarthas na ráthaíochtaí mar go raibh siad nasctha le sócmhainní iasachta faighte ag an nGrúpa. Tá sé mar bheartas coiteann ag an nGrúpa gan ráthaíochtaí a ghnóthú.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

30. TIOMANTAIS AGUS DLITEANAIS THEAGMHASACHA (AR LEAN)

Ag deireadh na bliana, tá an GNBS páirteach i roinnt cásanna leanúnacha dlí, mar chuid dá gnáthchúrsa gnó. Ní féidir eis-sreafaí féideartha acmhainní geilleagracha a mheas go hiontaofa, cé nach gcreideann an Grúpa go mbeidh aon éifeacht ábhartha ag aon dlíthíocht dá leithéid ar a ráiteas ioncaim nó ráiteas ar a staid airgeadais.

Tá léas oibriúcháin ag an nGrúpa i ndáil leis an tríú hurlár dá oifig cláraithe, Foirgneamh an Stáitchiste. Tréimhse 4 bliana atá i gceist i dtréimhse an léasa go dtí an chéad chlásal scoir.

B'ionann íocaíochtaí léasa oibriúcháin aitheanta mar chostas don bhliain agus €0.8m (2010: €0.3m).

Leagtar amach íocaíochtaí léasa íosta na todhchaí sna táblaí seo a leanas:

Grúpa	Níos lú ná 1 bhliain amháin €'000	1 -5 bliana €'000	Níos mó ná 5 bliana €'000	2011 Iomlán €'000
31 Nollaig 2011				
Léasanna oibriúcháin	981	2,757	-	3,738
Grúpa	Níos lú ná 1 bhliain amháin €'000	1 -5 bliana €'000	Níos mó ná 5 bliana €'000	2011 Iomlán €'000
31 Nollaig 2010				
Léasanna oibriúcháin	981	3,738	-	4,719

31. IASACHTAÍOCHT AGUS IASACHTAÍ ÚSMHARA

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Réamhíocaíochtaí leis an GNBS ón Lárchiste agus ús gaolmhar	-	49,380
	-	49,380
Gníomhaireacht	2011 €'000	2010 €'000
Réamhíocaíochtaí leis an GNBS ón Lárchiste agus ús gaolmhar	-	49,380
Iasacht dlite do BISN agus ús gaolmhar	52,720	-
	52,720	49,380

Ar an 25 Feabhra 2011, d'aisíoc an GNBS iasacht €49m agus tabhaíodh ús go dtí an Lárchiste. Ar an lá céanna, d'eisigh BISN, aonán Grúpa, iasacht úsmhar €52m don GNBS, an Ghníomhaireacht.

32. GNÁTHSCAIR EILE

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
I mbun eisiúna ag tús na bliana	1,507,000	-
Eisithe sa bhliain	110,000	1,507,000
Cealaithe sa bhliain	(16,000)	-
I mbun eisiúna ag deireadh na bliana	1,601,000	1,507,000

Is ionann an méid thuasluaite agus Fobhannaí Ráta Seasta Inghlaoite a bhí eisithe agus aistrithe chuig Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (SGBSNT) faoi shocrú iasacht rannpháirteach brabúis le Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (BISNT). D'úsáid BISNT na hurrúis seo mar chomaoín (5%) don phunann iasachta faighte ó gach Institiúid Rannpháirteach.

32. GNÁTHSCAIR EILE (AR LEAN)

Is ionann an ráta úis ar na hionstraimí agus ráta 10 mbliana Rialtas na hÉireann ag an dáta eisiúna, móide 75 bonnphointe. Tá an ráta seo socraithe ag fáltas seasta 5.264%. Is ar bhonn bliantúil atá ús iníoctha, ach is de rogha an eisitheora a dhearbhaítear an cúpón. Ní bheidh cúpón a dhearbhaítear in aon bhliain ag carnadh. Níor dearbhaíodh aon chúpón ag an dáta tuairiscithe.

Ainneoin na mbannaí a bheith suthain de nádúr, féadfaidh an t-eisitheoir (i.e. fuascail) na bannaí a "ghairm" ar an gcéad dáta gairme (10 mbliana i ndiaidh an dáta eisiúna), agus gach dáta íocaíochta Úis ina dhiaidh sin (cibé an bhfuil nó nach bhfuil an t-ús le híoc).

Faoi IAS 32, 'Ionstraimí Airgeadais: cur i láthair', is ionann é agus bunús socrú conarthach ionstraim airgeadais, seachas a fhoirm dlí, a bhfuil a rangú á rialú aige. Ó tharla nach bhfuil aon oibleagáid chonarthach sna nótaí fofhiachais aon íocaíochtaí a dhéanamh (ús nó príomha) sa chás nach mian leis an nGrúpa aon íocaíochtaí a dhéanamh, de réir IAS 32 tá an fofhiachas rangaithe mar ghnáthscair sa ráiteas ar staid an airgeadais, agus aon íocaíochtaí cúpón á rangú mar íocaíochtaí díbhinne.

33. CÚLCHISTÍ EILE

Déantar anailís ar chúlchistí eile mar seo a leanas:

	2011 Grúpa €'000	2010 Grúpa €'000
Cúlchiste fálaithe an tsreafa airgid		
Ag tús na bliana	77,554	-
Glan-athruithe i nglanluach cóir	(338,689)	77,554
Ús fálaithe socraithe i rith na bliana	82,245	566
Gluaiseacht i bhfabhrú úis	(23,965)	42,926
Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim	(58,280)	(43,492)
Glanghluaiseacht i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid roimh cháin	(338,689)	77,554
Cáin iarchurtha aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	68,912	-
Ag 31 Nollaig	(192,223)	77,554
Cúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin		
Ag tús na bliana	-	-
Glan-athruithe i luach cóir	110	-
Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim	-	-
Glanghluaiseacht i gcúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin roimh cháin	110	-
Cáin iarchurtha aitheanta in ioncam cuimsitheach eile	(28)	-
Ag 31 Nollaig	82	-
Iomlán na gcúlchistí eile	(192,141)	77,554

Bhí an ghlanghluaiseacht i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid roimh cháin cothrom le (€338.7m) in 2011 arb ionann é agus an ghluaiseacht luacha chóir i ndíorthaigh sa chás gur ann do chuntasaíocht fálaithe (€322.8m) móide coigeartú a bhaineann le neamhéifeachtúlacht fálaithe (€15.9m). Bhí an ghlanghluaiseacht sa chúlchiste ar fáil le haghaidh díolacháin don bhliain cothrom le €0.1m, méid arb ionann é agus gluaiseacht an luacha chóir in infheistíochtaí ar fáil le haghaidh díolacháin ina seilbh ag an dáta tuairiscithe.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

34. RÉITEACH CÚLCHISTÍ AGUS ÚS NEAMHRIALAITHE I BHFOCHUIDEACHTAÍ

Grúpa	2011 €'000	2010 €'000
Brabúis / (caillteanais) coinnithe		
Ag tús na bliana	(1,128,990)	-
Brabús / (caillteanas) don bhliain	241,455	(1,179,990)
Caillteanas leithdháilte d'ús neamhrialaithe	-	51,000
Ag 31 Nollaig	(887,535)	(1,128,990)
Gnómháireacht	2011 €'000	2010 €'000
Brabúis / (caillteanais) coinnithe		
Ag tús na bliana	(436)	-
Caillteanas don bhliain	(1,414)	(436)
Ag 31 Nollaig	(1,850)	(436)

Is ionann ús neamhrialaithe i bhfochuideachtaí agus gnáth-scairchaipiteal i bhfochuideachtaí nach bhfuil inchurtha go díreach nó go neamhdhíreach don mháthair-aonán. I gcomhthéacs an Ghrúpa is ionann é seo agus infheistíocht déanta ag infheisteoirí príobháideacha i ngnáth-scairchaipiteal GINBST.

D'infheistigh an GNBS, i dteannta infheisteoirí príobháideacha, in GINBST. Tá 49% de scairchaipiteal eisithe GINBST i seilbh an GNBS agus is i seilbh infheisteoirí príobháideacha atá an 51% eile den scairchaipiteal.

Faoi réir théarmaí chomhaontú na scairshealbhóirí idir GNBS agus na hinfeisteoirí príobháideacha, féadfaidh an GNBS cinntí a dhéanann GINBST a chrosadh.

Faoi gcomhaontú scairshealbhóra, tá an toradh uasta a íocfar le hinfeisteoirí príobháideacha i bhfoirm díbhinne faoi réir Thoradh Bannaí 10 mbliana Rialtas na hÉireann infheidhme ag dáta dearbhaithe na díbhinne. Ina theannta sin, déantar an toradh uasta infheistíochta do na hinfeisteoirí príobháideacha a chaidhpeáil faoi Airteagail Chomhlachais GINBST.

Cuireann cumas Gan NBS cinntí a dhéanann GINBST a chromadh srian ar chumas infheisteoirí príobháideacha beartais airgeadais agus oibriúcháin an Ghrúpa a rialú, agus, dá thoradh sin, tá rialú éifeachtach ag an GNBS ar GINBST agus na fochuideachtaí sa Ghrúpa, mar aon le sochair gheilleagracha agus rioscaí an Ghrúpa. Cé go bhfuil na hinfeisteoirí príobháideacha faoi réir an riosca go bhféadfadh GINBST caillteanais a thabhu agus go mb'fhéidir nach mbeadh luach iomlán a hinfeistíochta in-aisghabhála, níl dualgas orthu aon chaipiteal eile a sholáthar do GINBST.

De bhua an rialaithe seo atá ag an GNBS ar GINBST, tá GINBST agus a fochuideachtaí comhdhlúite ag an GNBS, agus chun críocha ús neamhrialaithe sna fochuideachtaí a aithint, tá na caillteanais luaite le hús neamhrialaithe a bhaineann le hús cothromais €51 milliún.

35. SCAIREANNA AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ I NGNÓTHAIS GHRÚPA

Tá cur síos déanta ar struchtúr Ghrúpa an GNBS i Nóta 1. Seo a leanas gnóthais fochuideachta agus úinéireacht céatadáin an GNBS sna fochuideachtaí sin:

Stádas Cosanta	Sealúchas	Príomhghníomhaíocht	Tír ionchorpraithe
An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta	49%	Cuideachta Shealbhaíochta	Éire
Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	Eisiúint Fiachais	Éire
Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	Cuideachta Shealbhaíochta	Éire
Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	Slándáil agus bainistíocht sócmhainní	Éire
Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	Eastát Réadach	Éire
Seirbhísí Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	49%	Neamh-thrádála	Éire

Is i bhFoirgneamh an Státhchiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, atá oifigí cláraithe na bhfochuideachtaí ar fad.

35.1 Infheistíocht i bhfochuideachtaí

Gníomhaireacht	2011 €'000	2010 €'000
49,000,000 scair sa Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta	49,000	49,000

In 2010, d'infheistigh an Ghníomhaireacht €49m sa Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta.

36. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA

Seo a leanas páirtithe gaolmhara an Ghrúpa:

Fochuideachtaí

Tá sonraí maidir leis an ús i seilbh fochuideachtaí an GNBS luaite i Nóta 35 agus Nóta 1 de na ráitis airgeadais.

GBCN

Soláthraíonn an GBCN seirbhísí tacaíochta foirne, airgeadais, teicneolaíochta, riosca agus acmhainní daonna don GNBS. Gearrtar na costais tabhaithe ag an GBCN ar an GNBS (an Ghníomhaireacht) agus déanann an Grúpa an Ghníomhaireacht a aisíoc. Tá sonraí na gcostas gearrtha ar an nGrúpa le fáil i Nóta 9. Is í an GBCN an contrapháirtí le haghaidh staideanna díorthaigh an GNBS i gcomhthéacs bainistíocht ar mhalairt eachtrach agus nochtheadh ráta Úis. Ag an dáta tuairiscithe, bhí €501m barúlach de bhannaí Rialtas na hÉireann 3.90% a bheidh in aibíocht ar an 5 March 2012 i seilbh an GNBS. Caitear le nótaí Státhchiste €2.3bn eisithe ag an GBCN mar airgead agus coibhéisí airgid (féach Nóta 15).

Scéim Pinsean Shochair Shainithe an GBCN

Tá an fhoireann ar fad fostaithe ag an GBCN agus déanann an GBCN ranníocaíochtaí le Scéim Pinsean Shochair Shainithe an GBCN thar ceann na bhfostaithe cuí. Tá an scéim pinsean á rialú agus á bainistiú ag iontaobhaithe neamhspleácha ceaptha ag an GBCN. Mar chuid den chomaoin d'fhoráil foirne, tá íocaíocht €1.8m (2010: €0.8m) déanta ag an nGrúpa, íocaíocht arb ionann í agus aisíoc ranníocaíocht an GBCN don scéim pinsean i ndáil leis na hOifigigh an GNBS seo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

36. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA (AR LEAN)

Aire Airgeadais

De réir Alt 13 agus 14 den Acht tá cumhachtaí áirithe ag an Aire Airgeadais i ndáil leis an GNBS. Forálann Alt 13 go bhféadfaidh an tAire treoirlínte a eisiúint don GNBS chun críocha an Achta agus, go háirithe, i ndáil le cur le forbairt shóisialta agus gheilleagrach an Stáit. Tá dualgas ar an GNBS aird a thabhairt ar a leithéid sin de threoirlínte agus a feidhmeanna á comhlíonadh. Forálann Alt 14 go bhféadfaidh an tAire treoracha a eisiúint don GNBS maidir le cur i gcrích chuspóirí an Achta agus, go háirithe, i ndáil le cur le forbairt shóisialta agus gheilleagrach an Stáit. Tá dualgas ar an GNBS aon treoir dá leithéid sin a chomhlíonadh.

Is é éifeacht na bhforálacha seo go bhfuil de chumhacht ag an Aire Airgeadais tionchar suntasach a bheith aige ar an GNBS. Is leis an GNBS 49% de chuid an GINBST agus a cuid fochuideachtaí. Tá an 51% eile faoi úinéireacht infheisteoirí príobháideacha.

Institiúidí Rannpháirteacha

I rith 2010, achtaíodh roinnt beart reachtach a thug cearta agus cumhachtaí don Aire Airgeadais i gcomhthéacs institiúidí airgeadais áirithe i ndáil le ceisteanna éagsúla úinéireachta, comhdhéanamh an bhoird, éadail nó díol fochuideachtaí, gníomhaíocht gnó, athstruchtúrú agus gníomhaíocht baincéireachta. Chomh maith leis sin, chomhaontaigh na hInstitiúidí Rannpháirteacha dul i gcomhairle leis an Aire roimh aon ghníomhaíocht ábhartha a bhféadfadh leas a bheith ag an bpobal inti a chur i gcrích.

Is institiúidí creidmheasa iad Institiúidí Rannpháirteacha atá ainmnithe ag an Aire mar Institiúid Rannpháirteach, faoi Alt 67 den Acht. Tá sócmhainní iasachta aistrithe ag na hInstitiúidí Rannpháirteacha chuig an GNBS ar an dáta tuairiscithe, AIB c.p.t. (ina gcorpraítear EBS), Banc na hÉireann agus IBRC.

D'eisigh an Grúpa nótaí sinsearacha agus fofhiachais agus d'aistigh sé iad chuig na hInstitiúidí Rannpháirteacha mar mhalairt ar shócmhainní iasachta. Nochtar idirbhearta le hInstitiúidí Rannpháirteacha sna ráitis airgeadais go príomha faoi Nóta 19, Iasachtaí agus Infháiltais, Nóta 17, Méideanna dlite do agus ó Institiúidí Rannpháirteacha agus nótaí gaolmhara an Ráitis Ioncaim.

Tá cuntas oibríochta ag an nGrúpa le AIB c.p.t. a raibh iarmhéid €0.1m (2010: €0.4m) ann ag an dáta tuairiscithe. I rith na bliana bhí an meán-iarmhéid dúnta laethúil cothrom le €0.4m (2010: €0.1m)

I rith na bliana lóisteáil an Grúpa éarlaisí le AIB c.p.t. (ina gcorpraítear EBS) agus Banc na hÉireann. Ba é €81.3m agus €96.8m faoi seach an meánmhéid a cuireadh i dtaisce le gach banc. Ag an dáta tuairiscithe, bhí éarlais €17.9m le AIB c.p.t. ar feadh sé lá.

Seo a leanas na táillí iníoctha leis an hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndáil le costais seirbhísithe iasachta tabhaithe i rith na bliana:

Institiúidí Rannpháirteacha	2011 €'000	2010 €'000
AIB, c.p.t.	15,586	2,792
Banc na hÉireann	8,952	1,932
IBRC	32,359	8,062

Ionchorpraíonn IBRC Corparáid Bhanc Angla-Éireannach Teoranta agus Cumann Foirgníochta Forleithreach na hÉireann (INBS). Áirítear EBS in AIB, c.p.t.

Irish Life and Permanent PLC (IL&P)

Achtaíodh Acht na hInstitiúidí Creidmheasa (Cobhsú) 2010 i ndlí na hÉireann ar an 21 Nollaig 2010. Soláthraíonn an tAcht an bonn reachtach d'atheagrú agus d'athstruchtúrú chóras Baincéireachta na hÉireann comhaontaithe i gcomhchlár tacaíochta AE/CAI/CE d'Éirinn. Baineann an tAcht seo le bainc a fuair tacaíocht airgeadais ón Stát, Cumainn Foirgníochta agus Comhair Creidmheasa. Soláthraíonn an tAcht cumhachtaí fairsinge don Aire Airgeadais.

Fuair IL&P, trí Ráthaíocht Rialtais, a leithéid de thacaíocht agus fuair an Stát bun 99.2% in IL&P ar an 27 Iúil 2011. Is institiúid chumhdaithe é IL&P chun críche Scéim Institiúidí Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008. Is institiúid chumhdaithe é IL&P freisin faoi Scéim Institiúidí Creidmheasa an Rialtais (Ráthaíocht Dlíteanais Incháilithe) 2009. Ó tharla gur páirtí gaolmhar de chuid an Ghrúpa é an tAire Airgeadais agus ó tharla go bhfuil cumhachtaí suntasacha ag an Aire ar rialachas agus oibriú IL&P, glactar leis gur páirtí gaolmhar de chuid an Ghrúpa é IL&P.

Mar chuid d'atheagrú agus d'athstruchtúrú chóras baincéireachta na hÉireann, aistríodh urrúis fiachais shinsearaigh an GNBS i mbun eisiúna agus i seilbh IBRC chuig IL&P.

Príomhphearsanra bainistíochta

Nochtar táillí íochta le comhaltaí Boird i Nóta 9. Níl fostaí ar bith ag an nGrúpa.

Idirbhearta le haonáin an Ghrúpa

Seo a leanas na méideanna atá dlíte do agus ó pháirtithe leasmhara ag an dáta tuairiscithe. Is ar bhonn praghas fad láimhe a dhéantar gach idirbheart le páirtithe gaolmhara.

Iasacht dlíte le BISNT

Réamhíoc an Státhiste €49m leis an nGníomhaireacht ar 29 Márta 2010 chun a infheistíocht in GINBST a mhaoiniú. Aisíocadh an iasacht €49m móide ús tabhaithe €0.474m leis an Státhiste ar an 25 Feabhra 2011. Ar an lá céanna, réamhíoc BISNT €52m leis an nGníomhaireacht. Gearrtar ús ar an iasacht seo ag ráta sé mhí EURIBOR. B'ionann ús ar an iasacht seo don bhliain agus €0.72m.

Comhaontuithe iasachta rannpháirteacha brabúis

Tá BSNT páirteach i gcomhaontú iasacht rannpháirteach (PPL) le SGBSN, agus tá SGBSN páirteach i PPL eile le BISNT de réir na dtéarmaí céanna.

Bhí na hiarmhéideanna gan íoc i ndáil le comhaontuithe PPL idir na haonáin seo cothrom le €30.7m ag an dáta tuairiscithe.

Athmhuipearú an GBCN

Tabhaíonn an GBCN costais do reáchtáil an Ghrúpa, a athmhuipearaíonn sé don Ghníomhaireacht. B'ionann iomlán na gcostas seo don tréimhse agus €27.7m. Déantar a thuilleadh sonraí i ndáil leis na costais seo a nochtadh i Nóta 9.1.

37. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA

D'fhonn a cuspóirí a chomhlíonadh, tá aonáin shainchuspóireacha bunaithe ag an GNBS mar atá sonraithe i Nóta 1. Ullmhaíonn agus cuireann na haonáin seo ráitis airgeadais ar leith i láthair. De réir riachtanais Alt 54 den Acht, soláthraítear an fhaisnéis bhreise seo a leanas, i ndáil leis an GNBS agus gach aonán den Ghrúpa.

37.1 Costais agus táillí riaracháin tabhaithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS

Leagtar amach na táillí riaracháin tabhaithe ag an nGníomhaireacht i Nóta 9.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

37. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA (AR LEAN)

37.1 Costais agus táillí riaracháin tabhaithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS (ar lean)

Ba é BISN an t-aon aonán eile i nGrúpa an GNBS a thabhaigh táillí agus costais sa tréimhse. Tugtar léargas ar na costais sa tábla thíos, lena n-áirítear athmhúirearú €28m (2010: €15m) i ndáil le costais an GBCN tabhaithe ag an nGnómhachreacht. Áirítear na costais seo sna cuntais chomhdhlúite freisin.

Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	2011 €'000	2010 €'000
Cineál costais		
Costais inchúitithe leis an GNBS	27,678	14,965
Táillí príomhsheirbhíseora	56,897	12,779
Costais um dhícheall cuí (aisghafa i bpáirt anseo thíos)	44,505	29,605
Táillí bainistíochta punainne	15,992	5,087
Táillí dlí	9,478	3,311
Táillí máistir-sheirbhíseora	3,098	2,034
Costais TF	1,115	-
Costais cíosa & áitíochta	975	376
Táillí iniúcháireachta inmheánacha	927	703
Táillí cánach	562	463
Luach saothair an iniúchta seachtraigh	450	530
Costais luachála díorthaí	464	242
Costais riaracháin eile	113	97
Táillí comhairleachta agus comhairleora airgeadais	12	5,014
Iomlán na gcostas riaracháin	162,266	75,206
Costais um dhícheall cuí aisghafa ar ghnóthuithe iasachta	(34,505)	(29,605)
Iomlán na gcostas	127,761	45,601

Glactar leis gurb ionann costais um dhícheall cuí tabhaithe ag BISN agus costais idirbhirt agus áirítear iad i gcostais éadála iasachtaí agus infháltas. Tá sonraí breise maidir le costais um dhícheall cuí i Nóta 9.3.

37.2 Urrúis féich eisithe chun críocha an Achta

	€'000
Nótaí sinsearachais eisithe ag BSNT	29,106,000
Fofhiach eisithe ag BSNT	1,601,000
Iomlán	30,707,000

37.3 Urrúis féich eisithe agus fuascailte sa tréimhse chuig Institiúidí Rannpháirteacha

Rannpháirteach Institiúid	Gan íoc ag 1.1.11 €'000	Eisithe €'000	Fuascailte €'000	Cealaithe €'000	Aistrithe go PI eile €'000	Gan íoc ag 31.12.11 €'000
AIB ⁵	8,459,000	829,000	(886,000)	(172,000)	12,184,000	20,414,000
BOI	5,404,000	262,000	(221,000)	(86,000)	-	5,359,000
IBRC ⁵	15,963,000	1,006,000	(5,000)	(96,000)	(15,075,000)	1,793,000
EBS	331,000	57,000	(13,000)	-	-	375,000
IL&P ⁵	-	-	(125,000)	-	2,891,000	2,766,000
Iomlán	30,157,000	2,154,000	(1,250,000)	(354,000)	-	30,707,000

37.4 Réamhíocaíochtaí leis an GNBS ón Lárchiste sa bhliain

Ní raibh aon réamhíocaíochtaí leis an GNBS ón Lárchiste sa bhliain.

37.5 Réamhíocaíochtaí déanta ag an GNBS le féichiúnaithe trí mheán Institiúidí Rannpháirteacha sa tréimhse

Institiúid Rannpháirteach	Méid réamhíochtha 2011 €'000	Méid réamhíochtha 2010 €'000
AIB	84,833	105,865
IBRC	172,759	104,600
BOI	45,701	29,796
EBS	688	59
Iomlán	303,981	240,320

37.6 Punanna sócmhainní coinnithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS

Tá léargas le fáil anseo thíos ar na sócmhainní i seilbh an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS. San áireamh sna sócmhainní seo tá sócmhainní agus dliteanais idirghrúpa agus iasachtaí rannpháirteacha brabúis idirghrúpa idir aonáin Ghrúpa an GNBS.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS)	2011 €'000	2010 €'000
Infheistíocht sa GINBST	49,000	49,000
Airgead tirim	1,623	95
Infháiltais eile	3,381	3,823
Réadmhaoin, innealra agus trealamh	906	-
Iomlán	54,910	52,918

⁵ Ar an 1 Iúil 2011, d'fhaomh an Ard-Chúirt Ordú um Aistriú faoi Mhír 5 d'Acht na nInstitiúidí Creidmheasa (Cobhsú) 2010 (CISA) go n-aistreofaí sócmhainní agus dliteanais INBS chuig an mBanc Angla-Éireannach. Mhúch an t-ordú aistrithe INBS. Ar an 14 Deireadh Fómhair 2011 athraíodh an t-ainm go dtí IBRC. Mar chuid d'atheagrú agus d'athstruchtúrú chóras baincéireachta na hÉireann, aistríodh urrúis fiachais shinsearaigh GNBS i mbun eisiúna agus i seilbh IBRC chuig IL&P agus AIB.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

37. FAISNÉIS FHORLÍONTACH I GCOMHRÉIR LE HALT 54 DE CHUID AN ACHTA (AR LEAN)

37.6 Punanna sócmhainní coinnithe ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS (ar lean)

An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta	2011 €'000	2010 €'000
Iasacht le Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	99,900	99,900
Infháltais agus iasachtaí idirchuideachta – ús fabhraithe	15,490	3,002
Infháltas idir-ghrúpa	100	100
Iomlán	115,490	103,002
Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	2011 €'000	2010 €'000
Iasacht Rannpháirteach Brabúis le Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	30,707,000	30,157,000
Sócmhainní Idir-ghrúpa	99,900	99,900
Iomlán	30,806,900	30,256,900
Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	2011 €'000	2010 €'000
Iasacht Rannpháirteach Brabúis le Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	30,707,000	30,157,000
Iomlán	30,707,000	30,157,000
Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	2011 €'000	2010 €'000
Airgead tirim	3,345,363	836,644
Sócmhainní airgeadais ar fáil le haghaidh díolacháin	499,747	-
Infhaighte ó Institiúidí Rannpháirteacha	409,143	349,923
Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	448,539	499,155
Iasachtaí agus infháltais	25,607,389	27,950,833
Sócmhainní idir-ghrúpa	413,803	283,022
Ús fabhraithe infhaighte	31,526	17,218
Fardail	6,850	-
Sócmhainní eile	11,545	401
Iomlán	30,773,905	29,937,196
Seirbhísí Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	2011 €'000	2010 €'000
Sócmhainní idir-ghrúpa	-	383,022
Iomlán	-	383,022

37.7 Bearta tacaíochta an rialtais, lena náirítear ráthaíochtaí, faighte ag an GNBS agus gach aonán de chuid Ghrúpa an GNBS

Aonán	Cur Síos	Méid eisithe an 31 Nollaig 2011 €'000	Méid eisithe an 31 Nollaig 2010 €'000
Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta	Ar an 26 Márta 2010, ráthaigh an tAire Airgeadais Nótaí Sinsearacha eisithe ag an GNBS mar atá foráilte faoi Alt 48 den Acht fán GNBS 2010. Is é €51,300,000,000 an phríomhshuim chomhiomlán uasta Nótaí Sinsearacha is féidir a eisiúint ag aon am amháin	29,106,000	28,650,000
		29,106,000	28,650,000

38. IMEACHTAÍ I NDIAIDH AN DÁTA TUAIRISCITHE

Ar 30 Márta 2012, dhearbhaigh agus d'fhaomh Bord an GINBST íocaíocht díbhinne €0.06778 le haghaidh gach scair, íocaíocht a bhí cothrom le €3.457m. Is le húinéirí gnáthscaireanna B amháin a íocadh é seo.

39. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 27 Meitheamh 2012.

Gluais na dtéarmaí

Comhthaobhacht Geall iasachtaí réadmhaoín shonrach d'iasachtóir, le forghéilleadh i gcomhthéacs mainneachtana.

Contrapháirtí An páirtí lena bhfuil Conradh nó idirbeart airgeadais á sheirbheáil.

Babhtáil Trasairgeadra Comhaontú chun sreafaí airgid a bhabhtáil le hiasachtaí den mhéid agus de réir na dtéarmaí céanna ach ainmnithe in airgeadraí difriúla. Úsáideann an Grúpa seo na comhaontuithe seo chun costas Euro idirbheart ainmnithe in airgeadra eachtrach a shocrú.

Luach Margaidh Reatha An méid measta a bheadh i gceist le malartú réadmhaoine idir ceannaitheoir agus díoltóir toilteanach in idirbheart ar bhonn praghas fad láimhe.

Féichiúnaí Iasachtaí, a bhfuil iasachtaí incháilithe luaite leis agus a bhfuil na hiasachtaí seo aistrithe chuig an nGrúpa. Tagraíonn an Grúpa don iasachtaí mar fhéichiúnaí. Is ionann nasc féichiúnaí agus grúpa iasachtaí atá nasctha le féichiúnaí.

Pleananna gnó féichiúnaí Pleananna gnó curtha i dtoll a chéile ag gach féichiúnaí ina sonraítear an bealach atá beartaithe acu le fiachas a aisíoc agus an plean atá acu chun an aisíocaíocht fiachais a chinntiú. Déantar pleananna gnó féichiúnaí a athbhreithniú go neamhspleách agus a fhaomhadh idir an GNBS agus an féichiúnaí.

Díorthach Is ionstraim airgeadais é díorthach a dtagann a luach as mír bhunúsach m.sh. rátaí úis nó airgeadra, agus is féidir é a úsáid chun rioscaí a bhaineann le hathruithe ar luach na míre bunúsaí a bhainistiú.

Ráta Lascaine An ráta a úsáidtear chun sreafaí airgid amach anseo a lascainiú go dtí a luachanna reatha.

Dícheall Cuí Breithmheas cuimsitheach ar ghnó agus é mar aidhm go háirithe luach a shócmhainní agus dliteanas a bhunú. Déanann an Grúpa dhá chineál díchill chuí, dícheall cuí dlí agus dícheall cuí réadmhaoine.

Imeachtaí Forfheidhmiúcháin Imeachtaí a bhfuil sé mar bhonn leo comhlíonadh le conarthaí dlí a chinntiú.

Euribor Is é Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro an ráta a dtairgeann príomhbhanc amháin éarlaisí idirbhainc euro le banc eile atá laistigh de limistéar an Euro.

Athbhreithneoir Saineolach Duine atá cáilithe go cuí agus ag a bhfuil, i dtuairim an Aire, an saineolas riachtanach chun athbhreithniú a dhéanamh ar incháilitheacht sócmhainní bainc sa chás go mbíonn díospóid ann le hInstitiúidí Rannpháirteacha.

Ráta Comhlúthach Ráta úis a athraíonn go tréimhsiúil mar atá comhaontaithe air i gconarthaí.

Díorthach Malairte Eachtraí / Babhtáil Trasairgeadra Conradh airgeadais ina gcomhaontaíonn an ceannaitheoir agus an díoltóir sreafaí airgid chomhlúthacha a bhabhtáil idir dhá airgeadra dhifriúla, i rith tréimhse sonraithe ama.

Babhtáil FX Is ionann Babhtáil FX agus ceannach agus díolachán comhuaineach méideanna comhionanna airgeadra amháin le hairgeadra eile a bhfuil dá dháta luacha difriúil acu (spota ar aghaidh de ghnáth).

Fálú Páirt a ghlacadh i gcomhaontú chun riosca athruithe díobhálacha ar phraghas sócmhainne nó dliteanas a bhainistiú.

Iasacht Bhearnaithe Déantar iasacht a bhearnú sa chás nach bhfuil an chuma ar an scéal go mbaileoidh an t-iasachtóir luach iomlán na hiasachta.

Babhtáil Ráta Úis Díorthach ina malartaíonn páirtí amháin sruth sreafaí airgid le sruth sreafaí airgid páirtí eile bunaithe ar phríomh-mhéid sonraithe. Áirítear anseo, de ghnáth, babhtáil sreafaí airgid atá coibhéiseach le híocaíochtaí úis athraitheacha do shreafaí airgid coibhéiseach le híocaíochtaí úis seasta ar an bpríomh-mhéid chéanna.

Fardail Réadmhaoín faighte ag an GNBS agus coimeáda ar a ráiteas ar staid an airgeadais.

Iasacht Talún agus Forbartha Áirítear in iasachtaí talún agus forbartha iasachtaí ar thalamh atá ceannaithe chun críche forbartha, agus iasachtaí atá faighte ar thalamh páirtfhorbartha.

Tiomantais iasachta Iarmhéid creidmheasa atá tiomanta ag BISN a sholáthar dá chustaiméirí.

Luach Geilleagrach Fadtréimhseach (LTEV) An luach cinnte ag an GNBS de réir an Achta, gur féidir a bheith ag súil, go réasúnta, le sócmhainn a bhaint amach i gcóras airgeadais chobhsaí nuair a bhíonn na coinníollacha géarchéime atá i bhfeidhm tráth achtaithe an Achta feabhsúcháin agus, i gcás réadmhaoine, ina bhfuil praghas nó toradh na réadmhaoine amach anseo comhsheasmhach le hionchais réasúnta ag féachaint do mheán stairiúil fadtréimhseach.

Luach Marcáil ón Margadh Praghas nó luach urrúis, punainne nó cuntais a léiríonn a luach reatha margaidh seachas a luach de réir na leabhar.

OTC Tagraíonn Thar an gCuntar do dhíorthaigh nach bhfuil á dtrádáil ar mhalartú aitheanta.

Institiúid Rannpháirteach Institiúid creidmheasa atá ainmnithe ag an Aire faoi Alt 67 den Acht mar Institiúid Rannpháirteach, lena n-áirítear aon fhochuideachtaí nach bhfuil curtha as an áireamh faoin alt sin.

Banna Suthain Banna nach bhfuil aon dáta aibíochta luaite leis.

Luach Reatha Luach ar dháta áirithe ar íocaíocht amach anseo nó sraith íocaíochtaí amach anseo, lascainithe chun léargas a thabhairt ar amluach airgid agus fachtóirí eile dála riosca infheistíochta.

Príomhsheirbhíseoir Institiúid Rannpháirteach a bhainistíonn féichiúnaithe thar ceann an GNBS laistigh de theorainneacha údaráis faofa ag Bord an GNBS.

Iasacht Rannpháirteach Brabúis Iasacht a sholáthraíonn an t-iasachtóir a bhfuil a thoradh ag brath, i bpáirt ar a laghad, ar bhrabúsacht an iasachtaí.

Réamhíocaíocht Cháilitheach Réamhíocaíocht déanta ag Institiúid Rannpháirteach le hiasachtóir (ar sócmhainní incháilithe a iasachtaí) i ndiaidh don Aire Airgeadais an GNBS a fhógairt ar an 7 Aibreán 2009. Ní bhíonn an réamhíocaíocht cáilitheach ach amháin má rinneadh é mar chuid de ghnáthshocruithe baincéireachta tráchtála. Ní raibh lascaine ar bith i gceist ar na réamhíocaíochtaí seo.

Ciste Infheisteoir Cáilitheach (QIF) Aonán infheistíochta chun idirbhearta a chruthú agus infheistíocht a mhealladh.

Slándáil (a) Muirear, (b) ráthaíocht, slánaíocht nó urra, (c) ceart fritháirimh, (d) bintiúr, (e) bille malairte, (f) nóta gealltanais, (g) comhthaobhacht, (h) aon mhodh eile chun na nithe seo a leanas a chinntiú—(i) íoc fiachais, nó (ii) urscaoileadh feidhmíocht oibleagáide nó dliteanais, agus (i) aon chomhaontú nó socrú eile a bhfuil éifeacht chosúil aige.

Bannaí státhchiste gearrthréimhseacha Bannaí státhchiste rialtas na hÉireann faighte do bhainistíocht leachtachta.

Aonán Sainchuspóireach Aonán dlí cruthaithe chun cuspóir dea-shainithe cúng, sonrach nó sealadach a chomhlíonadh.

Fofhiachas Fiachas atá in-aisíochta i ndiaidh na bhfiachas eile a bheith aisíochta. Íocann an GNBS 5% de phraghas ceannaigh na n-iasachtaí a fhaigheann sé i bhfoirm fobhannaí.

Iasacht Sindeacáite Is ionann iasacht sindeacáite agus iasacht a sholáthraíonn grúpa iasachtóirí, iasacht atá struchtúraithe, socraithe agus arna riar ag ceann amháin nó níos mó de bhainc thráchtála nó infheistíochta ar a dtugtar socróirí.

Tráinse Grúpa iasachtaí ó fhéichiúnaithe difriúla, a aistrítear chuig an GNBS ag pointe ama ar leith. Is i bhfoirm tráinsí a aistrítear sócmhainní ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha chuig an nGrúpa.

Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní
Áras an Chisteáin
Sráid na Canála Móire
Baile Átha Cliath 2
Éire

Teil: +353 1 664 0800
+353 1 665 0000
Facs: +353 1 664 0890

www.nama.ie